



OÉ Gaillimh  
NUI Galway

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge



2018

## Clár

<b>Eagarfhocal</b>	<i>An Coiste Eagarthóireachta</i>	iii
<b>Réamhrá</b>	<i>Tadhg Ó hIfearnáin</i>	1
<b>An Gearrscéal Gníomhach</b>	<i>Padaí de Bléine</i>	5
<b>Diúltach nó Dearfach? Mianadóireacht Tuairime ar Ghiolcacha Gaeilge</b>	<i>Caoilfhionn Lane</i>	17
<b>Forbairt Chóir Shroiste d’Fhoireann Cartlannaíochta an Acadaimh</b>	<i>Mícheál Mac Lochlainn</i>	31
<b>Éabhlóid an <i>Súil Eile</i>: 20 Bliain de Bhrandáil TG4</b>	<i>Carmel Ní Bhriain</i>	47
<b>Oideolaíochtaí um Theagasc an Léireolais do Bhunmhúinteoirí faoi Oiliúint</b>	<i>Aisling Ní Dhiorbháin</i>	63
<b>Na Gaeil agus Iriseoireacht na nGael san Airgintín ag deireadh na Naoú hAoise Déag agus ag tús na Fichiú hAoise</b>	<i>Dorothy Ní Uigín</i>	87
<b><i>Dhá dtrian den damhsa an chosúlacht</i> - Súilfhéachaint ar an tSéimeantaic Chognaíoch i gCothú Tuisceana ar Chosúlachtaí agus ar Phatrúin Mheafaracha sa Ghaeilge</b>	<i>Áine Nic Niallais</i>	103
<b>Ranganna oíche ríomhaireachta don phobal: Foghlaim ar feadh an tSaoil d’aoisigh na Gaeltachta</b>	<i>Michael Barry Ó Flatharta</i>	121
<b>An Tumfhoghlaim sa Ghaeltacht: Féidearthachtaí agus Dúshláin d’Ábhair Oidí</b>	<i>Muiris Ó Laoire</i>	141
<b>Acht ón bhun aníos: An Dream Dearg, #AchtAnois agus ról an phobail san fheachtasaíocht mionteanga</b>	<i>Pádraig Ó Tiarnaigh &amp; Ciarán Mac Giolla Bhéin</i>	155
<b>Léirmheas ar <i>An Ríomhaire Ilteangach</i></b>	<i>Áine Charlton, Lisa McMahon, Margarita Neothallaigh</i>	177
<b>Léirmheas ar shraith leabhar <i>An Seachtar Stuama</i></b>	<i>Sinéad Mansfield, Anna Ní Pheanróis, Cliona Uí Dhálaigh, Bernadette Uí Mhaoilchiaráin</i>	181
<b>Léirmheas ar <i>Cinnlínte: Saol an Iriseora</i></b>	<i>Gráinne Ní Choisdealbha, Neasa Ní Choisdealbha, Máire N. Uí Mhurchú</i>	187
<b>Féilscríbhinn Thábhachtach Thrípháirteach: Léirmheas ar <i>Ag Siúl an Bhealaigh Mhóir: Aistí in Ómós don Ollamh Nollaig Mac Congáil</i></b>	<i>Marie Whelton</i>	191
<b>Nótaí Beathaisnéise</b>		199



## Eagarfhocal

Fáilte is fiche chuig an séú heagrán den *Reiviú*, iris acadúil atá á foilsiú ar bhonn bliantúil ag mic léinn an chúrsa MA sa Léann Teanga ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge. Faightear léargas agus mionstaidéar ar réimse leathan ábhar chomh maith le hábhar machnaimh i scríbhneoireacht na rannpháirtithe. Is ábhar dóchais dúinn i mBliain seo na Gaeilge, an éagsúlacht saineolais á roinnt libh. Táimid cinnte go mbainfidh sibh sult agus fiúntas as an gcnuasach aistí seo.

San eagrán seo, déantar anailís ar cheisteanna a bhaineann le gnéithe éagsúla den saol sa lá atá inniu ann. Tá ceithre léirmheas ar leabhair nuafhoilsithe le fáil anseo freisin. Pléitear an iliomad ábhar san iris, ina measc forbairt an duine, an teicneolaíocht agus cúrsaí polaitíochta. Is cúis dóchais do thodhchaí na Gaeilge í go bhfuil líon suntasach alt curtha faoinár mbráid ó scríbhneoirí ó cheann ceann na tíre. Is léir go bhfuil an iris ag dul ó neart go neart de bharr dhúthracht na n-údar ar fad; gan iad, ar ndóigh, ní bheadh an iris ar an bhfód. Ár mbuíochas leo.

Ba mhaith leis an gCoiste Eagarthóireachta buíochas a ghabháil freisin leis na piarmheasúnóirí as ucht a gcuid oibre a chuir le hardchaighdeán na hirise. Táimid buíoch d'Fhoras na Gaeilge as an urraíocht fhlaithiúil a chuir siad ar fáil ó bunaíodh *An Reiviú*. Gabhaimid buíochas leis an dearthóir Shannon Reeves a chuireann slacht ar an iris gach bliain. Is mór againn an cúnamh a fuair muid ó Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge chomh maith. Táimid go mór faoi chomaoin acu ar fad. Rinne An Dr Dorothy Ní Uigín an obair faire ar an saothar. Cinnte, bheimis cailte gan an treoir fhoighneach dhíograiseach a chuir sí orainn, a choinnigh ar bhóthar ár leasa muid. Buíochas ó chroí léi.

Is mór an phribhléid dúinn gurbh é An Dr Tadhg Ó hIfeárnáin a scríobh réamhrá na hirise seo agus is cúis áthais dúinn go raibh an scríbhneoir Ré Ó Laighléis ar fáil leis an iris a sheoladh. Is iomaí uair an chloig a chaith an coiste ag eagrú, ag profú agus ag tacú lena chéile. Ní neart go cur le chéile!

Go mbaine sibh taitneamh agus tairbhe as an léitheoireacht.

*An Coiste Eagarthóireachta*





## Réamhrá

*Tadhg Ó hIfearnáin*

<https://doi.org/10.13025/ahep-he26>

Ó cuireadh an iris phiarmheasúnaithe seo ar bun, d'éirigh gach bliain le foireann úr eagarthóirí an pobal acadúil a spreagadh chun ailt agus léirmheasanna a chur faoina mbráid agus léitheoirí a mhealladh de bharr fheabhas a gcuid oibre. Tá an-éagsúlacht ábhair sa séú heagrán seo de *Léann Teanga: An Reiviú*. Cé go bhfuil an t-oideachas agus gnéithe den teicneolaíocht lárnách i bhformhór na n-alt i mbliana, tá a chur chuige agus a spriocanna féin ag gach ceann acu. Gheofar ábhar úr ann chomh maith faoi chearta teanga, faoi fhorbairt na brandála san earnáil teilifíse agus faoi fhéiniúlacht shliocht na nGael san Airgintín. Léiríonn na hailt agus na léirmheasanna an obair cheannródaíoch atá ar siúl ag na húdair agus an tiomantas atá ag iarchéimithe agus foireann an chúrsa sa Léann Teanga don tionscnamh foilsithe seo. Agus líon na n-irisí piarmheasta ar líne ag dul i méid, tá a ionad agus a chuid caighdeán cruthaithe anois ag *An Reiviú*.

Bunchlocha litríocht na hAthbheochana atá i ngearrscéalta Phádraig Mhic Phiarais agus cé go bhfuil siad ar churaclaim na scoileanna agus na n-ollscoileanna le céad bliain anois, léiríonn Padaí de Bléine go bhfuil fós dóigheanna úra ann lena n-úsáid mar ábhar foghlama. Ba léir gurbh é a bhí ar intinn ag an bPiarasach féin agus é á scríobh; chruthaigh sé íomhá dheimhneach tharraingteach de phobal agus de thírdhreach na Gaeltachta a mheallfadh an lucht foghlama leis an bhfriotal simplí dúchasach agus le dearcadh a bhí rómánsach agus raidiceach ag an am céanna. Is raidiceach a bhí na scéalta, in ainneoin go bhféadfadh léitheoir an lae inniu ceapadh go bhfuil cuma anaibí neamhurchóideach ar chuid acu. Faoi mar a léiríonn de Bléine, thuig an Piarasach tábhacht na scéalaíochta béaloidis i gcultúr phobal na Gaeilge ag an am agus bheartaigh ar dhíriú ar an ngearrscéal mar mheán nua liteartha toisc go bhfacthas dó gurb é sin an fhorbairt is nádúrtha chun an ceangal a dhéanamh idir an traidisiún agus nualitríocht na linne. Bhí de bhuntáiste aige chomh maith go bhféadfadh an pobal a ghlór féin a aithint sna scéalta agus go raibh siad oiriúnach le léamh os ard agus le léiriú ina ndrúmaí ardáin. Cuireann Padaí de Bléine béim ar fhorbairt scileanna éisteachta na ndaltaí scoile

i dteannta na scileanna léitheoireachta a théann leis an litríocht scríofa i gcónaí agus é ag plé modhanna nua múinteoireachta. Is moladh ar athaithne a chur ar na bunchúiseanna a bhí ag an bPiarsach leis na gearrscéalta a scríobh sa chéad dul síos atá san alt agus is sampla éifeachtach é den dóigh a bhféadfaí daltaí a spreagadh le dul i ngleic leis an litríocht sa ré seo ina mbíonn sé go minic ina dhúshlán iad a chur a léamh.

Léiríonn Caoilfhionn Lane slí chun anailís a dhéanamh ar dhearcadh an phobail atá gníomhach ar Twitter i nGaeilge agus gan amhras, d'fhéadfaí leas a bhaint as an gcur chuige céanna chun neart a fhoghlaim faoina dheimhní nó a dhiúltaí is a bhíonn lucht scríofa na Gaeilge i gcorpas leictreonach ar bith eile. Míníonn Lane go soiléir cad is léacsacan tuairime ann agus na dúshláin agus buanna a baineann le huirlis den chineál a chruthú don Ghaeilge chun tabhairt faoin 'mianadóireacht tuairime' ar ghiolcacha Twitter. Éiríonn go maith léi an fhorbairt sa chur chuige seo a shuíomh i gcomhthéacs dhul chun cinn na dteicneolaíochtaí teanga don Ghaeilge, cé go dtaispeánann sí go bhfuil bealach fada romhainn go fóill i gcomparáid le saothrú na dteangacha móra. Is iontach liom a dheimhní is a bhíonn lucht Twitter na Gaeilge, fiú agus rabhadh an údair go mbaineann go leor den chorpas s'aici le seirbhísí corparáideacha a mbíonn scéala maithe le scaoileadh acu. Ina ainneoin sin, cruthaíonn an turgnamh a léirítear san alt a thábhachtaí is a bheidh uirlisí na mianadóireachta tuairime amach anseo agus an éagsúlacht dearchtaí á meas ag an lucht taighde acadúil agus b'fhéidir ag grúpaí agus comhlachtaí eile.

Tá an teicneolaíocht agus go háirithe na meáin sóisialta i gcroí na hanailíse a dhéanann Pádraig Ó Tiarnaigh agus Ciarán Mac Giolla Bhéin ar An Dream Dearg agus ar an ionad a imríonn an Ghaeilge agus an beartas poiblí ina taobh ó thuaidh. Chítear dóibh go bhfuil comparáid le déanamh idir gluaiseacht na gceart sibhialta agus an feachtas ar son an Achta Gaeilge ach murab ionann agus cás ghluaiseacht na gceart daichead bliain ó shin, tá na meáin shóisialta anois ina n-aimplitheoirí agus ina n-uirlisí gníomhaíochta i measc an dreama óig, ar 'bundúchasaigh dhigiteacha' iad. Nascann an t-alt go tairbheach an cás ar son an Achta le teoiricí socheolaíochta faoi ghluaiseachtaí pobail, gníomhacha a thugann an feachtas ar son chearta sibhialta na Gaeltachta chun cuimhne. Tá na húdair tiomanta don chúis ach ní bhaineann a ndúthracht den argóint acadúil. Tuairiscítear san aiste go ndúirt Seán Ó Cuirreáin, iar-Choimisinéir Teanga 'maitheas seachas dochar a dhéanann achtanna teanga ar fud na cruinne' agus tógann na húdair ar dhioscúrsa sin na gceart.

Tá Mícheál Mac Lochlainn ag saothrú go cruthaitheach le clár digitithe chartlanna an Acadaimh le tamall maith. Míníonn sé ina aiste na dúshláin teicneolaíochta a bhaineann leis na taifid den uile chineál atá sa chartlann a chur in oiriúint don saol digiteach comhaimseartha agus an dóigh ar réitíodh na comhaid don taisclann a cruthaíodh. Tá sé ríshoiléir go mbíonn i bhfad níos mó ná sin i gceist leis an obair thábhachtach seo mar sin féin. I dteannta an tsaineolais ardchumasaigh sa ríomhaireacht, chítear taobh na healaíne agus na daonnachta sa saothar seo agus an meas a léiríonn Mícheál Mac Lochlainn agus foireann na cartlainne orthu siúd atá le cluinstitín agus le feiceáil sna taifid. Tá na ceisteanna agus na deacrachtaí pléite go léannta san alt agus beifear ag súil leis an réiteach a aimseofar ar fhadhb na meiteashonraí. Is buíoch atá pobal an léinn agus pobal na Gaeilge trí chéile don tionscnamh cheana féin.

Cíorann Carmel Ní Bhriain brandáil TG4 ó bunaíodh an cainéal breis is fiche bliain ó shin. Éiríonn leis an údar athrú ainm agus mana buan TG4 a shuíomh i dteoiric na brandála teilifíse mar choincheap. Taispeánann sí gur tháinig ann do TG4 díreach ag an am céanna is a tháinig an cineál úr brandála seo chun cinn i ndomhan na teilifíse. Dá thairbhe sin agus de thoradh ar fheabhas fadradharcach na bainistíochta, bhí an cainéal óg dinimiciúil in inmhe gníomhú lena chuid brandála le dul i bhfeidhm ar an lucht féachána agus ar na seirbhísí éagsúla soláthair a raibh teaghlaigh na hÉireann ag brath orthu. Mínítear san alt gurb é an próiseas sin, cur chuige brandála TG4, agus ní an bbrandáil inti féin a chruthaigh féiniúlacht uathúil an chraoltóra.

Is é tátal Aisling Ní Dhiorbháin óna cuid taighde ar an oideolaíocht gur cóir athbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí measúnachta agus amchláir in institiúidí oideachais na tíre toisc nach féidir a bheith cinnte de go bhfuil caighdeán sásúil Gaeilge sroichte ag na mic léinn ar bhaint amach na céime dóibh. Is conclúid thromchúiseach taighde í seo, a mhaíonn gur ceart i bhfad níos mó ama a chaitheamh ar mhúineadh na Gaeilge ar chúrsaí B.Oid. más ag iarraidh múinteoirí cumasacha atáthar, múinteoirí a bheidh ábalta teagasc trí mheán na Gaeilge agus an teanga féin a thabhairt do dhaltaí i scoileanna an Bhéarla. Cuirfidh idir thaighdeoirí agus lucht dréachta beartas oideachais suim mhór i dtorthaí taighde na haiste.

Pléann Dorothy Ní Uigín ról na dteangacha, idir Ghaeilge, Bhéarla agus Spáinnis i bhféiniúlacht na nÉireannach agus a sleachta san Airgintín ina haiste. Míníonn sí an chúis nach raibh mórán cainteoirí Gaeilge i measc na n-imirceach a chuir fúthu faoi Chros an Deiscirt, idir an áit in Éirinn arbh as dóibh agus an aicme lenar bhain siad. Cuireann an tagairt fhánach don mhionimirce ó Chontae an Chláir agus ó iarthar Chorcaí cigilt bheag fiosraithe sa léitheoir mar sin féin agus fonn taighde, b'fhéidir! Is cosúil gur neartaíodh an fhéiniúlacht Éireannach san Airgintín trí dhroim láimhe a thabhairt don Bhéarla agus an Spáinnis a labhairt seachas suim a chur sa Ghaeilge, murab ionann agus cás na mBreatnach agus na nIodálach, a lean de labhairt na dteangacha dúchais s'acu mar chomhartha féiniúlachta aonair agus pobail. Ina dhiaidh sin, léiríodh meas de shórt éigin ar an nGaeilge nuair a cuireadh craobh de Chonradh na Gaeilge ar bun in Buenos Aires i 1899 agus go raibh an craobh sin gníomhach ar feadh i bhfad. Mionlach a bhí sna daoine a raibh Gaeilge acu agus iad ag dul ar imirce chun na hAirgintíne agus mionlach eile a chothaigh suim sa teanga thall tamall ina dhiaidh sin, ach is ríshuimiúil iad na mionlaigh agus na hasluitigh chéanna! B'fhéidir gur macalla de shaol na hÉireann sa bhaile a bhí le cluinstitín san Airgintín tar éis an tsaoil.

Is é an meafar coincheapúil agus na patrúin mheafaracha atá le sonrú sa Ghaeilge agus i dteangacha eile atá i gcroí aiste Áine Nic Niallais. Aiste spreagúil í seo a bhaineann leas as teoiricí ón tséimeantaic chognaíoch chun buncheisteanna a chur faoi shaibhriú na teanga agus faoi thionchar an Bhéarla uirthi. Is léir go mbaineann cuid de na meafair theangeolaíocha leis an gcine daonna uilig; an dóigh a mbaintear leas meafarach as baill den chorp, mar shampla. Ina dhiaidh sin, tá sainchultúr ag gach teanga agus ní haon eisceacht í an Ghaeilge. Is minic a fhaightear locht ar ábhar teagaisc sa saibhriú teanga toisc go mbaineann saibhreas na teanga le ré a cheaptar a bheith imithe, nach mór, an uair a bhí gach duine ina chónaí faoin tuath

agus ag plé le feirmeoireacht nó ag sracadh leis an nádúr fiáin. Molann Áine Nic Niallais aird a tharraingt ar an saibhreas meafarach sa teanga agus áiseanna cuimsitheacha a chur ar fáil chun cainteoirí a spreagadh lena n-úsáid. Díríonn sí chomh maith ar na deacrachtaí a bhaineann le meafair de chuid an Bhéarla a úsáid sa Ghaeilge nuair atá coincheapa gaolmhara ann cheana féin a chloíonn le ceol agus meon na teanga. Is deacair a bheith cinnte i gcásanna áirithe, faoi mar a deir sí féin, an iasachtaí nó leaganacha dúchasacha atá i gcuid de na samplaí de thoradh na teagmhála fadtéarmaí idir an dá chultúr, ach is cinnte go gcuireann siad le saibhreas agus go deimhin le spraoi na teanga.

Tá an fhoghlaim ar feadh an tsaoil ina sprioc ag institiúidí agus ag beartais phoiblí oideachais náisiúnta agus Eorpacha, faoi mar a mhíníonn Michael Barry Ó Flatharta. Is í an teachtaireacht atá le léamh ina alt, aiste atá bunaithe ar thaithí agus ar thaighde ar na cúrsaí ríomhaireachta don phobal ar champas an Acadaimh ar an gCeathrú Rua, go bhfuil an fhoghlaim sheachfhoirmiúil chomh tábhachtach chéanna do ghrúpaí áirithe agus atá an t-oideachas traidisiúnta foirmiúil a fhaightear in institiúidí léinn. Maíonn sé go bhfuil fianaise dhosheachanta ann go neartaíonn an fhoghlaim fhadsaoil sláinte an duine agus go bhfuil éifeacht aige sin ar an bpobal trí chéile. Ina theannta sin, ar ndóigh, éascaíonn scileanna ríomhaireachta an tslí ar ais san oideachas foirmiúil don duine nach raibh an deis sin aige agus é níos óige.

San alt deireanach san eagrán seo, filleann Muiris Ó Laoire ar na dúshláin agus na féidearthachtaí a bhaineann leis an tréimhse thumfhoghhlama Gaeltachta. Tógann an aiste ar an taighde sa tumoideachas trí chéile agus cuireann béim ar an inspreagadh intleachtúil agus cultúrtha is ceart a bheith taobh thiar den tréimhse. Tá foláireamh tábhachtach le brath síos tríd an aiste mar sin féin; caithfidh breis freagrachta a thabhairt don fhoghlaimoir lena chuid spriocanna a bhaint amach agus cur chuige na gcúrsaí a leasú de bheagán chun é sin a chur chun cinn.

Tá léirmheasanna cuimsitheacha ar gné-ailt iontu féin iad san eagrán seo: Marie Whelton ag plé na n-aistí léannta a foilsíodh in *Ag Siúl an Bhealaigh Mhóir: Aistí in Ómós don Ollamh Nollaig Mac Congáil*; Gráinne Ní Choisdealbha, Neasa Ní Choisdealbha agus Máire N. Uí Mhurchú ag iniúchadh *Cinnlínte: Saol an Iriseora* le Déaglán de Breádún; léirmheas Áine Charlton, Lisa McMahon agus Margarita Neothallaigh ar *An Ríomhaire Ilteangach* le Michal Boleslav Měchura; agus sraith na leabhar do pháistí *An Seachtar Stuama*, aistrithe ag Caitlín Ní Chualáin, Máirín Ní Ghadhra, Marion Ní Shúilleabháin agus Gormfhlaith Ní Thuairisg á meas idir scéal agus aistriúcháin ag Sinéad Mansfield, Anna Ní Pheanróis, Clíona Uí Dhálaigh agus Bernadette Uí Mhaoilchiaráin.

Arís eile i mbliana, tá an saol acadúil agus pobal léitheoireachta na Gaeilge faoi chomaoin ag na heagarthóirí as taighde úr a thabhairt os ár gcomhair ar dhóigh shlachtmhar a spreagfadh tuilleadh machnaimh ar ghnéithe de shaíocht agus de shaothrú na Gaeilge.





## An Gearrscéal Gníomhach

*Padaí de Bléine*

<https://doi.org/10.13025/s83w-0k38>

Le céad bliain anuas is é an gearrscéal an fhoirm litríochta is flúirsí dá bhfuil ann i Litríocht na Gaeilge. Is gnách go dtéadh na hÉireannaigh ag airneáil sa tseanam mar mhodh siamsaíochta chun faoiseamh a thabhairt dóibh féin ó chruatan an tsaoil. Bhíodh clú agus cáil ar an tír seo mar gheall ar na seanchaithe. D'insíodh siad scéalta cois teallaigh i míonna fíochmhara an gheimhridh go háirithe agus bhí an traidisiún béil an-fhorleathan sa tír sa naoú haois déag. Bhí ardmheas ag daoine ar an seanchaí agus ar na scéalta béaloidis agus bheadh sé dúshlánach don té a bhí ag iarraidh srianta agus cúinge an bhéaloidis mar fhoirm litríochta a léiriú. Ar ndóigh, bhí forbairt ag teacht ar an tír agus bhí daoine ann a shíl go raibh foirm nua litríochta de dhíth a d'fhóirfeadh don tsochaí úr. Mar a scríobh Rafriodi & Brown (1979: 14):

*It seems, at least to the present author, that the short story has flourished in those countries where a vibrant oral culture is suddenly challenged by the onset of a sophisticated society.*

Ba é an díograiseoir teanga Pádraig Mac Piarais a d'aithin cumhacht an ghearrscéil mar fhoirm nua litríochta agus a thug dúshlán an bhéaloidis. Cé go raibh meas aige ar sheanscéalta agus ar bhéaloides, bhí sé ag iarraidh an gearrscéal a úsáid leis an phrós a tharraingt isteach san fhichiú haois. Scríobh an Piarasach eagarfhocal in *An Claidheamh Soluis* (26 Bealtaine, 1906: 7) Thug sé '*...a beautiful and gracious thing only in its own time and place*' ar an bhéaloides ach ba léir gur shíl sé go raibh ré nua agus foirm nua próis de dhíth agus go raibh ré agus áit an bhéaloidis thart.

Ó aimsir na hAthbheochana anall bhí béim mhór ar an bhéaloides agus ba iad na scéalta béaloidis ar éirigh leo na duaiseanna a thabhairt leo ag an Oireachtas bliain i ndiaidh bliana. D'aithin an Piarasach luach an bhéaloidis ó thaobh saibhris de, ach bhí sé ag iarraidh téamaí comhaimseartha agus nua-aimseartha a phlé sa ghearrscéal. Scríobh an Piarasach in *An Claidheamh Soluis* (2 Meitheamh, 1906: 6):

*Now we hold that it is time for our Irish writers to make a brave effort to express themselves – to tell us what they think, or at any rate (if they do not think) what they feel. So far, for the most part, they have not been doing this. They have simply been giving us photographic reproductions of everyday conversations in Irish speaking districts. Their work in this direction has been most useful from certain points of view. It has been invaluable in introducing students to the idioms of the living language. But it is no more literature than would be a verbatim report of the daily conversation which goes on, say in the case room of our printing office.*

D'aontaigh O' Leary (1994: 101) le tuairimí an Phiarsaigh nuair a scríobh sé: '*Repeatedly, reviews of folk collections stress the beauty of the language, often virtually ignoring the narrative or imaginative qualities of the stories*'. Chaith an Piarsach a dhua ag iarraidh gearrscéalta a chumadh a dhéanfadh anailís ar charachtar agus ar intinn an duine seachas féachaint siar ar an tseansaol. Bhí sé ag tabhairt dhúshlán an scríbhneora nua-aimseartha na ceisteanna seo a thógáil i bhfoirm an ghearrscéil sa tsochaí nua.

Is é a chuir mé romham san alt seo ná amharc ar fhorbairt an ghearrscéil mar shaothar próis in Éirinn agus ar mhodhanna éifeachtacha praiticiúla teagaisc ar nós 'boscaí aibítire', 'dictogloss', 'lean mise' agus gníomhaíochtaí idirghníomhacha eile, a chuirfidh ar chumas an mhúinteora nó an léachtóra na gearrscéalta a theagasc ar dhóigh spráitúil agus iad anois ar shiollabais ag an dara agus ag an tríú leibhéal.

Bhí an Piarsach den bharúil gur cheart do scríbhneoirí na Gaeilge amharc chun tosaigh agus an fhoirm nua litríochta seo a fhorbairt chun an teanga agus mothúcháin na scríbhneoirí a chaomhnú, a chothú agus a chur chun cinn. Bhí an Piarsach ag impí ar na Gaeil a mbuanna litríochta a leathnú amach chun foirmeacha na hEorpa a áireamh ina stíl scríbhneoireachta. Mar a scríobh sé in *An Claidheamh Soluis* (26 Bealtaine, 1906: 7):

*We would have our literature modern not only in the sense of freely borrowing every modern form which it does not possess and which it is capable of assimilating, but also in texture, tone and outlook. This is the twentieth century; and no literature can take root in the twentieth century which is not of the twentieth century.*

Bhí sé ag iarraidh ar scríbhneoirí óga na lancaisí a bhaint díobh féin agus dul i mbun na gearrscéalaíochta. Ar ndóigh, ba léir don Phiarsach nach dtiocfadh leat a bheith ag dúil go bhfóirfeadh meon ná múnlaí na seanlitríochta do théamaí agus éilimh an 20ú haois. Mhol sé do na scríbhneoirí óga tabhairt faoin ghearrscéal mar chonachthas dó gurbh é seo foirm próis an 20ú haois agus an fhoirm ab fhóirsteanaí do nuaphrós na Gaeilge. Thuig an Piarsach go gcaithfí beolitríocht a chur ar fáil le freastal ar riachtanais an aosa óig agus na ndaoine fásta araon agus nár leor feasta na seanscéalta béaloidis amháin le freastal orthu. Shíl sé go raibh easpa scéalta ar fáil as Gaeilge a phléigh cúrsaí grá agus cúrsaí an uile lae. Ní bheadh na gearrscéalta nua seo go díreach ag cur síos ar eachtraí, bheadh níos mó i gceist, mar a scríobh an Piarsach in (ACS, 7 Deireadh

Fómhair 1905: 4), bheadh tréithe eile ann: ... *an analysis of character or a study of a psychological problem*. Rinne an Piarasach beart de réir briathair agus scríobh sé féin a lán gearrscéalta don ré nua agus é ag baint triail as teicnící nua-aimseartha. Rinne an Piarasach cosaint ar a ghearrscéal féin ‘Íosagán’ nuair a cáineadh é ag rá:

*It is the standard of a definite art form as opposed to the folk form. I may or may not be a good standard bearer, but at any rate the standard is raised and the writers of Irish are flocking to it.* (Mac Piarais, P., 1909 in O’Leary 1994: 91)

Ba mhór aige stíl agus foirm na ngearrscéalta ach d’aithin sé go raibh air seasamh a ghlacadh agus an fhoirm nua a chosaint ar cháineadh na ndúchasach. D’aithin sé fosta a luachmhaire a bhí an gearrscéal mar fhoirm próis agus ghéill sé do theicnící nua na Mór-Roinne leis an oscailt phléascach agus an cor sa scéal. Is minic a bhíonn trí chéim le tabhairt faoi deara ina chuid scéalta mar atá: an t-ullmhúchán don eachtra a bhainfidh an príomhcharachtar as a ghnáthchleachtadh, an eachtra féin agus an cor nua a chuireann an eachtra sin i saol na príomhphearsan nó an t-athrú a théann i bhfeidhm ar an phríomhphearsa de bharr na heachtra sin. Caithfidh muid cuimhneamh air nach raibh aontacht, snoiteacht ná simplíocht shultmhar mar seo le sonrú i saothar aon ghearrscéalaí Gaeilge eile roimh an Piarasach. Is follasach gur thaispeáin sé do scríbhneoirí eile go dtiocfadh le duine litríocht chruthaitheach a scríobh as Gaeilge. Má amharcaimid ar an ghearrscéal ‘An Gadaí’ i gcomhthéacs na ngnéithe thuas, is léir gur lean an Piarasach a chomhairle féin sa ghearrscéal chéanna. Ullmhaíonn sé an léitheoir don eachtra atá ag dul a tharlú leis an chur síos a dhéanann sé ar na gasúir nó ar na malraigh atá ag filleadh abhaile i ndiaidh lá scoile. Tá na gasúir ag déanamh réidh le dul isteach i ngarraí an mháistir cionn is gur chuala siad go raibh ‘meacha an mháistir ag éirí’ nó go raibh na beacha ann ag déanamh meala. Is fiú tabhairt faoi deara go bhfuil tagairtí don nádúr síos fríd an ghearrscéal seo, ábhar ar léir ó na hiarsmaí i Scoil Éanna agus ó scríbhinní eile an Phiarsaigh, go raibh dúil mhór aige ann. Is fiú tabhairt faoi deara fosta go bhfuil an scéal lonnaithe i Ros Muc in aice le Loch Eiliúrach, ceantar a raibh an-dúil ag an Piarasach ann agus mar ar lonnigh sé cuid mhaith dá chuid scéalta. Thiocfadh leis an léitheoir an gearrscéal seo a shamhlú ag faobhrú agus ag forbairt i gceann an scríbhneora agus an Piarasach ar cuairt ar Ros Muc. Is follasach nár cheart do na malraigh dul isteach sa gharraí nuair is gá d’Antaine Beag Ó Mainnín fanacht le focal an fhaire a thabhairt, ach ag an am céanna, ní shíltear mórán den eachtra chéanna. Leis an chur síos uilig ar na cineálacha éagsúla crann agus ar an gharraí féin, tá an Piarasach ár n-ullmhú don eachtra a bhainfidh an príomhcharachtar as a ghnáthchleachtadh. Is iad an bhábóg agus teach na bábóige a ligeann Antaine Beag i gcathú agus a bhaineann as a ghnáthchleachtadh é nuair a shánn sé an bhábóg isteach faoina chasóg agus as go brách leis. Goideann sé an bhábóg agus ar ndóigh, tá teideal an ghearrscéil againn dá bharr. Is é an tríú gné a luann an Piarasach féin ná an cor a chuirfidh an eachtra seo i saol na príomhphearsan. Téann an eachtra nó an ghadaíocht seo go mór i bhfeidhm ar Antaine Beag agus cuirtear

cor ina shaol. Bíonn a chuid mothúchán bunoscionn ar feadh tamaill de bharr na heachtra. Tagann ionadh, áthas, náire, paranóia agus eagla air ach spéisiúil go leor, ní thagann aiféala air in am ar bith. Cé go ndéarfaí gur drochghníomh é an ghadaíocht, cuireann an léitheoir an cheist air féin an drochghníomh é sa chás seo agus ar chóir go dtiocfadh aiféala ar Antaine mar gheall ar an ghníomh? Ní ar mhaithe leis féin a rinne sé an gníomh ach ar leas a dheirféar agus is é seo croí na ceiste a chuireann an Píarsach orainn sa ghearrscéal seo. An drochghníomh nó dea-ghníomh é? Mar a mhaíonn Ó Faoláin (1948: 200):

*I think it is safe to say that unless a story makes this subtle comment on human nature, on the permanent relationships between people, their variety, their expectedness, and their unexpectedness, it is not a short-story in the modern sense.*

Ar ndóigh bhí an Píarsach ag iarraidh go dtarraingeofaí litríocht na Gaeilge isteach san 20ú haois agus bhí sé ag iarraidh ceisteanna móráltachta a thógáil agus cur síos a dhéanamh ar nádúr daonna agus ar mhothúcháin an duine aonair. Éiríonn go geal leis an Phiarsach mothúcháin an duine óig a léiriú tríd an charachtar Antaine Beag sa ghearrscéal seo agus é a léiriú trí shúile an duine óig. Mar atá scríofa ag Williams & Ní Mhuiríosa (1979: 363):

Is follas ó ghearrscéalta an Phiarsaigh gur fhan cuid mhór de mheon agus d'fhís an linbh ann; ba gheal leis go háirithe intinn an linbh agus an duine shimplí neamhurchóidigh a léiriú.

Aontaíonn Ní Dhonnchadha (1981) le tuairimí Williams agus Ní Mhuiríosa. Maíonn sise gurbh é an tuiscint do nádúr agus d'iompar an pháiste an tréith is láidre ó thaobh ionramháil ábhar an scéil de. Is léir fosta ó ghearrscéalta an Phiarsaigh go raibh grá aige do pháistí na Gaeltachta agus don saol soineanta a chaith siad. Scríobh sé féin in *An Claidheamh Soluis* (5 Eanáir, 1907: ): *'Consider the Irish-speaking child. He is the fairest thing that springs up from the soil of Ireland – more beautiful than any flower... wiser than any seer.'* Is é a dhála céanna le hAntaine é sa ghearrscéal seo. Cruthaíonn an Píarsach carachtar a mbeidh dúil ag an léitheoir ann agus trua aige dó. Méadaítear ar chruachás an ghasúir óig nuair a théann sé ar Aifreann agus nuair a labhraíonn an sagart ar an seachtú haithne. Tá sé spéisiúil go bhfuil an smaoineamh go gcuirfidh an bhábóg biseach ar Eibhlín luaite seacht n-uaire síos fríd an ghearrscéal agus má rinne an Píarsach amhlaidh d'aon turas, shílfeá go raibh sé féin ag insint dúinne cén taobh ar a bhfuil seisean ar an cheist mhórálta seo agus go raibh Antaine cróga nuair a ghoid sé an bhábóg. De réir O'Leary (1994:126) agus é ag tagairt don ghearrscéal 'Bairbre':

*Pearse links such courage with an unquestioned sense of duty, an extraordinary capacity for endurance, a serene acceptance of self-sacrifice, although even in the most idealized world it is hard to swallow the heroic action of a homemade Gaeltacht doll that throws itself to its destruction to save the life of the little girl who has spurned it for a fancy store-bought product.*

Thiocfadh linn an rud céanna a rá faoin bhábóg in *An Gadaí* – cad é mar is féidir le hábóg biseach a chur ar Eibhlín. Maíonn O’Leary (1994) go raibh na carachtair seo a chruthaigh an Píarsach ina ghearrscéalta ina n-eiseamláirí agus an tslat a d’úsáidfeadh sé le fíormhuintir na hÉireann a thomhas. Deir O’Leary go bhfuil na carachtair a chruthaigh an Píarsach rómhaith le bheith fíor ach gurbh é sin go díreach an rud a bhí an Píarsach ag iarraidh a dhéanamh. Chruthaigh sé carachtair a raibh an mhaitheas go smíor iontu leis na tréithe a shíl seisean a bhí luachmhar i nduine a léiriú. Ar an dóigh chéanna sa ghearrscéal seo, cuireann an Píarsach an léitheoir ag smaoineamh ar an charachtar a rinne an ghadaíocht agus is féidir a rá gur éirigh leis a sprioc a bhaint amach mar sin. Mar a mhaíonn Mac Grianna (1936: 29):

Le fiche focal a chur in aon fhocal amháin, is cosúla scéal gairid le dán filíochta ná le cruth ar bith eile litríochta. Bogann sé an croí agus an intinn ar an dóigh chéanna a mbogann dán iad. Dálta an dáin, níl bun cleite nó barr cleite isteach ann. Nuair atá sé léite agat, ba chóir duit a bheith ag machnamh go domhain tostach, agus do chroí a bheith ag insint duit gur iontach an rud an saol.

Ní mór don léitheoir taobh éigin a ghlacadh sa ghearrscéal seo – aontú leis an Phiarsach go raibh leithscéal ag Antaine Beag Ó Mainnín nó an ghadaíocht a chur ina leith agus a rá gur gadaí é an gasúr óg. Ar ndóigh is é Antaine príomhcharachtar an ghearrscéil seo agus níl na mioncharachtair eile ann ach le solas a chaitheamh air. Is iad Eibhlín agus Neans Bheag na carachtair eile sa ghearrscéal a chuireann craiceann air agus a insíonn rudaí dúinn faoi Antaine. Maíonn Ó Faoláin (1976: 52):

*...The limits of the Short Story are apparent. It may not wander far: it has to keep close to its basepoint, within the bounds of place time and character; it will only carry a few characters, three at least, at best not more than three; there is not time, or space, for elaborate characterization – we are flying a kite not a passenger-balloon or an aeroplane...*

Is léir go raibh a leithéid d’fhoirmle in úsáid ag an Phiarsach agus é ag cloí le líon na gcarachtar agus le foirmle ghonta an ghearrscéil. D’éirigh leis bearna a líonadh agus teoiric a chruthú maidir leis an ghearrscéal. D’éirigh leis fosta scéalta a chumadh agus litríocht sholéite a chur ar fáil.

Tá nótaí cuimsitheacha scríofa ag Mac Labhraí (2012) in *Anam na Teanga* ar an ghearrscéal seo. Tá trí rannóg leis na nótaí céanna mar atá; teanga, tuiscint agus tuairimíocht. Maidir leis na nótaí ar theanga an ghearrscéil, roghnaíonn Mac Labhraí focail chasta nó frásaí deacra a bheadh doiligh a thuigbheáil ag dalta nó ag mac léinn. Mínítear na focail agus na frásaí agus tugtar dóigheanna níos éasca leis na rudaí a rá. Chuirfeadh an chuid seo go mór le foclóir an té atá ag staidéar an ghearrscéil. Sna nótaí ar thuiscint an ghearrscéil, déanann Mac Labhraí cur síos ar mhothúcháin na gcarachtar agus ar thréithe na gcarachtar féin agus pléann sé an cheist lárnach – cad is peaca ann? Sa chuid ar thuairimíocht, tugann Mac Labhraí deiseanna don léitheoir plé a dhéanamh ar an ghearrscéal ar dhóigh níos leithne. Tógann sé ceist an scríbhneora féin agus an dóigh a raibh ar an Phiarsach a cheist mhorálta féin a réiteach maidir leis an Éirí Amach.

Molaim go láidir nótaí Mhic Labhraí don léitheoir le dul i ngleic leis an ghearrscéal. Beidh mé féin ag díriú m'airde anois, áfach, ar dhóigheanna praiticiúla leis an ghearrscéal *An Gadaí* a theagasc. Mar intreoir

ar an ghearrscéal ó thaobh na teanga de, tá cluiche focal an-úsáideach. Is straitéis é an cluiche seo le cur le teanga an fhoghlaimora agus lena shuim a mhúscailt sa ghearrscéal sula léifear é. Roghnaím thart ar 20 focal as an ghearrscéal féin, mar atá sa léaráid thall agus tugaim amach cóip an duine. Iarraim ar na daltaí idir 30 soicind agus bomaite a chaitheamh ag amharc ar na focail. Ansin iarraim

An Gadaí		
malraigh	bábóg	meacha
ráithe	loch	sconsa
trócaire	spíonán	cathaoir
gualainn	casóg	thaispeáin
paidreacha	múinteoir	brionglóid
seachtú	dearg	teachín
garraí	an Satharn	ubh lachan

Figiúr a 1

orthu an leathanach a thiontú droim ar ais agus cuirim roinnt ceisteanna orthu, cuir i gcás; cén ball éadaigh atá ar an leathanach? cén ball coirp atá ar an leathanach? cén cineál uisce atá luaite ar an leathanach? cén mothúchán atá air? agus araile. Ar ndóigh beidh focail ann nach n-aithneoidh na foghlaimoirí agus beidh deis ag an mhúinteoir nó ag an léachtóir ag an phointe seo cúpla focal nua dála, ‘malraigh’ agus ‘meacha’ a mhíniú sula dtosóidh sé ag léamh an ghearrscéil leo. Is féidir na focail a athrú agus an cluiche a imirt sula léifear an gearrscéal agus fiú focail a roghnú a bheas sa chuid den ghearrscéal a léifear an lá sin. Is proiséal é seo a éascaíonn an téacs don fhoghlaimoir. Nuair a bheas an scéal léite ag na foghlaimoirí agus iad measartha eolach ar ord agus imeachtaí an scéil is féidir cluichí a imirt a threiseoidh a gcuid eolais air. I dtaca leis sin de, tá an cluiche ‘lean mise’ an-úsáideach (tá samplaí thíos).

<p><b>1. Tá an gearrscéal seo lonnaithe i gConamara. Cé a scríobh an gearrscéal seo?</b></p>	<p><b>Ba é Pádraig Mac Piarais a scríobh an gearrscéal. Cad chuige a dtéann na malraigh isteach sa gharraí?</b></p>
<p><b>Mar chuala siad go raibh meacha an mháistir ag éirí. Céan fáth a bhfuil eagla ar Mhicilín dul isteach sa gharraí?</b></p>	<p><b>Tá eagla air cionn is go mbeidh an máistir agus an mháistreas anoir ar ball. Cé a fhanfas le ‘focal an fhaire’ a thabhairt do na malraigh eile?</b></p>
<p><b>Antaine Beag Ó Mainnín. Céan sórt crann a bhí ag fás i ngarraí an mháistir?</b></p>	<p><b>Bhí crainn rós, crann spíonán agus crann úll ag fás ann. Cad é eile a chonaic Antaine sa gharraí?</b></p>

**Figiúr a 2**

Maíonn Funk (2002) go bhfuil freagracht mhór ar an teagascóir scil na héisteachta a chothú sna scoláirí agus sna mic léinn os a c(h)omhair agus is gléas an-mhaith é an cluiche seo le cur le scileanna éisteachta an fhoghlaimora. Is féidir leis an mhúinteoir nó an léachtóir líon na gceisteanna a roghnú ar a thoil féin. Oibríonn an cluiche níos fearr má bhíonn ar a laghad dhá chárta ag gach scoláire nó ag gach mac léinn. Is léachtóir mé i gColáiste Ollscoile Naomh Muire agus is minic a bhainim úsáid as an chluiche seo leis na mic léinn. Is minic a theagasc mé ar chúrsaí do mhúinteoirí sa Choláiste fosta agus oibríonn an cluiche seo ag gach leibhéal. Bheadh sé úsáideach ag leibhéal GCSE nó ag Teastas Sóisearach nó Sinsearach. Ach is é an cuspóir atá leis an chluiche go gcuirfidh an duine a bhfuil an cárta aige an cheist atá scríofa ar a chárta féin. Caithfidh sé an cheist a chur os ard os comhair an ranga agus déarfadh an duine a bhfuil an freagra aige é os ard agus cuirfidh sé nó sí an cheist atá ar a chárta féin agus dá réir sin. Tugann an cluiche seo deis don fhoghlaimoir a cheist féin a léamh os ard, éisteacht le foghlaimoirí eile ag labhairt agus treisíonn sé a chuid eolais ar an ghearrscéal ag an am céanna. Ní bhíonn uimhir ar chárta ar bith ach amháin ar cheist 1 mar atá á leiriú thuas. Is fearr na cártaí a thabhairt amach go randamach ionas go mbeidh ceisteanna agus freagraí ag teacht ó gach taobh den tseomra agus ionas go gcaithfidh na foghlaimoirí a bheith ag éisteacht go cúramach lena chéile. Ar ndóigh is féidir na ceisteanna a athrú agus iad a úsáid arís agus arís eile ag tús an ranga mar a bheadh litearthacht mheabhrach ann. Nuair atá an gearrscéal léite agus pléite ag an rang is féidir ‘an bosca aibítire’ nó ‘*alphabox*’, Hoyt (2008), a úsáid leis na daltaí a chur ag obair lena chéile. Is straitéis fhíormhaith é an bosca aibítire le heolas réamhfhoghlamtha a athmhúscailt in intinn an fhoghlaimora agus le cur lena

chuid eolais agus lena chuid foclóireachta. Maíonn Hoyt (2008) go dtugann ‘*alphabox*’ deis do na daltaí dul i ngleic le téacs ar dhóigh éifeachtach. Níl ann ach leathanach A3 nó A4 agus é roinnte i mboscaí agus litreacha na haibítire scríofa isteach ann mar atá á léiriú thíos.

<b>a</b>	<b>b</b>	<b>c</b>	<b>d</b>
<b>e</b>	<b>f</b>	<b>g</b>	<b>i</b>
<b>l</b>	<b>m</b>	<b>n</b>	<b>o</b>
<b>p</b>	<b>r</b>	<b>s</b>	<b>t</b>
<b>u</b>			


**Figiúr a 3**

Caithfidh na daltaí a bheith ag obair i mbeirteanna agus iarracht a dhéanamh rud éigin, duine éigin nó focal éigin a bhaineann leis an scéal a scríobh sa bhosca cheart. Cuir i gcás, rachadh *Antaine* agus *aithne* i mbosca A, *bábóg*, *bronntanas* agus *biseach* i mbosca B, *crainn* agus *clocha móra* i mbosca C, *Darach* agus *dúchosach* i mbosca D, *Eibhlín* i mbosca E agus dá réir sin. Ag deireadh na gníomhaíochta thig leis an mhúinteoir nó an léachtóir ceist a chur ar an fhoghlaimoír lena fháil amach cad é a chuir sé i mbosca áirithe. Nuair a thugann an dalta an freagra is féidir tuilleadh craicinn a chur ar an fhreagra agus eolas ar an ghearrscéal a thógáil thart ar na freagraí ón rang uilig. Má fhreagraíonn an foghlaimoír go bhfuil *Antaine* aige i mbosca A, thig leis an




mhúinteoir ceist a chur air maidir le hAntaine agus ar an chineál carachtair a bhí ann. Mar a mhaíonn Beck, McKeown and Kucan, (2008) is gníomhaíocht é an bosca aibíte a thugann na focail chun beatha agus a chuireann sa chomhthéacs cheart iad.

Is cluiche eile é *Cé atá ag iarraidh bheith ina mhilliúnaí?* a chuireann go mór le teagasc agus foghlaim an ghearrscéil mar atá a léiriú sna samplaí thíos:



Figiúr a 4

Is gníomhaíocht mhaith í ag deireadh an ghearrscéil le deis eile a thabhairt do na daltaí dul siar ar a bhfuil foghlamtha acu agus a gcuid eolais a dhaingniú ar dhóigh phléisiúrtha idirghníomhach. Tugann sé deis fosta pictiúir a chur in airde ar an scáileán in aice leis na ceistanna a chuideoidh leis an fhoghlaimoir radhairc. Is fiú go mór ar ndóigh úsáid a bhaint as drámaíocht leis an ghearrscéal a threisiú sa rang. Cuirim ráitis as an scéal i gclúdach agus tugaim na clúdaigh amach do na daltaí sa rang – féach an léaráid ar dheis. Caithfidh siad amharc ar an ráiteas atá acu féin agus é a chur i láthair os comhair an ranga gan focal a rá. Thig leo mím nó frámaí reoite a úsáid chun an ráiteas a mhíniú don rang. Is deis an-mhaith í seo do na daltaí eile forbairt a dhéanamh ar labhairt na teanga agus ar a gcuid eolais ar an ghearrscéal. Ar ndóigh is féidir gníomhaíocht eile a fháil as an drámaíocht má iarrtar ar na daltaí seicheamh a dhéanamh ar na ráitis sa ghearrscéal ag deireadh na drámaíochta.



Figiúr a 5

Is féidir fosta ‘dictogloss’ a úsáid le dul siar ar an scéal. Sa ghníomhaíocht seo iarrann an múinteoir nó an léachtóir ar na foghlaimeoirí éisteacht leis/léi ag léamh cuid den ghearrscéal agus pictiúir bheaga a tharraingt



Figiúr a 6

ar leathanach A4 a léiríonn an chuid atá á léamh. Maíonn Olshansky, (2008) go dtugann ealaín deis d’fhoghlaimeoirí iad féin a chur in iúl agus nasc a dhéanamh idir íomhánna céadfacha agus scileanna litearthachta. Caithfidh an foghlaimeoir úsáid a bhaint as na pictiúir a tharraing sé agus an chuid sin den ghearrscéal a athinsint do na daltaí eile sa rang. Cuir i gcás dá léifeadh an múinteoir na habairtí seo a leanas: *shuigh Antaine ar an sconsa, bhí crainn rós agus crainn spíonán agus crainn úll aige, chonaic Antaine teachín beag álainn faoi scáth crainn, thug léim den sconsa rug ar an mbábóg agus sháigh isteach faoina chasóg í, tháinig dath i leicne caite an chailín bhig a bhí tinn agus ach níor fhulaing sé pian i gceart go ndeachaigh sé chun Aifrinn Dé Domhnaigh, seans go dtarraingeodh an foghlaimeoir sraith pictiúr mar atá sa léaráid thuas. Bheadh ar an foghlaimeoir an chuid sin den scéal a*

aithris ina chuid focal féin ag baint úsáid as na léaráidí a tharraing sé.

Is léir go bhfuil na gníomhaíochtaí seo dírithe ar theagasc an ghearrscéil *An Gadaí* ach is léir fosta go bhfuil siad inaistrithe agus gur féidir iad a mhúnlú le cur le teagasc gearrscéil ar bith ar dhóigh ghníomhach. Tá taithí phearsanta agam ag teagasc ag an dara agus ag an tríú leibhéal. Cuireann na gníomhaíochtaí seo deiseanna ar fáil do na scoláirí nó na mic léinn fiú a bheith ag obair lena chéile agus ag síneadh a gcuid teanga agus cuireann siad deiseanna ar fáil do na múinteoirí nó na léachtóirí teagasc na litríochta a dhéanamh ar dhóigh chruthaítheach. Scríobh Ó Dubhthaigh (1978: 19-43):

Má tá aon rud ag marú na Gaeilge sna hiar-bhunscoileanna faoi láthair, is í an litríocht atá á dhéanamh sin. Cuirtear an oiread sin litríochta faoi bhráid na ndaltaí nach bhfuil ullamh dá leithéid, go dtuigtear dóibh gur gnó dodhéanta dóibh é an Ghaeilge a fhoghlaim.

Ina áit don litríocht a bheith ina dúshlan ba chóir di bheith ina gliondar agus is féidir seo a bhaint amach leis an teagasc idirghníomhach. Tá buntáistí iontacha leis an teagasc a dhéanamh idirghníomhach rud a sheachnaíonn ceachtanna dúra leadránacha agus a thugann seilbh na foghlama don foghlaimeoir. Má tá an foghlaimeoir páirteach san fhoghlaim is fearr a chuimhneoidh sé nó sí ar an cheacht.

## Leabharliosta

### Leabhair

- Beck, I., McKeown, M. & Kucan, L., (2013) *Bringing words to life*. 1ú eagrán. Nua-Eabhrac: The Guilford Press.
- Funk, D., (2002) *Love & logic solutions for kids with special needs*. 1ú eagrán. Golden, CO: Love and Logic Press.
- Hoyt, L., (2008) *Literacy by design*. 1ú eagrán. Orlando, FL: Rigby.
- Ní Dhonnchadha, A., (1981) *An Gearrscéal sa Ghaeilge*. Baile Átha Cliath: An Clóchmhar Tta.
- Olshansky, B., (2008) *The power of pictures*. 1ú eagrán. San Francisco, CA: Jossey-Bass.
- Ó Dubhthaigh, F., (1978) *Múineadh na Gaeilge san iar-bhunscoil*. Léachtaí Cholm Chille IX.
- Ó Faoláin, S., (1948) *The Short Story*. Corcaigh: The Mercier Press.
- O'Leary, P., (1994) *The Prose Literature of the Gaelic revival, 1881-1921 Ideology and Innovation*. University Park, Pennsylvania: The Pennsylvania State University Press.
- Mac Grianna, S., (1936) *Pádraic Ó Conaire agus aistí eile*. Baile Átha Cliath: An Gúm.
- Mac Labhraí, S., (2012) *Anam na Teanga*. Cló Iar-Chonnacht, Indreabhán, Conamara.
- Rippier, J., (1976) *The Short Stories of Seán Ó Faoláin: a study in descriptive techniques*. Harper & Row Publishers, Inc, USA.
- Rafriodi, P., & Brown, T., (1979) *The Irish Short Story*. Presses Universities de Lille.
- Williams, J.E. Caerwyn & Ní Mhuiríosa, M., (1979) *Traidisiún Liteartha na nGael*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.

**Nuachtáin**

Mac Piarais, P., (1906) *An Claidheamh Soluis*. Le fáil ag: <https://issuu.com/cnag/docs/1906a>. (Léite 6 Aibreán 2018)

An Claidheamh Soluis, 19 Bealtaine, 1906.

An Claidheamh Soluis, 26 Bealtaine, 1906.

An Claidheamh Soluis, 2 Meitheamh, 1906.

An Claidheamh Soluis, 5 January, 1907.

An Claidheamh Soluis, 7 Deireadh Fómhair, 1905.



## **Diúltach nó Dearfach? Mianadóireacht Tuairime ar Ghiolcacha Gaeilge**

*Caoilfhionn Lane*

<https://doi.org/10.13025/2gjc-j517>

### **Réamhrá**

#### **Teicneolaíocht Teanga na Gaeilge**

Is éard is Teicneolaíocht Teanga ann ná an réimse sin, idir an ríomhaireacht agus an teangeolaíocht, ina ndéanann taighdeoirí anailís agus ionramháil, go minic go huathoibríoch, ar théacs, cibé teanga ina bhfuil sé scríofa. Tá iliomad uirlisí agus modhanna ar fáil don té atá ag obair le teicneolaíocht teanga an Bhéarla, agus dá thoradh seo tá dul chun cinn suntasach déanta i réimsí ar nós an aistriúcháin uathoibríoch, téacs go caint, agus anailís ar thopaicí. Le blianta beaga anuas pléadh go cuimsitheach na dúshláin a bhaineann le teicneolaíocht teanga na Gaeilge (féach, mar shampla, Judge *et al.*, 2012). Tá dul chun cinn ar leith déanta sa réimse seo i nGaeilge, mar shampla san aistriúchán uathoibríoch (Dowling *et al.*, 2015; Arčan *et al.*, 2016), agus san anailís theangeolaíoch de théacs Gaeilge (Lynn *et al.*, 2017). In ainneoin sin, i gcomparáid leis na mórtheangacha, tá an Ghaeilge fós gann in acmhainní ó thaobh teicneolaíochta teanga de, agus dá bharr tá sé níos deacra ag taighdeoirí modhanna teicneolaíochta teanga a chur i bhfeidhm ar théacs Gaeilge.

## Mianadóireacht Tuairime

Tá borradh mór faoi réimse ar leith de theicneolaíocht teanga, ar a dtugtar an mhianadóireacht tuairime.<sup>1</sup> Úsáidtear an mhianadóireacht tuairime (tugtar *sentiment analysis* nó *opinion mining* air sa litríocht) chun iniúchadh a dhéanamh ar thuairimí agus mothúcháin atá ag scríbhneoirí téacs. Cuir i gcás go bhfuiltear ag iarraidh dearthaí nó tuairimí atá ag pobal na meán sóisialta faoi thopaic ar leith a fháil amach. Mar shampla, go cainníochtúil cérbh iad na heachtraí ba mhó a chuaigh i bhfeidhm ar dhaoine ar na meáin shóisialta in 2017? Cérbh iad na topaicí ba dhearfaí nó ba dhiúltaí sa tréimhse chéanna? An féidir na rudaí seo a thomhas? Chun dul i ngleic le ceisteanna mar seo déantar anailís ar na tréithe sin i dtéacs a léiríonn tuairimí, mothúcháin agus dearthaí (Liu, 2012). Go hiondúil, déantar an anailís seo ar théacs ina bhfuil tuairimí forleathana ann, amhail postálacha ar na meáin shóisialta nó ar léirmheasanna ar líne. Aithnítear go bhfuil focail áirithe ann (*sentiment words* nó focail tuairime<sup>2</sup>) a léiríonn tuairim nó mothúchán ar bhealach níos láidre ná focail eile.

Mar a stóráiltear focail i bhfoclóir, stóráiltear focail tuairime i léacsacan tuairime<sup>3</sup> (*sentiment lexicon*). Sin liosta de na focail tuairime (do theanga ar leith) agus iarracht déanta an tuairim san fhocal a aithint agus, ag brath ar an saghas léacsacain, meáchan nó luach a thabhairt don tuairim sin. Cuir i gcás, tá na focail *álainn* agus *iontach* dearfach, agus tá *olc* agus *uafásach* diúltach. Bíonn focail eile débhríoch ó thaobh tuairime de, agus focail eile neodrach (mar shampla, bíonn *mealltach* débhríoch agus bíonn *triantánach* neodrach). Tá bealaí éagsúla le meáchan a thabhairt do na tuairimí seo.

Tá neart léacsacan tuairime ar fáil i mBéarla. Mar shampla, leis an léacsacan **NRC** (Mohammad agus Turney, 2010), tugtar do gach focal sa léacsacan “luachanna mothúcháin”, a roghnaítear as ocht gcinn: *anger*, *anticipation*, *disgust*, *fear*, *joy*, *sadness*, *surprise*, agus *trust*. Tugtar freisin ‘luach tuairime’ don fhocal – bíonn sé *positive* nó *negative*. Mar shampla, sa léacsacan seo tá na luachanna *fear*, *anger* agus *surprise* ag an bhfocal ‘*abduction*’, agus is focal *negative* é. Tá na luachanna *joy*, *surprise* agus *trust* ag ‘*illumination*’, agus is focal *positive* é<sup>4</sup>. Tá samhail léacsacan **Bing** (Hu & Liu, 2004) níos simplí. Tá dhá chineál luach – *negative* nó *positive* – tugtha do gach focal sa léacsacan. Sa léacsacan **AFINN** (Nielsen, 2011), tugtar do gach focal scór idir -5 (an ceann is diúltaí) agus 5 (an ceann is dearfaí).

Tá buntáistí agus míbhuntáistí ag baint leis na léacsacain dhifriúla seo. Tá samhail NRC níos casta agus tá sé deartha don Bhéarla. Bheadh sé deacair é a chur in oiriúint do theanga eile. Ar an lámh eile tá léacsacan Bing simplí ach níos srianta, agus tá sé níos inaistrithe do theangacha eile. Tá go leor léacsacan

1 Is fo-réimse é seo den mhianadóireacht téacs, nó *text-mining* i mBéarla. Sa mhianadóireacht téacs, déantar anailís ar spriocthéacs ionas gur féidir faisnéis a tharraingt as an téacs.

2 Mar go bhfuil léacsacan tuairime in úsáid san alt seo, úsáidtear focal tuairime agus focail tuairime san alt seo.

3 Níl an frása iomlán *sentiment lexicon* sa bhunachar téarmaíochta <http://tearma.ie>, ach tugtar *léacsacan* mar aistriúchán ar *lexicon*. Tugtar *dearcadh*, *tuairim* nó *barúil* don Ghaeilge ar *sentiment* san Fhoclóir Nua Béarla-Gaeilge. Úsáidtear *léacsacan tuairime* san alt seo.

4 Samplaí tógtha ón léacsacan ar líne, ag <http://saifmohammad.com/WebPages/NRC-Emotion-Lexicon.htm>

ar fáil do mhórtéangacha an domhain, ach níl an freastal céanna déanta ar na miontéangacha. Maidir leis an nGaeilge, tá leagan Gaeilge den léacsacan AFINN ar fáil (Afli, 2017), ach níl leagan den léacsacan Bing aistriú go Gaeilge. Mar sin, socraíodh, mar chuid den obair seo, an léacsacan Bing a aistriú go Gaeilge.

## Léacsacan Tuairime Nua don Ghaeilge

### Ag Cruthú Léacsacain Tuairime

Cruthaítear léacsacain tuairime ar bhealaí éagsúla, agus tá cur síos uileghabhálach den cheird in Liu (2012). Chun léacsacan tuairime cuimsitheach a chruthú, roghnaíonn an taighdeoir féin an liosta focal tuairime agus na luachanna a bhaineann leo, ach tá an próiseas seo an-fhada, agus tógann sé go leor acmhainní. Gan mórán acmhainní, is féidir léacsacain tuairime níos lú agus níos simplí a chruthú, agus feabhas a chur air ag úsáid modhanna uathoibríocha.

Tá cleasa éagsúla gur féidir a úsáid chun barr feabhais a chur ar léacsacan tuairime. Mar shampla, is féidir na haidiachtaí agus na cónaisc i mbunliosta focail tuairime a úsáid chun liosta níos cuimsithí a chruthú (Hatzivassiloglou & McKeown, 1997). Go minic i mBéarla, bíonn an tuairim chéanna ag focail atá ceangailte lena chéile leis an gcónasc *and*, agus go minic bíonn focail leis an malairt tuairime ceangailte lena chéile le *but*. Tugann Hatzivassiloglou & McKeown (1997) an sampla:

*simple and well-received*

*simplistic but well-received*

Is léir go bhfuil luach dearfach ag na focail *simple* agus *well-received* sa chéad abairt. Ach sa dara abairt tugann an focal *but* leid dúinn go bhfuil *simplistic* diúltach, ainneoin go bhfuil *well-received* dearfach san abairt seo freisin.

Dar ndóigh, nuair atá léacsacain tuairime cruthaithe do theanga amháin, is féidir ceann do theanga eile a chruthú tríd é a aistriú. Mar a luadh thuas, tá léacsacan Bing inaistriú go Gaeilge, ach tá údar eile againn le Bing a roghnú don obair seo. Úsáidtear an pacáiste bogearraí *tidytext* (Silge and Robinson, 2016)<sup>5</sup> chun mianadóireacht tuairime a chur i bhfeidhm ar théacs Béarla ag úsáid léacsacain tuairime. Tá léacsacan Bing curtha in oiriúint do *tidytext*, rud a chabhraíonn go mór leis an bpróiseas anailíse.

<sup>5</sup> Tá an pacáiste *tidytext* mar chuid den chreatlach ríomhchlárúcháin R (R Core Team, 2014), agus tá go leor buntáistí leis an gcreatlach sin. Mar shampla, is féidir giolcacha a bhailiú le pacáiste eile R, *twitter* (Gentry, 2015).

## Ag Aistriú Léacsacan Tuairime Bing go Gaeilge

Tá na mílte focal i léacsacain tuairime, agus tá iarrachtaí déanta teicníochtaí ríomhaistriúcháin a úsáid chun an t-ualach a laghdú ar an aistritheoir. Mar shampla, aistríodh léacsacan ó Bhéarla go hArabach ag úsáid ríomhaistriúcháin (Mohammed *et al.*, 2016), ach dar leis na húdair, go mbíonn sé deacair tuairim na bhfocal a chosaint san aistriúchán. Mar sin, sheachain muid an ríomhaistriúchán agus thug muid faoi an 6788 téarma i léacsacan Bing a aistriú ar bhealach níos traidisiúnta.

Is obair aistriúcháin éagsúil é seo. Ní hamháin go bhfuil gach focal sa léacsacan le haistriú, ach chomh maith leis sin caithfear an luach tuairime céanna (*dearfach* nó *diúltach*) a tugadh don fhocal a chaomhnú san aistriúchán. Le gnáthaistriúchán téacs, faigheann an t-aistritheoir leid ó chomhthéacs na habairte, nó b'fhéidir ó réimse an téacs, a chuidíonn leis an aistriúchán. Ach san obair aistriúcháin seo, níl romhat ach an focal glan, gan chomhthéacs, seachas go bhfuil a fhios agat an focal *dearfach* nó *diúltach* é.

Mar shampla, tá an focal *adventurous* rangaithe mar fhocal *dearfach* i léacsacan Bing. San iontráil do *adventurous* ar Fhoclóir Nua Béarla-Gaeilge bíonn *fiontrach*, *dána*, agus *eachtrúil* le fáil mar aistriúcháin de. Sa chás seo, cuirtear *dána* as an iomaíocht, mar bíonn an focal sin diúltach an chuid is mó den am. Mar sin, gan leid ón gcomhthéacs, bhí sé i gcónaí mar sprioc an *sentiment* nó an tuairim a chosaint san aistriúchán.

Déileáiltear le focail chomhchiallacha ar bhealach ar leith. Is féidir an próiseas seo a léiriú ag úsáid an bhunfhocail Bhéarla *adorable*. Is féidir spriocfhocal leis an luach tuairime céanna, mar shampla *álainn*, a roghnú mar aistriúchán. Nuair a thioctar ar bhunfhocal gaolmhar sa bhunléacsacan, mar shampla *beautiful*, is féidir foirm eile den fhocal *álainn* a roghnú mar aistriúchán, mar shampla *dóighiúil*.

Go hidéalach, d'aistreofaí gach foirm de na spriocfhocail agus gach téarma comhchiallach a bhaineann leo atá sa léacsacan Béarla. Ach níl an líon céanna téarmaí comhchiallacha i nGaeilge leis an luach tuairime céanna agus atá i mBéarla. Mar sin, is túisce go n-úsáidfí na téarmaí comhchiallacha Gaeilge ar fad agus go mbíonn focail Bhéarla ón léacsacan fágtha gan aistriúchán Gaeilge orthu dá thoradh seo.

Ní gá go mbeadh an t-aistriúchán an-dílis nuair atá leagan Gaeilge de Bing á chruthú. Níl muid ach ag úsáid an leagan Béarla de léacsacan Bing chun stór focal Gaeilge gaolmhar a ghiniúint do léacsacan Gaeilge Bing. Ní bheidh aon nasc, fisiciúil ná fíoriúil, idir léacsacan Béarla Bing agus léacsacan Gaeilge Bing, ná idir na focail aonair sa dá léacsacan.

Ag deireadh an phróisis aistriúcháin, fágтар go raibh, sa chéad leagan den léacsacan aistrithe, 3744 focal tuairime Gaeilge, i gcomparáid le 6788 focal tuairime sa leagan Béarla. Tugtar, sa Tábla thíos, samplaí éagsúla de fhocail tuairime ó léacsacan tuairime Bing (Béarla) agus na focail tuairime comhfhreagracha sa léacsacan Gaeilge. I gcás *trustingly*, úsáideadh an focal *hiontaobhach* seachas go *hiontaobhach* mar go bhfuilimid ag plé le focal aonair.



Bing (Béarla)	Bing (Gaeilge)	Luach Tuairime
trusting	iontaobhach	dearfach
trustingly	hiontaobhach	dearfach
trivial	díspeag	diúltach
trivialize	díspeagadh	diúltach

Tábla 1: Samplaí éagsúla de focail tuairime ó léacsacan tuairime Bing (Béarla) agus na focail tuairime comhfhreagracha sa léacsacan Gaeilge.

## An Léacsacan Gaeilge á chur i bhfeidhm ar Ghiolcacha

### An Téacs Gaeilge

Tá pobal Gaeilge gníomhach ar an ardán Twitter, agus na mílte giolcach á seoladh gach bliain. Coinnítear taifead den stór focal seo ar Twitter, is féidir é a íoslódáil agus a ionramháil, agus faoi mar a thuigfeá, bíonn an téacs breac le tuairimí. Mar sin, shocraigh muid an léacsacan tuairime Gaeilge nua a chur i bhfeidhm ar an gcorpas seo. Cé go bhfuil cead tugtha giolcacha ó Twitter a ionramháil, caithfear cloí le téarmaí agus coinníollacha an chomhlachta sin, go háirithe mar a bhaineann sé le hábhar a fhoilsiú<sup>6</sup>. Pléadh sa litríocht na treoirínite eiticíúla seo do thaighdeoirí (Williams *et al.*, 2017). Go bunúsach, is féidir téacs as giolcacha a fhoilsiú a fhad is gur as cuntais eagraíochtúla iad nó gur cuntais iad a bhaineann le pearsanra poiblí.

Don taighde seo, baineadh úsáid as an bpacáiste R *twitteR* (Gentry, 2015) chun giolcacha Gaeilge a bhailiú. Bailíodh giolcacha ar amlín<sup>7</sup> @NuachtTG4 (nuacht teilifíse ó TG4), @tuairiscnuacht (Tuairisc.ie, nuachtán ar líne), @SportTG4 (Spórt ar TG4, nuacht spóirt) agus @NuachtRnG (nuacht raidió ó RTÉ Raidió na Gaeltachta) ar an 14 Eanáir, 2018. Roghnaíodh na cuntais Twitter seo mar shamplaí de chuntais nuachta atá scríofa i nGaeilge (den chuid is mó), ar scéalta polaitíochta, spóirt agus sóisialta.

Sa tacar sonraí a bailíodh, tá 12,603 giolc a foilsíodh idir 2010 go dtí 2017. Níl giolcacha ó gach amlíne ón tréimhse chéanna, mar shampla is ó 2017 agus ó 2018 a tháinig na giolcacha ar amlíne @tuairiscnuacht. Is ó chuntas @NuachtTG4 a tháinig giolcacha ó 2010. Maidir le struchtúr an tacair shonraí, tá iontráil do gach giolc le huimhir aitheantais, an t-am a cruthaíodh í, an téacs agus sonraí eile.

<sup>6</sup> <https://developer.twitter.com/en/docs/tweets/search/guides/build-standard-query>

<sup>7</sup> Is éard is amlíne sa chomhthéacs seo ná na giolcacha is déanaí ó chuntas Twitter ar leith.

### Liosta focal coitianta

Sular féidir an léacsacan tuairime a chur i bhfeidhm ar an téacs ó Twitter, caithfear liosta focal coitianta (*stop words* i mBéarla) a ghiniúint. Is iad seo na focail choitianta atá le scagadh amach as an téacs sula ndéantar anailís air. Cuir i gcás, má tá taighdeoir ag iarraidh breathnú ar na focail nó ar na topaicí is tábhachtaí i sliocht, bunaithe ar mhinicíocht, beidh focail ar nós *tá, bhí, le* i gcónaí ar na focail is minice, mar is iad na focail is mó úsáide sa teanga. Mar a bhaineann sé le mianadóireacht téacs, níl mórán faisnéise sna focail seo. Má scagtar amach na focail is coitinne sa teanga ó théacs ar leith, beidh na topaicí faoi chaibidil níos feiceálaí sa liosta de na focail is minice, seachas na focail gan eolas tábhachtach.

Cruthaíodh liosta meaisín-inléite d'fhocail choitianta agus san áireamh sa liosta seo, tá: foirmeacha den bhriathar bí, réamhfhocail, forainmneacha, forainmneacha réamhfhoclacha<sup>8</sup>. Rinneadh próiseáil ar an téacs sna giolcacha sular úsáideadh an léacsacan tuairime: scagadh amach na focail choitianta sna giolcacha leis an liosta nua, agus scagadh amach freisin na hainmneacha de na cuntais Twitter, na haisclibeanna agus béarlagair in úsáid ar Twitter (dm, rt).

### Ag forbairt uirlisí anailíse de théacs Gaeilge

Tá an teanga ríomhchlárúcháin R (R Core Team, 2014) go mór in úsáid san eolaíocht sonraí, agus is féidir roinnt de na tascanna a bhaineann le próiseáil téacs Gaeilge a dhéanamh leis an bpacáiste R *tidytext*. Is féidir próiseáil téacs Gaeilge a dhéanamh le creathlaigh ríomhchlárúcháin ar nós NLTK (Loper & Bird, 2002) nó GATE (Cunningham *et al.*, 2002), ach san alt seo déantar an anailís ar fad le *tidytext* agus pacáistí éagsúla R mar gheall ar an oiriúnacht don obair seo. Le R, is féidir sonraí téacs a bhailiú, agus anailís a dhéanamh ar an téacs leis an gcreatlach ríomhchlárúcháin céanna go héasca.

Ionas gur féidir sonraí úsáideacha a roinnt le taighdeoirí eile, is féidir pacáiste bogearraí a fhorbairt le R<sup>9</sup>, agus sonraí (in-atáirgthe, ar leagan amach néata) a chur ar fáil mar chuid dó. Ní mór don fhorbróir cur chuige sonracha a leanúint, mar shampla, is gá cáipéisí d'úsáideoirí a chur ar fáil agus bíonn formáid ar leith ag baint leo. Má leanann an forbróir an struchtúr sin, bíonn an pacáiste deiridh agus na sonraí iniata éasca le híoslódáil (ó sheirbhís ar nós GitHub<sup>10</sup> nó CRAN<sup>11</sup>) agus éasca le húsáid i bpáirt le pacáistí eile R.

Mar chuid den obair seo, críobhadh agus cuireadh ar fáil an pacáiste bogearraí *stad*, agus mar chuid dó, tá liosta focal coitianta i nGaeilge agus leagan den léacsacan aistrithe<sup>12</sup>. Baineadh úsáid as *stad* chun an anailís go léir, ina bhfuil cur síos thíos air, a dhéanamh.

8 Le fáil ag: <https://github.com/cldatascience/stad>.

9 <http://r-pkgs.had.co.nz/package.html>.

10 <https://github.com/>.

11 <https://cran.r-project.org/>.

12 Na focail tuairime ón léacsacan a bhí sa chorpas Gaeilge Twitter thíos (963 focal).

## Anailís ar na Torthaí

### Tuin na nGiolcach Aonair

Cuireadh an léacsacan nua sa phacáiste *stad* i bhfeidhm ar an téacs ó Twitter. Fuarthas scór tuairime do gach giolc, bunaithe ar na focail dhearfacha lúide na focail dhiúltacha mar chéatadán de na focail uilig sa ghiolc. Tugann sé seo meastachán dúinn ar thuin an ghiolc. Tugtar, sa Tábla thíos, samplaí d'abairtí simplí chun an scór sin a léiriú<sup>13</sup>.

Abairt	Focail iomlán	Focail diúltacha	Focail neodracha	Focail dearfacha	Scór
Comhghairdeas, rinne tú éacht	3	0	1 (rinne)	2 (comhghairdeas, éacht)	66.66
Tá an stoirm ag teacht	2	1 (stoirm)	1 (teacht)	0	- 50.00

**Tábla 2: Samplaí d'abairtí a léiríonn meicníocht an scórála á fheidhmiú. Níl na focail choitianta san áireamh sa cholún “Focail Iomlán”. Níl na focail neodracha sa léacsacan tuairime.**

Dar leis an scór sin, tá na giolcacha seo níos diúltaí (giolc neamhathraithe):

NuachtTG4 (NuachtTG4). “50,000 gan aibhléis le Stoirm Eleanor ag réabadh iarthar na tíre <https://t.co/Zh2hupisPE> <https://t.co/uzkcoISDhg>”. 02 Jan 2018, 19:23 UTC. Tweet.

Tuairisc.ie (tuairiscnuacht). “Tá roth an reifrinn ag casadh, agus achrann géar ag teannadh linn <https://t.co/cxvl2ALrHF> <https://t.co/KVhCGzCPSn>”. 13 Jan 2018, 05:55 UTC. Tweet.

Agus tá na giolcacha seo níos dearfaí:

TG4, Spórt (SportTG4). “Tá tallann den scoth sa tír seo agus chun sin a cheiliúradh beidh sraith nua ag tosú faoi mhná & cluichí CLG. #TG4 <https://t.co/2Lf8dKrElm>”. 09 Jan 2017, 20:12 UTC. Tweet.

TG4, Spórt (SportTG4). “Beidh na buaicphointí againn Dé Sathairn @Munsterrugby @connachrugby #Irishrugby <https://t.co/GCCpZPnVzc>”. 07 Dec 2017, 16:00 UTC. Tweet.

<sup>13</sup> Cód samplach san fhilleán *tests* sa phacáiste *stad*.

Tuairisc.ie (tuairiscnuacht). “Mol an óige agus tiocfaidh sí, ach an bhfanfaidh sí? <https://t.co/9x6SwzmdDW>”.  
26 Aug 2017, 16:00 UTC. Tweet.

Is cinnte go bhfuil an chéad ghiolc ó @SportTG4 dearfach, ach sa dara giolc bíonn brí sách neodrach leis an bhfocal *buaicphointí* i comhthéacs an spóirt. Maidir leis an ngiolc ó @tuairiscnuacht, tá na focail *mol* agus *óige* dearfach sa léacsacan nua Gaeilge ach is léir go bhfuil tionchar láidir ag an gceist atá curtha ag deireadh na habairte ar thuin na giolcaí.


Is í seo an chéad leagan den léacsacan Gaeilge, agus léiríonn an giolc deiridh seo na srianta atá leis. Mar shampla, ní thógtar san áireamh, agus an scór á ríomh, an comhartha ceiste, ná an focal *ach* san abairt. Is léir go bhfuil tionchar acu seo ar thuin iomlán na giolcaí.

### **Tuairimí na seachtaine**

Chomh maith le scór tuairime do gach giolc, rinneadh grúpaí de na giolcacha a cruthaíodh gach seachtain agus comhaireadh líon na bhfocal dearfach agus líon na bhfocal diúltach gach seachtain. Fuarthas scór tuairime na seachtaine, bunaithe ar na focail dhearfacha lúide na focail dhiúltacha, mar chéatadán de na focail uilig sa tseachtain (féach Léaráid 1). Feictear sa léaráid go bhfuil tuairim dhearfach den chuid is mó ag téacs na gcuntas Twitter sin. Léiríonn sé seo go bhfuil níos mo téarmaí dearfacha ón léacsacan in úsáid i gcomparáid le téarmaí diúltacha ar na cuntais Twitter seo. Ní haon iontas é seo, mar gur cuntais chorparáideacha iad, agus baineann siad úsáid astu chun poiblíocht a dhéanamh ar a gcuid clár. Tá patrúin shéasúracha le feiceáil freisin. Feictear, mar shampla, ardú sa scór tuairime le linn Oireachtas na Gaeilge.

## Tuairimí ar chuntais nuachta Twitter

Scór tuairime na seachtaine (na focail dearfacha lúide na focail diúltacha, mar chéadfadán de na focail uilig sa tseachtain) i tvíteanna ó amlínte @RTERnaG, @NuachtTG4, @SportTG4 agus @tuairiscnuacht.



Léaráid 1: Scór tuairime seachtainiúil ar chuntais nuachta Twitter.

## Obair don Todhchaí

### An léacsacan a mheas go foirmeálta

Is próiseas atriallach atá i bhforbairt léacsacan tuairime, agus níl sa leagan Gaeilge seo de léacsacan Bing ach an chéad timthriall. Is féidir cur leis an léacsacan agus é a fheabhsú, ach caithfear gach leagan den léacsacan tuairime a mheas go cainníochtúil le turgnamh foirmeálta. Le bheith úsáideach mar uirlis chainníochtúil, caithfear cruinneas agus críochnúlacht an léacsacain a thomhais. Is é sin le rá, an bhfuil luach tuairime na bhfocal ceart sa léacsacan aistrithe? An bhfuil na focail is tábhachtaí ó thaobh tuairime de sa léacsacan? An bhfuil an léacsacan ionadaíoch ar an téarmaíocht Ghaeilge atá in úsáid ar Twitter?

Chun an obair sin a chur i gcrích, caithfear téacs Gaeilge a bhailiú agus meastóirí a fháil chun luach tuairime a thabhairt do gach aonad sa téacs (i.e. gach téacs, gach léirmheas, agus araile). Tá dhá rud le sárú anseo, meastóirí a earcú agus maoiniú a aimsiú le hobair na meastóirí a íoc, murar féidir an obair a dhéanamh

go deonach. Go minic le turgnamh ar théacs Béarla, úsáidtear seirbhís ar nós *CrowdFlower*<sup>14</sup> agus íoctar as meastóirí chun an aicmiú a dhéanamh. Bíonn meithleacha ar fáil do chuid de na mórtheangacha (Béarla, Spáinnis, Hiondúis, Fraincis agus araile) ach ní féidir meithleacha Gaeilge a fháil ón tseirbhís dhíreach sin. Pléadh obair mheithle i comhthéacs mionteangacha in alt Dowling. (2017), agus tugadh cur síos ar thomhas léacsacan tuairime Gaeilge in Afli *et al.* (2017).

### Ag cur breis focal leis an Léacsacan

San alt seo, rinneadh léacsacan tuairime a aistriú go Gaeilge, ach is féidir cur leis ar bhealach níos struchtúrtha freisin, agus na hearráidí a bhaint amach chomh maith. Chonaic muid go raibh raon leathan focal in úsáid ar Twitter nach raibh le fáil sa léacsacan. I measc na bhfocal seo bhí na focail a thosaíonn le *sár*, *rí* nó *ard*, (focail dhearfacha) agus focail a thosaíonn le *frith*, *droch*, *neamh* nó *mí* (focail dhiúltacha). D'fhéadfaí iad seo a áireamh sa chéad leagan eile den léacsacan tuairime. Freisin, níl gach sampla de na focail dhiúltacha sin sa bhunléacsacan. Cuir i gcás *frithdhaonlathachas* nó *drochstaid*, focail nach raibh sa léacsacan, ach a bhí sa chorpas:

Tuairisc.ie (tuairiscnuacht). “Más cúis imní an **frithdhaonlathachas** i gcás na Catalóine, is amhlaidh i gcás Thír na mBascach... <https://t.co/mTgm pcsaDh>”. 31 Oct 2017, 06:46 UTC. Tweet

NuachtTG4 (NuachtTG4). “Cartlann @TG4TV: **Drochstaid** na scoile ar Oileán Árainn Mhór - i dTír Chonaill a bhí faoi chaibidil ar an Nuacht. <https://t.co/5cQ1KenxSy>”. 28 Nov 2016, 20:11 UTC. Tweet

14 <https://www.crowdfLOWER.com/>

## Conclúid

San alt seo rinneadh cur síos ar an gcaoi ar féidir léacsacan tuairime a úsáid chun anailís a dhéanamh ar dhearthaí an phobail atá gníomhach ar na meáin shóisialta Gaeilge. Míníodh an chaoi ar cruthaíodh léacsacan tuairime nua don Ghaeilge. Mar chuid den obair seo cruthaíodh pacáiste bogearra nua, *stad*, chun gur féidir an léacsacan a chur i bhfeidhm ar chorpas téacs agus anailís a dhéanamh air ag úsáid modhanna de chuid na mianadóireachta tuairime. Cruthaíodh agus cuireadh foinsí meaisín-inléite ar fáil, mar shampla liosta d’fhocail choitianta i nGaeilge agus leagan aistriúcháin Ghaeilge den léacsacan tuairime Bing. Léiríodh na deiseanna a thugann Twitter do thaighdeoirí agus iad ag iarraidh téacs feiliúnach a bhailiú. Ar an ábhar sin, bailíodh giolcacha ó na meáin nuachta ar Twitter agus rinneadh anailís ar na tuairimí sna giolcacha leis an léacsacan.

Léiríonn an triail seo go bhfuil an anailís seo indéanta ar théacs Gaeilge le huirlisí atá ar fáil go hoscailte. Mar sin féin, tá dúshlán le sárú chomh maith. Le léacsacan tuairime a mheas go cainníochtúil, bíonn turgnamh foirmeálta riachtanach. Leis an turgnamh sin a dhéanamh, bíonn téacs Gaeilge ag teastáil, chomh maith le meastóirí chun luach tuairime a thabhairt do gach uile sliocht den téacs.

Mar fhocal scoir, tá na foinsí agus na huirlisí a cruthaíodh don alt seo ar fáil go hoscailte. Ina measc, tá leagan den léacsacan Gaeilge Bing, an pacáiste anailíse *stad*, agus liosta de na focail choitianta Gaeilge.

## Leabharliosta

### Leabhair

Liu, B. (2012) *Sentiment Analysis and Opinion Mining*. Morgan & Claypool.

### Ailt

Afli, H., McGuire, S. & Way, A., (2017) 'Sentiment Translation for low resourced languages: Experiments on Irish General Election Tweets.' *The 18th International Conference on Intelligent Text Processing and Computational Linguistics*. Budapest, Hungary.

Arcan, M. *et al.*, (2016) 'IRIS: English-Irish Machine Translation System.' *Proceedings of the Ninth International Conference on Language Resources and Evaluation (LREC 2016)*. Portorož, Slovenia.

Cunningham, H. *et al.*, (2002) 'GATE: An Architecture for Development of Robust HLT Applications.' *Proceedings of the 40th Annual Meeting on Association for Computational Linguistics*. Stroudsburg, PA, USA: Association for Computational Linguistics (ACL '02). 168-75.

Dowling, M. *et al.*, (2015) 'Tapadóir: Developing a Statistical Machine Translation Engine and Associated Resources for Irish', in *The 4th LRL Workshop: 'Language Technologies in support of Less-Resourced Languages'*. Poznan, Poland.

Dowling, M., Lynn, T. & Way, A., (2017) 'A Crowd-sourcing Approach for Translations of Minority Language User-Generated Content (UGC).' *Proceedings of 1st Workshop on Social MT*. Prague, Czech Republic.

Hatzivassiloglou, V. & McKeown, K.R., (1997) 'Predicting the semantic orientation of adjectives.' *Proceedings of the 35th annual meeting on Association for Computational Linguistics*.

Hu, M. & Liu, B. (2004) 'Mining and summarizing customer reviews', in *Proceedings of the 10th ACM SIGKDD International Conference on Knowledge Discovery and Data Mining - KDD '04*. 168-77.



- Judge, J. Ní Chasaide, A., Ní Dhubhda, R., Scannell, K.P., & Uí Dhonnchadha, E., (2012) 'The Irish Language in the Digital Age.' Rehm, G. & Uszkoreit, H. (eag.). Springer (META-NET White Paper Series: Europe's Languages in the Digital Age).
- Loper, E. & Bird, S., (2002) 'NLTK: The Natural Language Toolkit.' *Proceedings of the ACL-02 Workshop on Effective Tools and Methodologies for Teaching Natural Language Processing and Computational Linguistics – Volume 1*. Stroudsburg, PA, USA: Association for Computational Linguistics (ETMTNLP '02) 63-70.
- Lynn, T., Foster, J. & Dras, M., (2017) 'Morphological Features of the Irish Universal Dependency Treebank.' *15th International Workshop on Treebanks and Linguistic Theories*. Bloomington, Indiana.
- Mohammad, S.M. & Turney, P.D., (2010) 'Emotions evoked by common words and phrases: using mechanical turk to create an emotion lexicon.' *CAAGET '10 Proceedings of the NAACL HLT 2010 Workshop on Computational Approaches to Analysis and Generation of Emotion in Text*. 26-34.
- Mohammad, S.M., Salameh, M. & Kiritchenko, S., (2016) 'How translation alters sentiment', *Journal of Artificial Intelligence Research*, 55. 95-130.
- Nielsen, F.Å., (2011) 'A new ANEW: Evaluation of a word list for sentiment analysis in microblogs.' *Proceedings of the ESWC2011 Workshop on 'Making Sense of Microposts': Big things come in small packages*. 93-8.
- Silge, J. & Robinson, D. (2016) 'tidytext: Text Mining and Analysis Using Tidy Data Principles in R', *JOSS. The Open Journal*, 1(3).
- Williams, M.L., Burnap, P., & Sloan, L., (2017). Towards an Ethical Framework for Publishing Twitter Data in Social Research: Taking into Account Users' Views, Online Context and Algorithmic Estimation. *Sociology*.

## Foinsí Leictreonacha

Gentry, J., (2015) 'twitteR: R Based Twitter Client'. Le fáil ag: <https://cran.r-project.org/package=twitteR>. (Léite: 29 Aibreán 2018).

R Core Team, (2014) 'R: A Language and Environment for Statistical Computing', *R Foundation for Statistical Computing*, Vienna, Austria. Le fáil ag: <http://www.R-project.org/>. (Léite: 29 Aibreán 2018).

Wickham, H. (2017) 'tidyverse: Easily Install and Load the "Tidyverse"'. Le fáil ag: <https://cran.r-project.org/package=tidyverse>. (Léite: 29 Aibreán 2018).



## **Forbairt Chóir Shroiste d’Fhoireann Cartlannaíochta an Acadaimh**

*Mícheál Mac Lochlainn*

<https://doi.org/10.13025/qtwa-kd28>

### **Achoimre**

Tá roinnt bailiúchán cartlainne á gcoimeád, ina n-iomláine nó i gcomhpháirt, ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge san ionad Gaeltachta atá aige i Roisín na Mainiach, Carna, Contae na Gaillimhe. Nithe fisiciúla is ea na taifid bhunaidh go léir agus tá taifeadtaí fuaime agus fiseáin ina measc – ar fhuaimthéip, ar fhístéip is ar scannán.

Tá cláir dhigitithe ar siúl san Ionad le roinnt mhaith blianta chun léirithe digiteacha de na taifid bhunaidh a réiteach agus, dá dtoradh, tá corraíocht is trí fichid míle máistirchóipeanna digiteacha ann um an dtaca seo. Tá taisclann curtha suas agam i gcomhair na cartlainne digití seo ar líonra inmheánach Ollscoil na hÉireann Gaillimh, agus struchtúr loighciúil uirthi a leanann struchtúir loighciúla na mbailiúchán éagsúil.

Iarradh orm cóir shimplí, chosanta ar líne a fhorbairt, a thabharfadh sroicheadh saoráideach ar an gcartlann dhigiteach don fhoireann cartlannaíochta ach iad a bheith lonnaithe laistigh de líonra Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Níl aon bhaint ag an gcóir seo le foilseacháin phoiblí de chuid an Acadaimh ar nós *Cartlanna Joe Éinniú* (Cartlanna Joe Éinniú, 2010) nó *Glórtha na Réabhlóide ar RTÉ Raidió na Gaeltachta* (Ó Tuairisg, Ó Comhraí & Nic Dhonncha, 2017). Áis inmheánach don fhoireann cartlannaíochta amháin is ea í.

D'oír dom feidhm ní ba leithne agus ní b'úsáidí a bheith ag an gcóir ná liostáil shimplí comhad nó liostáil nasc chucu. Dá réir sin, shocraíos go gcaithfeadh an chóir:

1. Roinnteáin líonra a sholáthar, a thabharfadh sroicheadh cosanta, inscríofa ar an gcartlann dhigiteach don lucht digitithe taifead agus iontrála sonraí, d'fhonn iad a chur ar a gcumas í a riaradh i dtaiscéalaí comhad gach córas oibriúcháin comónta.
2. Comhéadan gréasán-bhunaithe a sholáthar, a thabharfadh sroicheadh cosanta, inléite-amháin ar an gcartlann dhigiteach d'éinne a mbeadh dintiúir chuí acu, d'fhonn iad a chur ar a gcumas í a dhearcadh i gcliaint ghréasáin chomónta.
3. A bheith i gcumas cóipeanna éisteachta agus féachana a bhaint as na máistirchóipeanna uaithi féin, de réir chaighdeán reatha gréasáin um sheachadta ilmheán, agus a chur ar fáil sa chomhéadan gréasáin.
4. Meiteashonraí de chuid na gcóipeanna éagsúla seo a aisghabháil agus a léiriú sa chomhéadan gréasáin.

Athbhreithniú ar an bpróiseas forbartha seo, agus ar staid reatha na córach, is ea an páipéar seo.

## Cúlra

Tá Bailiúchán Joe Éinniú (Cartlanna Joe Éinniú, 2010), Bailiúchán RTÉ Raidió na Gaeltachta (Ó Tuairisg, Ó Comhraí & Nic Dhonncha, 2017), Bailiúchán Sheáin Mhic Ghiollarnáth (Ó Tuairisg, Ní Cholla & Ó Droighneáin, 2017) agus Bailiúchán Éamoin de Buitléar (Seoladh Chartlann Éamoin de Buitléar/Éamon de Buitléar Archive Launch, gan dáta) i measc na mbailiúchán atá san Áras. Le Bailiúchán RTÉ Raidió na Gaeltachta agus Bailiúchán Éamoin de Buitléar is ea a bhaineann an obair reatha.

## An taisclann ar líne

De thoradh na gclár digiteach thuasluaite, tá corraíocht is trí fichid míle déantán digiteach fuaimne bainte as Bailiúchán RTÉ Raidió na Gaeltachta agus tá corraíocht is míle déantán digiteach fuaimne agus leathmhíle déantán digiteach físeáin bainte as Bailiúchán Éamoin de Buitléar um an dtaca seo. Níl an obair dhigitithe críochnaithe fós agus tá líon na ndéantán ag dul i méid in aghaidh an lae.

Tá na ríomhchomhaid a bhfuil na léirithe seo ar iompar acu á stóráil i struchtúir dhocht-eagraithe sonraí ar dhá fhreastalaí tiomnaithe. San Áras féin atá siad seo lonnaithe. Cuireann dhá fhreastalaí eile, atá lonnaithe ar láithreán eile de chuid Ollscoil na hÉireann Gaillimh, cúltaca neas-líne ar fáil. Ní féidir aon cheann de na freastalaithe seo a shroicheadh lasmuigh de líonra achair fhairsing na hOllscoile. Déantar cúltaca tánaisteach, as líne go rialta leis; le lámh. Mé féin a chuir suas na freastalaithe seo agus a fhéachann i ndiaidh a gcothabhála.

## Fearas agus bogearra digitithe

### Fuaim

Cuireadh suas dhá stáisiún oibre san Áras i gcomhair digitiú fuaimthéipe:

- Dell Optiplex 7010; próiseálaí i3, 4GB RAM, 500 GB HDU. Windows 7 64 giotán.
- Deic spól-go-spól de dhéantús Nagra; í athchóirithe agus athchalabraithe, agus saincheapaithe le bheith in oiriúint d'fhormáidí na dtéipeanna atá sna bailiúcháin.
- Losaid ionghabhála fuaim E22 de dhéantús Lynx.
- Eagarthóir fuaim Audacity (Audacity, gan dáta).

Is le naisc chothromaithe atá na deiceanna ceangailte de na losaidí fuaim. Cé nach bhfuil caisid fuaim i measc déantán bunaidh na mbailiúcháin reatha, ba shaoráideach na losaidí fuaim a cheangal de dheiceanna cuí, dá mba ghá.

### Físeán

Cuireadh suas dhá stáisiún oibre san Áras i gcomhair digitiú fístéipe VHS:

- Dell Optiplex 7010; próiseálaí i3, 4GB RAM, 500 GB HDU. Windows 7 64 giotán.
- Deic VHS RDXV60 de dhéantús Toshiba, a ceannaíodh nua.
- Ceartaitheoir ambhoinn TBC-5000 de dhéantús DataVideo.
- Losaid ionghabhála físeáin Colossus de dhéantús Hauppauge.
- Bogearra ionghabhála físeáin WinTV.

Tá roinnt mhaith fístéipeanna VHS i mBailiúchán Éamoin de Buitléar. Cóipeanna garbha tagartha agus féachana is ea an chuid is mó acu seo. Measadh gur leor sonraíocht an fhearais seo d'fhonn a leithéid a dhigitiú.

Is fiú a lua go raibh sé ábhar deacair a theacht ar dheiceanna VHS nuadhéanta. Ní rabhthas i gcumas deic ghairmiúil a aimsiú in aon chor; fearas baile is ea an RDXV60. Cuireadh deireadh ar fad le táirgeadh deiceanna VHS cúpla bliain tar éis dom na stáisiún oibre a chur suas (Paul, 2016; Walton, 2016).

Tá roinnt mhaith fístéipeanna Betacam SP i mBailiúchán de Buitléar leis. Is ar chaighdeán craolta atá an t-ábhar atá orthu. Níl an fearas digitithe seo oiriúnach chun a leithéid a dhigitiú ach tá fearas eile againn ina chomhair. Níor cuireadh tús le digitiú na dtéipeanna sin fós.

## Formáidí máistirchomhad

### Fuaimchomhaid RTÉ Raidió na Gaeltachta

Cuireadh tionscadal digitithe ábhar RTÉ Raidió na Gaeltachta ar bun i Mí na Samhna 1999. Ní cuid den tionscadal reatha é an clár digitithe sin agus is amhlaidh, dá réir, go bhfuair an tionscadal reatha máistir-fhuaimchomhaid an bhailiúcháin le hoidhreacht, mar *fait accompli*.

I bhformáid MP2 atá na comhaid seo; formáid a chuireann comhbhrú sonraí i gcrích. Aimseofar plé mar gheall ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis seo in Ó Tuairisg, Ó Comhraí & Nic Dhonncha (2017). Tá idir chomhaid aonfhónacha ann, inar gabhadh an eisint fuaime ag ráta samplaithe 32 kHz agus ag doimhneacht ghiotáin 16 giotán, agus comhaid dhéfhónacha, inar gabhadh í ag 48 kHz/16 giotán.

(I gcomhthéacs meiteashonraí teilifíse agus scannánaíochta, ‘aon sonraí nó aon chomhartha atá ag teastáil chun aon saghas aonair braistinte céadfaí - feicthe, cloiste nó eile - a léiriú’ an bhrí atá leis an bhfocal ‘eisint’ (Cox, Tadic & Mulder, 2006: 3).)

### Fuaimchomhaid Bhailiúchán Éamoin de Buitléar

Cuid den tionscadal reatha is ea digitiú an ábhair seo. Ar théipeanna spól go spól atá máistir-fhuaimrianta an bhailiúcháin seo. Socraíodh air go ngabhfaí máistirchóipeanna digiteacha den eisint seo ar chaighdeán ard, i bhformáid nach gcuireann comhbhrú sonraí i gcrích. Dá réir sin, sábháladh na máistirchóipeanna digiteacha i riocht comhad AUP (máistirchomhad eagarthóireachta de chuid Audacity). Easpórtáladh cóip de gach máistirchomhad i riocht comhad WAV leis.

Gabhadh eisint bhunaidh, idir aonfhónach agus défhónach de réir mar ba chúí, ag ráta samplaithe 48 kHz agus ag doimhneacht ghiotáin 24 giotán.

Ba léir mar ar chríochnaigh an eisint fuaime ar an téip i bhformhór cásanna ach i gcásanna eile, is amhlaidh gur aimsíodh tuilleadh eisinte níos sia ar aghaidh, tar éis tréimhsí fada tosta. Ní raibh sé d’uain againn éisteacht le gach téip ó thús deireadh roimh ré chun eisint bhreise den saghas seo a aimsiú agus, dá réir sin, socraíodh ar gach téip a dhigitiú ina hiomláine; fiú nuair a gabhadh an-chuid tosta tar éis deireadh na heisinte fuaime dá thoradh.

## Físchomhaid VHS Bhailiúchán Éamoin de Buitléar

Cuid den tionscadal reatha is ea digitiú an ábhair seo. (I gcomhthéacs meiteashonraí teilifíse agus scannanaíochta, ‘aon eisint aonair fheicthe, chloiste nó sonraí, nó aon *teaghlaim* dóibh’, an bhrí atá leis an bhfocal ‘ábhar’ (Cox, Tadic & Mulder, 2006: 3).)

Níl caighdeán ard ag baint le formáid VHS agus measadh gur leor máistirchóipeanna digiteacha den ábhar seo a ghabháil i bhformáid a chuireann comhbhrú sonraí i gcrích. Dá réir sin, gabhadh ábhar bunaidh mar seo a leanas:

**Eisint fuaim:** Gabhadh í seo leis an *gcodec* AAC, i riocht défhónach, ag ráta samplaithe 48 kHz agus ag doimhneacht ghiotáin 32 giotán snámhphointe.

**Eisint físeáin:** Gabhadh í seo leis an *gcodec* H.264 (main), le hionchódú datha Y’UV420p, i bhfráma 720x576 ag 25 fráma/soicind.

**Soitheach:** I gcomhaid den fhormáid TS is ea a sábháladh na sruthanna fuaim agus físeáin.


Dálta na bhfuaimthéipeanna, is amhlaidh gur aimsíodh ábhar ar chuid de na téipeanna VHS, agus é scartha ón ábhar a bhí ag tosach na téipe ag tréimhsí fada sneachta agus fothraim bháin. Dá réir sin, digitíodh na téipeanna VHS go léir ina n-iomláine leis.

## Sroicheadh na léirithe digitithe

Rialaítear sroicheadh ar na léirithe digiteacha go docht daingean.

## Roinnteáin líonra

Cuireadh suas roinnteáin sonraí SMB/CIFS ar na freastalaithe (go nglaitear ‘roinnteáin Windows’ nó ‘roinnteáin líonra’ orthu go comónta ach atá insroichte ag ríomhairí *nach* bhfuil Windows orthu) d’fhonn na léirithe digiteacha a chur ar fáil thar líonra na hOllscoile (Léaráid 1). Tá dintiúir logála isteach riachtanach chun iad seo a shroicheadh agus, chuige seo, tugadh dintiúir ar leith do bhaill foirne údaraithe: an lucht digitithe agus foireann bhainistíochta an tionscadail.



Léaráid 1: léirithe digiteacha á sroicheadh trí roinnteáin líonra

Tá na roinnteáin líonra seo an-oiriúnach i gcomhair uaschóipeáil comhad tar éis a ndigitithe ach is beag de mhaith iad chun úsáid níos fairsinge a bhaint astu. Tá formhór na máistirchomhad cuíosach mór agus cé gur féidir iad a sheinnt thar an líonra i seinnteoirí deisce cúí (VLC Player mar shampla, ar féidir leis formáidí comhaid go léir na máistirchóipeanna a láimhseáil), bíonn an t-aistriú sonraí ó fhreastalaí go cliant mall go leor ar uairibh; rud a fhágann seinnt an chomhaid stadach. Ina theannta sin, níl puinn feidhme ag roinnteáin den saghas seo chun meiteashonraí comhad a aisghabháil agus a thaispeáint.



## Teorainn maidir leis na máistirchóipeanna

Tá na máistirchomhaid seo go léir mí-oiriúnach mar chóipeanna éisteachta agus féachana ar aon chuma.

Ó thaobh na fuaime de, níl formáid MP2 ná comhaid WAV comhoiriúnach le caighdeáin reatha um sheachadadh fuaime ar an nGréasán (Boas, 2012). Cé gur féidir le roinnt cliant gréasáin comhaid WAV a sheinnt, tá an fheidhm seo spleách ar chomhdhéanamh inmheánach an chomhaid ar leith. Ní gach bogearra seinnteora deisce a sheinnfeadh comhaid MP2 ach an oiread. Formáid eagarthóireachta amháin is ea AUP. Audacity féin an t-aon bhogearra ar féidir leis í a láimhseáil.

Ó thaobh an fhíseáin de, níl an fhormáid shoithigh TS comhoiriúnach le caighdeáin reatha um sheachadadh fuaime ar an nGréasán (Pilgrim, gan dáta). Tá físeán H.264 agus fuaim AAC comhoiriúnach leo ach léirigh tástálacha nach seinneann cliant chomónta Gréasáin iad, agus iad ar iompar i soithigh TS. Agus, dáлта comhad MP2, níor ghá go seinnfeadh gach bogearra seinnteora deisce comhaid TS.

## Cóipeanna éisteachta agus féachana

B'éigean cóipeanna ar leith éisteachta agus féachana de na máistirchomhaid a réiteach, mar sin. **Fuaim HTML5** agus **Físeán HTML5** an dá chaighdeán gréasáin reatha um sheachadadh fuaime agus físeáin ar an nGréasán. D'fhonn iad seo a shásamh, ní foláir:

- Míreanna fuaime a sholáthar i riocht:
  - ▷ MP3
  - ▷ OGG Vorbis (formáid shoithigh is ea OGG; fuaim i riocht Vorbis ar iompar ann).
- Míreanna físeáin a sholáthar i riocht:
  - ▷ MP4 (formáid shoithigh is ea MP4; físeán i riocht H.264 agus fuaim i riocht AAC ar iompar ann).
  - ▷ WebM (formáid shoithigh is ea WebM; físeán i riocht VP8 agus fuaim i riocht Vorbis ar iompar ann).
  - ▷ OGG Theora (físeán i riocht Theora agus fuaim i riocht Vorbis).

Is é sin, ní foláir dhá ásc de gach mír fuaime agus trí ásc de gach mír físeáin a réiteach (Léaráid 2).



Léaráid 2: cóipeanna éisteachta agus féachana

Bhí le cruthú, dá réir, 120,000 comhad nua i mBailiúchán RTÉ Raidió na Gaeltachta agus 2,000 comhad nua fuaimne agus 1,500 comhad nua físeáin i mBailiúchán de Buitléar; gan trácht ar na máistirchomhaid nua atá á gcruthú ar fad na haimsire. Socraíodh ar an obair seo a dhéanamh ar Bhailiúchán de Buitléar ar dtús, de bharr an líon máistirchomhad a bheith cuíosach beag.

Scríobhadh script (ríomhchlár beag) a bhfuil ceithre mhórfheidhm aici:

- Trasnaíonn sí taisclann na máistirchóipeanna ar an bhfreastalaí go hachúrsach agus cuireann sí suas, lasmuigh den taisclann agus neamhspleách uirthi, macasamhail di i gcomhair na gcóipeanna éisteachta agus féachana.
- Le linn an trasnaithe seo, bíonn sí ag faire le botúin chomónta cló in ainmneacha comhad agus comhadlann: mion agus ceann-litreacha, carachtair spáis bháin, agus cairn carachtar a athiontráladh san éagóir agus rl...Ceartaíonn sí iad seo, más ann dóibh.
- Le linn an trasnaithe, ach tar éis di ceartuithe a chur i gcrích, glaonn sí ar bhogearra darb ainm FFmpeg (FFmpeg, gan dáta) chun gach máistirchomhad WAV, MP2 agus TS a thraschódáil d'fhonn tacar cuí comhad éisteachta agus féachana a bhaint astu. Sábhálann sí iad seo sa suíomh cuí i struchtúr na taisclainne nua. (Ní foláir FFmpeg a bheith suite ar an bhfreastalaí roimh ré, gan amhras.) Ní thraschódú iomlán a theastaíonn i gcás na gcomhad TS. Ós amhlaidh go bhfuil a gcuid sruthanna fuaimne agus físeán sa bhfoirm cheart cheana, níl le déanamh ag FFmpeg ach iad a chóipeáil go soitheach cuí (MP4).
- Agus na comhaid éisteachta agus féachana cruthnaithe, cóipeálann sí comhad speisialta réamhchumtha darb ainm 'index.php' isteach sa chomhadlann ina bhfuil siad lonnaithe (Léaráid 2). Níl sa chomhad seo ach aon líne ghearr amháin ríomhchóid. Pléifear é seo sa rannóg 'comhéadan gréasáin', thíos.

Forbraíodh an script de réir próisis athchúrsaigh, inar tástáladh na ceithre ghné dá feidhm go mion agus go dian. Suiteáladh í ar fhreastalaí Bhailiúchán de Buitléar agus ritheadh. Thóg an chéad rith cúpla lá ach ar chríochnú dó bhí dhá thoradh tacar cuí comhad fuaimne agus físeáin, agus iad ullamh le cur ar fáil ar ardáin ghréasán-bhunaithe.


Ansin, cuireadh suas rud ar a nglaoitear tasc *Cron* ar an bhfreastalaí, chun an script a rith uair in aghaidh na hoíche, á dheimhniú nach mbeidh ábhar thaisclann na gcóipeanna éisteachta agus féachana níos mó ná ceithre huair an chloig fichead laistiar d'ábhar thaisclann na máistirchóipeanna choíche. Tá sé i mianach na scrípte gur féidir í a rith go rialta agus *nach* bpróiseálfaidh sí aon mhír i dtaisclann na máistirchóipeanna a bhfuil míreanna comhfhreagracha aici cheana i dtaisclann na gcóipeanna éisteachta agus féachana.

Tá sé de bhuntáiste ag an gcur chuige seo nach bhfuil de chúram ar lucht digitithe na cartlainne ach riaradh thaisclann na máistirchomhad amháin. Ní theastaíonn sroicheadh uathu ar thaisclann na gcóipeanna éisteachta agus féachana fiú; féachann an freastalaí féin i ndiaidh a riartha sin.

Is furasta an chóir seo a chur in oiriúint do Bailiúchán RTÉ Raidió na Gaeltachta, agus do bhailiúcháin eile, ach mionathruithe beaga a dhéanamh uirthi.

### Comhéadan gréasáin

Agus an méid sin déanta, cuireadh suas láithreán gréasáin ar an bhfreastalaí mar ardán sroichte don bhailiúchán (Léaráid 3).




Léaráid 3: ábhar fuaime á shroicheadh tríd an gcomhéadan gréasáin

Scríobhadh script eile, a bhfuil d’fheidhm aici leathanaigh gréasáin a chumadh ar an toirt, de réir mar a rachadh an té a bheadh ag ceadú an bhailiúcháin ó rannóg go rannóg. Is é sin, cumann sí leathanach innéacs i gcomhair gach rannóige agus cuireann sí leis liosta de na míreanna a fhaigheann sí inti. Baineann an script seo úsáid as na comhaid ‘index.php’, a luadh ní ba thúisce, mar ‘shíl’ chun an rannóg ina bhfuil

siad i struchtúr comhad an bhailiúcháin a scrúdú, agus faisnéis a fháil ar na comhaid éagsúla atá ann. Agus an fhaisnéis seo fála, úsáideann an script í chun leathanach gréasáin na rannóige a shíneadh amach agus a ais-seoladh go dtí an úsáideoir.

Ar gach leathanach, síneann an script amach rannóg cáipéise i gcomhair gach comhad fuaimne, fiseáin agus lomthéacs a aimsíodh (Léaráid 4). Bíonn na míreanna seo a leanas i ngach rannóg cáipéise:

- Ceannteideal, tógtha ag an script, uaithi féin, ó chomhadainm na míre.
- Seinnteoir meán HTML5, más comhad fiseáin nó fuaimne a fuarthas, is é gléasta chun an comhad a sheinnt.
- Bosca téacs, más comhad téacs a fuarthas, agus an téacs á léiriú ann.
- Tuairisc chuimsitheach ar aon mheiteashonraí a aimsíodh á stóráil go himhneánach sna comhaid fuaimne agus fiseáin. Glaonn an script ar FFprobe, cóir de chuid FFmpeg, chun amhshonraí a aisghabháil don tuairisc seo. Pléifear meiteashonraí ar ball beag.



Léaráid 4: ábhar fiseáin á shroicheadh tríd an gcomhéadan gréasáin

Tá sé de bhuntáiste ag an gcur chuige seo nach bhfuil corraíocht is trí fichid míle leathanach gréasáin le cumadh ina gceann agus ina gceann — ná le coimeád cothrom le dáta, ina gceann agus ina gceann, de réir mar a bhíonn an chartlann dhigiteach á forbairt. Ach an t-aon script ghinte leathanach amháin a mhionathrú, is féidir leathanaigh ghréasáin go léir na cartlainne a thabhairt cothrom le dáta in aon turas amháin.

## An chéad chéim eile: meiteashonraí

Tacair meiteashonraí an t-aon ghné den chéad timthriall forbartha den chóir atá le cur i gcrích i gcónaí. Tá roinnt mhaith meiteashonraí againn maidir le Bailiúchán RTÉ Raidió na Gaeltachta agus tá stór mór meiteashonraí stairiúla, agus iad uathúil agus luachmhar, i gcáipéisíocht Bhailiúchán Éamoin de Buitléar. Ba mhór an feall gan na taisclanna digiteacha a shaibhriú leis an bhfaisnéis seo.

Tá trí phríomhcheist le freagairt:

**Na míreanna meiteashonraí atá le taifeadadh:** Is í seo an chéad cheist atá le réiteach. Tá foireann na cartlainne á cíoradh seo i gcónaí agus, dá bharr, tá teorainn leis an méid is féidir a dhéanamh i láthair na huair chun feidhm an ghné seo den chóir a fhorbairt.

**An caighdeán meiteashonraí atá le húsáid:** Ceist eile atá fós á cíoradh; ceann atá ábhar níos achrannaí ná mar a shílfi. Tá an-chuid caighdeán ann, agus a gcuid buntáistí agus mí-bhuntáistí ag baint leo go léir. Mar a deir Cox, Tadic agus Mulder (2006, 1.41):

*The fact that there are so many [metadata structure standards] could imply that there aren't any standards; there isn't one data structure that all users follow. Users tend to select what is best for their purposes, often picking and choosing between structures to create their own internal standard.*

Úsáideadh scéimrí meiteashonraí bunaithe ar an *Dublin Core Metadata Initiative* (DCMI) i dtionscadail eile de chuid an Acadaimh (Ó Tuairisg, Ní Cholla agus Ó Droighneáin, 2017). Rith go maith leis seo agus is féidir gurb é a roghnófar don tionscadal reatha. Tá DCMI simplí mar scéimre (Healy, 2015) agus tá sé in úsáid i sainchóras bainistíochta inneachair ar nós Omeka (*Working With Dublin Core*, gan dáta). Níl sé gan cháineadh, mar sin féin. Tá easpa tathaig — ‘*it does not deal well with complex relationships between items*’ (Landbeck, 2013) — agus easpa beaichte, agus cailliúint sonraí dá réir, (Beall, 2004; Haan, 2004) i measc lochtanna a fhaightear air.

**Modh stórála na meiteashonraí:** Tá dhá shlí chun meiteashonraí um chomhad meán a stóráil: iad a leabú i gceanntásc an chomhaid féin nó iad a shábháil i gcomhad comhbhainteach téacs. Tá buntáistí agus mí-bhuntáistí ag baint leis an dá chur chuige.

Leabaithe sa chomhad meán:

- **Buntáiste:** Tá an mhír fuaim / físeáin agus na meiteashonraí i bhfochair a chéile, in aon chomhad amháin. Is saoráidí iad bainistiú agus ionramháil dá bharr.
- **Míbhuntáiste:** Dá gcaillfí an comhad sin, nó dá ndéanfaí díobháil éigin air, chaillfí idir an mhír féin agus a cuid meiteashonraí.
- **Míbhuntáiste:** Teastaíonn acmhainn dhaonna oilte. Is dall ar mheiteashonraí leabaithe iad eagarthóirí áirithe fuaim / físeáin agus is baolach go gcaillfí go buan na meiteashonraí dá mbainfeadh duine éigin úsáid, ar chúis éigin, agus le teann aineolais, as bogearra dá shaghas chun na comhaid a ionramháil.

I gcomhaid chomhbhainteacha:

- **Buntáiste:** Ní theastaíonn an leibhéal céanna oilteachta.
- **Buntáiste:** Dá ndéanfaí díobháil ar cheachtar comhad, níor ghá a thionchar sin a bheith ar an gceann eile.
- **Míbhuntáiste:** Ní foláir an dá chomhad a choimeád i bhfochair a chéile i gcónaí agus, de ghnáth, ní foláir deimhin a dhéanamh go dtagann a comhadainmneacha le chéile.
- **Míbhuntáiste:** Is baolach, le teann aineolais, go scairfeadh duine éigin an dá chomhad, go scriosfaidís an comhad comhbhainteach téacs nó go gcuirfidís as ar shlí éigin d'ainmniú na gcomhad.

D'úsáideas cur chuige meiteashonraí leabaithe cheana i dtionscadal eile de mo chuid (Ó Loclainn, 2017) agus bhíothas sásta leis na torthaí a fuarthas. Mé féin amháin a bhí ag gabháil do na comhaid mheán sa chás sin, áfach, agus níor ghá go roghnófadh foireann an tionscadail seo an mhodheolaíocht chéanna.

## Réamhobair

### Fuaim

Cé go bhfuil na ceistanna seo fós le réiteach, tá méid áirithe réamhoibre déanta agam chun feidhmiúlacht meiteashonraí na córach a fhorbairt. Cloíonn an fheidhmiúlacht seo go beacht le caighdeáin ábharacha. Mar shampla, cuireadh ar chumas an dara scrípte meiteashonraí áirithe chomhad fuaim a aisghabháil (Léaráid 5).

- **ID3:** Soitheach meiteashonraí a úsáidtear le comhaid MP3.
- **RIFF:** Meiteashonraí bunaidh de chuid comhad WAV.
- **BEXT:** Meiteashonraí sainfheidhmeacha de chuid comhad BWF (*Broadcast Wave Format*). Foirm bhreisithe de WAV is ea BWF. Aontas Craolacháin na hEorpa a d'fhorbair í, le húsáid i ngoirt an raidió, na teilifíse agus na scannánaíochta (European Broadcast Union, 2009).

## Físeáin

Is i dtús na hoibre ar ionramháil meiteashonraí i gcomhaid físeáin atáim.

The screenshot shows a web browser window with the URL `/cartlann/0 Meiteashonraí Samplaícha/`. The page title is 'Cartlann Éamoin de Buidéir'. There are two buttons in the top right: 'Abhaile' and 'Cartlann'. The main content area has a green header with the text 'Adobe Audition (RIFF 7 BEXT ag an dtús).WAV'. Below this, there is a note: 'Ní sheasaíonn caighdeán meán Gréasáin le seinnt comhad .wav.' and a link: 'Bain triail as an nasc díreach seo.' The form contains the following fields:

<b>Tagairt tionscnóra</b>	BEXT-originator-reference
<b>Bun-ealaíontóir</b>	RIFF-original-artist
<b>Teideal</b>	RIFF-name
<b>Seánra</b>	RIFF-genre
<b>Foinse digitithe</b>	RIFF-digitization-source
<b>Innealtóirí</b>	RIFF-engineers
<b>Cóipcheart</b>	RIFF-copyright
<b>Ionchódóir</b>	RIFF-software-package
<b>Eochairfhocail</b>	RIFF-key-words
<b>Bunmheán</b>	RIFF-original-medium
<b>Soláthraí foinse</b>	RIFF-source-supplier
<b>Nóta tráchtá (cur síos)</b>	BEXT-description
<b>Ábhar</b>	RIFF-subject
<b>An t-é a ionchódáil (an tionscnóir)</b>	BEXT-originator
<b>Dáta</b>	2017-02-28
<b>Am cruthnaithe</b>	10:42:22
<b>Tagairt ama</b>	0
<b>Stair an ionchódaithe</b>	BEXT-coding-history
<b>Mír anaithnid</b>	PCM,F=44100,W=16,M=stereo

Léaráid 5: aisghabháil meiteashonraí RIFF agus BEXT (triallach)

## Conclúid

Tá cóir chomhtháite, riartha cartlannaíochta digití ann de thoradh na hoibre seo agus tá sí in úsáid chun áis stórála agus aisghabhála a chur ar fáil d'fhoireann na cartlannaíochta i Roisín na Mainiach agus do phearsanra údaraithe eile.

Tacar / scéimre meiteashonraí an t-aon easpa atá uirthi um an dtaca seo, cé go bhfuil roinnt mhaith den obair theicniúil a bhaineann leis an ngné seo déanta. Nuair a réiteofar na ceisteanna a bhaineann leis seo, beifear i gcumas bogadh ar aghaidh, agus an chéad timthriall forbartha den tionscadal a chur i gcrích. Tá práinn áirithe ag baint leis seo, sa mhéid is go bhfuil an feachtas digitithe agus traschódála ag dul ar aghaidh ar bhonn leanúnach. Dá mhéid léirithe digiteacha atá ann, is ea is mó míreanna go gcaithfear filleadh orthu agus meiteashonraí a chur leo *post facto*. Ní cúis mhór imní é seo, mar sin féin: beifear i gcumas cur le feidhmiúlacht na córach chun go ndéanfaidh sí cuid den obair sin uaithi féin.



## Leabharliosta

### Leabhair

Cox, M., Tadic, L. & Mulder, E., (2006). *Descriptive Metadata for Television*. Oxford: Focal Press.

### Ailt

Ó Tuairisg, S., Ní Cholla, R. & Ó Droighneáin, P. (2016) 'Saothar Sheáin Mhic Giollarnáth ar Thaisclann Dhigiteach na hÉireann'. *Léann Teanga: An Reiviú*. 89.

Ó Tuairisg, S., Ó Comhraí, C. & Nic Dhonncha, B., (2017) 'Ag Saothrú Cartlann RTÉ Raidió na Gaeltachta mar acmhainn taighde'. *Léann Teanga: An Reiviú*. 113.

### Foinsí Leictreonacha

Audacity, (gan dáta) *The Audacity Team*. Le fáil ag: <https://www.audacityteam.org/> (Sroiste 14 Eanáir 2018).

Beall, J., (2004) 'Dublin Core: An Obituary'. *Library Hi Tech News* 21.8 (2004): 40-1. Le fáil ag: <http://www.columbia.edu/cu/libraries/inside/units/bibcontrol/osmc/dcobit.pdf>. (Sroiste 14 Eanáir 2018).

Boas, M., (2012) *HTML5 Audio — The State of Play*. HTML5 Doctor. Le fáil ag: <http://html5doctor.com/html5-audio-the-state-of-play/> (Sroiste 14 Eanáir 2018).

Cartlanna Joe Éinniú. (2010). Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Le fáil ag: <https://www.joeheaney.org/> (Sroiste 14 Eanáir 2018).

European Broadcast Union, (2009) *Specification of the Broadcast Wave Format; a format for audio data files*. Le fáil ag: <https://tech.ebu.ch/docs/tech/tech3285s6.pdf> (Sroiste 14 Eanáir 2018).

FFmpeg, (gan dáta) *The FFmpeg Team*. Le fáil ag: <https://ffmpeg.org/> (Sroiste 14 Eanáir 2018).

Haan, J., (2004). Comhfhreagras pearsanta, luaite in Beall, (2004).

Healy, S.C., (2015) *A Brief Introduction to Dublin Core*. DH Lurker. Le fáil ag: <https://dhlurker.wordpress.com/2015/12/06/a-brief-introduction-to-dublin-core/> (Sroiste 14 Eanáir 2018).

Paul, I. (2016) 'RIP, VHS players: The last VCRs ever will be made this month.' PC World. Le fáil ag: <https://www.pcworld.com/article/3098334/hardware/rip-vhs-players-the-last-vcrs-ever-will-be-made-this-month.html> (Sroiste 14 Eanáir 2018).

Ó Loclainn, M. (2017). *An Músgraiheach*. Le fáil ag: <https://www.musgraiheach.ie/> (Sroiste 14 Eanáir 2018).

Pilgrim, M. (gan dáta) 'Video on the Web. Dive into HTML5'. Le fáil ag: <http://diveintohtml5.info/video.html> (Sroiste 14 Eanáir 2018).

Seoladh Chartlann Éamoin de Buitléar/Éamon de Buitléar Archive Launch. (gan dáta). Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Le fáil ag: <https://www.nuigalway.ie/eamon-de-buitlear-archive-launch/> (Sroiste 14 Eanáir 2018).

Walton, M. (2016). 'Last known VCR maker stops production, 40 years after VHS format launch.' Arts Technica. Le fáil ag: <https://arstechnica.com/gadgets/2016/07/vcr-vhs-production-ends/> (Sroiste 14 Eanáir 2018).

Working With Dublin Core. (gan dáta). *Working With Dublin Core*. Omeka.org. Le fáil ag: [https://omeka.org/classic/docs/Content/Working\\_with\\_Dublin\\_Core/](https://omeka.org/classic/docs/Content/Working_with_Dublin_Core/) (Sroiste 14 Eanáir 2018).

## **Tráchtas Neamhfoilsithe**

Landbeck, C. (2013) *The Description and Indexing of Editorial Cartoons. An Exploratory Study*. Tráchtas PhD, Florida State University.



## Éabhlóid an *Súil Eile*: 20 Bliain de Bhrandáil TG4

*Carmel Ní Bhriain*

<https://doi.org/10.13025/2cr4-vr12>

### Réamhrá

Pléann an páipéar seo an éabhlóid a tháinig ar straitéis bhrandála TG4 ó 1996 go 2016. Diomaithe d'obair Lysaght (2009 & 2010) agus Ó Gairbhí (2017) is gné í an bhrandáil de stair agus d'fhorás TG4 nach bhfuil an oiread sin airde tugtha ag acadóirí agus ag taighdeoirí uirthi. Tá mórán taighde foilsithe, áfach, ar chleachtas na brandála go hidirnáisiúnta i dtimpeallacht na craoltóireachta teilifíse ag leithéidí: Chan-Olmsted & Yungwook (2001), Fanthome (2007), Gray (2010), Johnson (2007), Lloyd (2018) agus Seston (2012). Sa pháipéar seo, tarraingítear ar an taighde idirnáisiúnta sin chun anailís a dhéanamh ar bhrandáil an chraoltóra teilifíse Gaeilge. Baintear úsáid as figiúirí féachana mar aon le léirmheasanna sna meáin chlóite chun tionchar bhrandáil TG4 ar an lucht féachana a thomhas. Lena chois sin, baintear úsáid as taighde neamhspleách a cuireadh i gcrích le lucht bainistíochta an stáisiúin (Ó Ciardha (2010) agus Ó Coileáin (2017)) chun iniúchadh a dhéanamh ar an smaointeoireacht a bhí taobh thiar de ghnéithe éagsúla de bhrandáil an stáisiúin.

Mar sin féin, ní cuntas forleathan é an páipéar seo ar bhrandáil TG4, ach tarraingíonn sé aird ar fhorbairtí tábhachtacha i dteilgean bhrandáil an stáisiúin ó thosaigh sé ag craoladh go dtí a cheiliúradh 20 bliain ar an aer. Trí anailís a dhéanamh ar bhrandáil an chraoltóra, feictear an múnú agus an t-athmhúnú a rinneadh ar íomhá TG4 agus é ag triail lucht féachana a mhealladh.

## Comhthéacsú: Teacht chun cinn na brandála i margadh na teilifíse

De réir Chan-Olmsted & Yungwook: *‘The term branding was first introduced to the broadcast television market in the early 1990s’* (2001: 79). Ba é teacht na ré digití ag tús na 1990í a thug ar chraoltóirí a n-aird a dhíriú ar chúrsaí brandála. Chiollaigh féidearthachtaí na ré digití go raibh craoltóirí teilifíse faoi bhrú breise de bharr an iliomad cainéal a bheadh anois ar fáil don lucht féachana. Bheadh orthu a dhul i ngleic leis na forbairtí seo sa mhargadh craoltóireachta mar:

*Greater viewing choice...eradicated past perceptions of the “mass” audiences, and audience fragmentation...had a fundamental impact on commercial pressures within the marketplace. The drive to attract and maintain audiences [was] of paramount importance and...generated greater emphasis on marketing and branding.* (Fanthome, 2007: 255)

Fiú i gcás an mhargaidh dhúchasaigh nótaíl Connolly: *‘the proliferation of RTÉ idents during the 1990s suggested a new emphasis on branding’* (2003). Ba é an iomaíocht bhreise sa mhargadh ba chúis leis na hiarrachtaí ar leith a bhí craoltóirí ar nós RTÉ ag déanamh i dtaca le cúrsaí brandála le linn an ama seo. Mar a chonacthas do Lloyd: *‘The advent of multi-channel television meant the traditional terrestrial broadcasters, who for years had little competition, quickly needed to re-invent themselves, and branding played a key role’* (2018).

Cuidíonn an bhrandáil le craoltóir a iomaire féin a threabhadh sa mhargadh iomaíoch teilifíse. Lena chois sin, is féidir le hábhar brandála breathnóir a mhealladh chun fanacht le stáisiún nó ar a laghad, athchuart a thabhairt air sa todhchaí. Mar a chonaic Fanthome agus í i mbun taighde ar fhorbairt bhranda Channel 4 na Sasana: *‘Branding...has arguably become the key method of influencing viewers in their choice of default channels’* (2007: 269). Ó thús na 1990í ar aghaidh, feictear i bhfad níos mó béime á cur ag craoltóirí teilifíse ar bhrandáil cainéal agus glactar leis anois mar ghné lárnach den chraoltóireacht teilifíse. Mar a mhaígh Brian Eley, tá an bhrandáil teilifíse anois mar:

*part of the quotable culture, part of the language of television. [It has] gradually become established on the landscape of domestic TV and people now expect an incredibly high level of craft* (Davies, 1997 & Lloyd, 2018).

## Cás TG4: Gnéithe de stair réamhbhunaithe an chraoltóra teilifíse Gaeilge

Tuigtear ó thaighde Davies (1997), Fanthome (2007), Lloyd (2018) agus Seston (2012) go gcruthaíonn brandáil íomhá den chraoltóir agus go n-imríonn sé tionchar ar an phobal agus iad ag iarraidh teacht ar bhreithiúnas maidir leis an chraoltóir sin. Anuas air seo, is féidir glacadh leis go bhfuil ról lárnach ag an bhrandáil a dhéantar ar sheirbhís nua teilifíse agus é á lainseáil ar an mhargadh. Bhí teilgean bhrandáil TG4

níos ábhartha arís de bharr an naimhdis a bhí ann i leith bhunú an stáisiúin. Nuair a d'fhógair rialtas na hÉireann i ndeireadh na Samhna 1993 go mbunófaí seirbhís teilifíse Gaeilge (Ó Gairbhí, 2017: 72), thosaigh tuairimí diúltacha ag teacht chun cinn ar an toirt sna meáin chlóite i dtaca leis an tionscnamh. Mheas cuid de na soláthraithe nuachta nach mbeadh sa stáisiún ach cur amú airgid na gcáiníocóirí. Thacaigh an nuachtán *Irish Independent* leis an tuairim seo agus thriail sé dearcadh a chuid léitheoirí i leith bhunú TG4 a threorú le ceanteidil ar nós: 'Use TV Millions For Health Service' (Watson, 2003: 110). Lena chois sin, bhí an chosúlacht ar an scéal go raibh iriseoirí áirithe ag gríosú an naimhdis a bhí ann i dtaca le bhunú an chraoltóra Ghaeilge. Mar a chuimhnigh Cathal Goan, an chéad cheannasaí a bhí ar an stáisiún:

*I particularly remember the contribution of one journalist who styled the new service as "Telefís DeLorean" and equated the establishment of the new channel with the fraudulent activities of John De Lorean, who some years earlier had been granted public money to set up a car manufacturing business in Northern Ireland... (2007: 108)<sup>1</sup>*

Le cois an mheoin dhiúltaigh a bhí le brath sna meáin chlóite i dtaca le bunú TG4, bhíothas á lainseáil i margadh iomaíoch agus bheadh sé seo ag cruthú faidhbe don chraoltóir úr chomh maith. Shonraigh Ó hÍfearnáin go raibh 75% de dhaonra na Poblachta faoin bhliain 1993 ábalta rogha leathan stáisiún teilifíse a fháil trí chórais ar nós *Multichannel Multipoint Distribution System* (MMDS), cábla agus satailíte (2001: 26). De bharr na nithe seo, thuig TG4 ón tús go mbeadh deacracht aige lucht féachana a mhealladh chuig an tseirbhís. Bheadh ról lárnach ag an sceideal clár agus ag brandáil na seirbhíse agus TG4 ag triail spás a bhaint amach dó féin sa mhargadh dhúchasach teilifíse.

## 1996: Ról na brandála i lainseáil TG4

Nuair a bhíothas ag bunú TG4 rinneadh cuid mhór plé faoi ról agus faoi fhéiniúlacht an stáisiúin, plé ar nós: cé orthu a mbeadh an stáisiún ag freastal agus dá bharr sin, cén t-ainm a bheadh air? Cheap gníomhaithe teanga gur cheart Teilifís na Gaeltachta a bhaisteadh air mar gur seirbhís é a bheadh ag díriú go príomha ar na 61,035 cainteoir Gaeilge a bhí ina gcónaí sna ceantracha Gaeltachta ag an am de réir Daonáireamh 1996 (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2014). Mheas daoine eile gur Teilifís na Gaeilge ba cheart a thabhairt ar an chraoltóir úr – craoltóir le peirspictíocht náisiúnta a bheadh ag freastal ar gach duine a raibh suim acu sa

1 Bhí Cathal Goan ag déanamh tagartha den iriseoir Kevin Myers anseo. Bhí colún seachtainiúil ag Myers san *Irish Times* dar teideal 'An Irishman's Diary'. Bhí Myers an-diúltach sa mhéid a scríobh sé i dtaca le bunú TG4 ag an am. Rinne sé iarracht a bheag a dhéanamh de bhunú an chraoltóra Gaeilge nuair a rinne sé comparáid idir é agus an déantúsóir teipthe carranna, John DeLorean leis an téarma 'Teilifís na Lorean' (1994:13). Is é 'Teilifís DeLorean' an téarma a bheadh i mbéal an phobail agus a luaigh Goan san alt 'Teilifís na Gaeilge: Ten Years A-Growing' a bhí foilsithe sa *New Hibernia Review* in 2007.

teanga. Sa deireadh baisteadh TnaG ar an stáisiún, giorrúchán ar ‘Teilifís na Gaeilge’. Tríd an ghiorrúchán den ainm a úsáid, d’éirigh leis an stáisiún cuid den achrann a bhí ann i dtaca leis an ainm a laghdú. Mar sin féin, ní sásta a bhí gníomhaithe teanga leis an ainm. Shíl siad go laghdódh an pheirspictíocht náisiúnta an cur chuige teangalárnach. Mheas Íte Ní Chionnaith, duine de na feachtasóirí a throid ar feadh i bhfad fá choinne seirbhís teilifíse Gaeilge: ‘go dtabharfadh Teilifís na Gaeilge ‘bóthar an dátheangachais, bóthar an Liam Ó Murchúchais’ air féin in áit riar a cháis a sholáthar don té a bhí líofa sa teanga’ (Mac Dubhghaill, 1994: 13 & Ó Gairbhí, 2017: 111). Ina dhiaidh sin féin, nuair a baisteadh ‘Teilifís na Gaeilge’ in áit ‘Teilifís na Gaeltachta’ ar an stáisiún tugadh le fios go soiléir do mhuintir na tíre ag an am cé dóibh an tseirbhís. Mar a mhínigh Pádhraic Ó Ciardha, Iar-Leas-Phríomhfheidhmeannach an stáisiúin agus fear a bhí mar bhall den fhoireann bainistíochta ó bunaíodh TG4, agus é ag cur síos ar ainm an chraoltóra:

*Bhí muid ag iarraidh a thaispeáint gur bhain sé seo le chuile dhuine, go raibh sé ar fáil do chuile dhuine agus go raibh fonn orainn a dhul amach ag caint le chuile dhuine. (2010)*

An chéad radharc a fuair an náisiún ar an chraoltóir Gaeilge ná an blaisín oscailte a chuir tús leis an sceideal clár agus an tseirbhís á lainseáil go hoifigiúil ar Oíche Shamhna 1996 (Ní Ógáin, 2018)<sup>2</sup>. I dtéarmaí teilifíse is éard atá i mblaisín (nó *promo*) ná físeán nó scannán gairid a úsáidtear le clár a phoibliú nó a fhógairt, nó mar a bhí amhlaidh sa chás seo, leis an stáisiún féin a phoibliú agus a fhógairt. De réir staidéar Jonathan Gray ar fheidhm blaisíní teilifíse deir sé an méid seo a leanas: ‘*promos often begin the text, offering viewers their first understanding of and encounters with the text*’ (2010: 56). I gcás bhlaisín oscailte TG4 ba é an cainéal féin an téacs. Mheas Gray chomh maith agus é ag spíonadh ról na mblaisíní: ‘*in a multichannel era, each channel must sell not only its programs but the entire channel*’ (2010: 54), agus mar sin, go gcruthaíonn blaisíní: ‘*notions of the channel as a whole*’ (2010: 54). Thug blaisín oscailte TG4 le fios cén cineál seirbhíse a bheadh á seachadadh ag an chraoltóir úr. Thosaigh an blaisín le híomhá de lóchrann tí solais ag dul timpeall. Léirigh an íomhá seo suíomh cósta an stáisiúin agus suíomh cósta na mór-Ghaeltachtaí síos thart le cósta iarthar na hÉireann. Anuas air sin, chuir íomhá an tí solais ról treoraithe TG4 i gcur chun cinn na Gaeilge ón phointe sin ar aghaidh in iúl. Sheas an solas geal do bhreith an stáisiúin chomh maith agus ba léir gur siombail an dath bán agus an solas geal d’íomhá úrnua don teanga. Lena chois sin, comhartha a bhí sa tsolas gheal don bhás. Thuar sé go raibh deireadh leis an íomhá a bhí ann den Ghaeilge mar iarsma trioblóideach

2 Déanann Ó Ciardha (2010) agus Ó Coileáin (2017) tagairt den chéad mhír físe a craoladh ar TG4 ar Oíche Shamhna 1996 mar ‘an blaisín oscailte’, ach déanann Esslemont (2018) agus Ní Ógáin (2018) tagairt den fhíseán céanna mar ‘an t-aitheantas oscailte’. Leanann an páipéar seo cur síos Lysaght i dtaca le cad is aitheantas ann. Maíonn sí gur mír físe de idir cúig agus 10 soicind é an t-aitheantas (2009:51). Mar sin de, sa pháipéar seo cuirtear síos ar an chéad mhír físe a craoladh ar TG4 mar ‘bhlaisín oscailte’ seachas ‘aitheantas oscailte’ de bharr go raibh sé nóiméad ar fhad.

d'oidhreacht na tíre nach raibh aon úsáid léi sa tsochaí chomhaimseartha. Mar a shonraigh Cathal Goan i 1998 san *Irish Times*: *'TnaG has blended the language with the latest technology and talent to give Irish a living relevance and resonance'* (14).

Gné lárnach den bhlaisín oscailte ba é an seat 360 céim gan scoilt, seat a threoraigh an tsúil ó chlé go deas. Sa seat bhí sraith radharcanna so-aitheanta ón dá thaobh den teorainn ó na Blascaodaí go croílár Bhaile Átha Cliath go crann tógála Harland and Wolff i mBéal Feirste.<sup>3</sup> I measc na radharcanna, bhí seat de lárionad uirbeach Dhroichead Átha, baile nach mbeadh chomh haitheanta sin mar láthair ina raibh teacht ar an Ghaeilge ann. Bhí leathanradharc den fharrage ag dhá cheann den tsraith radharcanna. Mhínigh Pádraic Ó Ciardha an smaointeoireacht a bhí taobh thiar de na híomhánna a bhí sa bhlaisín oscailte mar seo a leanas:

*Roghnaigh muid an blaisín sin in aon turas agus na híomhánna a bhí ann le taispeáint... gur bhain an stáisiún seo le chuile dhuine i chuile choirnéal agus bíodh sé ina Ghael nó ina Ghall, bíodh sé líofa i nGaeilge nó i mBéarla nó in aon teanga eile, gur rud é seo a bhain leis an oileán ar fad. (2010)*

Ba í an íomhá dheireanach ar fágadh an lucht féachana léi ná splanc den lóchrann ag nochtadh an 'G' in TnaG, siombal a léirigh tábhacht an 'G', is é sin tábhacht na Gaeilge i bhféiniúlacht na seirbhíse mar aon lena tábhacht i bhféiniúlacht an bhranda. Léirigh an blaisín oscailte ar bhealach trédhearcach an fhís a bhí ag lucht bainistíochta TG4 i leith na seirbhíse ag an am.

## 1999: Athbhrandáil na seirbhíse ó TnaG go TG4

D'ardaigh sciar lucht féachana TG4 ó thuairim is 13,000 breathnóir laethúil nuair a lainseáladh an stáisiún i nDeireadh Fómhair 1996 (Watson, 1997: 224) go 320,000 breathnóir laethúil faoi mhí Feabhra 1998 (*The Irish Times*, 1998: 24). I litir oscailte chuig an *Irish Times*, scríobh Cathal Goan agus an cainéal ag druidim ar cheiliúradh dhá bhliain ar an aer: *'we know what we want to provide and we are learning how to market the unique brand of TnaG ... to all of the Irish people'* (1998: 14). Mar sin féin, ghlac an craoltóir mionteanga leis go mbeadh sé níos deacra uaidh sin amach lucht féachana a mhealladh, gan trácht ar a sciar den phobal féachana a mhéadú. Le teacht TV3 i Meán Fómhair 1998 agus le bunú Irish SKY Digital, an soláthraí seirbhíse digitéil, i nDeireadh Fómhair na bliana céanna, bheadh an margadh dúchasach ag éirí níos iomaíche leis. Chomh maith leis sin, ní raibh tús áite tugtha don chraoltóir ar roghchlár na stáisiún a bhí ar fáil ar chórais MMDS, cábla agus satailíte ag an am. Bhí an chéad chúpla áit ar na roghchláir chéanna curtha ar fáil do na craoltóirí dúchasacha eile (Ó hIfeárnáin, 2001: 26), ach is minic TG4 ar fáil ar uimhir níos ísle ná

3 Cé go raibh tagairt déanta do Bhéal Feirste sa bhlaisín oscailte, ní raibh teacht mar is ceart ag muintir na Sé Chontae ar TG4 go dtí 2005 nuair a thosaigh sé ag craoladh ó Dhuibhis. Tháinig feabhas arís ar an scéal leis an aistriú digiteach in 2012 (Ó Brolcháin, 2016).

uimhir a naoi ar na cianrialtáin. Chiallaigh sé seo gurbh annamh le custaiméirí na seirbhísí sin an cainéal a roghnú nó a fheiceáil fiú (Ó hIfeárnáin, 2001: 26). Ina theannta sin, theip ar an chraoltóir áit fheiceálach a bhaint amach sna colúin threoraithe teilifíse i measc na nuachtán laethúil agus seachtainiúil chomh maith. Níor tugadh an t-aitheantas céanna dó agus a tugadh do na stáisiúin teilifíse Éireannacha eile. Is minic a bhí sceideal clár TG4 le fáil taobh thíos de sceideal clár na gcraoltóirí eachtrannacha; BBC, ITV agus Channel 4 ina measc. Ba léir go raibh tionchar ag an chás nach raibh an cainéal ag craoladh sna blianta tosaigh ar feadh an lae ar an neamart a bhíothas á dhéanamh ar an chainéal sna colúin threoraithe teilifíse agus i roghchlár na soláthraithe teilifíse (Ó Ciardha, 2010).

Anuas air sin, ba léir go raibh ainm an stáisiúin, TnaG, ag cruthú deacrachtaí chomh maith. Rinne Iar-Ardstiúrthóir na seirbhíse, Pól Ó Gallchóir cur síos air seo agus é ag caint ag an World Indigeneous Broadcasting Conference sa Nua-Shéalainn: *'still people linked the "G" in the name to Gaelic or Gaeltacht – was it niche, not mainstream, was it for rural and not urban, was the channel's position and branding marginalising its own potential audience?'* (2008). Thóg Alan Esslemont, Ardstiúrthóir reatha na seirbhíse, ar an pointe seo in 2014: 'Bhí TnaG ró-*niche* mar theachtaireacht agus fógra a bhí ann nár bhain muid leis an gcraoltóireacht trastíre ach le cainéil shainspéise na satailíte' (Ó Gairbhí, 2017: 212). Chreid lucht bainistíochta an chraoltóra nach mbeadh 'saolré chomh fada ag 'TnaG' i dteicneolaíocht na teilifíse' (Ó Ciardha, 2010). Mheas Alan Esslemont, a bhí ar dhuine den bheirt a chéadcheap straitéis na hathbhrandála,<sup>4</sup> 'gur mhíbhuntáiste mór a bhí san ainm 'TnaG' agus go gcaithfí é a athrú má bhí an stáisiún dáiríre faoi chur lena lucht féachana' (Ó Gairbhí, 2017: 212). Mar sin de, bhí géarghá le hathbhrandáil a dhéanamh ar an stáisiún má bhí sé chun sciar an lucht féachana a mhéadú agus má bhí sé le cur lena chuid feiceálachta sa mhargadh dhúchásach teilifíse.

Chuidigh an fhorbairt a rinneadh ar an sceideal clár agus an athbhrandáil a rinneadh ar an chainéal i 1999 ó TnaG go TG4 leis an chraoltóir Gaeilge feiceálacht agus féiniúlacht an bhranda a láidriú. Mhínigh Ó Ciardha an réasúnaíocht a bhí taobh thiar den athbhrandáil ó TnaG go TG4 ag an am: 'Is í an aidhm atá leis an athrú ainm seo ná áit lárnach a chinntiú don tseirbhís sa chóras náisiúnta: RTÉ1, Network 2, TV3 agus anois, TG4' (Hijmans, 1999 & Ó Gairbhí, 2017: 217). Thuig an stáisiún: 'mura nglacfadh muidne seilbh ar an bhfigiúr 4 go nglacfadh cainéal éigint eile seilbh air mar bhí figiúr íseal mar sin in ainm gach cainéal eile beagnach a bhí ag craoladh ins na hoileáin seo' (Ó Ciardha, 2010). Cé nár thaitin straitéis na hathbhrandála leis an phobal go ginearálta (Ó Gairbhí, 2017: 213, 218-19) chreid Ó Ciardha gurbh é: 'an cinneadh is tábhachtaí agus is fearr a rinneamar i stair TnaG' (Ó Gairbhí, 2017: 211).

4 Ba í Siún Ní Raghallaigh a chomhcheap straitéis na hathbhrandála le hAlan Esslemont i mí Eanáir 1999 (Ó Gairbhí, 2017: 211). Bhí Ní Raghallaigh ina Bainisteoir Airgeadais leis an chraoltóir ag an am. Faoin am a lainséaladh TnaG mar TG4 i Lúnasa 1999 bheadh sí ina Stiúrthóir Margaíochta agus Forbartha ar an stáisiún (Ó Gairbhí, 2017: 216). Ceapadh í mar Chathaoirleach ar Bhord TG4 i mí Aibreáin 2012 (*Business World*, 2012).



Má dhéantar athbhrandáil a láimhseáil go cliste cruthaíonn sé: ‘strategies that reasonably establish a connection between the new and the old product and transfer the perceived benefit from the old to the new in a meaningful continuation of brand identity’ (Chan-Olmsted & Yungwook, 2001: 76). Léirigh athbhrandáil TG4 gaol idir an sean agus an úr tríd an ‘G’, tríd an ‘Ghaeilge’, eilimint lárnach den dá ainm agus den dá lógó (Lysaght, 2009: 5). Chuir Seán Cathal Ó Coileáin, Stiúrthóir Cruthaitheach agus Branda le TG4 agus ball den fhoireann a láimhseáil athbhrandáil an stáisiúin, síos air mar seo:

Choinnigh muid an ‘G’ sa dóigh is go raibh macalla de TnaG i gcónaí i dTG4...níl muid difriúil ó TnaG. Tá an t-ainm difriúil – ach tá lear mór cúiseannaí straitéiseacha á gcur i bhfeidhm leis sin – ach níl an croí,... agus sílim go bhfuil sé sin tábhachtach. Níor athraigh meon TnaG *per se*, d’athraigh an chuma a bhí air, ach níor athraigh an rud atá istigh, an bunús. (2017)

Chiallaigh an athbhrandáil go raibh athdhearadh le déanamh ar lógó an stáisiúin ó TnaG go TG4. San athdhearadh, tugadh a fhéiniúlacht féin don ‘TG’ agus don ‘4’ araon. Chreid Alan Esslemont gur eilimint ríthábhachtach den athbhrandáil fhísiúil a bhí anseo. Mheas sé gur cheart don lógó úr, ní hamháin athshuíomh an chainéil sa mhargadh dhúchasach teilifíse a léiriú, ach go mba cheart dó *raison d’être* na seirbhíse a chur in iúl chomh maith. Is é seo an fáth a raibh an ‘TG’ agus an ‘4’ scartha óna chéile sa lógó úr agus an fáth a raibh dathanna difriúla luaite leo chomh maith. Léirigh dath corca ‘TG’ croí na seirbhíse; is é sin príomhaidhm an chainéil seirbhíse teilifíse Gaeilge a chur ar fáil don chroílucht féachana .i. iad siúd a labhraíonn Gaeilge go laethúil agus a amharcann ar an Ghaeilge mar ghné lárnach dá bhféiniúlacht. Chuir an ‘4’ glas in iúl gur stáisiún Éireannach é TG4, le cois gurb é an ceathrú cainéal dúchasach é. Anuas air seo, sheas an ‘4’ glas don lucht féachana eile a raibh TG4 ag freastal orthu, an lucht féachana náisiúnta, daoine nár chainteoirí Gaeilge iad (Esslemont, 2017). D’admhaigh Esslemont agus é ag athchuireadh ar thréimhse na hathbhrandála i stair an stáisiúin:

Bhí ainm uainn a bhí i dtiúin leis an straitéis a theastaigh uainn, ainm a thabharfadh le fios go rabhamar ag freastal dáiríre ar phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta agus ag an am céanna gur stáisiún a bhí ann a raibh an *national resonance* sin aige. Cé nár thaitin TnaG riamh liom mar ainm is nuair a thuig mé i gceart na dúshláin dhépholacha a bhain lenár sceideal a shocraigh mé gurb é TG4 an t-ainm is feiliúnaí dúinn. (Ó Gairbhí 2017: 212)

Nuair a rinneadh an stáisiún a athsheoladh mar TG4 i Lúnasa 1999, mhéadaigh lucht féachana an stáisiúin ó thimpeall 460,000 breathnóir laethúil ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 1998 (Foley, 1998: 9) go 650,000 breathnóir laethúil roimh dheireadh Eanáir 2000 (Mulqueen, 2000). D'ardaigh sciar lucht féachana an stáisiúin arís go 730,000 breathnóir laethúil (Lynch, 2001: 11) agus an craoltóir cúig bliana ar an aer in 2001.

### **1996-2016: Súil Eile – ag daingniú branda uathúil TG4**

Nótáil Keller gur chruthaigh brandáil: *'...a certain amount of awareness, reputation, prominence...'* (2003: 3) do tháirgí i measc na margaí cuí. Thóg Aaker air sin nuair a scríobh sé gurbh é ceann de phríomhfheidhmeanna na brandála ná: *'...to differentiate those goods or services from those of competitors'* (1991: 7). Ó lainseáladh TG4, tá an cainéal i ndiaidh féiniúlacht agus branda uathúil, láidir a chruthú leis an mhana *Súil Eile*. Mar a mhínigh Pádraic Ó Ciardha, údar an mhana:

Ba léir gur theastaigh mana gearr, simplí, a thuigfeadh chuile dhuine, a thabharfadh tuairim éigint ar céard é fealsúnacht an stáisiúin... Agus sin an dá fhocal a rith liomsa a thuigfeadh chuile dhuine agus a thabharfadh le fios nach mbeadh an rud seo mar a bhí daoine ag súil leis a bheith agus go raibh ábhar dóchais ann freisin. Bhí mé ag iarraidh an dá chiall leis an bhfocal *súil* a chur ann, sin go raibh an tsúil, agus an léargas agus an aisling agus an fhís ann, ach chomh maith leis sin gur ábhar dóchais é don náisiún agus don teanga agus do na daoine a bhí ag plé leis, go raibh 'súil eile', go raibh dóchas eile le fáil as an stáisiún seo. (2010)

Chuidigh mana simplí an *Súil Eile* le smaointeoireacht na seirbhíse a mhíniú agus a shoiléiriú don phobal ón tús. Lena chois sin, threoraigh an mana cur chuige sceidealaithe agus coimisiúnaithe TG4. Rinneadh fealsúnacht an *Súil Eile* a chur os comhair an phobail tríd an mhana a shníomh agus a athshníomh tríd an bhrandáil. Is gné lárnach d'fhéiniúlacht an stáisiúin é le breis agus fiche bliain anuas.

I 1999 rinneadh peirspictíocht *Súil Eile* TG4 a léiriú ar bhealach súgartha in aitheantais (*idents*) na hathbhrandála. Is éard atá in aitheantas ná grafaic fhíseach a chraolann stáisiún teilifíse ag tús agus ag deireadh cláir. Tacaíonn Johnson le smaointeoireacht Lury i dtaobh aitheantais de nuair a mhaígh sí: *'one of the primary ways in which brands are made visible and the values of the brand are communicated to consumers is through the use of logos and idents'* (2007: 9 & 2004: 79). Deir Lysaght gurb ionann iad agus: *'a shorthand means of ascertaining the ethos of the station'* (2009: 51). D'úsáid TG4 aitheantais na hathbhrandála chun fealsúnacht an stáisiúin a dhaingniú i meon an lucht féachana. Úsáidtear an stíl a bhaineann le seat statach sna haitheantais ar fad ón tsraith. Taobh istigh den fhráma bheadh scéal faoi leith á léiriú ann, ach de réir a chéile thagadh casadh sa scéal a léirigh an *Súil Eile*. Thosaigh aitheantas amháin as an tsraith seo le haicsean a bhí cosúil le fear ag bearradh a smige. De réir a chéile nochtar gur cailín atá ann ag bearradh barr a cinn. In aitheantas

eile mheas an breathnóir go raibh sé ag féachaint ar chailín á cóiriú féin i scáthán, ach ansin síníonn sí amach a lámh agus feictear í ag tarraingt ghruaig a scáile. Ag an phointe sin, tig sé chun solais gur cúpla atá sa seat agus ní cailín amháin mar a cuireadh in iúl ar an chéad radharc. Bhí cur chuige simplí ach glic ag baint leis an stíl scéalaíochta sna haitheantais seo agus chuidigh siad le híomhá branda ar leith a chruthú don chraoltóir. Scríobhadh san *Irish Examiner* in 2006, deich mbliana i ndiaidh do TG4 a theacht ar an aer: *'The best thing about TG4 has been its youthfulness'*; dearcadh a bhí chun cinn in aitheantais na hathbhrandála. Thacaigh Colum Kenny leis an chur síos seo ar theilgean branda TG4 timpeall an ama chéanna nuair a dúirt sé:

*Its bright and breezy brand has been a welcome addition to the airwaves, ... The trendy brand image of TG4 appeals to people, including those who watch it only for sports or for programmes entirely in English* (2006: 23).

Ó 2008 ar aghaidh feictear aibíocht ag teacht ar choincheap na scéalaíochta sna haitheantais. Ón phointe seo ar aghaidh éiríonn siad níos teibí agus baintear úsáid as gnéithe d'oidhreacht na hÉireann mar bhunlíne don *Súil Eile*. Chum TG4 gaol idir mana agus brandáil an stáisiúin trí ghnéithe de stair agus de mhiotaseolaíocht na nGael a shníomh trí na haitheantais. Léirigh sé siombóis idir an sean agus an nua, idir an dúchas agus an nua-aois, idir an Ghaeilge agus an tsochaí chomhaimseartha. Cuireann Ó Coileáin síos ar an chur chuige seo mar a leanas:

Oibríonn sé i gcónaí dúinn a bheith ag amharc siar go dtí ár n-oidhreacht agus a bheith ag déanamh an oidhreacht sin láithreach. Agus tá an-difear ann idir oidhreacht agus cultúr. Is oidhreacht cultúr do mháthair mhór; an cultúr a bhí acu agus an cultúr atá againn inniu, beidh sé mar oidhreacht ag daoine i gceann céad bliain eile. So, tá muid i gcónaí ag cuartú cá háit a bhfuil an *bounce* idir an dá rud agus goidé'n dóigh a dtig linn an spás idir an dá rud a dhéanamh beo aríst. Agus feiceann tú é sin istigh ins na *idents*...le b'fhéidir 10 mbliana anuas anois. (2017)

Tá athinsint nó nualéiriú déanta ag aitheantais TG4 ar iliomad carachtar staire agus miotaseolaíochta ar a n-áirítear an Bhean Sí, na Fomhóraigh agus Gráinne Mhaol. De réir Ó Coileáin:

An rud a bhí muid ag iarraidh a dhéanamh ná na scéalta ón oidhreacht a thabhairt isteach ins an am reatha agus éadach digiteach a thabhairt daofa, más maith leat. ... tá sé tábhachtach athinsint a dhéanamh ar na scéalta, fanacht dílis don bhunrud, ach iad a dhéanamh chomh teibí agus nach bhfuil *give* ins an *narrative*, nach bhfuil muid ag rá; 'ó, seo díreach mar a bhfuil sé, nó mar atá sé, ach an oiread' (2017).

Maidir le cúrsaí fógraíochta de,<sup>5</sup> dheimhnigh Elliott agus Wattanasuwan: “*open*” adverts evoke a positive general response to the ad from the consumer’ (2015: 141). Fágann sé seo go bhfuil an ‘consumer’ nó an tomhaltóir: ‘empowered to perform a very strong reading of it’ (2015: 141). Cruthaíonn an ‘léamh láidir’ seo mothúchán nó tuairim dhearfach i leith an táirge in intinn an tomhaltóra. Mar sin de, is féidir linn glacadh leis go gcruthaíonn an ‘oscailteacht’ atá le fáil in aitheantais TG4 a mhacasamhail de fhreagairt dhearfach sa bhreathnóir. De réir Seston má thaitníonn aitheantais ar chainéal ar leith leis an bhreathnóir feictear: ‘the viewer most likely returning to the channel ... because they like the identity of the channel, and will most likely like the types of programmes they air too’ (2012).

## Conclúid

I ndiaidh 20 bliain ar an aer, feictear go bhfuil muinín ag an stáisiún as an mhéid atá bainte amach aige. Bhí an muinín seo feiceálach i mbrandáil TG4XX, ceiliúradh scór bliain den tseirbhís agus úsáid á bhaint acu as an téama *Aistriú an Lóchrainn*. Léirigh an téama an gaol a bhí idir an chéad lóchrann a bhí sa bhlaisín oscailte agus lóchrann na todhchaí. Cé go bhfuil ceangal faoi leith ag uimhreacha rómhánacha le saol na scannánaíochta (is uimhreacha rómhánacha a úsáidtear leis an bhliain inar léiríodh scannán nó clár teilifíse a chur in iúl don lucht féachana go minic) is amhlaidh go raibh TG4 ag amharc siar agus chun cinn agus na huimhreacha rómhánacha seo á n-úsáid acu sa bhrandáil a bhain lena bhfiche bliain ar an aer.

...bhí muid ag cuartú bealach leis an scéal a dhéanamh rud beag níos teibí agus rud beag níos físiúla, mar tá sé níos físiúla XX a úsáid. Ach chomh maith leis sin, ... is *roman numerals* atá ann agus *roman numerals* ceann de na rudaí a chuireann tú siar sa stair, mar sin seanmhodh scríbhneoireachta atá fos úsáideach san am láithreach. An rud céanna atá muidinne ag déanamh leis an Ghaeilge, tá daoine den tuairim gurb é seanteanga gan úsáid atá ann, ach tá muidinne ag déanamh ‘no, tá sé úsáideach’... sílim go n-eascaíonn sin as an bhranda. (Ó Coileáin, 2017)

D’éirigh leis an chraoltóir teilifíse Gaeilge íomhá úrnua a chruthú don teanga agus bhí ról lárnach ag brandáil an stáisiúin sa scéal. Anuas air seo, d’éirigh le cur chuige brandáil TG4 féiniúlacht uathúil a chruthú don chraoltóir sa mhargadh iomaíoch dúchasach teilifíse. Feictear ó thaighde Fanthome (2007) agus Seston (2012) gur uirlis chumhachtach í an bhrandáil chun lucht féachana a mhealladh chuig craoltóir. Gan amhras, is féidir glacadh leis gur chuidigh straitéis na hathbhrandála leis an chainéal a chur i lár an aonaigh agus é ar an ochtú craoltóir is mó ráchairt i bPoblacht na hÉireann faoin bhliain 2016. D’éirigh le TG4 a sciar den lucht féachana laethúil a mhéadú ó 13,000 breathnóir i 1996 (Watson, 1997: 224) go 650,000 breathnóir laethúil in

5 I gcúrsaí craoltóireachta d’fhéadfaí a rá gurb ionann aitheantas teilifíse agus fógra.

2016 (TG4, 2016). Tá sé mar sprioc ag Alan Esslemont go méadóidh TG4 a sciar den lucht féachana náisiúnta ó 1.8% in 2016 (TG4, 2016: 9) go 2.2% den sciar faoi 2022 (McMahon, 2017) agus is cinnte go mbeidh ról tábhachtach ag teilgean bhrandaíl an stáisiúin i mbaint amach na sprice seo.

## Leabharliosta

### Leabhair

- Aaker, D.A., (1991) *Managing Brand Equity: Capitalizing on the Value of a Brand Name*. Nua-Eabhrac: The Free Press.
- Keller, K.Lane., (2003) *Strategic Brand Management: Building, Measuring and Managing Brand Equity*. An Dara hEagrán. NJ: Prentice Hall.
- Lury, C., (2004) *Brands: The Logos of the Global Economy*. Londain: Routledge.
- Ó Gairbhí, S.T., (2017) *Súil Eile*. Baile Átha Cliath: Cois Life.
- Watson, I., (2003) *Broadcasting in Irish: Minority language, radio, television and identity*. Baile Átha Cliath: Four Courts Press.
- ### Ailt
- Hijmans, A., (1999) ‘Céad slán le TnaG, fáilte roimh TG4’, *Foinse*, 5 Samhain.
- Kenny, C., (2006) ‘Time to call a halt to the lip service behind TG4 “success”’, *Sunday Independent (Éire)*. 27 Lúnasa, 23.
- Lynch, D., (2001) ‘Like a dose of Lucozade for the Irish language’, *Sunday Independent (Éire)*. 4 Samhain. 11.
- Mac Dubhghaill, U., (1994) ‘“Níl aon chomhcheilg ann’ – Cathal Goan: Tuarascáil’. *The Irish Times*. 9 Samhain.
- Mulqueen, E., (2000) ‘Gael force in the west: The chief executive of TG4, Cathal Goan, tells Eibhir Mulqueen that nowadays he is happy to draw attention to the station’. *The Irish Times: City Edition*. 21 Eanáir. 74.

Ó hIfearnáin, T., (2001) 'Irish Language Broadcast Media: The Interaction of State Language Policy, Broadcasters and their Audiences'. Kelly-Holmes, H., (eag.) *Minority Language Broadcasting: Breton and Irish*. Clevedon: Multilingual Matters Ltd. 6-30.

Watson, I., (1997) 'A History of Irish Language Broadcasting: National Ideology, Commercial Interest and Minority Rights'. Kelly, M. & O'Connor, B., (eag.) *Media Audiences In Ireland*. Baile Átha Cliath: Preas Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath. 212-30.

## Foinsí Leictreonacha

An Phríomh-Oifig Staidrimh (2014) 'A0907: 1996 Population Aged 3 Years and Over (Number) by Gaeltacht Areas, Ability to Speak Irish, Sex, Age Group and Census Year', *An Phríomh-Oifig Staidrimh*. Le fáil ag: <http://www.cso.ie/px/pxeirestat/Statire/SelectVarVal/Define.asp?maintable=A0907&PLanguage=0> (Léite: 10 Deireadh Fómhair 2017).

Business World (2012) 'TG4 gets new board and chairperson', *Business World*. 20 Aibreán. Le fáil ag: <https://www.businessworld.ie/jobs-appointments/TG4-gets-new-board-and-chairperson-27782.html> (Léite: 2 Márta 2018).

Chan-Olmsted, S. M., & Yungwook, K., (2001) 'Perceptions of Branding among Television Station Managers: An Exploratory Analysis', *Journal of Broadcasting & Electronic Media*, 45 (1). 75-91 Taylor & Francis. Le fáil ag: [http://dx.doi.org/10.1207/s15506878jobem4501\\_6](http://dx.doi.org/10.1207/s15506878jobem4501_6) (Léite: 20 Samhain 2017).

Connolly, M., (2003) 'Re-imagined Communities? Ireland, Europe and the Web as Shifting Sites of Television Discourse', *Irish Communications Review*, 9 (1). Le fáil ag: <https://arrow.dit.ie/icr/vol9/iss1/3/> (Léite: 5 Samhain 2017).

Davies, J., (1997) 'Strength in Numbers', *Design*, Spring. 26-31.

Elliott, R., & Wattanasuwan, K., (1998) 'Brands as symbolic resources for the construction of identity', *International Journal of Advertising*, 17 (2). 131-44. Le fáil ag: <http://dx.doi.org/10.1080/02650487.1998.11104712> (Léite: 12 Samhain 2017).

- Fanthome, C., (2007) 'Creating an iconic brand – an account of the history, development, context and significance of Channel 4's idents', *Journal of Media Practice*, 8 (3). 255-71. Le fáil ag: [https://doi.org/10.1386/jmpr.8.3.255\\_1](https://doi.org/10.1386/jmpr.8.3.255_1) (Léite: 22 Samhain 2017).
- Foley, M., (1998) 'ThaG reaching 1.4 million viewers a week, says ceannasaí', *The Irish Times: City Edition*. 16 Deireadh Fómhair. Le fáil ag: <http://search.proquest.libgate.library.nuigalway.ie/irishti...docview/310359168/fulltext/7ED0B24B7E6C4EB1PQ/9/accountid=12899> (Léite: 10 Samhain 2017).
- Goan, C., (1998) 'Giving relevance and resonance to the Irish language through ThaG More and more people are seeing for themselves and getting to know Teilifís na Gaeilge and its programmes as a national service, writes Cathal Goan' *The Irish Times: City Edition*. 19 Deireadh Fómhair. Le fáil ag: <https://search-proquest-com.libgate.library.nuigalway.ie/europeannews/docview/310433406/CD6EAE2649A3424BPQ/1?accountid=12899> (Léite: 1 Samhain 2017).
- Goan, C., (2007) 'Teilifís na Gaeilge: Ten Years A-Growing', *New Hibernia Review*, 11 (2). 101-15 JSTOR. Le fáil ag: <http://www.jstor.org/stable/20558164> (Léite: 3 Samhain 2017).
- Gray, J., (2010) "'Coming up Next": Promos in the Future of Television and Television Studies', *Journal of Popular Film and Television*, 38 (2). 54-7. Le fáil ag: <http://dx.doi.org/10.1080/01956051.2010.482908> (Léite: 14 Eanáir 2018).
- Irish Examiner* (2006) 'With only three in a hundred viewers tuning in, there's something seriously flawed with TG4'. *Irish Examiner*. 31 Deireadh Fómhair Le fáil ag: <http://search.proquest.com.libgate.library.nuigalway.ie/europeannews/docview/758256062/B148E79194DC470CPQ/1?accountid=12899> (Léite: 12 Nollaig 2017).
- Johnson, C., (2007) 'TELE-BRANDING IN TVIII: The network as brand and the programme as brand', *New Review of Film and Television Studies*, 5 (1). 5-24 Le fáil ag: <https://doi.org/10.1080/17400300601140126> (Léite: 12 Deireadh Fómhair 2017).
- Lloyd, P. R., (2018). 'Graphic Design on UK Terrestrial Television & The Effects of Multi-channel Growth'. Le fáil ag: <https://paulrobertlloyd.com/articles/2002/06/dissertation#the-visibility-of-television> (Léite: 18 Deireadh Fómhair 2017).



- Lysaght, R., (2009) 'Language Image in National Minority Language Television Idents. TG4 (Teilifís na Gaeilge, Ireland) and Whakaata Māori (Māori Television, New Zealand), *Estudios Irlandeses*, 4. 45-57 *Estudios Irlandeses* Le fáil ag: <https://doi.org/10.24162/EI2009-2538> (Léite: 3 Nollaig 2017).
- McMahon, C., (2017) 'Why TG4's boss has his eye on an Irish-language Oscar win', *Fora*. 15 Deireadh Fómhair [Ar líne]. Le fáil ag: <https://fora.ie/tg4-alan-esslemont-3640530-Oct2017/> (Léite: 20 Eanáir 2018)
- Myers, K., (1994) 'An Irishman's Diary'. *The Irish Times*. Meán Fómhair 10. Le fáil ag: <http://search.proquest.com.libgate.library.nuigalway.ie/hnpirishtimes/docview/525195691/fulltextPDF/3E3252F40DFF4855PQ/1?accountid=12899> (Léite: 1 Samhain 2017).
- Ó Brolcháin, C., (2016) 'Ag streachailt ar son na teilifíse Gaeilge ó thuaidh'. *NÓS*. 31 Deireadh Fómhair. Le fáil ag: <https://nos.ie/meain/teilifis/an-streachailt-ar-son-na-teilifise-gaeilge-o-thuaidh/> (Léite: 12 Eanáir 2018).
- Ó Gallchóir, P., (2008) 'World Indigenous Broadcasting Conference on Minority Language Broadcasting'. *World Indigenous Television Broadcasters Network*. Le fáil ag: [http://www.witbn.org/pdf/speaker\\_notes/Pol%20TG4%Speech.pdf](http://www.witbn.org/pdf/speaker_notes/Pol%20TG4%Speech.pdf) (Léite: 8 Lúnasa 2017).
- Seston, P., (2012) 'Designing Idents for Television: The Purpose of Television Idents'. Le fáil ag: <http://phoebeseston.wordpress.com/2012/09/05/the-purpose-of-television-idents/> (Léite: 11 Lúnasa 2017).
- TG4, (2016) *Corparáideach: Buneolas*. Le fáil ag: <http://www.tg4.ie/ga/corporate/background/> (Léite: 14 Samhain 2016).
- The Irish Times*, (1998) 'Someone is watching TnaG'. *The Irish Times: City Edition*. 18 Feabhra. Le fáil ag: <https://search-proquest-com.libgate.library.nuigalway.ie/europeannews/docview/310378946/B10E032EFE064428PQ/5?accountid=12899> (Léite: 1 Samhain 2017).

## Agallaimh

Ó Ciardha, P., (2010) Agallamh le Carmel Ní Bhriain, 18 Lúnasa.

Ó Coileáin, S.C., (2017) Agallamh le Carmel Ní Bhriain, 13 Eanáir.

## Comhfhreagras

Esslemont, A., (2017) *Lá na Léiritheoirí* [Cur i láthair do na Léiritheoirí Neamhspleácha Teilifíse]. 18 Eanáir.

Esslemont, A., (2018) Ríomhphost chuig Carmel Ní Bhriain, 12 Márta.

Ní Ógáin, M.A., (2018) Ríomhphost chuig Carmel Ní Bhriain, 23 Márta.

## Tuarascálacha

TG4, (2016) *Tuarascáil Bhliantúil 2016*. Baile na hAbhann: TG4.

## Tráchtas

Lysaght, R., (2010) *Teanga & Tikanga: A Comparative Study of National Broadcasting in a Minority Language on Māori Television and Teilifís na Gaeilge*. The University of Auckland. Le fáil ag: <https://researchspace.auckland.ac.nz/handle/2292/6729> (Léite: 2 Nollaig 2017)



## Oideolaíochtaí um Theagasc an Léireolais do Bhunmhúinteoirí faoi Oiliúint<sup>1</sup>

*Aisling Ní Dhiorbháin*

<https://doi.org/10.13025/8mn4-rk45>

### **Achoimre**

Déanfar cur síos sa pháipéar seo ar thionscadal taighde modhanna measctha leabaithe (CAINN (cáil))<sup>2</sup> a cuireadh i bhfeidhm le hiniúchadh a dhéanamh ar cé acu cur chuige follasach, cur chuige déaduchtach nó cur chuige ionduchtach-follasach, ab éifeachtaí le forbairt a dhéanamh ar léireolas<sup>3</sup> grúpa bunmhúinteoirí faoi oiliúint (MFO) sa Ghaeilge. Grúpa MFO ( $N = 75$ ) sa dara bliain den chéim Baitsiléara san Oideachas (BOid) a bhí mar rannpháirtithe sa taighde. Cuireadh cur chuige ionduchtach-follasach i bhfeidhm le dhá ghrúpa agus cur chuige déaduchtach i bhfeidhm le dhá ghrúpa, agus ní raibh aon idirghabháil sa dá rang-grúpa eile, a d'fheidhmigh mar ghrúpa cóimheasa sa chuasai-thriail. Mhair an idirghabháil caoga nóiméad sa tseachtain i rith ocht seachtaine sa chéad seimeastar den bhliain acadúil 2015/2016, agus ba í an taighdeoir féin a bhí mar theagascóir ar na grúpaí turgnamhacha. Léirigh torthaí cainníochtúla an staidéir tomhas mór éifeachta don dá chur chuige follasacha, le claonadh i dtreo an chur chuige ionduchtach-follasaigh mar an cur chuige is éifeachtaí i gcodanna áirithe den triail.

Bailíodh eolas cáilíochtúil ó dhá ghrúpa fócais ( $n = 12$ ) le léargas a fháil ar dhearcadh na MFO i leith na hidirghabhála. Tugann an t-eolas cáilíochtúil le fios go bhféadfadh leas sa bhreis a bheith ag cur chuige ionduchtach-follasach in oideachas MFO i dtaobh múnú a dhéanamh ar oideolaíocht a bheadh inmholta

- 
- 1 Cuireadh leagan den pháipéar seo i láthair ag Comhdháil a reáchtáladh i nGaoth Dobhair i nDeireadh Fómhair 2017: **Sealbhú na Gaeilge ag an Tríú Leibhéal: Ábhair oidí agus sealbhú teanga sa Ghaeltacht.**
  - 2 Úsáidtear an nodaireacht (CAINN(cáil)) nuair a dhéantar taighde tánaisteach cáilíochtúil a chomhtháthú le príomh-thurgnamh cainníochtúil.
  - 3 Léireolas (*explicit knowledge*).

don seomra ranga bunscoile. Sonraíonn torthaí an taighde gur chóir cur chuige follasach a chur i bhfeidhm i dteagasc an léireolais do MFO sna hinstiúidí oideachais, agus gur chóir neart ama a thabhairt dó. Eascraíonn moltaí ón taighde d'oideachas MFO sa Ghaeilge.

## Cúlra

Tá claochlú tagtha ar an tuiscint atá againn ar an múinteoireacht agus chuige sin ar oideachas múinteoirí le blianta beaga anuas. Sa lá atá inniu ann aithnítear an mhúinteoireacht mar ghairm a bhfuil disciplín eolais ar leith ag baint léi (Darling-Hammond, 2016; Loughran & Russell, 2007). Ba é bunús an tsaothair seo ná go dteastaíonn ardchaighdeán eolais ábhair mar chuid amháin de shaineolas gairmiúil an mhúinteora éifeachtaigh. Mar a deir Darling-Hammond, '*it stands to reason that student learning should be enhanced by the efforts of teachers who are more knowledgeable in their field and are skillful at teaching it to others*' (2000: 32-3). Áitíodh sa staidéar seo, cé nach bhfuil sa léireolas ach fochuid den saineolas gairmiúil a theastaíonn ó bhunmhúinteoirí le Gaeilge a theagasc go héifeachtach, gur dlúthchuid dá saineolas ábhair é.

Is é atá sa léireolas ná eolas comhfhiosach fógrach<sup>4</sup> faoi theanga ar féidir leis an úsáideoir teanga tarraingt air mura mbíonn brú ama air (Ellis, 2005, 2015). Tá sé an-tábhachtach soiléiriú a dhéanamh don léitheoir ar an sainmhíniú ar léireolas a threoraigh an staidéar seo. Bhí dhá leibhéal feasachta i gceist: (1) tabhairt-faoi-deara chomhfhiosach ar spriocstruchtúir ghramadaí agus (2) eolas riailbhunaithe a fhógairt ar spriocstruchtúir ghramadaí (Schmidt, 2001). Feidhmíonn tabhairt-faoi-deara ar an spriocstruchtúr mar chéad chéim i bpróiseas na foghlama. Éilíonn fógairt an eolais riailbhunaithe tuiscint an fhoghlaiméora ar an struchtúr, agus leibhéal feasachta níos airde ná an tabhairt-faoi-deara amháin. Áiríonn an dara leibhéal feasachta seo ginearálú a dhéanamh faoin struchtúr.

Baintear úsáid as an gcoincheap ar ghlaigh Shulman (1986, 1987) eolas ábhair oideolaíoch (*pedagogical content knowledge*, nó PCK) air, le plé a dhéanamh ar an gcineál eolais ábhair a bhíonn de dhíth i suíomh an teagaisc. Is éard is brí le PCK, ná eolas ina bhfuil cumasc de shaineolas ábhair le scil oideolaíoch a thagann chun cinn sa teagasc agus san fhoghlaim bhríoch. Nuair a bhíonn ardchaighdeán PCK ag an múinteoir teanga, bíonn dea-thionchar aige ar thorthaí foghlama sa rang (Evens, Elen, Depaepe, 2016). Sonraítear léireolas ar an teanga teagaisc mar chuid amháin de PCK an mhúinteora éifeachtaigh teanga (Andrews, 2007).

Maíonn Andrews (2007) go dteastaíonn dhá chineál saineolais ábhair ó mhúinteoirí teanga le bheith ina múinteoirí éifeachtachta: is iad sin (1) *eolas feidhmeach ar theanga*, is é sin inniúlacht fheidhmeach sa teanga teagaisc, agus (2) *eolas faoin teanga*, is é sin léireolas nó eolas fógrach ar struchtúir na teanga (Andrews, 2007). Ba é an dara cineál saineolais ábhair a bhí faoi chaibidil sa staidéar seo.

4 Eolas fógrach (*declarative knowledge*).

Míníonn Andrews go bhféadfadh caighdeán an léireolais tionchar a bheith aige ar chumas an mhúinteora: tabhairt faoin teagasc foirm-dhírthe; díriú ar fhoirm na teanga go teagmhasach sa rang; áiseanna teagaisc a chur in oiriúint do riachtanais na bhfoghlaimoirí; míniúcháin a thabhairt ar cheisteanna faoin ngramadach; aiseolas ceartaitheach éifeachtach a thabhairt; mar aon le hionchur agus le haschur atá cruinn agus oiriúnach a sholáthar d'fhoghlaimoirí. Soilsíonn Borg (2003) tábhacht an léireolais i dtaobh chognaíocht an mhúinteora. Tá sé léirithe aige go seachnaíonn múinteoirí a bhfuil leibhéal íseal léireolais acu obair spontáineach ar an ngramadach, go gcloíonn siad go docht leis an téacsleabhar agus nach dtéann siad i ngleic le hobair ghramadúil mura mbíonn réamhphleanáil déanta acu. Os rud é go bhfuil gach múinteoir bunscoile ina mhúinteoir Gaeilge, ní mór go mbeadh caighdeán sásúil léireolais sroichte acu ar bhaint amach na céime dóibh.

Tá mórán taighde ann a thugann le fios go mbíonn tionchar dearfach ag an teagasc ar fhoghlaim an dara teanga nó teanga bhreise (Goo, Granena, Yilmaz & Novella, 2015; Norris & Ortega, 2000). Léirítear go bhfuil teagasc follasach ar fhoirmeacha gramadaí (is é sin nuair a thugtar míniúchán ar an riail ghramadaí mar chuid den teagasc, nó nuair a threoraítear foghlaimoirí le teacht ar an riail iad féin) níos éifeachtaí ná oideolaíocht intuigthe nach dtarraingíonn aird fhollasach ar bith ar fhoirm na teanga (Goo et al., 2015; Norris & Ortega, 2000). Cé gur léir dúinn éifeachtacht an teagaisc fhollasaigh i dteagasc an léireolais, ní fios cén cineál cur chuige fhollasaigh is éifeachtaí.

Bronnann an cur chuige follasach dhá rogha oideolaíochta ar an oideoir múinteoirí, is iad sin an riail a chur i láthair go follasach d'fhoghlaimoirí, mar a tharlaíonn i gcás an chur chuige dhéaduchtaigh, nó foghlaimoirí a threorú leis an riail a aimsiú agus a fhógairt iad féin, mar a tharlaíonn i gcás an chur chuige ionduchtach-follasaigh. Is é an cur chuige déaduchtach an modh múinte is traidisiúnta agus is coitianta i dteagasc an léireolais, agus tá sé léirithe sa taighde go mbíonn leisce ar mhúinteoirí imeacht uaidh (Larsen-Freeman, 2015). Tá an cur chuige déaduchtach lonnaithe i múnla teoiriciúil an iomprachais, agus an múinteoir ag díriú ar sheachadadh an eolais chuig foghlaimoirí. Ar an lámh eile is cur chuige taiscéalaíoch faoi threoir atá sa chur chuige ionduchtach-follasach atá fréamhaithe i múnla teoiriciúil an tógachais shoch-chultúrtha. Áitítear sa litríocht, mar gheall go n-éilíonn próiseas na foghlama ionduchtaigh dianphróiseáil ar rialacha ón bhfoghlaimoir, cabhraíonn sin leis tuiscint agus cuimhne níos fearr a bheith aige ar an riail i ndiaidh an teagaisc (Craik & Lockhart 1972; Ní Dhiorbháin & Ó Duibhir, 2016). Tagann an cur chuige ionduchtach-follasach le coincheap an oideachais mar phróiseas tógachaíoch (Vygotsky, 1978). Pléifear ar ball, faoi a d'fheilfeadh cur chuige ionduchtach do theagasc na gramadaí in oideachas múinteoirí, d'fhonn múnla a dhéanamh ar oideolaíocht don seomra ranga bunscoile.

Cé go bhfuil corpas taighde ann a bhaineann leis an gcur chuige déaduchtach, is beag taighde atá déanta ar an gcur chuige ionduchtach-follasach. As an mbeagán taighde atá déanta, sna cásanna ina bhfuil comparáid déanta idir an cur chuige déaduchtach agus an cur chuige ionduchtach-follasach, tá claonadh i dtreo an chur chuige ionduchtach-follasaigh mar an cur chuige is éifeachtaí (Glaser, 2014).

Rinne an taighde seo iniúchadh ar cé acu cur chuige follasach is éifeachtaí le forbairt a dhéanamh ar léireolas grúpa MFO, cur chuige déaduchtach nó cur chuige ionduchtach-follasach. Chomh maith leis sin, d'fhiosraigh an staidéar dearchtaí na MFO i leith an dá chur chuige fhollasacha.

Is í an chéim Bhaitsiléara san Oideachas (BOid) an fhochéim atá riachtanach le teagasc mar bhunmhúinteoir i bPoblacht na hÉireann agus soláthraíonn ceithre institiúid oideachais sa tír oideachas tosaigh do bhunmhúinteoirí. Déanann gach MFO staidéar ar Ghaeilge Ghairmiúil, is í sin Gaeilge fheidhmeach, agus ar Mhúineadh na Gaeilge, is é sin cúrsa modheolaíochta ar theagasc na teanga mar chuid éigeantach den chlár BOid. Dírionn an cúrsa sa Ghaeilge Ghairmiúil ar scileanna éisteachta, labhartha, léitheoireachta agus scríbhneoireachta na MFO a fhorbairt trí thascanna ilghnéitheacha teanga a bhfuil an ghramadach mar chuid díobh. Cuireadh an idirghabháil fhoirm-dhírithé sa staidéar seo i bhfeidhm le linn sheimineár Gaeilge MFO a bhí sa dara bliain BOid. Tá 22 uair sa bhliain acadúil, is é sin 50 nóiméad seimineáir sa tseachtain, ag dul don Ghaeilge Ghairmiúil ar an amchlár BOid2 san institiúid oideachais ina ndearnadh an taighde seo.

## Modheolaíocht an Taighde

### Dearadh an taighde

Ba dhearadh taighde modhanna measctha leabaithe (CAINN (cáil)) a cuireadh i bhfeidhm sa staidéar seo. Oireann an dearadh leabaithe do staidéar nuair a éilítear eolas éagsúil ó phríomhcheist agus ó cheist thánaisteach an staidéir, mar a tharla i gcás an tsaothair seo (Creswell & Clark, 2011).

Ba í príomhcheist an taighde ná:

Cé acu cur chuige follasach is éifeachtaí le forbairt a dhéanamh ar léireolas MFO sa Ghaeilge, cur chuige déaduchtach nó cur chuige ionduchtach-follasach?

Ba í ceist thánaisteach an taighde ná:

Cén dearcadh a bheadh ag na MFO i leith an chur chuige dhéaduchtaigh agus i leith an chur chuige ionduchtach-follasaigh?

Dearadh cuasai-thriail le hiniúchadh a dhéanamh ar phríomhcheist chainníochtúil an taighde. Bhí 6 rang-ghrúpa sa Ghaeilge Ghairmiúil BOid2 ( $N = 75$ ) páirteach sa triail, a mhair ocht seachtaine sa chéad seimeastar den bhliain acadúil 2015/2016. Cuireadh an cur chuige ionduchtach-follasach i bhfeidhm le dhá ghrúpa, cuireadh cur chuige déaduchtach i bhfeidhm le dhá ghrúpa eile, agus ní dhearnadh aon idirghabháil

ar leith leis an dá rang-ghrúpa eile a d'fheidhmigh mar ghrúpa cóimheasa sa triail. Mhair an tréimhse teagaisc 50 nóiméad sa tseachtain. Mhúin an taighdeoir féin na grúpaí turgnamhacha agus mhúin teagascóir eile an dá ghrúpa chóimheasa. Le cur le bailíocht an taighde ba dhearadh am-sraitheanna a cuireadh i bhfeidhm. Dearadh trí leagan de thriail ghramadaí le bheith mar réamhthriail (Céim a hAon: roimh an idirghabháil); iarthriail (Céim a Dó: díreach i ndiaidh na hidirghabhála), agus iarthriail mhoillithe (Céim a Trí: seacht seachtaine tar éis na hidirghabhála).

Bailíodh eolas cailíochtúil ó dhá ghrúpa fócais le seisear ionadaithe ón ngrúpa ionduchtach agus seisear ionadaithe ón ngrúpa déaduchtach (n=12). Reáchtáladh na grúpaí fócais ag am lóin, ag Céim a Dó, díreach i ndiaidh na hidirghabhála. Dúirt na rannpháirtithe go mbeadh siad sásta páirt a ghlacadh sna grúpaí fócais nuair a lorgaíodh saorálaithe ó na ceithre ghrúpa thurgnamhacha. Bhí sé ar intinn ag an taighdeoir go gcuirfeadh na sonraí cailíochtúla le doimhneacht agus le saibhreas an taighde trí léargas a thabhairt ar mheon na rannpháirtithe tar éis na hidirghabhála. Tá foramharc ar sceideal an taighde ar fáil i dTábla 1.

<b>An Tréimhse Ama</b>	<b>An Gníomh</b>
<i>Réamhchéim</i> Meitheamh 2015	Anailís ar earráidí scríofa sa Ghaeilge MFO BOid 1 (N=80) Roghnú na spriocstruchtúr don tionscadal taighde
<i>Céim a hAon</i> Meán Fómhair 2015	Píolótú na n-uirlisí taighde: An C-thriail agus an réamhthriail ghramadaí Cead eitice ó na rannpháirtithe An C-thriail (Grúpa I,D,C) An Réamhthriail Ghramadaí (Grúpa I,D,C)
<i>An Idirghabháil</i> Meán Fómhair – Nollaig 2015 8 seachtaine	Dhá rang ionduchtacha ag díriú ar chlár teagaisc na hidirghabhála Dhá rang dhéaduchtacha ag díriú ar chlár teagaisc na hidirghabhála Dhá rang chóimheasa gan aon idirghabháil
<i>Céim a Dó</i> Nollaig 2015	An Iarthriail Ghramadaí (Grúpa I,D,C) Grúpa fócais le hionadaithe ón ngrúpa I agus ón ngrúpa D
<i>Céim a Trí</i> Feabhra 2016	An Iarthriail Mhoillithe (Grúpa I agus D)

\*Cód don léitheoir: grúpa I= Ionduchtach; grúpa D= Déaduchtach; grúpa C= Cóimheasa

**Tábla 1 Foramharc ar sceideal an tionscadail taighde**

### Cur i bhfeidhm na hIdirghabhála

Reáchtáladh na ceachtanna Gaeilge sa ríomhlann chéanna gach seachtain agus b'ionann na torthaí foghlama a bhí le baint amach ag na ceithre ghrúpa thurgnamhacha. Rinne an taighdeoir iarracht na coinníollacha céanna a chur i bhfeidhm do na grúpaí turgnamhacha sa chaoi is nach mbeadh idirdhealú ach sa chur chuige teagaisc amháin. Bhí gá leis an ríomhlann go mbeadh na mic léinn in ann taifead leictreonach a dhéanamh ar a gcuid oibre le linn na seimineár agus cleachtaí leictreonacha a dhéanamh.

Sna grúpaí déaduchtacha d'inis an teagascóir an riail ghramadaí do na foghlaimeoirí ag tús an ranga, trí mhíniúchán iomlán ar an riail mar aon le samplaí léirithe den riail a chur i láthair ar shleamhnáin PowerPoint. Rinne na MFO cleachtadh ar an riail ó bhéal agus i scríbhinn i ndiaidh an chur i láthair, agus chláraigh siad a gcuid nótaí gramadaí go leictreonach ar chóras lárnach sa rang.

Ba chur chuige taiscéalaíoch faoi threoir (Ní Dhiorbháin, 2014; Ní Dhiorbháin & Ó Duibhir, 2016; Ó Duibhir, Ní Dhiorbháin & Cosgrove, 2016), a cuireadh i bhfeidhm sna grúpaí ionduchtacha. Níor insíodh an riail do na foghlaimeoirí sna grúpaí ionduchtacha, ach spreagadh iad leis an riail a aimsiú agus a fhógairt ina bhfocail féin, trí anailís a dhéanamh ar an ionchur teanga a cuireadh ar fáil dóibh. Chuir an teagascóir ionchur saibhrithe de na heiseamláirí gramadaí os comhair na bhfoghlaimeoirí ar shleamhnáin PowerPoint, agus d'fhiafraigh sí díobh 'Cad a thugann sibh faoi deara?' 'An bhfeiceann tú riail?' 'An bhfeiceann sibh patrún?' Léirítear sampla de shleamhnán ionduchtach i bhFíor 1. Ghlac na MFO páirt i meiteachaint (Swain, 2006) leis an riail a chumadh lena bpáirtí agus leis an teagascóir.

### Cad a thugann tú faoi deara?

- An bhfuil cead agam an fhuinneog **a oscailt?**
- An féidir linn peil **a imirt?**
- An féidir liom mo lón **a ithe?**
- An bhfuil cead agam liathróid **a fháil?**
- An bhfuil cead agam leabhar **a léamh?**
- An féidir linn an obair bhaile **a thosú?**



Fíor 1: Sample de shleamhnán ionduchtach



I ndiaidh dóibh teacht ar an riail, chláraigh na MFO an riail i leagan leictreonach den dialann mhachnaimh (Ní Dhiorbháin, 2014; Ní Dhiorbháin & Ó Duibhir et al., 2016; Ó Duibhir, Ní Dhiorbháin & Cosgrove, 2016), agus rinne siad cleachtadh ar an riail ó bhéal agus i scríbhinn. Léirítear iontráil shamplach ó dhialann mhachnaimh i dTábla 2.

<b>Cad a d'fhoghlaim mé</b>	<i>An bhfuil cead agam leabhar a léamh? An féidir liom mo lón a ithe?</i>	Léiríonn an iontráil seo go bhfuil an spriocstruchtúr tugtha faoi deara ag an bhfoghlaiméir.
<b>Míniú ar cad a d'fhoghlaim mé</b>	<i>Nuair úsáidtear an bhfuil cead agam/ an féidir liom úsáidtear an t-ainm briathartha ag deireadh na habairte.</i>	Léiríonn an iontráil seo go bhfuil eolas riailbhunaithe ag an bhfoghlaiméir faoin spriocstruchtúr atá tugtha faoi deara acu.
<b>Mo shamplaí féin</b>	<i>Ar mhiste leat na leabhair a bhailiú? An dtig libh lch 36 a oscailt? An bhféadfá na bileoga a thabhairt amach?</i>	Spreagtar an foghlaiméir leis an struchtúr atá tugtha faoi deara acu agus an t-eolas riailbhunaithe atá foghlamtha acu a chur le teanga nua.
<b>Cad a cheap mé</b>	<i>Tá an riail seo an úsáideach domsa agus do na páistí. Triailfidh mé an t-ainm briathartha a úsáid níos minice sa rang. Cabhróidh sin leis na páistí an patrún a fheiceáil.</i>	Bíonn deis ag na foghlaiméirí machnamh agus measúnú a dhéanamh ar an bhfoghlaim teanga agus a gcuid tuairimí a chur in iúl.

**Tábla 2: Iontráil Shamplach ó Dhialann Mhachnaimh**

Cuireadh tacaíocht bhreise ar fáil ar líne do na MFO le linn na hidirghabhála, m.sh: cluichí gramadaí, sleamhnáin ón rang, físeáin ghramadaí agus gníomhaíochtaí do theagasc na spriocstruchtúr sa seomra ranga bunscoile. Toisc go raibh rochtain ag an teagascóir ar nótaí gramadaí (grúpaí déaduchtacha), agus ar dhialann mhachnaimh (grúpaí ionduchtacha), na MFO tríd an gcóras lárnach, sheol sí aiseolas chucu go seachtainiúil. Níor tugadh treoir do na mic léinn maidir leis an líon ama a bhí le caitheamh ar an staidéar taobh amuigh den rang, agus níor choinnigh an taighdeoir taifead de. Is gnáthchleachtas é ábhar tacaíochta a chur ar fáil ar líne do MFO le linn an chúrsa BOid. Bhí breis tacaíochta ná mar ba ghnách curtha ar fáil do na mic léinn sa chás seo mar gheall ar an tionscadal taighde.

Lean an dá ghrúpa chóimheasa an gnáthchúrsa sa Ghaeilge Ghairmiúil. Rinne siad staidéar ar thascanna ilghnéitheacha teanga a bhí leagtha amach sa siollabas don dara bliain BOid (Meitheal um Theagasc na Gaeilge ar an Tríú Léibhéal, 2008). Toisc nach raibh an grúpa cóimheasa dírithe ar an ngramadach agus spriocstruchtúir na hidirghabhála amháin, ní bheifí ag súil go mbainfidís amach na torthaí foghlama céanna leis na grúpaí turgnamhacha a chaith 50 nóiméad sa tseachtain ar fhoghlaim na spriocstruchtúr amháin.

### Rannpháirtithe an taighde

Ba iad gach mac léinn sa dara bliain BOid san institiúid oideachais a bhí mar fhráma samplála don tionscadal taighde. Roghnaíodh sampla áise neamhdhóchúlachta (6 ghrúpa, N = 75) (12 fireann, 63 baineann) ón bhfráma samplála le bheith páirteach sa tionscadal taighde. Tugadh earráid neamhfhreagartha agus indéantacht san áireamh agus líon na mac léinn á shocrú. Pléadh buntáistí féidearthachta an taighde i dtaobh fhoghlaim na gramadaí agus luach an tsaothair ar bhonn níos leithne leis na mic léinn le hiad a spreagadh le bheith páirteach sa taighde agus le laofacht neamhfhreagartha a laghdú. Tugadh ráiteas i bhfríotal simplí do na mic léinn, agus shínigh gach MFO a bhí páirteach sa tionscadal taighde foirm i ndáil le toiliú feasach roimh thús an taighde. Bhí cead ag mic léinn tarraingt siar ón taighde am ar bith dá mba mhian leo.

Bhí cainteoir dúchais amháin san áireamh sa sampla a raibh Gaeilge agus Béarla mar chéad teangacha aici; ba é Béarla céad teanga na MFO eile a bhí sa sampla. Bhí cúlra oideachais lán-Ghaeilge ag an mbunleibhéal nó ag an meánleibhéal ag 10% den sampla. Ar mhaithe le próiseas na hanailíse, roinneadh na ceithre ghrúpa ina raibh an idirghabháil i bhfeidhm ina dhá mhórghrúpa, agus cuireadh an dá ghrúpa a bhí sa ghrúpa cóimheasa le chéile. Mar sin, bhí trí mhórghrúpa ann. Taispeánann Tábla 3 líon na MFO sna grúpaí turgnamhacha ag céimeanna an taighde.

Céim an Taighde	Grúpa Ionduchtach	Grúpa Déaduchtach	Grúpa Cóimheasa
Céim a hAon	(n = 30)	(n = 29)	(n = 32)
Céim a Dó	(n = 28)	(n = 27)	(n = 16)
Céim a Trí	(n = 28)	(n = 29)	

**Tábla 3: Líon na Mac Léinn sna Grúpaí ag Céimeanna an Taighde**

Ní mór a aithint gur bhain deacracht le bailíocht an ghrúpa cóimheasa sa staidéar seo mar gheall ar an titim i líon na mac léinn ag Céim a Dó, agus toisc nach raibh an grúpa cóimheasa páirteach sa staidéar ag Céim a Trí<sup>5</sup>.

<sup>5</sup> Bhí líon mór mac léinn (n=16) as láthair ón ngrúpa cóimheasa ag Céim a Dó. Chothaigh an t-am den bhliain, aimsir na Nollag, deacrachtaí le tinreamh. Agus anailís á déanamh ar thorthaí an ghrúpa cóimheasa, shocraigh an taighdeoir anailís a dhéanamh ar thorthaí na MFO a bhí i láthair ag an dá chéim den taighde, agus iad amháin, a chur san áireamh. Mar gheall go raibh an taighdeoir féin mar theagascóir ar na grúpaí turgnamhacha d'éirigh léi ardtinreamh a spreagadh trí mheabhrú do na mic léinn an tábhacht a bhain leis an tionscadal taighde roimh na scrúduithe.

### **Spriocstruchtúir do chlár na hidirghabhála**

D'éascair na spriocstruchtúir do chlár na hidirghabhála as anailís ábhair a rinneadh ar earráidí sa Ghaeilge scríofa a bhí ag 80 mac léinn BOid 1, ina scrúdpháipéir Ghaeilge ag deireadh na bliana acadúla 2014/2015.

Úsáideadh na critéir seo a leanas le ceithre spriocstruchtúr a roghnú don tionscadal taighde:

- gur struchtúr é a tháinig chun cinn san anailís ábhair mar struchtúr a raibh earráid á déanamh ag céatadán suntasach de na MFO leis;
- go mbainfeadh na ceithre spriocstruchtúr le réimse aicmí éagsúla gramadaí, agus go mbeadh éagsúlacht ann i dtaobh leibhéal chastachta na struchtúr;
- go bhféadfaí an rogha spriocstruchtúr a chuimsiú taobh istigh den teorainn ama d'ocht seachtaine teagaisc;
- gur struchtúr é a bheadh in úsáid go rialta ag múinteoir bunscoile.

Ba dhíol spéise é go ndearna 72.5% de na MFO earráid san aicme *Dul an Bhéarla ar an nGaeilge*. D'úsáid Ó Domhnalláin agus Ó Baoill (1978) an téarma 'contrárachtaí teanga' le cur síos a dhéanamh ar ghnéithe den mháthairtheanga a bhíonn le sonrú sa sprioctheanga. Is iad na ceithre spriocstruchtúr seo thíos a roghnaíodh don tionscadal taighde. Taispeánann an céatadán idir lúibíní líon na MFO a rinne earráid leis an struchtúr san anailís ábhair. Is sampla é gach ceann de na spriocstruchtúir Ghaeilge de struchtúr atá éagsúil leis an mBéarla.

- Na hUimhreacha (59%)
- An Aidiacht Shealbhach (48%)
- Na Réamhfhocail Shimplí mar chúis le séimhiú ar chonsan (79%)
- An tAinm Briathartha (71%)

### **An C-thriail**

Cuireadh C-thriail ar na rannpháirtithe roimh thús an taighde le tástáil a dhéanamh ar a n-inniúlacht ghinearálta sa Ghaeilge. Tá an C-thriail dearbhaithe mar thomhas atá cruinn agus bailí ar inniúlacht ghinearálta sa dara teanga nó teanga bhreise (m.sh, Harsch & Hartig, 2015) agus ar inniúlacht ghinearálta sa Ghaeilge (Murtagh, 2003). Is leagan leasaithe den triail iomlánaithe í an C-thriail. Sa C-thriail bíonn ceithre nó cúig shliocht ghearra i gceist a fheidhmíonn mar aonaid iomlána leo féin. Fághtar an chéad abairt agus an abairt dheireanach sa téacs ina n-iomláine, agus baintear amach an dara leath de gach dara focal, gan focail aonsiollacha a thabhairt san áireamh (Klein Braley & Raatz, 1984). Tá treoirlínte na C-thrialach agus sliocht samplach amháin ar fáil in Aguisín A. Measadh go mbeadh sé tábhachtach a bheith in ann rangú a dhéanamh

ar inniúlacht Ghaeilge na MFO le léargas a fháil ar éifeachtacht an dá chur chuige thar réimse cumais. Dhearbhaigh anailís aontreo ANOVA ar thorthaí na C-thrialach ag Céim a hAon go raibh aonchineálacht athraithe<sup>6</sup> i measc na ngrúpaí, agus mar sin gur tástáil bhailí a bhí ann.

### An Triail Ghramadaí

Dearadh triail ghramadaí le tomhas beacht a dhéanamh ar léireolas na MFO de réir an tsainmhínithe ar léireolas a threoraigh an staidéar, ba é sin (i) tabhairt faoi deara agus (ii) eolas riailbhunaithe follasach a bheith forbartha ar spriocstruchtúir ghramadaí (Schmidt, 2001). Bhí trí chuid sa triail:

- **CUID A:** Triail bhreithiúnais ghramadúil gan teorainn ama – ‘*untimed grammaticality judgement test*’ (UGJT) – a bhí i gCuid A. Tá an UGJT dearbhairthe mar thomhas cruinn ar léireolas (Ellis, 2005; Bowles 2011). Iarradh ar na MFO breithiúnas a thabhairt ar chruinneas na n-abairtí trí thic a chur sa bhosca cuí, a léirigh cé acu abairt chruinn nó abairt mhíchruinn a bhí ann. Bhí 40 abairt (20 cruinn agus 20 míchruinn) i gCuid A. Rinne Cuid A den triail tomhas ar *thabhairt faoi deara* na spriocstruchtúr.
- **CUID B:** Rinne Cuid Bi den triail tomhas ar thabhairt faoi deara na spriocstruchtúr, agus rinne Cuid Bii tomhas ar eolas fógrach na MFO ar na spriocstruchtúir ghramadaí. Bhí 16 abairt i gCuid B a léirigh dhá shampla de gach struchtúr den chlár teagasc (16 mhír). Iarradh ar na MFO: (i) an earráid a bhí san abairt a cheartú (Cuid Bi) agus, (ii) míniú a thabhairt ar an gceartúchán a bhí déanta acu (Cuid Bii). Bhí Cuid B den triail ghramadaí athchóirithe ó thaobh formáide agus scórála de ó Erlam, Philp & Elder (2009). Rinneadh cinneadh marc a bhronnadh ar na MFO i gCuid Bii má thug siad míniúchán sásúil ar an riail ghramadaí, leis nó gan meititheanga a úsáid.
- **CUID C:** Rinne Cuid C tomhas ar eolas meititheangeolaíochta na MFO. Iarradh ar na MFO sampla a scríobh leis an téarma meititheangeolaíochta a léiriú (16 mír). Tá trialacha meititheangeolaíochta dearbhairthe mar mhodh atá bailí le léireolas a thástáil (Alderson & Hudson, 2013).

Tabharfar forbheathnú anois ar phríomhthorthaí cainníochtúla agus cáilíochtúla an staidéir. Déanfar plé ar na torthaí i bhfianaise na litríochta a bhaineann le teagasc an léireolais, le teagasc na Gaeilge ag an tríú leibhéal, agus le hoideachas múinteoirí teanga.

<sup>6</sup> Aonchineálacht athraithe (equality of variance).

## Plé ar na Torthaí Cainníochtúla

### An cur chuige oideolaíoch

Is é an príomhthoradh cainníochtúil a eascraíonn ón staidéar ná gur léiríodh go raibh difríocht shuntasach le tomhas mór éifeachta i ngnóthachtáil an ghrúpa dhéaduchtaigh agus an ghrúpa ionduchtach-follasaigh idir Céim an hAon agus Céim a Dó, gan ach titim bheag sna torthaí ag Céim a Trí. Léirigh ANOVA atriallach<sup>7</sup> go raibh dul chun cinn ag an leibhéal suntasach ab airde déanta ag an dá ghrúpa ó Chéim a hAon go Céim a Trí (Cuid A,  $F(1,1) = 203.97, p = < .001$ , páirt-*eta* cearnaithe = .797; Cuid Bi  $F(1,1) = 270.75, p = < .001$ , páirt-*eta* cearnaithe = .841; Cuid Bii  $F(1,1) = 229.92, p = < .001$ , páirt-*eta* cearnaithe = .816; Cuid C,  $F(1,1) = 71.82, p = < .001$ , páirt-*eta* cearnaithe = .585).

Níor léiríodh go raibh difríocht shuntasach idir an grúpa déaduchtach agus an grúpa ionduchtach-follasach ag Céim a Dó: (Cuid A:  $F(1,1) = 3.118, p = .083$ ; Cuid Bi:  $F(1,1) = 3.270, p = .76$ ; Cuid Bii:  $F(1,1) = 2.713, p = 1.08$ ; Cuid C:  $F(1,1) = 3.281, p = .079$ ). Tháinig difríocht shuntasach le tomhas meánach éifeachta chun cinn idir an dá ghrúpa ag Céim a Trí, maidir le Cuid A agus Cuid Bi den triail ghramadaí amháin: Cuid A ( $F(1,1) = 4.99, p = 0.03$ , páirt-*eta* cearnaithe = .007) agus Cuid Bi ( $F(1,1) = 4.43, p = .04$ , páirt-*eta* cearnaithe = .080). Léiríodh gur bhain an grúpa ionduchtach 1.32 (3.3%) sa bhreis amach ar an ngrúpa déaduchtach i gCuid A den triail agus gur bhain siad 1.07 (6.68%) sa bhreis amach ar an ngrúpa déaduchtach i gCuid Bi den triail.

D'fhéadfaí a léamh ar na torthaí seo go raibh an dá chur chuige fhollasacha éifeachtach le forbairt a dhéanamh ar léireolas na MFO sa staidéar seo. D'fhéadfaí a áitiú chomh maith, gur foghlaimeoirí inniúla teanga iad na MFO a ghlac páirt sa taighde. D'éirigh leo dul chun cinn suntasach a dhéanamh i bhforbairt an léireolais nuair a cuireadh idirghabháil fhoirm-dhírthe, dhéaduchtach nó ionduchtach-follasach, i bhfeidhm. Toisc go raibh claonadh i dtreo an chur chuige ionduchtach-fhollasaigh mar an cur chuige ab éifeachtaí i gcodanna áirithe den triail ag Céim a Trí, d'fhéadfaí a mhaíomh, go raibh an cur chuige ionduchtach ní ba éifeachtaí ná an cur chuige déaduchtach sa staidéar seo, agus torthaí foghlama fadtréimhseacha á dtomhas.

Cé gur tháinig feabhas suntasach ar léireolas an dá ghrúpa sa taighde seo, chaithfí a bheith feasach nach gcaitear an oiread sin ama ar theagasc na gramadaí do mhic léinn BOid go hiondúil. Mar a míníodh cheana, bíonn am an tseimineáir roinnte ar thascanna ilghnéitheacha teanga a bhfuil an ghramadach mar chuid díobh. Ní dócha go mbeadh sé indéanta ag MFO dul chun cinn chomh suntasach leis seo a bhaint amach i bhforbairt an léireolais go hiondúil leis an líon beag ama atá ag dul don Ghaeilge Ghairmiúil.

Tagann éifeachtacht an mhúinteora chun cinn mar athróg sa staidéar. Toisc go raibh an teagascóir céanna ag na ceithre ghrúpa thurgnamhacha, d'fhéadfaí a mhaíomh go trialach, go raibh tionchar ag éifeachtacht an mhúinteora ar dhul chun cinn na ngrúpaí. Áitíodh i sintéis taighde ar mhúineadh éifeachtach an dara

<sup>7</sup> An tsíleáil a bhain leis an suntas staitistiúil sa staidéar ná ( $p \leq 0.05$ ).

teanga nó teanga bhreise ‘go bhfuil inniúlacht an mhúinteora níos tábhachtaí ná treoshuíomh an churaclaim nó an cúrsa teanga chun tacú le forbairt teanga na leanaí’ (Harris & Ó Duibhir, 2011: 16). D’fhéadfaí a mhaíomh chomh maith gur chuir an tacaíocht bhreise a cuireadh ar fáil do na MFO le linn na hidirghabhála lena ndea-thorthaí foghlama.

### Réimse inniúlachta na MFO

Thug torthaí na C-thrialach ag Céim a hAon le fios go raibh an-éagsúlacht cumais i measc na mac léinn i ngach aon rang-ghrúpa maidir le hinniúlacht ghinearálta sa Ghaeilge. Léiríonn Tábla 4 torthaí tuairisciúla na rang-ghrúpaí sa C-thriail. Léiríonn an t-uasmharc, an t-íosmharc agus an diall caighdeánach go raibh réimse leathan feidhmíochta i measc na mac léinn sa Ghaeilge.

Rang	N	Raon	Meán	Diall Caigh.
Rang A: Ionduchtach	18	47.00	66.83	13.01
Rang B: Ionduchtach	12	52.00	58.33	17.44
Rang C: Déaduchtach	14	52.00	61.43	16.85
Rang D: Déaduchtach	15	53.00	64.53	13.45
Rang E: Grúpa Cóimheasa	16	46.00	61.56	15.55

**Tábla 4: Staitisticí Tuairisciúla na C-thrialach de réir Rang-ghrúpaí**

Tagann na torthaí seo leis an méid a bhí ag Nic Eoin (2009) nuair a d’aithin sí gurbh í an mhóréagsúlacht caighdeáin i measc na mac léinn an dúshlán teagaisc ba mhó a bhain le teagasc na Gaeilge i gceann de na hinstiúidí oideachais ba mhó sa tír. Maidir leis na MFO atá ag bun agus ag barr an scála de réir thorthaí na C-thrialach, d’fhéadfaí a fhiosrú an féidir le teagascóirí freastal a dhéanamh ar éagsúlacht inniúlachta chomh fairsing seo i ngach aon rang-ghrúpa beag agus taobh istigh den teorainn chúng ama de 50 nóiméad sa tseachtain. D’fhéadfaí a fhiosrú chomh maith an éiríonn leis na MFO an dul chun cinn is fearr a d’fhéadfaidís a dhéanamh de réir a gcaighdeán féin nuair a bhíonn éagsúlacht cumais chomh follasach sin sna rang-ghrúpaí.

Tháinig sé chun solais sa réamhthriail ghramadaí ag Céim a hAon go raibh easnaimh mhóra in eolas gramadúil na mac léinn. Cé go raibh na mic léinn seo ar na foghlaimeoirí Gaeilge ab inniúla sa tír de réir thorthaí na hArdteistiméireachta, léiríodh go raibh easpa eolais acu ar rialacha coitianta gramadaí, agus in amanna go raibh an-mhíthuiscint bainte amach acu ar rialacha. Léiríodh go raibh laige shuntasach ag na MFO maidir le habairt a cheartú (Cuid B den triail ghramadaí) agus go háirithe maidir le riail a mhíniú (Cuid

Bii den triail ghramadaí), cumas a bheadh riachtanach don mhúinteoir bunscoile Gaeilge. Níor éirigh ach le 8% de na MFO ( $n = 6$ ) scór ní b'airde ná 50% a bhaint amach i gCuid Bii den triail ghramadaí ag Céim a hAon. Fuair 14.7% den sampla ( $n = 11$ ) scór de náid agus ba é an scór ab airde ná 10.5 marc as 16 ( $n = 1$ ).

### **Éifeachtacht na n-oideolaíochtaí thar réimse cumais**

Rinneadh rangú ar na MFO sa dá ghrúpa thurgnamhacha ina ghrúpa de mhic léinn ab airde gnóthachtáil agus de mhic léinn ab ísle gnóthachtáil de réir thorthaí na C-thrialach. Bhain tábhacht leis an imscrúdú seo d'fhonn éifeachtacht an dá chur chuige a mheas thar réimse cumais. Tháinig sé chun solais go ndearna na foghlaimeoirí sa bhanda ab ísle gnóthachtáil dul chun cinn ní ba mhó sa ghrúpa déaduchtach ach go ndearna foghlaimeoirí sa bhanda ab ísle agus ab airde gnóthachtáil araon dul chun cinn suntasach sa ghrúpa ionduchtach. D'fhéadfaí a mhaíomh, bunaithe ar na torthaí seo, go raibh an cur chuige ionduchtach éifeachtach thar réimse cumais sa staidéar seo.

### **Eolas fógrach agus eolas gnásúil na MFO**

Taispeánadh san anailís go raibh deighilt idir eolas gnásúil (Cuid Bi), agus eolas fógrach (Cuid Bii) na mac léinn ag gach céim den taighde. Cé gur éirigh leis na mic léinn dul chun cinn suntasach a dhéanamh i gCuid Bi agus i gCuid Bii den triail ag Céim a Dó agus ag Céim a Trí, bhí Cuid Bii den triail ghramadaí ar an gcuid ba dhúshlánaí den triail roimh an idirghabháil agus ina diaidh. Tagann an toradh seo le taighde eile ar eolas teangeolaíochta múinteoirí teanga (m.sh Andrews, 1999), a léirigh go gcothaíonn forbairt an eolais fhógraigh an-dúshlán d'fhoghlaimeoirí teanga.

### **An t-ainm briathartha**

Sonraíodh gur bhain dúshlán ar leith le struchtúr an ainm bhriathartha sa taighde seo. Cé gur tháinig ardú suntasach ar na scóir ar an ainm briathartha ó Chéim a hAon go Céim a Dó ba é an t-ainm briathartha an struchtúr ba laige ag an dá ghrúpa ag Céim a Trí. D'fhéadfaí a mhaíomh go trialach, bunaithe ar an torthaí seo, gur struchtúr casta é an t-ainm briathartha d'fhoghlaimeoirí Gaeilge. Dar le Della Putta (2016), baineann níos mó castachta le struchtúr gramadaí a éilíonn dífhoghlaim (*unlearning*) ón bhfoghlaimeoir. Is é is brí le dífhoghlaim ná nuair a bhíonn ar an bhfoghlaimeoir bac a chur ar ghíomhachtú uathoibríoch struchtúr na chéad teanga, leis an struchtúr a fhógairt go cruinn sa dara teanga, mar a tharlódh i gcás an ainm bhriathartha.

Tháinig torthaí na hanailíse ábhair sa staidéar seo le hanailísí eile a rinneadh ar earráidí scríofa sa Ghaeilge (Ó Baoill, 1981; Ó Domhnalláin & Ó Baoill, 1978; Ó Domhnalláin & Ó Baoill, 1979; Walsh, 2007). Tugtar le fios mar sin go bhfuil earráidí forleathana gramadaí i measc foghlaimeoirí Gaeilge agus nár mhór teacht rompu sa teagasc. Toisc go raibh greim an Bhéarla le sonrú go láidir ar Ghaeilge scríofa na mac léinn sa staidéar seo, eascraíonn moladh ón taighde gur fiú aird ar leith a chur ar struchtúir a éilíonn dífhoghlaim ó na foghlaimeoirí Gaeilge sna hinstitiúidí oideachais.

### **Forbairt na meititheanga**

D'éirigh leis na MFO sa ghrúpa ionduchtach agus sa ghrúpa déaduchtach araon dul chun cinn suntasach a dhéanamh i gCuid C den triail ghramadaí. D'fhéadfaí a léamh ar an toradh seo gur féidir, le cur chuige déaduchtach nó le cur chuige ionduchtach, forbairt a dhéanamh ar mheititheanga MFO, má chuirtear béim ar úsáid na meititheanga sa rang. Leis an mbéim nuálach ar fhorbairt na feasachta teanga i gCuraclam Teanga na Bunscoile (CNCM, 2015), beidh stóras meititheanga ag teastáil ó bhunmhúinteoirí le bheith in ann labhairt faoi struchtúir teangacha éagsúla leis na páistí. Tabharfar forbhreathnú anois ar thorthaí cáilíochtúla an staidéir.

### **Plé ar na Torthaí Cáilíochtúla**

Bhí na MFO sna grúpaí fócais ar aon intinn go raibh dul chun cinn suntasach déanta acu i bhforbairt an léireolais i rith an tionscadail taighde. Sonraíodh go raibh leibhéal ard inspreagtha ag na MFO, agus gur thuig siad an nasc idir eolas ábhair an mhúinteora agus foghlaim na bpáistí sa rang.

Má tá na rialacha mícheart ag an múinteoir beidh na rialacha mícheart ag na páistí agus níl sé sin féaráilte (MFO Ionduchtach).

Ní féidir leat a bheith i do mhúinteoir bunscoile agus ceacht Gaeilge a mhúineadh dosna na páistí agus na rialacha gramadaí gan a bheith ar eolas agat agus iad a chur suas mícheart tá tú ag déanamh rud mícheart dosna páistí (MFO Déaduchtach).



### **Tréimhse na printíseachta**

Tháinig sé chun solais sna grúpaí fócais go bhféadfadh an tréimhse a chaitheann na mic léinn san institiúid oideachais feidhmiú mar thréimhse phrintíseachta ar phost an mhúinteora (Lortie, 1975). Bhí MFO sa dá ghrúpa ar aon intinn go bhfeilfeadh an cur chuige céanna agus a bhí acu sna seimineáir Ghaeilge don seomra ranga bunscoile. Léirigh na MFO go léir sa ghrúpa ionduchtach an tuairim go mbeadh tuiscint agus cuimhne ní b'fhearr acu ar na rialacha de bharr an chur chuige ionduchtaigh. Nuair a iarradh ar na hionadaithe ón ngrúpa déaduchtach an bhféadfaidís smaoineamh ar aon bhealach eile leis na rialacha gramadaí a mhúineadh do na páistí, níor éirigh leo teacht ar rogha oideolaíochta eile.

Bhuel níl a fhios agam cén sórt tslí eile a bhféadfainnse é a dhéanamh (MFO Déaduchtach).

Ag eascairt ón toradh seo, ní mór d'oideoirí múinteoirí a bheith feasach go bhféadfadh tionchar a bheith ag pé oideolaíocht a chuirtear i bhfeidhm in oideachas múinteoirí ar chleachtas gairmiúil na MFO amach anseo. D'fhéadfaí a áitiú bunaithe ar na torthaí seo, go bhféadfadh leas sa bhreis a bheith ag an gcur chuige ionduchtach-follasach in oideachas múinteoirí i dtaobh múnú a dhéanamh ar oideolaíocht a bheadh feiliúnach don seomra ranga bunscoile. Thiocfadh cur chuige ar bhonn fiosraithe d'fhoghlaim na gramadaí in oideachas múinteoirí go mór le réasúnaíocht agus modheolaíocht Churaclam Teanga na Bunscoile (CNCM, 2015). Bhronnfadh cur chuige ionduchtach do theagasc an léireolais deis ar oideoirí múinteoirí díriú ar eolas ábhair agus cur chuige oideolaíoch ag an aon am amháin.

### **Nasc leis an seomra ranga**

Ba dhíol spéise é gurbh í an toisc ba mhó a spreag na MFO leis an ngramadach a fhoghlaim ná nuair a chonaic siad go raibh nasc sonrach déanta leis an seomra ranga bunscoile.

Ceapaim go bhfuil sé go maith go bhfuil muid ag déanamh Gaeilge don seomra ranga (MFO Déaduchtach).

Léirigh formhór iontrálacha na MFO sa ghrúpa ionduchtach sa dialann mhachnaimh faoin gceist 'Cad a cheap mé?' go raibh siad ag machnamh ar an méid a bhí foghlamtha acu agus ar thraschur an eolais go suíomh an tseomra ranga.

Níl a fhios agam faoi an riail seo riamh. Tá sé tábhachtach chun na páistí óga a fhoghlaim (Dialann mhachnaimh MFO ionduchtach).

Ag eascairt ón toradh seo, d'fhéadfaí a áitiú, gur chóir nasc sonrath a dhéanamh idir clár theagasc na Gaeilge in oideachas múinteoirí agus clár theagasc na Gaeilge sa seomra ranga bunscoile. Níor mhór béim ar leith a chur ar ardchaighdeán PCK a fhorbairt i measc na mac léinn.

### **Éifeachtacht na teicneolaíochta**

Tháinig éifeachtacht na teicneolaíochta mar áis teagaisc go mór chun cinn sa staidéar. Léirigh go leor de na MFO gur chuir an teicneolaíocht go mór le soiléireacht an ionchuir theanga. Thaitin sé leis na mic léinn na rialacha a chlárú go leictreonach agus aischothú rialta a fháil. Agus ualach oibre an-trom ar na MFO, mhínigh siad gur chabhraigh na cluichí leictreonacha leo dul siar gasta a dhéanamh ar na rialacha gramadaí. B'fhiú breis iniúchta a dhéanamh ar na féidearthachtaí a bhaineann le háis na teicneolaíochta i dteagasc na gramadaí ag an tríú leibhéal.

### **Meititheanga**

Mhínigh cuid de na MFO sna grúpaí fócais gur chabhraigh foghlaim na meititheanga leo rangú a dhéanamh ar rannóga éagsúla gramadaí ina n-intinn, agus gur chuir sé lena gcuid scileanna féinriartha foghlama.

Agus freisin like le [ainm an leabhair ghramadaí] caithfidh like an téarmaíocht a bheith agat leis an riail a lorg sa leabhar so like nuair a bhí mise ag féachaint suas rud i [ainm an leabhair ghramadaí] ní raibh clú agam cad a bhí mé á lorg mar ní raibh fhios agam an t-ainm ar an rud. (MFO Déaduchtach)

Léiríonn torthaí cainníochtúla agus cáilíochtúla an staidéir gur bhain éifeacht leis an dá chur chuige fhollasacha sa taighde seo. Féachfar anois ar chonclúidí agus ar mholtaí a eascraíonn ón staidéar. Tabharfar aird ar shrianta an taighde.

## Conclúid agus Moltaí

Eascraíonn moladh ón taighde seo gur chóir cur chuige follasach a chur i bhfeidhm i dteagasc an léireolais sna hinstitiúidí oideachais, agus gur chóir neart ama a thabhairt dó. B'fhiú do na hinstitiúidí oideachais machnamh a dhéanamh ar mheascán de chur chuige déaduchtach agus de chur chuige ionduchtach-follasach a chur i bhfeidhm. Anuas ar thorthaí foghlama ábhair amháin, d'fheadfadh leas sa bhreis a bheith ag an gcur chuige ionduchtach-follasach i dtaobh múnú a dhéanamh ar oideolaíocht a bheadh inmholta don seomra ranga bunscoile.

Agus machnamh á dhéanamh ag an taighdeoir ar thorthaí an taighde, eascraíonn moladh láidir ón staidéar gur chóir athbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí measúnachta agus amchlár sna hinstitiúidí oideachais. Léiríodh go raibh réimse leathan feidhmíochta i measc na mac léinn ag Céim a hAon maidir lena n-eolas gramadúil agus lena n-inniúlacht ghinearálta sa Ghaeilge. Faoi láthair agus réimse uirlisí measúnachta in úsáid ag na hinstitiúidí éagsúla, ní fheadfaí a bheith cinnte go bhfuil caighdeán sásúil Gaeilge sroichte ag MFO ar bhaint amach na céime dóibh. Ní dócha go mbeidh sé indéanta ag gach MFO ardchaighdeán a bhaint amach sa Ghaeilge sa chaoi go mbeidh sé ar a gcumas Gaeilge a úsáid mar theanga chumarsáide, Gaeilge a mhúineadh mar ábhar, agus ábhair eile a mhúineadh trí Ghaeilge (An Chomhairle Mhúinteoireachta, 2011: 11), mura gcuirtear leis an méid ama a thugtar don Ghaeilge ar amchlár an chúrsa BOid.

Ba dhíol spéise é gurbh í an toisc ba mhó a spreag na MFO leis an ngramadach a fhoghlaim ná nuair a mhothaigh siad go raibh nasc sonrach déanta leis an seomra ranga bunscoile. Eascraíonn moladh ón taighde gur chóir sainchúrsa gramadaí a dhearadh do MFO sna hinstitiúidí oideachais a rachadh i dtreo ardchaighdeán PCK a fhorbairt i measc múinteoirí Gaeilge. Níor mhór béim a chur ar: struchtúir Ghaeilge a bhíonn in úsáid go rialta sa seomra ranga bunscoile, fhorbairt an eolais fhógraigh, fhorbairt na meitheanga, agus ar struchtúr Gaeilge atá casta agus a éilíonn dífhoghlaim ón bhfoghlaim. B'fhiú deiseanna a thabhairt do na MFO tabhairt faoi thascanna anailíseacha teanga (m.sh, Hickey & Stenson, 2017) go n-aithneoidís na difríochtaí agus na cosúlachtaí idir struchtúr na Gaeilge agus struchtúr an Bhéarla. Bheadh cur chuige anailíseach teanga mar seo ag teacht le réasúnaíocht agus modheolaíocht Churaclam Teanga na Bunscoile (CNCM, 2015).

Ní mór a aithint gur bhain srianta leis an taighde seo, go háirithe i dtaobh cúrsaí ama agus líon na mac léinn a ghlac páirt ann. Níor mhór tabhairt faoi thionscadal taighde eile ina mbeadh níos mó ama ag dul don dá chur chuige follasacha le feiceáil an mbeadh torthaí níos suntasaí i dtreo chur chuige amháin thar an gcur chuige eile. Mar gheall go raibh an teagascóir céanna ag na grúpaí turgnamhacha sa staidéar seo b'fhiú an taighde a leathnú amach chuig ranganna agus teagascóirí eile.

Mar fhocal scoir, sonraíodh sa taighde seo gur mic léinn dhíograiseacha chumasacha iad na MFO a ghlac páirt ann. Tá sé léirithe ag an staidéar seo go bhfuil an inniúlacht ag MFO dul chun cinn suntasach a dhéanamh i bhfoghlaim na Gaeilge ach go dteastaíonn tacaíocht uathu ó thaobh ama, teagaisc, measúnaithe, acmhainní agus aiseolais rialta de. Tá tús phlé san ábhar taighde seo.

*(Is mór agam tacaíocht na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) a mhaoinigh an tionscadal taighde seo.)*

## **Aguisín A: An C-thriail: Treoracha agus Sampla**

### **Treoracha**

Cruthaítear *C-Test* nuair a bhaintear amach an dara leath de gach dara focal i bpíosa téacs. Má bhíonn uimhir corr de litreacha san fhocail, baintear amach an ‘leath’ is mó. Sa téacsanna thíos ní mór duit an chuid atá ar iarraidh a chur ar ais i.e. na litreacha cuí a líonadh isteach. Tabhair faoi deara go bhfágfar slán an chéad abairt agus an abairt dheireanach. Cabhróidh sé seo leat an scéal a thuiscint. Sa triail seo caithfidh tú cúig ghiota téacsanna a líonadh isteach. Bí cinnte go léann tú an téacs go léir uair nó dhó sula scríobhann tú aon rud. Beidh thart ar 25 nóiméad agat chun an obair go léir a dhéanamh. Féach ar dtús ar an sampla atá déanta cheana.

### **Sampla**

#### **Éire ag brath an-iomarca ar ghual**

Tá Éire ag brath an-iomarca ar bhreosla a thugtar isteach sa tír.

Deir an saineolaí fuinnimh, Duncan Stewart go bhfuil muid ag brath an-iomarca ar ola agus ar ghual.

Úsáideann Éire a dhá oiread ola agus gual le tíortha eile an Aontais Eorpaigh.

Deir Duncan Stewart go sábhálfaí airgead dá mbainfí úsáid as breoslaí inathnuaite cosúil leis an ngaoth agus bithmhais.

Dúirt sé go gcruthódh breoslaí inathnuaite poist in Éirinn.

*Breacadh, 2012*

## Leabharliosta

### Leabhair

- Andrews, S., (2007) *Teacher language awareness*. Cambridge: Cambridge University Press.
- Creswell, J. & Plano Clark, V.L., (2011) *Designing and conducting mixed methods research* (2ú heag.) Los Angeles: Sage Publications.
- Glaser, K., (2014) *Inductive or deductive? The impact of method of instruction on the acquisition of pragmatic competence in EFL*. Newcastle upon Tyne: Cambridge Scholars Publishing.
- Harris, J. & Ó Duibhir, P., (2011) *Múineadh éifeachtach teanga: Sintéis ar thaighde*. (Uimh. 13). Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.
- Hickey, T.M. & Stenson, N., (2017). *Exploring the literacy landscape*. Baile Átha Cliath: Cumann Litearthachta na hÉireann.
- Lortie, D.C., (1975) *School-teacher: A sociological study*. Chicago: University of Chicago Press.
- Ó Baoill, D., (1981) *Earráidí scríofa Gaeilge- cuid III, réamhfhocail agus comhréir*. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
- Ó Domhnalláin, T. & Ó Baoill, D., (1978) *Earráidí scríofa Gaeilge – cuid I, earráidí briathra*. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
- Ó Domhnalláin, T. & Ó Baoill, D., (1979) *Earráidí scríofa Gaeilge – cuid II, ainmfhocail, cáilitheoirí, forainmneacha, cónaisc agus míreanna*. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
- Vygotsky, L., (1978) *Mind in society*. Cambridge, MA: Harvard University Press.
- Walsh, C., (2007) *Cruinneas na Gaeilge scríofa sna hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge i mBaile Átha Cliath*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

## Ailt

- Andrews, S., (1999) “All these like little name things”: A comparative study of language teachers’ explicit knowledge of grammar and grammatical terminology.’ *Language Awareness*, 8(3). 143-59.
- Alderson, J.C. & Hudson, R., (2013) ‘The metalinguistic knowledge of undergraduate students of English language or linguistics.’ *Language Awareness*, 22(4), 320-37.
- Borg, S., (2003) ‘Teacher cognition in grammar teaching: A literature review.’ *Language Awareness*, 12(2). 96-108.
- Bowles, M.A., (2011) ‘Measuring implicit and explicit linguistic knowledge.’ *Studies in Second Language Acquisition*, 33(2). 247-271.
- Craik, F.I.M. & Lockhart, R.S., (1972) ‘Levels of processing: A frameworks for memory research.’ *Journal of Verbal Learning and Verbal Behaviour*, 11. 671-84.
- Darling-Hammond, L., (2000) ‘Teacher quality and student achievement: A review of state policy evidence.’ *Education Policy Analysis Archives*, 8 (1). 1-44.
- Darling-Hammond, L., (2016) ‘Research on teaching and teacher education and its influences on policy and practice.’ *Educational Researcher*, 45(2). 83-9.
- Ellis, R., (2005) ‘Measuring implicit and explicit knowledge of a second language: A psychometric study.’ *Studies in Second Language Acquisition*, 27(2). 141-72.
- Ellis, R., (2015) ‘Form-focused instruction and the measurement of implicit and explicit L2 knowledge.’ Rebuschat, P., (eag.) *Implicit and explicit learning of languages*. Amstardam/Philadelphia: John Benjamins Publishing Company. 417-41
- Erlam, R., Philp, J. & Elder, C., (2009) ‘Exploring the explicit knowledge of TESOL teacher trainees: Implications for focus on form in the classroom.’ Ellis, R., Loewen, S., Elder, C., Erlam, R., Philp, J. & Reinders H., (eag.) *Implicit and Explicit Knowledge in Second Language Learning, Testing and Teaching*. Bristol: Multilingual Matters. 216-36.

- Goo, J., Granena, G., Yilmaz, Y. & Novella, M., (2015) 'Implicit and explicit instruction in L2 learning.' Rebuschat, P., (eag.) *Implicit and explicit learning of languages*. Amstardam: John Benjamins Publishing Company. 443-82
- Harsch, C. & Hartig, J., (2015) 'Comparing C-tests and Yes/No vocabulary test as predictors of receptive language skills.' *Language Testing*. 1-21.
- Klein-Braley, C. & Raatz, U., (1984) 'A survey of research on the C-test.' *Language Testing*. 1(2), 134-46.
- Larsen-Freeman, D., (2015) 'Research into practice: Grammar learning and teaching.' *Language Teaching*. 48(2), 263-80.
- Loughran, J. & Russell, T., (2007) 'Beginning to understand teaching as a discipline.' *Studying Teacher Education*. 3 (2), 217-27.
- Nic Eoin, M., (2009) 'Teagasc na Gaeilge i gColáiste Phádraig, Droim Conrach.' Ní Fhrighil, R. & Nic Eoin, M., (eag.), *Ó Theagasc teanga go sealbhú teanga: Múineadh agus foghlaim na Gaeilge ar an tríú leibhéal*. Baile Átha Cliath: Cois Life. 6-13
- Norris, J.M. & Ortega, L., (2000) 'Effectiveness of L2 instruction: A research synthesis.' *Language Learning*. 50(3). 417-528.
- Ó Duibhir, P., Ní Dhiorbháin, A. & Cosgrove, J., (2016) 'An inductive approach to grammar teaching in Grade 5 & 6 Irish immersion classes.' *Journal of Immersion and Content-Based Language Education*. 4(1). 33-58.
- Schmidt, R. (2001) 'Attention.' P. Robinson, P., (eag.) *Cognition and second language instruction*. Cambridge: Cambridge University Press. 3-32.
- Shulman, L.S., (1986) 'Those Who Understand: Knowledge Growth in Teaching.' *Educational Researcher*. Iml. 15, Uimh. 2. (Feabhra). American Educational Research. 4-14.
- Shulman, L.S., (1986) 'Paradigms and research programs in the study of teaching.' In M.C. Wittrock, M.C., (eag.) *Handbook of research on teaching*. Nua-Eabhrac: MacMillan.

- Shulman, L.S., (1987) 'The wisdom of practice: Managing complexity in medicine and teaching.' Berliner, D.C. & Rosenshire, B.V. (eag.) *Talks to teachers: A festschrift for N.L. Gage*. Nua-Eabhrac: Random House.
- Shulman, L.S., (1987) 'Knowledge and teaching: Foundations of the new reform.' *Harvard Educational Review* (Feabhra). 1-22.
- Shulman, L.S., (1987) 'Assessment for teaching: An initiative for the profession.' *Phi Delta Kappan*. (Meán Fómhair) 39-44.
- Shulman, L.S., (1987) 'Sounding an alarm: A reply to Sockett.' *Harvard Educational Review*. (Samhain) 473-82.
- Swain, M., (2006) 'Languaging, agency and collaboration in advanced second language learning.' Byrnes, M., (eag.) *Advanced language learning: The contributions of Halliday and Vygotsky*. Londain: Continuum. 95-108.

## Foinsí Leictreonacha

- Comhairle Náisiúnta Curaclam agus Measúnachta CNCM., (2015) *Curaclam teanga na bunscoile*. Le fáil ag: <https://www.curriculumonline.ie/Primary/Curriculum-Areas/Language-New-Junior-infants-2nd-class?lang=ga-ie> (Léite: 29 Aibreán 2018).
- Della Putta, P., (2016) 'The effects of textual enhancement on the acquisition of two nonparallel grammatical features by Spanish-speaking learners of Italian.' *Studies in Second Language Acquisition*, 38(2). 217-38. Le fáil ag: <https://www.cambridge.org/core/journals/studies-in-second-language-acquisition/article/the-effects-of-textual-enhancement-on-the-acquisition-of-two-nonparallel-grammatical-features-by-spanish-speaking-learners-of-italian/F1D2520D9950B7CE173818A7B32D49F5> (Léite: 29 Aibreán 2018).
- Evens, M., Elen, J. & Depaepe, F., (2016) 'Pedagogical content knowledge in the context of foreign and second language teaching: A review of the research literature.' Le fáil ag: [http://www.ugr.es/~portalin/articulos/PL\\_numero26/ART14\\_Marie%20Evens.pdf](http://www.ugr.es/~portalin/articulos/PL_numero26/ART14_Marie%20Evens.pdf) (Léite: 29 Aibreán 2018).



Meitheal um Theagasc na Gaeilge ar an Tríú Léibhéal., (2008) *Siollabais nua Ghaeilge don chéad, don dara & don tríú bliain ollscoile*. Le fáil ag: <http://www.teagascnagaeilge.ie/> (Léite: 29 Aibreán 2018).

### **Tráchtais Neamhfhoilsithe**

Murtagh, L., (2003) *Retention and attrition of Irish as a second language*. (PhD neamhfhoilsithe). Ollscoil Groningen.





## **Na Gaeil agus Iriseoireacht na nGael san Airgintín ag deireadh na Naoú hAoise Déag agus ag tús na Fichiú hAoise**

*Dorothy Ní Uigín*

<https://doi.org/10.13025/vt50-mc46>

### **Réamhrá**

Chuaigh suas le 50,000 Éireannach go dtí an Airgintín sa tréimhse idir lár na naoú haoise déag agus an bhliain 1920. Luann Kelly (2009: 44) go raibh 36,800 duine a rugadh in Éirinn ag cur fúthu san Airgintín sa bhliain 1891. San alt seo pléitear roinnt de na foilseacháin a bhunaigh na hÉireannaigh seo ina dtír nua, go sonrach *The Standard*, *The Southern Cross* agus *Fianna*. Déantar beagán plé freisin ar thuairimí na nÉireannach san Airgintín i leith na Gaeilge agus i leith choincheap an náisiúin Éireannaigh – téamaí a bhí go mór i mbéal an phobail in Éirinn féin ag an am. Déanfar plé faoi leith ar William Bulfin, nó ‘Che Buono’ mar a thugtaí air, ar na deartháireacha Mulhall agus ar Patrick McManus, daoine a raibh baint thábhachtach acu le bunú agus le cur chun cinn an phreasa Éireannaigh-Airgintínigh sa tréimhse atá faoi chaibidil. Úsáidfear na foinsí iriseoireachta seo freisin le léargas a thabhairt ar mheon na nÉireannach i leith a dtíre nua agus ar cheisteanna féiniúlachta mar a bhain siad leo.

Gan eagrán ar bith de na páipéir thuas a cheadú, bheadh barúil mhaith ag taighdeoir nach n-aimseofaí mórán ábhar Gaeilge sna foilseacháin chéanna. Is cúrsaí deimeagrafacha is cúis leis seo: má bhreathnaítear ar na contaetha as ar tháinig na hÉireannaigh a chuaigh chun na hAirgintíne sa tréimhse seo, feictear nach contaetha láidre Gaeilge a bhí iontu. Luann Edmundo Murray ina leabhar *Becoming Irlandés: Private Narratives of the Irish Emigration to Argentina* (2006: 23):

*None of the source documents studied in my research include a single word in the Irish (Gaelic) language, with the logical exception of placenames in Ireland. Furthermore, there seems to be no semantic or syntactic influence that can be attributed to the Irish language. Hence the generous use of *alanna*, *begorra*, *garrahalya*, *musha* and other Irish terms uttered by characters and narrators in early 20<sup>th</sup> Century Irish-Argentine fiction and press articles would have been ideologically manipulated by the authors. In this respect, the linguistic strategy implemented by William Bulfin, the accomplished Nationalist writer who adhered to the idea of raising the Irish language to be the official language of Ireland, is remarkable... There were some native speakers of Irish among the emigrants to Argentina... it is likely that the relatively small emigrations from County Clare and west Cork included a higher proportion of native speakers of Irish.*

Tá cainteoirí Gaeilge seo an Chláir luaite ag McKenna (1992: 69) freisin, ach ní léir aon mhórhionchar ag grúpa chomh beag ar chúrsaí teanga san Airgintín.

Ba chostasáí i bhfad dul ar imirce go Meiriceá Thuaidh ná mar a bhí sé dul go Meiriceá Theas sa tréimhse seo agus ba dhaoine ní ba rachmasáí – agus Béarlóirí – iad tromlach na ndaoine a chuaigh as Éirinn chun na hAirgintíne dá bharr. Deir McKenna (1992: 71):

*The cost of a third-class ticket from Liverpool to Buenos Aires was £16. A similar ticket from Ireland to North America cost £4 pre-Famine and as little as £0.75 after the Famine. While there is general agreement among the sources that many of the migrants' fares were pre-paid in Buenos Aires by earlier migrants or potential employers, there is very little evidence of the mass privation that was experienced among the Famine migrants travelling to North America, with the exception of those migrants who actually arrived during the Famine years of 1845-9...*

Tá le tuiscint ó theideal an leabhair *Irish 'Ingleses': the Irish immigrant experience in Argentina, 1840-1920* (2009) le Helen Kelly, go raibh an Béarla ar cheann de na comharthaí aitheantais a bhí ag na hÉireannaigh san Airgintín, i súile mhuintir na hAirgintíne, agus ina súile féin freisin. D'aithin na hÉireannaigh a chuaigh chun na hAirgintíne iad féin mar Bhéarlóirí, agus, ar ndóigh, ba nasc nó ceangal ann féin eatarthu í an teanga sin. Deir Kelly (2009: xv–xvi):

*When examining Irish immigration in Argentina, all studies are confronted with the generic difficulty of distinguishing the Irish from the broader "Inglés" group... The adoption and application of the term "Inglés" by the Irish community was fundamental to its cultural and social development...*

Tá sé seo le sonrú sna foilseacháin a bhunaigh na hÉireannaigh sa tréimhse seo chomh maith: foilseacháin Bhéarla a bhí iontu; ní raibh an Ghaeilge – ná an Spáinnis, go deimhin – le fáil iontu sa tréimhse luath seo. Ach ní hionann sin agus a rá nach raibh blaiseadh den náisiúnachas Éireannach le fáil i roinnt acu, agus roinnt tagairtí don Ghaeilge freisin, go háirithe i mblianta deiridh na naoú haoise déag, in *The Southern Cross* agus in *Fianna* go sonrach.

Is fiú teideal leabhar Kelly a chur i gcomparáid le leabhar Edmundo Murray (a luadh thuas): *Becoming Irlandés: Private Narratives of the Irish Emigration to Argentina*. Pléann Murray ceist na féiniúlachta go mion; dar leis gur ‘Inglés’ a bhí sna hÉireannaigh a chuaigh chun na hAirgintíne i dtosach báire ach nuair a thosaigh cúrsaí náisiúnachais ag teacht chun cinn in Éirinn ag deireadh na naoú haoise déag agus ag tús na fichiú haoise, gur thug na hÉireannaigh droim láimhe leis an mBéarla agus gur iompaigh siad ar an Spáinnis. ‘Irlandés’ ab ea iad faoin tráth sin, dar leis, de shliocht na hÉireann ach ag cur fúthu san Airgintín.

### ***The Standard***

Bhunaigh na deartháireacha Mulhall *The Buenos Aires Standard* sa bhliain 1861; mhair an páipéar go dtí 1959. Tar éis sé mhí, d’athraigh an *Standard* ina nuachtán laethúil, rud a d’fhág gurbh é an chéad nuachtán laethúil Béarla i Meiriceá Theas é. Deir Thomas Murray faoi Michael Mulhall (1919: 210):

*Michael Mulhall was not what we would call today a good nationalist, but in his time he was quite a respectable one. He was a true O’Connellite, and therefore, deeply loyal to “our gracious Queen”, as he used to write. We would call him a shoneen now. . . That in time the Mulhalls turned the paper into an out and out English organ is not a thing that we should have any wonder for. . . Dependent on their own efforts, loyalists at heart, and ambitious to get on, they tended daily more and more to the side that gave them most support, till finally their paper came to be the recognised organ of the English community in Buenos Aires.*

Deir Murray faoi dheartháir Michael, Edward, gur ‘well-meaning, amiable man’ ab ea é, ‘but he never could get it into his head that Ireland should be anything but a part of the British Empire’ (1919: 327).

Léiríonn Mícheál de Barra (2009: 205) gur éirigh go maith leis an nuachtán ón tús, agus gur tharla amhlaidh

... ní hambáin i measc lucht labhartha an Bhéarla. Bhíodh *The Standard* á léamh ag cuid mhaith d’inimircigh na dtíortha éagsúla eile agus theastaigh ó na hAirgintínigh rachmasacha bheith eolach ar thíortha an Bhéarla a raibh caipiteal á infheistiú acu sa tír...

Luaitear baothghalántacht leis an bpáipéar seo go minic, agus is cinnte nár thaitin an bhaothghalántacht chéanna le lucht *The Southern Cross*, páipéar a tháinig ar an saol roinnt blianta i ndiaidh bhunú *The Standard*. In eagrán 16.10.1891 (4) den *Cross*, mar shampla, rinneadh ionsaí ar alt a bhí sa *Standard* an tseachtain roimhe sin den teideal ‘Finis Hiberniae’; scríobh ‘Che Buono’ (William Bulfin) aiste fhada ar *The Southern Cross* inar bhréagnaigh sé alt an *Standard*; dúirt sé:

*In a half column editorial The Standard on the 9<sup>th</sup> inst. wipes out, to its own satisfaction, the Irish nationality from this world. A most amazing feat!...Think of it, sirs. The editorship of a commercial daily here in the Antipodes trains a No. 10 hose charged with Stephens’ ink on to the flame of a nationality 2000 years old, and lo! A swirr and a phizzle! and then – darkness, annihilation! The nationality is extinguished; the hose is coiled up; the thing is done. It is called Finis Hiberniae...*

*Because Ireland loses a great patriot and statesman she collapses, she goes out of existence. In announcing this startling fact (?) The Standard does not strain itself in the least. Quite the contrary. It works off this sublime conception in half a column...*

*According to the Standard Ireland is now only a “geographical expression.” This is a discovery: at least it would seem so. Amongst the initiated, however, Ireland has always been a “geographical expression” but one possessing a most wonderful and illustrious significance...This “geographical expression” meant through long centuries the home of a people who were the teachers and the evangelists of Europe, and ah! Too, of a people who, in later times, were, on account of their unhappy destiny, the byword and wonder of European history.*

*...Yet it has now become, according to the Standard, a thing of the past. Why? Because Charles S. Parnell has died.*

*This is an idea begotten of what? – despair, ignorance, insufficient consideration. Be that as it may, it is a profound error. Parnell has passed away. Irish individuality has not passed away. The loss of Parnell is indeed a sad one... In his death Ireland sustained a terrible loss. She has, however, survived as terrible... To day she is face to face with the loss of Parnell. She will survive it. Parnell will have a successor...*

Luann Kelly freisin (2009: 172) faoi *The Standard*, go raibh ‘The general tone...decidedly imperialist...’, agus má bhreathnaítear ar chéadeagrán *The Standard* féin, maíonn na bunaitheoirí Michael agus Thomas Mulhall gur bunaíodh é

*...not as an emblem of a party or the watchword of rivalry, but as the bond of fellowship between the various members of our Anglo-Celtic race... We have all come from the British Isles and English, Irish, Scotch, and American acknowledge one mother tongue.*

Tá an tagairt seo don Bhéarla mar mháthairtheanga shuntasach agus is léiriú é seo ar mheon agus ar chineál throllach na n-inimirceach a chuaigh as Éirinn chun na hAirgintíne sa tréimhse luath imirce ó Éirinn chun na tíre sin.

## **Bunú *The Southern Cross***

Michael Dineen a bhunaigh an *Southern Cross: The champion of the Irish-Ireland movement in the Argentine*, le cúnamh ó Frank Mulhall (deartháir le Michael agus Edward) ar 16 Eanáir 1875, agus ba é an tAthair Patrick Dillon a bhí ina eagarthóir ar an bpáipéar ag an tús. Deirtear ar an bpáipéar féin:

*Perhaps one of the secrets of its success lies precisely in the fact that this periodical immediately assumed an entirely Argentine identity... another, in having held on throughout the years to a treasure common to both Irish and Argentine cultures, which is undoubtedly the Catholic faith. With such strong foundations, conscious of its mission, this monthly newspaper has defended and tried to spread these principles... Our newspaper covers current affairs as well as cultural and social matters and is the voice of the members of this community... highlighting local items of interest without disregarding significant events in the land of our forefathers and other parts of the world.*

*Hence, this is our duty as Catholics, as Argentines, and as heirs of the Irish culture.*

Tá blas seanfhaiseanta ar an sliocht seo, ach ní bhfuarthas an píosa seo ar chéadeagrán an *Southern Cross*, ná ar sheaneagrán ar bith, ach ar shuíomh reatha na hirise féin ([www.thesoutherncross.com.ar](http://www.thesoutherncross.com.ar)). Is é an méid a leanas a bhí le feiceáil ar chéadeagrán *The Southern Cross*, áit ar pléadh bunú agus aidhmeanna an pháipéir (16 Eanáir, 1875):

*The Argentine Republic has extended the Irish immigrant the warm hand of friendship... In no part of the world is the Irishman more respected and esteemed than in the province of Buenos Ayres; and in no part of the world, in the same space of time, have Irish settlers made such large fortunes. The Irish population in this Republic may be set down at 26,000 souls. They possess in this province 200 leagues of land... or 1,800 miles, or 1,500,000 acres. Almost all of this land is of the very best quality... We can safely say that the Irishmen in this province are worth... 5,000,000l.sterling...*

*... "The Southern Cross" will diligently and carefully watch over the interests of the Irish in the River Plate.*

*Until now the Irish, although wealthy and respectable, and intelligent, have had no organ of the press which they could call their own. We have endeavoured to supply this great want...*

*Many may wish to know our principles. We shall announce them briefly in the words of the present Lord Mayor of Dublin – "we are first Catholics, then Irishmen"...*

## Caitliceachas na nÉireannach-Airgintíneach agus *The Southern Cross*

Luann McKenna (1992: 77) gurbh iad na ceannaithe i dtosach a d'imir tionchar sóisialta ar na hÉireannaigh a chuaigh chun na hAirgintíne ar imirce ach faoi dheireadh na naoú haoise déag, bhain tábhacht mhór leis an eaglais Chaitliceach i gcás an tionchair shóisialta seo. Bhí an tAthair Anthony Fahey ar dhuine de na sagairt Éireannacha ba thábhachtaí in Buenos Aires sa tréimhse seo, agus rinne sé an-iarracht tacú leis an bpobal Éireannach san Airgintín – ag moladh dóibh Éireannaigh eile a phósadh, agus ag cuidiú leo obair a aimsiú ar a dteacht chun na hAirgintíne. (Féach Kelly (2009: 99-101) agus Murray, E. (2006: 19–20)).

Bhí blaiseadh an-láidir Caitliceach le sonrú ar eagráin uile *The Southern Cross*: faighimid sleachta as Tréadlitreacha na nEaspag Caitliceach in Éirinn go rialta agus i mí Feabhra 1875 (Iml.1, uimh. 6, 18.02.1875, 3), tá alt faoi 'The Archbishop of Tuam', John McHale, ina ndeirtear:

*... Let us remember that he has wrought and toiled for an entire half-century in the multifold offices of his high and arduous dignity; let us bear in mind that his episcopacy extends over the stormiest and saddest epoch in the later history of Ireland... John of Tuam survives, the last, and, with one exception, the greatest of that deathless band whose triumph began with Emancipation...*

Is íorónta an ní é nach luaitear an Ghaeilge anseo ar chor ar bith i bhfianaise a thábhachtaí is a bhí McHale i gcaomhnú agus i gcur chun cinn na Gaeilge in Éirinn féin.

Is fiú súil a chaitheamh ar an gcur síos ar cheiliúradh Lá Fhéile Pádraig a bhí ar *The Southern Cross* i 1875 (Iml.1, uimh. 11, 25.03.1875, 2):

*Mr. J.J. Barry, of the Southern Cross, rose and proposed the health of the Queen. Although Ireland suffered much from the bungling of an Imperial Parliament, although she passed long, sad years of fearful persecution, although the English Government was not what Irishmen wished it to be, yet in Ireland the name of Queen Victoria is respected and revered. She is remarkable for her domestic virtues, and for a kind and generous heart. Could she heal all the wounds of Ireland, could she remove the cause of discontent in Ireland, she would immediately do so. She loves her Irish subjects, but finds it difficult, for many reasons, to make that love practical...*

Tá an dearcadh seo ag teacht le dearcadh coimeádach thromlach na nÉireannach san Airgintín. Is mór, áfach, idir seo agus dearcadh Bulfin, mar a léiríodh é san alt a luadh thuas agus a foilsíodh ar *The Southern Cross* cúig bliana déag ní ba dheireanaí.



## Ceist na teanga agus *The Southern Cross*

Maíonn Kelly (2009: 175–6):

*...The Southern Cross transformed itself, over its first three decades, from being a non-controversial publication into representing the at times partisan and controversial interests of a distinct community... This shift in political consciousness, defined by what was now the pro-British Standard and the Irish-Argentine Southern Cross, coincided with the nationalist debate within Argentina. Under pressure from native nationalising forces and against the rising culture of linguistic concern, the Irish community began to emerge from its early “Inglés” submergence. In addressing the issue of language and the acquisition of Spanish, The Southern Cross was initially as measured as The Standard, both viewing the native vernacular in practical and rational terms. But by the late 1880s a subtle divergence began to appear...*

In *The Southern Cross* féin (10.11.1887: 4) dúradh:

*The language we speak is one of the chains, which binds us to the past, and a word expressed in our native language will often recall a bygone scene that might otherwise be buried in oblivion... The Italians teach their children Italian in the schools, and they grow up Italians in heart and soul... But the Irish learn English; and we know the consequences. The knowledge of Spanish should not lessen our attachment to Irish nationality. In fact it is doubtful whether the preservation of the English language among us tends to inspire a love for Ireland...*

Is léiriú é seo ar an athrú meoin i measc na nGael a pléadh ag tús an ailt seo agus a phléann Edmundo Murray go mion. Mar a mhíononn Kelly (2009: 177–8):

*Paradoxically, whereas Welsh ethnicity was reaffirmed through the preservation of the Welsh language, an assertion of Irish ethnicity could only be achieved through casting off the English vernacular and acquiring Spanish. In contrast to the Welsh, any assertion of a distinct Irish identity, separate from the “Inglés” group, was dependent upon a cultural and linguistic fusion with native Argentine forces... In relation to the Spanish language, it was not so much its acquisition that separated the Irish from the “Inglés” position, but rather the political symbolism that rejection of English represented.*

### William Bulfin ('Che Buono', 1863–1910)

Baineann tábhacht ar leith le William Bulfin ('Che Buono') i scéal na hiriseoireachta san Airgintín, agus is duine é a raibh aithne ag muintir na hÉireann air freisin le linn na hAthbheochana, de bharr go mbíodh sé ag scríobh ar fhoilseacháin Athbheochana in Éirinn féin sa tréimhse seo, i dtréimhseacháin de chuid Airt Uí Ghríofa go háirithe. Tá cáil ar Bulfin freisin as a leabhar *Rambles in Éirinn* (1907) agus as an aistriúchán a rinne Eoghan Ó Neachtain ní ba dheireanaí i 1936 air.

Rinne an Píarsach an moladh thíos faoi *The Southern Cross*: 'Níl in Éirinn páipéar a rinne an oiread ar son na Gaeilge agus a rinne an *Southern Star* (sic). Níl páipéar in Éirinn is féidir a chur i gcomórtas leis' (<https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=599>). Ba é an ráiteas seo a spreag suim sna nuachtáin a bhí ag na hÉireannaigh san Airgintín i gcás údar an ailt seo i dtosach agus faoin ábhar Gaeilge / faoin nGaeilge a d'fhéadfadh a bheith iontu. Ach, faoi mar atá léirithe thuas, ní raibh áit lárnach ag an nGaeilge, ná fiú ag imeachtaí Gaeilge, ná imeachtaí an Chonartha, ar *The Southern Cross*. Is tábhachtaí, b'fhéidir, ceangal Bulfin le hArt Ó Gríofa; deir Tom Garvin (1987: 113) faoin nGríofach:

*...Griffith...was scarcely typical of the separatists. He was not very taken by linguistic revivalism and certainly was sceptical about the idea of basing the new Ireland on rural society; he wanted an industrialized Ireland, built up behind tariff barriers...A common and perhaps accurate criticism of Griffith was that what he really wanted was not a resurgent Gaelic Ireland, but Sacsá nua darab' ainm Éire...or a Gaelic Manchester...*

Ní fhéadfaí a mhaíomh nach raibh suim ag Bulfin i gcúrsaí teanga, ach seans gur mhó a shuim i gcúrsaí geilleagair agus trádála le slánú agus le dul chun cinn na hÉireann agus na nÉireannach a dheimhniú.

Bhí Bulfin ar dhuine de na daoine a bhí i láthair nuair a bunaíodh craobh de Chonradh na Gaeilge in Buenos Aires sa bhliain 1899. John Curry, mac le hEoghan Ó Comhraí, a bhí ina chathaoirleach ar an gcraobh seo, agus Patrick McManus an chéad rúnaí a bhí ar an gcraobh. Bhí Patrick McManus pósta le deirfiúr bhean Bulfin, agus bhí baint aige siúd le foilseachán Éireannach eile – *Fianna* – a tháinig ar an bhfód in Buenos Aires i 1910, agus a phléitear thíos. Mar sin, bhí craobh den Chonradh in Buenos Aires ar an saol sé bliana i ndiaidh bhunú an Chonartha in Éirinn agus tá a fhios againn gur chuidigh craobh Buenos Aires go mór leis an bpríomheagraíocht i mBaile Átha Cliath. Deir Patrick Callan: '*the parent organization in Ireland benefited from regular contributions from Argentina during the first decade of the century*' (1982: 394).

Is i nDoirín an Locha in aice le Biorra, Co. Uíbh Fhailí, a rugadh William Bulfin; d'fhreastail sé ar 'Scoil Bhráithre na Toirbhirte i mBiorra ar an Acadamh Clasaiceach agus ar an gCairt-scoil Ríoga i mBeannchar... Chaith sé tamall freisin i Scoil Ghramadaí na Gaillimhe' (de Barra: 256). In eagrán comórtha de *The Southern Cross*, tá cur síos fada Spáinnise ar Bulfin.<sup>1</sup> Dúradh ansin gurbh é Bulfin a thug isteach an iománaíocht go

<sup>1</sup> Tá an t-údar buíoch den Dr Pilar Alderete-Díez as a cúnaimh leis an aistriúchán ón Spáinnis.

dtí an Airgintín<sup>2</sup>, agus dúradh gur bhronn an Pápa Pio X an *Cross Pro Ecclesia et Pontifice* air sa bhliain 1906 de bharr a chuid seirbhísí don eaglais Chaitliceach. Tá tábhacht leis an tagairt seo don Chaitliceachas, mar, faoi mar a luadh thuas, ba pháipéar Caitliceach amach is amach a bhí in *The Southern Cross*.

Deir an t-eagrán comórtha freisin go raibh Bulfin ina eagarthóir ar *The Southern Cross* idir 1896 agus 1906, cé go raibh sé ag obair mar chomheagarthóir ar an bpáipéar ar feadh ceithre bliana déag nó mar sin roimhe sin, in éineacht leis an Athair Patrick Dillon. Cheannaigh Bulfin féin an páipéar ina dhiaidh sin. Deir Thomas Murray gur ‘*under his control that the Southern Cross first began to show anything like sturdy Irish national spirit...*’ (1919: 297), agus dar le Kelly (2009: 162) go raibh:

*...political events in the homeland...inciting Irish nationalistic sentiment in Argentina, gradually reopening Old World divisions that the collective “Inglés” identity had been outwardly successful in camouflaging. By the late 1800s, the Irish community was faced with the acute dilemma of responding to nationalising forces within Argentina whilst sustaining its own distinct sense of nationalism. In either case this would not be easily achieved... Since the Irish were complicit in forming an “inglés” ethnic synthesis, the creation of an embryonic Irish-Argentine consciousness whereby Irish and native sensibilities were satisfied would entail a clear severance from the past “Inglés” ideal. Although feasible, this was complicated not only by the powerful forces of native Argentine nationalism, but also by the fragmented nature of the Irish community itself.*



**Figióir 1: Eagrán comórtha céad bliain de *The Southern Cross***

2 Deir de Barra (2009: 262) gur fhoilsigh Bulfin ‘rialacha na hiomána agus léaráidí pháirc na himeartha in *The Southern Cross*.’

Nuair a bhásaigh Bulfin scríobh ‘Sceilg’ (Seán Ó Ceallaigh) an méid seo faoi sa *Claidheamh Soluis*: ‘*The Gaelic League loses in him a great champion of their ideals and the Irish of Argentine their leader*’ (5 Feabhra 1910), ach ar leathanaigh *The Southern Cross* ba mhínic do Bulfin ag plé cúrsaí eacnamaíochta agus ag cur chun cinn fealsúnacht eacnamaíochta a bhí ag teacht le dearcadh Airt Uí Ghríofa ar chúrsaí geilleagair. Rinne sé bolscaireacht ar son Shinn Féin san Airgintín, agus tá tagairtí do ‘*Irish Ireland*’ (fealsúnacht a raibh baint ag Ó Gríofa leis agus a d’fhorbair D.P. Moran<sup>3</sup>) le feiceáil go rialta ina chuid scríbhinní. Deir Thomas Murray faoi (1919: 327):

*No-one else had ever united so many of our people under a really self-respecting, self-asserting, Irish-Argentine banner as he had. The guiding influence with him was that spirit which the Gaelic League had aroused, and which is clearly expressed, for those who are touched by that spirit, in the three words, **an Irish Ireland**...*

Phléigh Bulfin cúrsaí trádála agus tábhacht na marcanna trádála Éireannacha, agus chuir sé béim ar athbheochan agus ar fhorbairt na heacnamaíochta i bhforbairt na hÉireann trí chéile. Mar sin, cé gur féidir léargas éigin a fháil ar thuairimí Bulfin i leith na Gaeilge, ní léir aon bheachtú iomlán ar na tuairimí seo ar leathanaigh *The Southern Cross*. Bhásaigh Bulfin i nDoire an Locha den fhiabhras réamatach sa bhliain 1910.

## **Fianna**

Patrick McManus a bhunaigh *Fianna: An occasional review devoted to Irish Argentine interests* sa bhliain 1910 agus mhair sé go dtí 1917. Bhunaigh sé é de bharr gur chuir galldú na n-imirceach Éireannach san Airgintín isteach air, agus chuir sé go láidir ina choinne sin. Ní bhíodh aon Ghaeilge le fáil ar leathanaigh na hirise, áfach, cé gur chainteoir Gaeilge a bhí in McManus, ach phléití cúrsaí polaitíochta na hÉireann san iris go minic. Luann de Barra (2009: 283) go raibh McManus ‘ar dhuine de na baill ba dhíograisí de Chonradh na Gaeilge’ in Buenos Aires. Deir de Barra (284) faoi *Fianna*:

...iris a raibh thart ar 120 leathanach inti, a bhíodh an-cháinteach maidir le polasaithe rialtas na Breataine i leith na hÉireann...Pléadh inti freisin ceisteanna a bhí ag coipeadh le blianta roimhe sin faoi screab na measúlachta a bhí cruinnithe ag an bpobal Éireannach a bhí deighilte faoin am sin de réir aicme, saibhris agus polaitíochta...Bhí Mac Mánaís go mór i gcoinne galldú Gaeil Rio de la Plata. Bhí iarrachtaí ar bun ag

3 In léirmheas ar *Rambles in Eirinn* sa *Geographical Journal* a scríobhadh i 1931 – tugtar ‘*extreme Irish-Irelander*’ ar Bulfin (71) agus ‘*On political questions he employed an intelligent and fertile though prejudiced mind*’.

an am an Béarla a choinneáil mar theanga labhartha na coilíneachta Briotanaí i mBuenos Aires agus é a chur chun cinn an oiread agus ab fhéidir. Chuireadh sé isteach go mór ar dhaoine áirithe go raibh an dream óg ag impó ar an Spáinnis...

Dar le Laura Izarra (2004: 342) go raibh *Fianna* ‘vehemently anti-British’, agus déanann sí idirdhealú tábhachtach idir *The Southern Cross* agus *Fianna*: bhí iarrachtaí láidre á ndéanamh in *The Southern Cross* cuidiú le daoine socrú síos san Airgintín; bhí ailt ar an bhfoilseachán a chuir comhairle phraiticiúil ar fáil d’inimircigh chun na tíre. (Mar shampla, ar 4/12/1891 (6) feicimid alt faoi ‘How to keep ice in summer’ agus ceann eile faoi ‘The uses of salt’.) Feicimid go leor fógraí, nótaí breithe agus báis – an t-eolas tábhachtach a cheanglaíonn pobal le chéile. Ach in *Fianna*, tá ton an-náisiúnach le sonrú. Má bhí *The Standard* ní ba choimeádaí ná *The Southern Cross*, bhí an *Cross* féin ní ba choimeádaí ná *Fianna* is léir. Bhí fócas ní ba láidre in *Fianna* ar chúrsaí in Éirinn féin, agus bhí téama an náisiúnachais agus an neamhspleáchais le sonrú go láidir ar an bhfoilseachán – ar an bhfilíocht Bhéarla le ‘Ethna Carbery’ (Anna Johnston Mc Manus (1866-1902)) a foilsíodh air, mar shampla amháin.

Dar le Helen Meehan gur chuir McManus airgead ar fáil do scoil an Phiarsaigh i mBaile Átha Cliath – Scoil Éanna – agus don Choimisiún Béaloidis (1998: 53) freisin. Ní féidir, áfach, a mhaíomh go cinnte gur imir an foilseachán *Fianna* aon tionchar ar chúrsaí teanga ná ar chúrsaí náisiúnachais anseo ná san Airgintín.

## Conclúid

Níorbh ionann na himircigh Éireannacha a chuaigh go dtí an Airgintín agus iad siúd a chuaigh ar imirce go tíortha eile sa naoú haois déag – ba Bhéarlóirí iad a dtromlach, agus bhí go leor acu réasúnta maith as, agus d’éirigh go maith leo san Airgintín tríd is tríd. B’eisceachtaí ina measc iad leithéidí William Bulfin agus Patrick McManus a léirigh suim san Athbheochan agus a thacaigh leis an ngluaiseacht teanga – tríd an gConradh san Airgintín agus in Éirinn féin.

Bhí meon coimeádach Caitliceach le sonrú go láidir ar fhoilseacháin uile na nÉireannach san Airgintín. Bhí aicmeachas le sonrú orthu, agus ba léir go raibh na hÉireannaigh a chuaigh chun na hAirgintíne bródúil as an dul chun cinn a rinne siad ansin. Tá blas *bourgeois* ar roinnt den ábhar a foilsíodh i bpreas na nÉireannach san Airgintín, go háirithe in *The Standard*. D’fhéadfaí a mhaíomh, ar ndóigh, gur léiriú iad na foilseacháin ar an gcaidreamh défhiúsach a bhí ann idir an teanga agus an creideamh sa naoú haois déag ó aimsir Daniel O’Connell agus le linn na hAthbheochana féin.

Pléann Laura Izarra ‘*belonging*’ agus ‘*becoming*’ mar aidhmeanna na bhfoilseachán Éireannach *The Southern Cross* agus *Fianna*. Streachailt a bhí ann do na hÉireannaigh socrú síos san Airgintín – thug an ceangal leis na hÉireannaigh eile san Airgintín solás dóibh, ach maidir le roinnt acu, bhí sé ródheacair orthu breathnú siar; ba shocrú síos san Airgintín agus saol a dhéanamh dóibh féin ansin an fheidhm a bhí acu.

Deir Edmundo Murray (2006: 5–6):

*Emigrants were not Irish because they were born in Ireland. They had to undergo a process, both active and passive, which transformed them internally and gradually modified the type and intensity of the values that conformed their cultural reference. Irish emigrants became ingleses when they made the Transatlantic journey and arrived in Argentina...*

Ba ina dhiaidh sin a athraíodh ina nArgentinenses agus ina nGael-Airgintínigh iad. Sa lá atá inniu ann, áfach:

*...the Irish are very much integrated into Argentinian life. “We are no longer Irish, we are Argentines of Irish descent,” says Guillermo MacLoughlin, the Southern Cross’s 14<sup>th</sup> editor since it was established in 1875 (Geoghegan, 2016).*

## Leabharliosta

### Leabhair

Bulfin, W., (1907) *Rambles in Éirinn*. Baile Átha Cliath: Gill & Son.

de Barra, M., (2009) *Gaeil i dTír na nGauchos*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.

Garvin, T., (1987) *Nationalist Revolutionaries in Ireland: 1858–1928*. Oxford: Clarendon Press.

Glandon, V., (1985) *Arthur Griffith and the Advanced-Nationalist Press in Ireland, 1900–1922*. Nua-Eabhrac: Lang.

Kelly, H., (2009) *Irish ‘Ingleses’: the Irish immigrant experience in Argentina, 1840–1920*. Baile Átha Cliath: Irish Academic Press.

Murray, E., (2006) *Becoming Irlandés: Private Narratives of the Irish Emigration to Argentina (1844-1912)*. Buenos Aires: LOLA (Literature of Latin America).

Murray, T., (1919; 2011) *The Story of the Irish in Argentina*. Corcaigh: Cork University Press.

### Ailt

Callan, P., (1982) ‘*Rambles in Éirinn*, by William Bulfin.’ *Studies: An Irish Quarterly Review*. Iml. 71, Uimh. 284, Irish Province of the Society of Jesus. Geimhreadh. 391–8.

E.L., (1931) Léirmheas ar *Rambles in Eirinn*. *Geographical Journal*, Iml. 77, Uimh. 1, Eanáir, 71.

Geoghegan, P., (2016) ‘The Irish in Argentina: not just farmers and priests.’ *The Irish Times*, 31 Nollaig.

Geraghty, R., (2009) ‘Arthur Griffith and Patrick McManus.’ *Irish Migration Studies in Latin America*, Iml. 7, Uimh. 1. Le fáil ag: [www.irlandeses.org/0903geraghty.htm#6](http://www.irlandeses.org/0903geraghty.htm#6) (Léite: 2 Feabhra 2018).

- Izarra, L.P.Z., (2004) 'Locations and Identities in Irish Diasporic Narratives.' *Hungarian Journal of English and American Studies*. Iml. 10, Uimh. 1/2, *Irish Literature and Culture: Getting into Contact*. 341–52.
- McKenna, P., (1992) 'Irish Migration to Argentina.' O'Sullivan, P. (eag.) *Patterns of Migration*. Leicester: Leicester University Press. 63–83.
- McKenna, P., (2000) 'The formation of Hiberno-Argentine Society.' Marshall, O. (eag.) *English-Speaking Communities in Latin America*. Londain: Macmillan Press Ltd. 81–104.
- Meehen, H., (1998) 'The McManus Family of Rosssylongan.' *Donegal Association Yearbook*. Baile Átha Cliath. 52–3.
- Ní Uigín, D., (2000) 'Ionad na Gaeilge i dTréimhseacháin Airt Uí Ghríofa agus i dTréimhseacháin eile de chuid Shinn Féin idir 1900 agus 1922.' *Garm Lu*, 20–32.
- Ní Uigín, D., (2016) 'Irisí agus Colúin Réamh-Athbheochana: ó *Bolg an tSolair* go bunú *Irisleabhar na Gaedhilge*'. Walsh, J. & Ó Muircheartaigh, P. (eag). *Ag Siúl an Bhealaigh Mhóir: Aistí in ómós don Ollamh Nollaig Mac Congáil*. Baile Átha Cliath: *leabhairCOMHAR*, 269–90.
- O'Brien, S., (2018) 'Irish in Argentina: Not always a successful diaspora story.' *The Irish Times*, 5 Feabhra.

### **Tráchtas Neamhfhoilsithe**

- Uí Lorcáin, G., (2010) *Rambles in Eirinn: Aistriúchán Uí Neachtain ar an saothar sin; anailís ar an Aistriúchán*. Tráchtas MA. Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

### **Suíomhanna Idirlín**

[www.ainm.ie](http://www.ainm.ie)

[www.thesoutherncross.com.ar](http://www.thesoutherncross.com.ar)



## **Irisí**

*The Buenos Aires Standard* (1861-1959)

*The Southern Cross* (1875)

*Fianna* (1910-1917)





## ***Dhá dtrian den damhsa an chosúlacht*<sup>1</sup> - Súilfhéachaint ar an tSéimeantaic Chognaíoch i gCothú Tuisceana ar Chosúlachtaí agus ar Phatrúin Mheafaracha sa Ghaeilge**

*Áine Nic Niallais*

<https://doi.org/10.13025/nayd-gt78>

### **Réamhrá**

Is minic i **mbéal**<sup>2</sup> an bhig is an mhóir an tábhacht a bhaineann le ‘saibhriú teanga’ i gcomhthéacs theagasc agus fhoghlaim na Gaeilge, ní gá ach ‘saibhriú teanga’ a chur in inneall cuardaigh Google agus feicfear an líon ard cúrsaí agus foinsí eile teanga lena luaitear an téarma ‘saibhriú teanga’. Seachas leithéidí shárshaothar Uí Ruairc (1996), áfach, is annamh go leagtar **méar** ar bhealach daingean ar bith ar na patrúin éagsúla a bhaineann le nathanna coitianta sa Ghaeilge.<sup>3</sup>

Is i réimse na séimeantaice cognaíche a tugadh **aghaidh** ar an tábhacht a bhaineann le patrúin i gcúrsaí brí agus meafar i dteagasc agus i bhfoghlaim teangacha. Is mórphrionsabal de chuid na dteoiriceoirí sa réimse seo go mba thairbheach an cuidiú é d’fhoghlaimoirí teanga, agus do theagascóirí teanga fosta ar ndóigh, a thuiscint nach próiseas randamach atá i gceist le forbairt na meafar i dteanga ach próiseas a bhfuil patrún ar leith ag baint leis, mar a áitíonn Boers (2000: 563): *‘Applying metaphoric themes as categories provides a framework for lexical organization, and organized vocabulary is known to be easier to learn than random lists’*.

- 
- 1 *‘appearances’* an bhrí a luaitear le ‘cosúlacht’ sa nath seo i bhfoclóir Gaeilge-Béarla Uí Dhónaill (1977) ach *‘similarities’* an bhrí atá i gceist agamsa san alt seo.
  - 2 Tá úsáid á baint as nathanna atá bunaithe ar na baill choirp anseo sa chéad alt mar go mbaineann sé sin go dlúth le hábhar an ailt, mar a léireofar anseo thíos.
  - 3 Ba é seo ábhar thráchtas neamhfhóilsithe PhD an údair, féach Nic Niallais (2012).

Dá bhrí sin, tugtar súilfhéachaint<sup>4</sup> san alt seo ar an úsáid a thig a bhaint as teoiricí na séimeantaice cognaíche chun **cos** a chur as an obair i dtaca le mionscagadh a dhéanamh ar fhoclóir Uí Dhónaill<sup>5</sup> chun patrúin a bhaineann le nathanna meafaracha sa Ghaeilge a aimsiú. Déantar é seo le **súil** is go bhféadfaí **bonn** níos struchtúrtha a leagan faoi fhoghlaim shaibhreas na Gaeilge agus, dá réir sin, go gcuideofaí linn **craiceann** a chur ar an úsáid a bhainimid aisti mar theanga ó lá go lá.

Ainneoin go bhfuil an bhéim san alt áirithe seo ar leas a bhaint as teoiricí na séimeantaice cognaíche chun patrúin a aimsiú sa Ghaeilge agus a léiriú gur ann do phatrúin chomhchosúla i dteangacha eile mar gheall ar an dóigh a bhfeidhmíonn intinn an duine, amharcfar faoi na **fabhraí** ar dhifriochtaí atá idir teangacha fosta, rud a tharraingeoidh aird ar an ghá atá le tionchar an Bhéarla a sheachaint sa Ghaeilge.<sup>6</sup>

## Buneolas faoin tséimeantaic chognaíoch

Ba i dtús na n-ochtóidí san aois seo a chuaigh thart a cuireadh bonn láidir faoi ghluaiseacht na teangeolaíochta cognaíche nuair a tháinig saothair le glúin úr teoiriceoirí chun cinn (macasamhail Lakoff & Johnson (1980); Lindner (1983); Lakoff (1987), Brugman (1988); Lakoff & Turner (1989); Langacker (1987 & 1991) etc.) agus é mar aidhm sna saothair sin dul go grinneall i dtaca le tuiscint a chothú ar chúrsaí teanga bunaithe ar eolas a bhí ag teacht chun cinn ar an aigne agus ar an intinn i réimsí gaolmhara eile.

Roimhe sin, mar chuid den teangeolaíocht fhoirmiúil, maíodh go raibh an ghné sin den intinn a bhain le teanga ar deighilt ó chodanna eile den intinn<sup>7</sup> agus, mar sin de, nach raibh ceangal díreach idir teanga agus próisis chognaíocha eile de chuid na hintinne. Maítear, áfach, sa réimse sin den teangeolaíocht chognaíoch ina bpléitear go sonrach le cúrsaí brí, eadhon, an tséimeantaic chognaíoch, nach é amháin go bhfuil dlúthcheangal idir teanga agus córais chognaíocha eile na hintinne ach go bhfuil siad fite fuaite ina chéile nó gurb éard is teanga ann ‘*an integral facet of human cognition*’ (Langacker, 1991: 511). Dá thairbhe sin, áitíodh go gcaithfí é sin a chur san áireamh i scagadh ar bith a dhéanfaí ar mhúnlú bríonna focal agus, dá réir sin, ar an mheafar fosta (Lakoff & Johnson, 2003; 3-6; Fauconnier & Turner 2002: 15; Condon & Kelly 2002: 209; Evans & Green, 2006: 40-1).<sup>8</sup>

4 Tá fairsinge mhillteanach i gceist leis an ábhar seo idir theoiricí, shamplaí agus úsáidí a thiocfaí a bhaint as an ábhar. Faraor, de cheal spáis, ní dhéanfar ach bunghnéithe an ábhair a chur i láthair chun aird a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann leis.

5 Is cinnte go bhfuil go leor meafar á gcur in iúl i saothair filíochta, phróis etc. sa Ghaeilge ach díritear san obair seo ar na samplaí a dtugtar aitheantas i bhfoclóir Gaeilge-Béarla Uí Dhónaill (1977) dóibh.

6 Is cinnte go bhfuil ábhar ailt eile i gceist le tionchar an Bhéarla a chíoradh agus ní dheantar ach sracshúil a thabhairt san alt seo air.

7 Mar shampla, na codanna sin a bhaineann leis an réasúnaíocht, leis an chuimhne, le cumas an duine tátal a bhaint as rudaí etc. (Evans & Green, 2006: 41).

8 Féach *The Cambridge Handbook of Metaphor and Thought* (2008) le teacht ar thuilleadh eolais i dtaca leis an bhonn dhaingean, fhiseolaíoch atáthar ag cur faoin phlé seo ar phróisis chognaíocha an duine agus ar na meicníochtaí

Cíortar sa tséimeantaic chognaíoch an dóigh a bhfásann ilbhríonna focal, go háirithe bríonna meafaracha focal agus na patrúin a bhaineann leo, mar gheall ar an dóigh a ndéanann an duine catagóiriú ar rudaí comhchosúla san intinn bunaithe ar a eispéireas ina thimpeallacht fhisiceach.<sup>9</sup> Tabharfar míniú gairid ar na coincheapa tábhachtacha seo anseo thíos.

### **An catagóiriú**

Luaitear an ‘catagóiriú’ mar léiriú ar an dlúthghaol seo a áitítear a bheith ann idir teanga agus córais chognaíocha na hintinne. Is próiseas tábhachtach de chuid na hintinne é an catagóiriú a chuidíonn leis an duine rudaí a thuiscint trína rangú de réir na dtréithe comhchosúla agus na patrúin a bhaineann leo, mar a mhíníonn na síceolaithe Moran agus O’Connell sa tsaothar *Timeless Wisdom: What Irish Proverbs Tell Us About Ourselves* (2006) agus iad i mbun anailíse ar chuid de na patrúin a bhaineann le seanfhocail na Gaeilge:

*...the process of assigning things to mental categories or ‘concepts’ on the basis of apparently shared characteristics is one of the most powerful and enduring ways in which people make sense of their experience. This is true because the world has so many different people, objects and events that we would be overwhelmed cognitively if we had to treat each one of them as distinct or unique. Therefore, mental categories are essential tools in our quest to simplify our experience.*

Thug Mandler (1992: 587) le fios go gcuireann an páiste óg tús le rudaí nithiúla mórtimpeall air a chur i gcatagóirí bunaithe ar na cosúlachtaí a thuigtear dó a bheith eatarthu agus gur féidir leis an naíonán ord a chur ar eolas den chineál seo sa dara leath den chéad bhliain dá shaol. Mhaígh Mandler (1992: 587) go gcuideann catagóirí sin na hintinne leis an naíonán brí a bhaint as an tsaol agus nithe úra atá á bhfoghlaim gach uile lá aige a thuiscint agus a chur i gcomhthéacs.

### **Eispéireas an duine ina thimpeallacht fhisiceach**

Chun cuidiú leis an duine tréithe rudaí a idirdhealú, nó na ‘*correlated features*’ a luann Mandler (1992: 587) thuas a aimsiú, chun catagóirí ar leith a chruthú, áfach, baineann an duine leas as an eolas atá aige ar an dóigh a bhfeidhmíonn a cholainn féin sa ghnáthshaol laethúil ina maireann sé. Déanann an duine na naisc seo a chruthú bunaithe ar a thuiscint ó aois an-óg ar rudaí den chineál seo a leanas, cuir i gcás: an ghluaiseacht

---

coincheapúla a thagann astu.

9 Tá an-trácht san alt seo ar ‘an duine’ agus, mar sin de, baintear leas as na forainmneacha agus na forainmneacha réamhfhoclacha firinscneacha de bhri go bhfuil an focal féin ‘duine’ frinscneach sa Ghaeilge.

amach agus isteach i bhfoirgneamh agus i gcoimeádáin eile mar é; ar dhromchlaí áirithe a thugann tacaíocht don cholainn féin nó do rudaí nithiúla eile ina thimpeallacht; ar an tionchar a bhíonn ag an domhantarraingt ar an cholainn agus ar nithe eile mórthimpeall air.

Tá an smaoineamh seo ar cheann de bhunchlocha na séimeantaice cognaíche, go mbaineann an duine leas as an tuiscint atá aige ar an dóigh ina maireann sé ina thimpeallacht, chun gach aon ní eile ina shaol a chatagóiriú dá réir. Cé go bhféadfadh mar sin éagsúlachtaí a bheith i gceist idir an catagóiriú a dhéantar i dteangacha éagsúla ag brath ar an timpeallacht ina maireann an duine (i nduifair na hAmasaóine nó ar oileán amach ó Chósta na hÉireann, cuir i gcás), tá go leor i bpáirt acu chomh maith mar gheall air gur daoine a mhaireann sa domhan fhisiceach muid ar fad. Seo mar a chuir Johnson (1987: xix) síos ar an tábhacht a bhaineann le gnátheispéiris an duine sa tsaol laethúil i dtuiscint nithe a thagann chun cinn sa tsaol sin agus dá réir sin i múnú na brí:

*The centrality of human embodiment directly influences what and how things can be meaningful for us, the ways in which these meanings can be developed and articulated, the ways we are able to comprehend and reason about our experience, and the actions we take. Our reality is shaped by the patterns of our bodily movement, the contours of our spatial and temporal orientation, and the forms of our interaction with objects...human bodily movement, manipulation of objects, and perceptual interactions involve **recurring patterns**<sup>10</sup> without which our experience would be chaotic and incomprehensible.*

### **Cruthú an naisc idir eispéiris laethúla agus coincheapa teibí**

Áitíonn Lakoff (1987: 9), áfach, nach rudaí nithiúla amháin a aicmítear i gcatagóirí na hintinne, ach go mbaintear leas as an tuiscint atá againn ar na rudaí nithiúla chun coincheapa teibí, neamhchoinréiteacha, a chur i gcatagóirí fosta. Gach aon am a mbíonn coincheap nua éigin le samhlú ag an duine, úsáideann sé na buntuiscintí seo atá bunaithe ar na heispéiris fhisiceacha atá múnlaithcheana féin san intinn aige le himeacht a shaolré ó bhí sé ina naíonán, le brí a bhaint as an choincheap nua agus a chatagóiriú.

Tuigtear, mar shampla, sa Bhéarla agus i dteangacha eile go samhlaíonn an duine staidéanna intinne mar choimeadáin, nó ‘containers’ mar a thugtar sa Bhéarla orthu, de thairbhe go bhfuil roinnt de na tréithe céanna ag roinnt leo araon, eadhon, go mbítear i sáinn uaireanta nuair a bhítear i staid intinne ar leith agus gur deacair teacht ‘amach’ as an staid sin etc. De thairbhe na gcosúlachtaí sin, baintear leas as an fhocláíocht cheanann chéanna a mbainfí úsáid aisti i gcás coimeadán fisiceach leis an dóigh a mothaíonn an duine agus é i staid intinne ar leith a chur in iúl, mar a léirítear sna samplaí áirithe seo a leanas sa Bhéarla: *He’s **in** love, He **entered** a state of euphoria, He **fell into** a depression, He **finally emerged** from the catatonic state he had been*

10 Is leis an údar an bhéim.

*in since the end of finals week, etc.* (Lakoff & Johnson, 2003: 32) agus sa Ghaeilge fosta: *Tá sé i ngrá* (He is in love)<sup>11</sup>; *Tá mo chroí istigh ionat* (I love you to bits); *Tá sé in umar na haimléise* (He is in a miserable plight); *Lig sé amach a racht* (He gave vent to one's feelings); *Tiocfaidh tú as* (you'll get over it) etc.


Úsáidtear meicníocht an mheafair<sup>12</sup> chun nasc a chruthú idir na rudaí coinchréiteacha agus na rudaí teibí chun gur féidir a gcatagóiriú agus, dá réir sin, a dtuiscint, agus friotal a chur orthu (Lakoff 1987: xiv). Tabharfar míniú gairid ar mheicníocht an mheafair anseo thíos.

### An meafar coincheapúil

Foilsíodh *Metaphors We Live By* (2003) den chéad uair i 1980 agus tá an-trácht déanta air sa chorpas ollmhór litríochta atá ann ar an tséimeantaic chognaíoch agus ar chúrsaí meafair. Sa tsaothar iomráiteach seo, mhaígh Lakoff agus Johnson nach rud é an meafar a mbaintear úsáid as i gcúrsaí litríochta agus scríbhneoireachta amháin, mar a shamhlaítear go coitianta. D'áitigh siad go bhfuil an meafar de dhlúth agus d'inneach i ngnáthshaol laethúil an duine, ina chuid friotail, ina chuid smaointe agus ina chuid gníomhartha: '*...most people think they can get along perfectly well without metaphor. We have found, on the contrary, that metaphor is pervasive in everyday life...*' (Lakoff & Johnson, 2003: 3).

- 
- 11 Tugtar na leaganacha Béarla ar na nathanna Gaeilge san alt seo go díreach mar chuidiú don léitheoir sa scagadh seo ar na cosúlachtaí agus ar na difríochtaí idir an dá theanga. Mar shampla, tugtar le fios sa phlé seo ar an choimeádán fhisiceach go bhféadfadh an meafar céanna teacht chun cinn i dteangacha éagsúla ach, mar sin féin, tá sé tábhachtach go dtuigfí nach féidir na meafair áirithe sin a bhaineann le coimeádán fisiceach a aistriú díreach ó theanga amháin go teanga eile, mar shampla, níl an nath *Tá mo chroí istigh ionat* sa Bhéarla agus tá bealach iomlán difriúil leis an choincheap sin a chur in iúl, mar shampla, *I love you to bits*. Mar sin de, in ainneoin go bhféadfadh na meafair choincheapúla chéanna a bheith i dteangacha éagsúla, ní hionann mar a chuirtear in iúl sna teangacha éagsúla sin iad. Scríobh Kövecses (2010: 216): '*...two languages may share the same conceptual metaphor, but the metaphor is elaborated differently in the two languages*'.
- 12 Is ann do mheicníochtaí eile fosta, leithéidí na meatonaim, ach de cheal spáis, ní dhíreofar go sonrach ach ar mheicníocht an mheafair san alt áirithe seo. D'fhéadfadh sé go mbeadh an mheatonaim i gceist i gcuid de na samplaí a luaitear mar go bhfuil dlúthghaol idir próiseas na meatonaim agus próiseas an mheafair, mar a luann Yu in Gibbs (2008: 249): '*metonymy very often is the link between bodily experience and metaphor in the mapping process from concrete experience to abstract concepts*'.

Mar a thuigtear san abairt mheafarach *I'm at a crossroads in my life* (Kövecses, 2010: 3) sa Bhéarla, is léir go ndéantar nasc a chruthú le réimse<sup>13</sup> **coincréiteach, fisiceach** saoil chun réimse **teibí** a chur i bhfocal. Sa tséimeantaic chognaíoch, tugtar 'an bhunréimse'<sup>14</sup> ar an réimse choincréiteach, fhisiceach a úsáidtear chun tuiscint níos fearr a chothú ar réimse níos teibí ar a dtugtar an 'spriocréimse'<sup>15</sup>, mar a thaispeántar sa léaráid seo a leanas:



Léaráid 1: Sampla de nasc atá cruthaithe i dteangacha áirithe idir an bhunréimse TURAS BÓTHAIR agus an spriocréimse AN SAOL

## Na baill choirp mar bhunréimse i gcur in iúl choincheapa teibí an tsaoil

Luadh roimhe seo go mbaintear an-leas as an domhan fhisiceach mar bhunréimse chun coincheapa teibí an tsaoil a chur in iúl. I measc na mbunréimsí is coitianta sa Bhéarla<sup>16</sup>, luaitear corp an duine (*the heart of the problem, to shoulder a responsibility etc.*) (Kövecses, 2010: 18-22). Ní comhtharlúint ar bith é go bhféadfadh an corp a bheith ina mhór-bhunréimse i gcuid mhór teangacha ar domhan, mar a luann Ning Yu ina alt 'Metaphor from Body and Culture' (Gibbs, 2008: 250):

13 Is éard atá i gceist leis an téarma 'réimsí' nó 'conceptual domains' mar a thugtar sa Bhéarla orthu, mangarae de thaiscí eolais ina ndéantar eolas, smaointe agus eispéiris a bhfuil gaol acu le chéile a chatagóiriú san intinn. Mar shampla, baineann na focail uile a bhaineann leis an choincheap AM leis an aon réimse choincheapúil amháin ina ndéantar na focail agus na struchtúir uile a bhaineann le ham a stóráil (Evans, 2006: 14).

14 'Source domain' a thugtar sa Bhéarla air seo. Cuirfear na réimsí nó na 'domains' seo i gceannlitreacha ó seo amach san alt seo, mar shampla, TURAS BÓTHAIR, go díreach mar a rinneadh sna bunfhoinisí Béarla ar an ábhar seo.

15 'Target domain' a thugtar sa Bhéarla air seo. Cuirfear i gceannlitreacha ó seo amach san alt seo iad, mar shampla, AN SAOL, go díreach mar a rinneadh sna bunfhoinisí Béarla.

16 I measc na mbunréimsí coitianta eile a luaigh sé, bhí: sláinte agus tinneas (*a sick mind*); ainmhithe (*He is a brute*); plandaí (*the fruit of her labour*); foirgnimh agus tógáil (*He's in ruins financially*); innill agus uirlisí (*the machine of democracy*); cluichí agus spórt (*He's a heavyweight politician*); cócráil agus bia (*That's a watered-down idea*); airgead agus beartais airgid (*She invested a lot in the friendship*); teas agus fuacht (*in the heat of passion*); solas agus dorchadas (*a dark mood*); etc.



*...our body, with its experiences and functions is a potentially universal source domain for metaphorical mappings from bodily experiences onto more abstract and subjective domains. This is because humans, despite their racial or ethnical peculiarities, all have the same body structure, and all share many common bodily experiences and functions, which fundamentally define us as being human.*


Ní gá ach sracfhéachaint a thabhairt ar na hiontrálacha ar na baill choirp sa Ghaeilge i bhfoclóir Gaeilge-Béarla Uí Dhónaill chun an méid seo a dhearbhu. Tugtar smearléiriú anseo thíos ar na baill choirp mar bhunréimsí sa Ghaeilge agus an líon mór nathanna a fhásann as na bunbhríonna litriúla atá leo chun spriocréimsí, nó i bhfocail eile, bríonna gaolmhara meafaracha a chur in iúl.<sup>17</sup> Tháinig dhá mhórphatrún chun cinn i dtaca le húsáid na mball corp sa Ghaeilge: (1) baill choirp an duine mar shuímh fhisiceacha mar a léirítear i Léaráid a 2 thíos agus (2) baill choirp an duine i nathanna meafaracha eile mar a léirítear i Léaráid a 3.

---

17 Ní thugtar san alt seo ach roinnt samplaí den líon ollmhór nathanna atá bunaithe ar na baill choirp sa Ghaeilge.

<p><b>Aghaidh (face)</b></p> <p><b>Páirt den chorp atá chun tosaigh ar an duine</b></p> <p>Aghaidh an chnoic (front of)</p> <p>In aghaidh an chnoic (uphill)</p>	<p><b>Éadan (face &amp; forehead)</b></p> <p><b>Páirt den chorp atá chun tosaigh ar an duine</b></p> <p>Éadan cnoic (front, face of hill)</p>	<p><b>Ceann (head)</b></p> <p><b>a) Ball coirp atá ar uachtar an choirp</b> ceann staighre /leapa (top/head of)</p> <p><b>b) Ball coirp atá ar uachtar an choirp, agus, dá réir sin, ar imeall an choirp</b></p> <p>Ceann an bhóthair (terminal point of)</p> <p>Ó cheann ceann na tíre (from one end to another)</p>
<p><b>Fabhra (eyelash)</b></p> <p><b>Ball coirp atá suite ar imeallacha/bharr chaipíní na súl</b></p> <p>Ar fhabhra an chnoic (on brow/summit of hill)</p>		<p><b>Srón (nose)</b></p> <p><b>Ball coirp a a ghobann amach chun tosaigh ar aghaidh an duine</b></p> <p>Srón carraige (Projecting part of rock)</p>
<p><b>Gob (beak, bill, of mouth)</b></p> <p><b>Béal éin agus cruth géar air ach úsáidtear ar bhéal daoine fosta é</b></p> <p>Ar ghob na hoitreach (on tip of sandbank)</p>		<p><b>Ucht (chest, breast)</b></p> <p><b>Ball coirp atá chun tosaigh ar chabhail an duine</b></p> <p>Ar ucht an aird (on the slope/front of hillock)</p>
<p><b>Cliathán (flank, side)</b></p> <p><b>Taobh chorp an duine</b></p> <p>Ar chliathán cnoic, claí, bóthair (side of)</p>	<p><b>Lámh (hand, arm)</b></p> <p><b>Ball coirp atá nasctha ar thaobh chabhail an duine</b></p> <p>Siúl láimh le cuan (close by, beside)</p>	<p><b>Uillinn (elbow)</b></p> <p><b>Ball a choinníonn cnámha na lámhe uachtair agus na lámhe íochtair le chéile. Is minic cruth géar ar an lámh mar gheall ar an uillinn.</b></p> <p>Ar uillinn an bhóthair (sharp turn)</p>
<p><b>Tóin (backside, posterior)</b></p> <p><b>An ball coirp atá in íochtar chabhail an duine</b></p> <p>Tóin an locha / na farraige (bottom, bed of lake, sea)</p> <p>Tóin an gharraí (back-end of garden)</p>	<p><b>Alt (joint)</b></p> <p><b>Ball a choinníonn dhá chnámh le chéile. Aon áit a bhfuil alt sa chorp, ní bhíonn sé iomlán díreach ná mín.</b></p> <p>Tá alt sa bhóthar (a rise in the road)</p>	<p><b>Cos (leg, foot)</b></p> <p><b>Ball Coirp atá nasctha le bun / ar imeall chabhail an duine</b></p> <p>Cois cnoic (at foot of)</p> <p>Cois abhann (beside / along)</p>
<p><b>Cneas (skin)</b></p> <p><b>Ball coirp a chlúdaíonn an corp</b></p> <p>Le cneas (close to nó surface)</p>	<p><b>Droim (back)</b></p> <p><b>Ball coirp atá taobh thiar agus ar imeall chabhail an duine</b></p> <p>Ar dhroim an domhain (on (sur)face of)</p> <p>ar dhroim an chnoic (back of)</p>	
<p><b>Ladhar (Space between toes and fingers; toes)</b></p> <p><b>Ball coirp atá nasctha le bun na gcos ach an bhrí spás idir 2 mhéar agus 2 ladhar fosta leis</b></p> <p>Ladhar an bhóthair (fork of road)</p>		

Léaráid a 2: Baill choirp an duine mar shuímh fhisiceacha sa Ghaeilge

<p><b>SÚIL</b></p> <p><b>a)Ball coirp a úsáideann an duine chun feiceáil</b></p> <p>Chuir sé an scéal ar mo shúile dom (make aware of)</p> <p>Ná cuir do shúil thar do chuid (be greedy / expect too much)</p>	<p><b>CEANN</b></p> <p><b>Ball coirp atá ar uachtar/imeall an choirp</b></p> <p>Tá dul chun cinn maith déanta aige (good progress)</p> <p>I gceannas (headship, authority)</p> <p>Tá dhá cheann ar an scéal (two sides to the story)</p>	<p><b>CLUAS</b></p> <p><b>a)Ball coirp atá ar imeall an choirp ar an dá thaobh</b></p> <p>Tá cónaí air i gcluasa an bhaile mhóir (suburbs)</p> <p><b>b)Ball coirp a úsáideann an duine chun cloistéáil</b></p> <p>Lig thar do chluasa é (pay no attention)</p>
<p><b>AGHAIDH</b></p> <p><b>Ball coirp suite chun tosaigh ar an duine</b></p> <p>Thug sé aghaidh chomhrá orm (he turned to speak to me)</p>		<p><b>Éadan (face / forehead)</b></p> <p><b>Páirt den chorp atá chun tosaigh ar an duine</b></p> <p>Ní bheadh sé d'éadan orm (I wouldn't have the audacity)</p> <p>Chuaigh sé in éadan a chuid oibre (engage with)</p>
<p><b>FABHRA</b></p> <p><b>Ball coirp atá suite ar imeallacha chaipíní na súl</b></p> <p>D'fheach sé faoi na fabhraí orm (steal a glance at)</p> <p>Fabhraí an lae (peep of day)</p>		<p><b>Smior (marrow)</b></p> <p><b>Ball coirp atá laistigh den chnámh</b></p> <p>Tá sé sa smior aige (in his very nature)</p> <p>Dul go smior an scéil (to the heart of the matter)</p>
<p><b>BÉAL</b></p> <p><b>a) Ball coirp a úsáideann an duine le hithe</b></p> <p>Tá béal milis aige (a sweet tooth)</p> <p><b>b)Ball coirp a úsáideann an duine le labhairt</b></p> <p>Tá béal milis aige (he has a flattering tongue)</p> <p>Tá sé i mbéal an bhig is an mhóir (everyone is talking about it)</p>	<p><b>CROÍ</b></p> <p><b>Ball coirp atá suite laistigh i gceartlár chorp an duine</b></p> <p>Níl a fhios agam caidé atá ar a chroí (what he really thinks)</p> <p>Tá mo chroí istigh ionat (be utterly devoted to)</p>	<p><b>SRÓN</b></p> <p><b>Ball coirp a úsáideann an duine chun boladh a fháil</b></p> <p>Cuirfidh a shrón féin comhairle air (follow his instincts)</p> <p>Tabhair a shrón dó (let him pick his way)</p>
<p><b>LÁMH</b></p> <p><b>Ball coirp a úsáideann an duine chun greim a fháil ar rud fisiceach</b></p> <p>Rinne tú lámh mhaith air (handled it well)</p> <p>Rinne siad d'aon lámh é (made a concerted effort)</p>	<p><b>AE</b></p> <p><b>Ball coirp atá suite laistigh i gceartlár chorp an duine</b></p> <p>Bhí dúil na n-ae aige ann (passionate about)</p>	<p><b>COS</b></p> <p><b>a)Ball coirp a úsáideann an duine chun gluaiseacht</b></p> <p>Bhí cos thall is cos abhus aige (irresolute)</p> <p><b>b)Ball coirp a úsáideann an duine chun rud fisiceach a bhrú síos</b></p> <p>Cuireadh faoi chois iad (suppress)</p>
	<p><b>GLÚIN</b></p> <p><b>Ball coirp ar a suíonn páiste óg ar an tuismitheoir</b></p> <p>Ó ghlúin go glúin (from generation to generation)</p>	

Léaráid a 3: Baill choirp an duine i nathanna meafaracha eile Gaeilge

## Meafair Choincheapúla

Agus iad ag teacht le teoiricí na teangeolaíochta cognaíche, chuir Lakoff agus Johnson (2003: 7-9) in iúl nach próiseas iomlán randamach atá i gceist leis an dóigh a ndéantar nasc a chruthú idir réimsí éagsúla saoil san intinn. Mhaígh siad go bhfuil fianaise i dteangacha an domhain, san iliomad meafar a mbaintear leas astu, go bhfuil córas cognaíoch ar leith i gceist i dtaca leis na réimsí ar leith a shamhlaítear le chéile agus patrún na nathanna a thagann chun cinn dá bharr sin. Luaigh na húdair féin (2003: 9) gur ann do: ‘...a coherent system of metaphorical concepts and a corresponding coherent system of metaphorical expressions for those concepts’.

Tá flúirse nathanna cainte sa Bhéarla a léiríonn go mbaintear leas as an bhunréimse STRUGGLE chun tuiscint a chothú i dtaca leis an spriocréimse ARGUMENT, mar shampla: *Your claims are indefensible; He attacked every weak point in my argument; I demolished his argument* etc. (Lakoff & Johnson 2003: 4-5). Is ann sa ghnáth-theanga laethúil do raidhse samplaí den chineál seo meafair ar a dtugtar an ‘meafar coincheapúil’ (Lakoff & Johnson 2003: 4), leithéidí: STATES ARE CONTAINERS<sup>18</sup>, LIFE IS A JOURNEY; ARGUMENT IS A STRUGGLE a luadh go dtí seo san alt seo.<sup>19</sup>

Léiríonn na patrúin seo a thagann chun cinn i nathanna meafaracha teanga go bhfuil an gaol seo idir bunréimsí agus spriocréimsí áirithe réamhshocraithe i gcóras coincheapúil an duine agus go dtarraingíonn an duine arís agus arís eile ar bhealaí iomadúla, ilghnéitheacha<sup>20</sup>, as na naisc réamhshocraithe atá idir na réimsí sin le tuiscintí ar choincheapa teibí a chur in iúl. Mar sin de, ní hé amháin go dtugtar léargas ar na patrúin a bhaineann le teanga mheafarach sna samplaí iomadúla seo ach tugtar léargas fosta iontu ar an dóigh a bhfeidhmíonn intinn an duine agus ar an dóigh a ndéanann an duine machnamh ar choincheapa teibí an tsaoil.

## Meafair choincheapúla i dteangacha éagsúla agus sa Ghaeilge

Mar a cuireadh in iúl roimhe seo, díritear san anailís ar mheafair choincheapúla ar scagadh a dhéanamh ar chorpas mór fairsing nathanna i dteanga le teacht ar na patrúin ghinearálta a bhaineann leis na nathanna sin. Léiríodh i Léaráid a 2 agus a 3 gur féidir tabhairt faoi anailís den chineál seo sa Ghaeilge.

18 Is mar seo a scríobhtar na meafair choincheapúla i saothar Lakoff agus Johnson (2003) agus i saothair eile ar an ábhar seo: TARGET DOMAIN IS SOURCE DOMAIN, mar shampla: STATES ARE CONTAINERS.

19 Amharc anseo a leanas le teacht ar liosta cuimsitheach de mheafair choincheapúla a thiomsaigh Lakoff: <http://www.lang.osaka-u.ac.jp/~sugimoto/MasterMetaphorList/metaphors/>

20 Féach mar shampla an cur síos atá ag Lakoff agus Turner (1989) ar na bealaí úrnua ina ndéantar na córais seo a aclú agus a fhairsingiú i dteanga, i gcumadh na filíochta go háirithe. Maíonn siad: ‘Poets may compose or elaborate or express them [na meafair choincheapúla] in new ways, but they still use the same basic conceptual resources available to us all. If they did not, we would not understand them’ (Lakoff & Turner, 1989: 26).

Sna hanailísí ar na meafair choincheapúla ar tugadh fúthu i dteangacha éagsúla eile, tugadh faoi deara gur ann do chuid mhaith de na meafair chéanna i dteangacha neamhghaolmhara ar fud na cruinne. Mar shampla, is cosúil gur ann don mheafar THE ANGRY PERSON IS A PRESSURIZED CONTAINER sa Bhéarla, san Ungáiris, sa tSeapáinis, sa tSínis, sa tSúlúis (Kövecses 2010: 198-202) agus sa Spáinnis (Soriano 2003), cé go bhfuil miondifríochtaí le sonrú i dtaca leis an dóigh ar leith a gcuirtear an meafar sin in iúl sna teangacha ar leith sin (Kövecses 2000; Soriano 2003).

Is ann do thraidhfil samplaí ina dtugtar le fios gur ann don mheafar choincheapúil THE ANGRY PERSON IS A PRESSURIZED CONTAINER sa Ghaeilge, leithéidí na samplaí seo a leanas as foclóir Gaeilge-Béarla Uí Dhónaill: *Phléasc sé orm* (*he blazed out at me*); *Lig sé amach a chuid feirge orm* (*he vented his anger on me*); *brúchtadh feirge* (*outburst of anger*). Sa Ghaeilge fosta, samhlaítear AN FHEARG mar ní a gcaithfear a dhul i ngleic go fisiceach leis, mar a léirítear sna samplaí: *Lig dó a fhearg a chloí*; *Fuair an fhearg bua air*. Samplaí iad seo den mheafar choincheapúil ANGER IS AN OPPONENT IN A STRUGGLE atá sa Bhéarla fosta agus a thagann chun cinn i nathanna macasamhail: *He was battling his anger*; *You need to subdue your anger*; *I was seized by anger*; etc. (Lakoff, 1987: 391). Chomh maith leis na meafair seo uile atá i gcosúlacht ag an Bhéarla agus ag an Ghaeilge, tuigtear go bhfuil an meafar coincheapúil ANGER IS INSANITY (Lakoff, 1987: 390) sa Ghaeilge fosta mar a chuirtear in iúl sna nathanna *Tá sé ar buile*<sup>21</sup> / *Chuaigh sé le báin*<sup>22</sup> / *Tá sé sin á mhearú*<sup>23</sup> etc. agus den mheafar ANGER IS A BURDEN mar a léirítear i samplaí leithéidí *Chuir sé corraí air* / *Nuair a d'imigh an fhearg de*.

## Cosúlachtaí agus éagsúlachtaí i dteangacha an domhain

Maítear, dá bhrí sin, sa tséimeantaic chognaíoch go bhfuil cosúlachtaí idir na meafair a úsáidtear i dteangacha éagsúla an domhain as siocair gur rud é an meafar a thagann chun cinn go príomha mar gheall ar phróisis na hintinne. Dá ainneoin sin is uile, áfach, tuigtear go bhfuil tionchar fosta ag timpeallacht fhisiceach, stair, cultúr, struchtúr theanga dhúchais etc. an duine ar fhorbairt na teanga fosta, mar a mhíníonn Evans agus Green (2006: 101):

*According to cognitive linguists, language not only reflects conceptual structure, but can also give rise to conceptualisation. It appears that the ways in which different languages 'cut up' and 'label' the world can differentially influence non-linguistic thought and action.*

21 Luaitear na bríonna 'frenzy, madness' le 'buile' ar [www.dil.ie](http://www.dil.ie).

22 Luaitear na bríonna 'madness' leis an fhocal 'báinidhe' in Dinneen (1927: 71).

23 Luaitear an bhrí 'act of setting or going mad or astray' le 'mearughadh' in Dinneen (1927: 729).

Ar an ábhar sin, cé gur féidir a áitiú go bhfuil cosúlachtaí áirithe idir meafair choincheapúla an Bhéarla agus na Gaeilge, mar a léiríodh i gcás an AN FHEARG, ní hionann i gcónaí na meafair a thagann chun cinn sa dá theanga chun coincheap ar leith a chur i bhfriotal. Mar shampla, má thugtar spléachadh arís ar fhoclóir Gaeilge-Béarla Uí Dhónaill, chun teacht ar shamplaí de nathanna a úsáidtear leis an choincheap HAPPINESS / AN SONAS a chur in iúl sa Ghaeilge, tuigtear go bhfuil roinnt de na meafair chéanna sa dá theanga ach go bhfuil éagsúlachtaí le tabhairt faoi deara fosta, mar a fheictear sa bhosca seo a leanas:

<b>Meafair a úsáidtear le HAPPINESS a chur in iúl sa Bhéarla<sup>24</sup></b>	<b>Meafair a úsáidtear le SONAS a chur in iúl sa Ghaeilge<sup>25</sup></b>
<p><b>1. HAPPINESS IS UP</b> Mar shampla: We had to <i>cheer him up</i></p>	<p><b>AN SONAS MAR STAID IN UACHTAR NÓ MAR GHLUAISEACHT IN AIRDE</b> <i>Bíonn sé <b>thuas</b> seal, <b>thíos</b> seal</i> (to have one's ups and downs); <i>Tá sé <b>ar a sháimhín só</b></i> (he feels happy); <i>Tá sí <b>ar rothaí an tsaol</b></i> (he is on top of the world); <i>Tá siad <b>ar mhuin na muice</b></i> (you are on the pig's back); <i>Tá <b>tógáil croí ann</b></i> (it cheers the heart); <i>Tá <b>ardú</b> meanman ann</i> (it raises one's spirits); <i><b>D'ardaigh sé mo chroí</b></i> (it lifted my heart); <i><b>Thóg an scéala sin ár meanma agus ár misneach</b></i> (that news raised our spirits and courage).</p>
<p><b>2. HAPPINESS IS LIGHT</b> Mar shampla: When she heard the news she <i>lit up</i></p>	<p><b>AN SONAS MAR SHOLAS</b> <i>Tháinig <b>loinnir ina súile</b></i> (her eyes lit up); <i>Is mór <b>an ghrianaíocht</b> orainn é</i> (it brightens things up for us); <i><b>grianán</b></i> (person of a sunny disposition); <i>Is duine <b>gealgháireach í</b></i> (she is a cheerful person); <i><b>Gealann sé mo chroí</b></i> (it gladdens my heart); <i>Tháinig <b>gealán ar mo chroí</b></i> (my heart rejoiced); <i><b>Las a súile le háthas</b></i> (her eyes shone with joy). (A mhalairt sa mheafar AN DONAS MAR DHORCHADAS: <i>D'fhág bás a mhic croí <b>dubh</b> aige</i> (his son's death left him heavy-hearted); <i><b>Dhorchaigh a mheanma</b></i> (his spirits became dampened); <i><b>níl sé rógheal dúinn dá bharr</b></i> (he is not very pleased with us on account of it).)</p>
<p><b>3. HAPPINESS IS VITALITY</b> Mar shampla: That <i>put some life into</i> them</p>	<p><b>AN SONAS MAR BHEOCHT</b> <i>Ba <b>mheanmnach an duine í</b></i> (she was a spirited, cheerful person); <i>Tá <b>meanma mhaith aige</b></i> (he is in good spirits); <i>Ba <b>dhuine aigeanta í</b></i> (she was a spirited, cheerful person); <i>Nach <b>anamúil an duine í</b></i> (Isn't she a lively, spirited person); <i><b>Croí agus anam na cuideachta</b></i> (life and soul of the party).</p>
<p><b>4. HAPPINESS IS FLUID IN A CONTAINER</b> Mar shampla: The sight <i>filled</i> them with joy</p>	<p><b>AN SONAS MAR LEACHT I gCOIMEÁDÁN</b> <i>Tá sí <b>lán d'aigne</b></i> (she is full of life or high-spirited); <i>Tá sí <b>lán croí</b></i> (she is full of life); <i>Go <b>gcuire do chupán thar maoil le sláinte is le sonas</b></i> (May your cup overflow with health and happiness); <i><b>Bhí siad ag dul as a ggraicean le gliondar</b></i> (they were jumping out of their skin with delight).</p>

24 In Kövecses (2010: 107) a fuarthas an liosta seo de mheafair choincheapúla a úsáidtear sa Bhéarla chun HAPPINESS a chur in iúl.

25 Bunaithe ar shamplaí a bhí i bhfoclóir Gaeilge-Béarla Uí Dhónaill.

<p><b>5. HAPPINESS IS A RAPTURE</b> Mar shampla: It was a <i>delirious</i> feeling</p>	<p><b>AN SONAS MAR THÁMHNÉAL</b> <i>Bhí sí i dtrithí áthais nuair a chuala sí an dea-scéala</i> (she was delirious with joy when she heard the news); <i>Bhí sceitimíní uirthi nuair a chuala sí an scéala</i> (she was filled with rapturous excitement when she heard the news).</p>
<p><b>6. HAPPINESS IS INSANITY</b> Mar shampla: They were <i>crazy</i> with happiness</p>	<p><b>AN SONAS MAR MHEARADH INTINNE</b> <i>Bhí sé ar mire séin</i> (he was ecstatically happy). Níl an meafar seo coitianta, áfach. Thiocfaí fosta a áitiú go mbaineann an sampla áirithe seo ‘ar mire séin’ le HAPPINESS IS UP (an chéad sampla sa bhosca seo) mar go bhfuil an réamhfhocal ‘ar’ i gceist anseo a chuireann ‘airde’ in iúl, mar atá sa tsampla ‘ar rothaí an tsaoil’.</p>
<p><b>7. HAPPINESS IS A NATURAL FORCE</b> Mar shampla: We were <i>carried away</i> with happiness</p>	<p><b>AN SONAS MAR FHÓRSA NÁDÚRTHA</b> Níor tháinig mé ar aon sampla den mheafar seo sa Ghaeilge.</p>
<p><b>8. HAPPINESS IS AN OPPONENT</b> Mar shampla: She was <i>overcome</i> by joy</p>	<p><b>AN SONAS MAR CHÉILE COMHRAIC</b> <i>Ghabh lúth é</i> (he rejoiced). Níl an meafar seo coitianta, áfach. Tagraítear don bhrón mar chéile comhraic sa Ghaeilge, mar shampla, <i>Tá sí cloíte ag an bhrón</i> (he is conquered, worn out by sorrow).</p>
<p><b>9. HAPPINESS IS ON</b> Níor tháinig mé ar aon sampla den mheafar seo sa Bhéarla.</p>	<p><b>AN SONAS AR AN DUINE<sup>26</sup></b> <i>Chuir sé sin lúcháir / áthas / gliondar, ríméad orm</i> (it gladdened me / give me joy); <i>Tháinig aigne air</i> (he became cheerful); <i>Chuir sé gliondar/sciatháin ar mo chroí</i> (it made my heart glad).</p>

**Bosca a 1: Comparáid idir na meafair choincheapúla atá á n-úsáid sa Bhéarla agus iad siúd atá sa Ghaeilge chun coincheap an tsonais a chur i bhfocail**

Cé gurb ionann roinnt de na meafair choincheapúla a mbaintear leas sa Bhéarla agus sa Ghaeilge astu le coincheap an tsonais a chur in iúl<sup>27</sup>, mar a léirítear mar shampla i gcás HAPPINESS IS UP thuas, ní hionann go díreach na meafair choincheapúla sin uile sa dá theanga. D’fhéadfadh corrshampla Gaeilge de mheafar 6, 7 agus 8 thuas a bheith ar fáil i bhfoinsí eile seachas i bhfoclóir Uí Dhónaill ach is léir nach bhfuil siad coitianta, rud a léiríonn nach bhfuil na naisc idir na réimsí sin chomh láidir céanna sa Ghaeilge agus atá sa Bhéarla. Ní hann sa Bhéarla do mheafar a 9.

<sup>26</sup> Ar ndóigh, úsáidtear an réamhfhocal ‘ar’ chun mothúcháin eile a chur in iúl fosta sa Ghaeilge, mar shampla, *Tá immí, fearg, díomá etc. orm*.

<sup>27</sup> Is spéisiúil gurb iad na meafair áirithe seo atá i gcosúlacht ag an Bhéarla agus ag an Ghaeilge, eadhon, HAPPINESS IS UP, HAPPINESS IS LIGHT, agus HAPPINESS IS A FLUID IN A CONTAINER, a thagann chun cinn sna teangacha eile a ndearna Kövecses (2008: 53-54) anailís orthu, is iad sin, an tSínis agus an Ungáiris.



## Tionchar an Bhéarla

D'áitigh Kövecses (2008: 52) go bhféadfaí leas a bhaint as anailísí a dhéanfaí ar an éagsúlacht a bhaineann leis na meafair choincheapúla i dteangacha éagsúla chun léargas a fháil ar fheiniméin chasta, shoch-chultúrtha; leithéidí na mothúchán, na polaitíochta, an mhachnaimh, na moráltachta, agus mar sin de. I gcás na Gaeilge, áfach, atá ag teacht go mór faoi anáil an Bhéarla, d'fhéadfaí leas a bhaint as comparáidí den chineál seo thuas chun tionchar an Bhéarla a sheachaint sa Ghaeilge. Mar shampla, má ghlactar leis nach bhfuil meafar coincheapúil **HAPPINESS IS AN OPPONENT** coitianta sa Ghaeilge, thuigfí go mba cheart leaganacha a bhfuil an meafar sin i gceist iontu a sheachaint sa Ghaeilge.

Chomh maith le comparáidí díreacha idir an dá theanga mar atá á léiriú i mBosca a 1 thuas, is cinnte go bhféadfaí eolas ní b'fhéarr a chur go ginearálta ar na patrúin choitianta a bhaineann le nathanna sa Ghaeilge, mar a rinneadh san alt seo i gcás na mball corp i Léaráid a 2 agus 3. Chuideodh sé dua a chaitheamh leis na patrúin seo a theagasc agus a fhoghlaim chun nósanna den chineál seo a leanas a sheachaint:

Béarla	Aistriúchán díreach ón Bhéarla	Gaeilge (nathanna bunaithe ar bhail choirp)
<b>Don't look down with disdain on people.</b>	Ná bí ag amharc anuas ar dhaoine.	Ná bíodh do <b>shrón</b> san aer agat chuig daoine.
<b>It is right there under your nose.</b>	Tá sé ansin faoi do shrón.	Tá sé ansin os comhair do dhá <b>shúil</b> .
<b>He has no leg to stand on.</b>	Níl cos le seasamh aige uirthi.	Níl <b>bonn</b> ar bith lena chás / <b>tóin</b> gan taca atá aige.
<b>There are two sides to every story.</b>	Tá dhá thaobh ar gach aon scéal.	Tá dhá <b>cheann</b> ar gach aon scéal.

### Bosca a 2: Samplaí ina léirítear gur féidir tionchar an Bhéarla a sheachaint trí eolas a chur ar na nathanna ina n-úsáidtear na baill choirp sa Ghaeilge

Seachas go díreach foclóir Uí Dhónaill a sheiceáil, is deacair a dhearbhu go cinnte an aistriúchán ón Bhéarla atá i gceist le leithéidí *Níl cos le seasamh aige uirthi* mar go bhfuil an meafar soiléir sa Ghaeilge, go díreach mar atá sa Bhéarla. Tugann an chos tacaíocht don duine agus, ar an ábhar sin, níl an meafar ná an nath sin iomlán áiféiseach sa Ghaeilge. Is féidir, áfach, a dhearbhu gur aistriúchán díreach ón Bhéarla atá i gceist le *Ag tarraingt a choise a bhí sé* ar *He is pulling his leg* mar nach bhfuil an meafar soiléir anseo sa Bhéarla. Níl sé soiléir cad chuige a bhfuil nasc cothaithe san intinn sa chás seo idir 'cos a tharraingt' agus 'a bheith ag magadh faoi dhuine' agus, dá bhrí sin, is beag seans atá ann go dtarlódh sé go mbeadh an meafar doiléir céanna sa Ghaeilge. Bíonn an nasc soiléir de ghnáth idir an bunréimse agus an spriocréimse i gcás na meafar coincheapúil sin atá coitianta i dteangacha éagsúla.



## Focal Scoir

Baineadh leas san alt seo as teoiricí na séimeantaice cognaíche chun tuiscint a chothú ar fhás nathanna meafaracha i dteangacha. Míníodh mar a thagann na nathanna sin chun cinn sa ghnáth-theanga laethúil bunaithe ar thuiscint an duine ar chosúlachtaí idir nithe fisiciúla agus neamhfhisiciúla an tsaoil. Léirítear go mbíonn patrúin go minic ag baint leis na nathanna seo mar gheall ar na cosúlachtaí go léir a fheictear don duine a bheith idir réimsí éagsúla saoil.

Rinneadh iarracht a chur in iúl go bhfuil patrúin ag baint le nathanna meafaracha a úsáidtear go laethúil sa Ghaeilge, patrúin atá i dteangacha eile ar fud an domhain. Tugadh le fios gur féidir leas a bhaint as comparáidí den chineál seo chun an buanú agus an saibhriú teanga a éascú. Áitítear chomh maith go bhfuil leas le baint as anailísí den chineál seo chun na difríochtaí idir patrúin nathanna i dteangacha a thuiscint chomh maith chun an tionchar teanga a sheachaint, go háirithe tionchar an Bhéarla ar an Ghaeilge.

Cé gur nathanna meafaracha a bhí á scagadh anseo, díriodh go príomha ar na nathanna meafaracha sin a bhaineann leis an ghnáthchaint laethúil as siocair go bhfuil géarghá le teacht ar theicnící treisithe teanga i bhfoghlaim, i sealbhú agus i saibhriú na Gaeilge scríofa agus labhartha. Ní thugtar ach smeareolas i dtaca leis na meafair uile atá sa teanga anseo chun aird a tharraingt orthu ach is cinnte go bhféadfaí mionscagadh a dhéanamh ar an ábhar seo chun áis chuimsitheach, leictreonach a chur ar fáil ina gcuirfí an t-ábhar ar fáil don bheag agus don mhór ar bhealach físiúil, idirghníomhach, spleodrach, spreagúil.

*(Mo bhuíochas ó chroí leis an Ollamh Dónall Ó Baoill a spreag mo dhúspéis san ábhar seo.)*

## Leabharliosta

### Leabhair

- Brugman, C., (1988) *The Story of Over: Polysemy, Semantics, and the Structure of Lexicon*. Nua-Eabhrac & Londain: Garland Publishing, Inc.
- Dinneen, P., (1927) *Foclóir Gaedhilge agus Béarla*. Baile Átha Cliath: The Educational Company of Ireland, Ltd.
- Evans, V. & Green, M. (2006) *Cognitive Linguistics: an Introduction*. New Jersey & Londain: Lawrence Erlbaum Associates.
- Fauconnier, G. & Turner, M., (2002) *The Way We Think – Conceptual Blending and the Mind’s Hidden Complexities*. Nua-Eabhrac: Basic Books.
- Gibbs, R.W. jr., (ed.) (2008) *The Cambridge Handbook of Metaphor and Thought*. Nua-Eabhrac: Cambridge University Press.
- Johnson, M., (1987) *The Body in the Mind: The Bodily Basis of Meaning, Imagination, and Reason*. Chiacago & Londain: The University of Chicago Press.
- Kövecses, Z., (2010) *Metaphor – a Practical Introduction*. (2<sup>ú</sup> heag.) Nua-Eabhrac: Oxford University Press (1<sup>ú</sup> heag. 2002).
- Langacker, R.W., (1987) *Foundations of Cognitive Grammar: Volume 1 Theoretical Prerequisites*. Stanford, California: Stanford University Press.
- Langacker, R.W., (1991) *Foundations of Cognitive Grammar: Volume 2 Descriptive Applications*. Stanford, California: Stanford University Press.
- Lakoff, G. & Johnson, M., (2003) *Metaphors We Live By*. Revised Edition, Chicago & Londain: The University of Chicago Press (1<sup>ú</sup> eag. 1980).

Lakoff, G., (1987) *Women, Fire, and Dangerous Things – What Categories Reveal about the Mind*. Chicago & Londain: The University of Chicago Press.

Lakoff, G. & Turner, M., (1989) *More than Cool Reason – A Field Guide to Poetic Metaphor*. Chicago & Londain: The University of Chicago Press.

Moran, A. & O’Connell, M., (2006) *Timeless Wisdom: What Irish Proverbs Tell Us About Ourselves*. Baile Átha Cliath: University College Baile Átha Cliath Press.

Ó Dónaill, N., (eag.) (1977) *Foclóir Gaeilge-Béarla*. Baile Átha Cliath: An Gúm.

Ó Ruairc, M., (1996) *Dúchas na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta.

Whorf, B.L., (1956) *Language, Thought and Reality: Selected Writings by Benjamin Lee Whorf*, Carroll, J. (eag.), Cambridge, MA: MIT Press.

## **Ailt**

Boers, F., (2000) ‘Metaphor Awareness and Vocabulary Retention.’ *Applied Linguistics*. 21(4), 553-71.

Condon, N. & Kelly, P., (2002) ‘Does Cognitive Linguistics have anything to offer English language learners in their efforts to master phrasal verbs?’ *ITL Review of Applied Linguistics*. 137/138, 205-31.

Mandler, J. M., (1992) ‘How to Build a Baby: II. Conceptual Primitives.’ *Psychological Review*. 99(4) 587-604.

**Foinsí Leictreonacha**

Kövecses, Z., (2000) 'The Concept of Anger: Universal or Culture Specific?' *Psychopathology*. 33. 159-70.

Le fáil ag: <file:///C:/Users/0082071s/Downloads/anger1.pdf> (Léite 5 Márta 2018)

Kövecses, Z. (2008) 'Universality and Variation in the Use of Metaphor'. *Selected Papers from the*

*2006-2007 Stockholm Metaphor Festivals*. 51-74. Le fáil ag: [file:///C:/Users/0082071s/Desktop/](file:///C:/Users/0082071s/Desktop/Kovecses_Universality-and-Variation-in-the-Use-of-Metaphor.pdf)

[Kovecses\\_Universality-and-Variation-in-the-Use-of-Metaphor.pdf](file:///C:/Users/0082071s/Desktop/Kovecses_Universality-and-Variation-in-the-Use-of-Metaphor.pdf) (Léite 5 Márta 2018)

Soriano, C. (2003) 'Some Anger Metaphors in Spanish and English. A Contrastive Review'

*International Journal of English Studies*, 3(2). 107-22. Le fáil ag: <http://revistas.um.es/ijes/article/view/48381/46341> (Léite 5 Márta 2018)

[www.dil.ie](http://www.dil.ie)

[www.teanglann.ie](http://www.teanglann.ie)

**Tráchtais Neamhfhoilsithe**

Lindner, S.J., (1983) *A Lexico-Semantic Analysis of English Verb Particle Constructions with OUT and UP*.

Tráchtas neamhfhoilsithe, Indiana University.

Nic Niallais, Á., (2012) *Ag teacht isteach orthu: Gnéithe de Chomhréir agus de Shéimeantaic Bhriathra*

*Frásacha na Gaeilge*, Tráchtas neamhfhoilsithe, Béal Feirste, Ollscoil na Banríona.



## **Ranganna oíche ríomhaireachta don phobal: Foghlaim ar feadh an tSaoil d'aosaigh na Gaeltachta**

*Michael Bharry Ó Flatharta*

<https://doi.org/10.13025/vm1j-c154>

### **Réamhrá**

Tá dualgas ar ollscoileanna seirbhísí a chur ar fáil a bhfuil tionchar dearfach acu ar shaol na ndaoine. Le tríocha bliain tá údar an ailt seo ag cur ranganna oíche ríomhaireachta ar fáil ar fud Chonamara. I dtús aimsire ní raibh aon teastasú ná cáilíochtaí acadúla bronnta ar rannpháirtithe na ranganna oíche seo, ach le himeacht aimsire bronnadh an *European Computer Driving License* (ECDL) agus *Microsoft Office Specialist* (MOS) orthu. Ó 2010 ar aghaidh is mó daoine den aoisghrúpa 50+ atá ag clárú do na ranganna ríomhaireachta seo. San aimsir a caitheadh ba é an sainmhíniú a bhíodh ar dhaoine aosta ná ‘*any age after 50*’ (WHO, 2011). Theastaigh ón údar a chruthú go raibh tionchar dearfach ag na ranganna ríomhaireachta ar shaol na n-aosach sa phobal, gur chuidigh sé leo a bheith gníomhach sa phobal agus gur thug sé deis dóibh cur lena bhfoghlaim ar feadh a saoil. Chomh maith leis sin, ba mhaith leis an údar a chruthú go raibh an fhoghlaim sheachfhoirmiúil a chuir na ranganna oíche ríomhaireachta seo ar fáil chomh tábhachtach agus chomh luachmhar leis an bhfoghlaim fhoirmeálta a chuir an Ollscoil ar fáil go traidisiúnta. Aithnítear in Acht na nOllscoileanna 1997 an ról atá ann do na hollscoileanna foghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn trí oideachas leanúnach a sholáthar d'aosaigh in abhantrach na hollscoile.

San alt seo, déanfar an cheist a leanas a chíoradh: cén fáth a mbíonn suim ag daoine atá os cionn 50 bliain d'aois ranganna oíche ríomhaireachta a dhéanamh le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ar an gCeathrú Rua? Tabharfar sainmhíniú ar an bhfoghlaim fhoirmeálta, sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmeálta le léiriú nach gá go mbeadh creidiúintí acadúla nasctha leis an bhfoghlaim seo.

## An Fhoghlaim ar feadh an tSaoil

Céard go díreach atá i gceist leis an gcoincheap Foghlaim ar feadh an tSaoil? An bhfuil sé á úsáid mar dhordfhocal nó *buzzword* ag lucht léinn agus lucht déanta beartas? Dar le Boulton-Lewis (2010: 280) ‘*Lifelong learning has become a catchphrase in education*’. Tá ceangal idir foghlaim ar feadh an tsaoil agus na buntáistí atá ann don duine, don eacnamaíocht agus don tsochaí go ginearálta (Field, 2009: 5). Mhaígh Formosa (2014: 52) go raibh sé aitheanta go forleathan go raibh tionchar ag foghlaim ar feadh an tsaoil ar shláinte an aosaigh agus go nglactar leis mar bhuntáiste in ‘aosú rathúil’. Má choinníonn an duine an intinn beoga, creidtear go gcuireann sé seo lena shláinte agus go gcuideann sé lena chumas fisiceach agus lena stádas cognaíoch. Taispeánann torthaí an taighde atá déanta ar an ábhar go mbíonn tionchar dearfach ag an bhfoghlaim ar an sásamh a bhaineann duine as an saol (Feinstein *et al.*, 2008: 23). Is forbairt ar chumas an duine atá ann le tacaíocht leanúnach ó fhoinsí áirithe, a spreagann an duine chun an t-eolas, na luachanna agus na scileanna a fhoghlaim a theastaíonn uaidh le maireachtáil go sásúil i gcaitheamh a shaoil. Rachaidh na scileanna seo chun tairbhe dó i ngach réimse dá shaol:

*Lifelong learning is best understood as a process of individual learning and development across the life-span, from cradle to grave – from learning in early childhood to learning in retirement (OECD, 1996).*

Formhór an ama, bíonn lucht déanta beartas ag brath go mór ar théarmaí ar nós ‘Foghlaim ar feadh an tSaoil’ le daoine a mhealladh agus léiríonn taighde go dtéann na téarmaí i bhfeidhm ar dhaoine luath nó mall:

*Lifelong education has all the trappings of what might be termed a “good idea” – it is bedecked with hurrah words and emotive terms, liberally dispersed by its proponents, and this gives it an air of conceptual solidity, together with making it more readily popular (Matheson & Matheson, 1996: 230).*

Ba ag tús an 20ú haois a tosaíodh ag baint úsáide as an téarma Foghlaim ar feadh an tSaoil nó oideachas aosach, le bheith níos cruinne faoi, agus le himeacht ama úsáideadh leaganacha difriúla ar nós *lifelong education* agus *recurrent education*. Ba iad Eduard Lindeman, Meiriceánach a raibh an-suim aige san oideachas aosach a chur chun cinn, agus an Sasanach, Basil Yeaxlee, an chéad bheirt a chuir an smaoineamh faoin bhfoghlaim ar feadh an tsaoil os comhair an phobail. Chomh maith leis an tsuim a bhí aige san oideachas ar feadh an tsaoil, bhí an-suim ag Lindeman san fhorbairt pobail agus in obair ghrúpaí. Ina leabhar *The Meaning of Adult Education* (1926) léirigh sé gurbh oideachas é an saol agus theastaigh uaidh coincheap nua a thabhairt don oideachas agus imeacht ón dearcadh gur don óige amháin an t-oideachas, mar sin bhreathnaigh sé i dtreo an oideachais aosach. Theastaigh uaidh éalú ón dearcadh go raibh oideachas á chur ar dhaoine chun iad a réiteach don fhostaíocht, thosaigh an t-oideachas aosach nuair a chríochnaigh an t-oideachas gairmiúil:

*Adult education more accurately defined begins where vocational education leaves off. Its purpose is to put meaning into the whole of life.* (Lindeman, 1926: 7)

Chonaic Lindeman (1926) go mbeadh an t-oideachas aosach bunaithe ar na héilimh agus ar na hábhair suime a bheadh ag daoine seachas an t-oideachas traidisiúnta mar go raibh taithí saoil ag na daoine a bhí ag filleadh ar an oideachas. Sa gcás seo, bhí daoine ag iarraidh na rudaí a theastaigh uathu féin a fhoghlaim agus ní ábhair a bhí leagtha amach i gcuraclam ag daoine nó ag hinstitiúidí eile, ag cur an oideachais sheachfhoirmiúil chun cinn. I saothar Yeaxlee a foilsíodh i 1929 dar teideal *Lifelong Education* mhaígh sé gurbh í an fhís a bhí aige go mbreathnódh duine ar an taithí a fuair sé i rith a shaoil mar chuid dá chuid oideachais agus dá bharr sin gur turas ar feadh a shaoil a bheadh san oideachas. Mar thoradh ar an dul chun cinn a tháinig ar chúrsaí eacnamaíochta agus teicneolaíochta cuireadh fuinneamh nua faoi choincheap an oideachais fadsaoil sna seascaidí agus sna seachtóidí (Tight, 1996).

I 1972 d'fhoilsigh Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO) agus an polaiteoir Francach, Edgar Faure, an tuarascáil *Learning to Be* ina raibh siad ag iarraidh an t-oideachas agus an fhorbairt a tháinig ar an tsochaí a nascadh le chéile agus go mbeadh córas ann a bhí cothrom agus daonlathach:

*If learning involves all of one's life, in the sense of both time-span and diversity, and all of society, including its social and economic as well as its educational resources, then we must go even further than the necessary overhaul of "educational systems" until we reach the stage of a learning society.* (Faure et al., 1972: xxxiii)

Léirigh tuarascáil Faure (1972) na prionsabail go dtarlaíonn oideachas le linn shaol an duine agus go nglacfar leis gur oideachas foirmeálta agus neamhfhoirmeálta atá i gceist leis agus ionchur ag an bhfoghlaim féin san eispéireas. Theastaigh athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras oideachais chun é sin a bhaint amach. Mar sin, bhí suim ag na húdaráis athstruchtúrú a dhéanamh ar an gcóras oideachais agus go mbeadh na hinstitiúidí oideachais ag athrú i dtreo institiúidí 'foghlaim ar feadh an tsaoil' chun deis a thabhairt do dhaoine leanúint lena gcuid foghlama nuair a thioctadh deireadh lena gcuid oideachais fhoirmiúil. Ionas go mbeadh an t-oideachas in ann leanúint ar aghaidh mar fhoghlaim ar feadh an tsaoil, chaithfeadh sé a bheith ar fáil ar feadh shaol an duine, go mbeadh deis aige athnuachan agus uasghrádú a dhéanamh ar an eolas a bhí aige agus go mbeadh an t-aitheantas ar fáil don oideachas seachfhoirmiúil chomh maith leis an oideachas foirmeálta (Cropley, 2014: 25).

Mhéadaigh stádas na foghlama ar feadh an tsaoil i lár na nóchaidí. Tharraing taighde ón Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) i 1996, *Lifelong Learning for All*, aird ar an ról a bhí ag na hinstitiúidí oideachais tacú le daoine agus iad ag leanúint lena gcuid oideachais fad agus a mhair siad

agus d'fhógair an Comhphobal Eorpach gurbh é 1996 Bliain 'Foghlaim ar feadh an tSaoil'. Rinneadh é sin a cheiliúradh le tuarascáil eile, *Learning: The treasure within*, ón *International Commission on Education for the Twenty-first Century & Delors* (1996) nó Tuarascáil Delors mar is fearr aithne air (Elfert, 2015). D'athraigh an tuarascáil sin an téarma ó 'Oideachas Fadsaoil' a bhí in úsáid i dtuarascáil Faure go dtí 'Foghlaim ar feadh an tSaoil' nó *Learning throughout Life* i dtuarascáil Delors. Theastaigh ón dá thuarascáil seo go mbeadh comhionannas ag saoránaigh ar fud na cruinne, go mbeadh deis acu iad féin a fhorbairt agus a chur chun cinn agus go mbeadh smacht acu ar an treo ina raibh a saol ag dul. Theastaigh ó Delors a chruthú go raibh siad ag díriú i dtreo foghlaim a bheith ar fáil do chuile aois agus go mbeadh sé leanúnach – '*Learning is no longer limited to specific life periods and age groups, but needs to be seen as a 'continuum'*' (*International Commission on Education for the Twenty-first Century & Delors*, 1996: 100)). Bhí fíis ag tuarascáil Delors gur ar mhaithe leis an bpobal a bhí an t-oideachas agus gurbh é an ról ba thábhachtaí a bhí ag an oideachas ná saol pearsanta agus saol sóisialta an duine a fhorbairt. Tá tionchar fós ag tuarascáil Delors ar pholasaithe oideachais na rialtas náisiúnta agus ar an obair forbartha a dhéanann páirtithe ar nós UNESCO agus eagraíochtaí idirnáisiúnta eile. Ina dhiaidh sin, músclaíodh suim na n-institiúidí oideachais iad féin a athrú ó ionaid oideachais thraidisiúnta go hionaid a bhí ag cur oideachais ar feadh an tsaoil ar fáil:

*Since the publication of this report, there has been considerable interest in transforming educational establishments into institutions of lifelong learning aimed at creating individuals who are capable of learning not only during their time as students but, more importantly, being able to continue learning beyond their formal schooling environment throughout their lives. (Mwaikokesya, Osborne, & Houston, 2014: 22)*

Is beag cáipéis a thagann ón Eoraip nach ndéanann tagairt don fhoghlaim ar feadh an tsaoil. I bhfoilseachán ar nós *Memorandum on Lifelong Learning* (2000) agus *Making a European Area of Lifelong Learning a Reality* (2001) déanann Coimisiún na hEorpa cur síos ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil mar:

*all learning activities undertaken throughout life with the aim of improving knowledge, skills and competences within a personal, civic, social and/or employment related perspective (European Commission, 2001: 9)*

Tháinig rialtas na hÉireann ar bord in 2000 agus iad ag glacadh le foghlaim ar feadh an tsaoil mar pholasaí oideachais sa tír seo nuair a d'fhoilsigh siad an páipéar bán *Learning for Life: White Paper on Adult Education*. Thagair siad anseo go raibh an téama 'foghlaim ar feadh an tsaoil' sa tír thiar i 1984 le foilseachán *Report of the Commission on Adult Education*, ach nach raibh tionchar ar bith aige ar an gcóras oideachais anseo de bharr cúinsí eacnamaíochta ag an am. I bpáipéar bán na bliana 2000 thug an rialtas le fios go raibh siad tiomanta den fhoghlaim ar feadh an tsaoil fad a mhair an duine:



*The lifelong dimension of Adult and Community Education refers to its place within a continuum of education from the cradle to the grave. (An Roinn Oideachas agus Eolaíocht, 2000: 32)*

Thuig an rialtas chomh maith, an tábhacht a bhain leis an ionchur a bheadh ag eagraíochtaí eile, seachas na cinn oideachasúla, sa bpróiseas seo, ach go háirithe an pobal agus an baile:

*With regard to adult learning it encompasses the school or other conventional educational institutions, training centres, the home (particularly through I.T. or other forms of home-based learning), the community and the workplace. (An Roinn Oideachas agus Eolaíocht, 2000: 32)*

D'aithin Páipéar Bán 2000 go dtarlaíonn an fhoghlaim ar feadh an tsaoil thar thréimhse saoil an duine agus ní hamháin sna céad bhlianta agus é ar scoil. Thuig siad go dtarlaíonn an fhoghlaim ar go leor bealaí agus i dtimpeallachtaí difriúla agus go raibh nasc idir an tionscal agus seirbhísí pobail chomh maith le heagraíochtaí foirmeálta agus neamhfhoirmeálta. Theastódh comhoibriú ó na heagraíochtaí ar fad ionas go mbeadh toradh dearfach ar an bhfoghlaim. Chomh maith leis an oideachas tríú leibhéal agus an t-oideachas aosach thug an páipéar bán aitheantas don oideachas sa bpobal, an cineál oideachais a chuirtear ar fáil sna ranganna oíche ríomhaireachta trí mheán na Gaeilge a reáchtáiltear in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ar an gCeathrú Rua:

*With regard to Gaeltacht communities, the Government is concerned to ensure that Gaeltacht residents have the same opportunities as are open to English speakers to pursue their education and training ambitions in their own language. (An Roinn Oideachas agus Eolaíocht, 2000: 52)*

Tá infheistíocht mhór déanta ag an rialtas agus ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ionas go mbeidh oideachas tríú leibhéal á chur ar fáil as Gaeilge in ionaid éagsúla ar fud na nGaeltachtaí chomh maith le bheith ag teagasc ar champas na hOllscoile. Ní trí chúrsaí céime ná iarchéime amháin, sa modh foirmeálta a chuireann ollscoileanna oideachas ar fáil, mar go gcuirtear cúrsaí agus ranganna ar fáil d'eagraíochtaí áirithe ar nós: An Post, An Comhairle Contae, An Garda Síochána, Na Boird Oideachais, An Roinn Oideachais, chomh maith le cúrsaí i gcomhpháirt le Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin agus dianchúrsaí do dhaoine aonaracha. San áireamh freisin tá na ranganna oíche ríomhaireachta don phobal. Is féidir breathnú ar an oideachas sin mar oideachas seachfhoirmiúil:

*Lifelong learning comprises learning across all phases of life and includes the spectrum of formal, non-formal and informal learning. Hence, it is a process that can occur at any time or place and addresses both an individual's needs and those of the community (WHO, 2015).*

Tá daoine ag maireachtáil níos faide, dá bhrí sin, tá daonra an domhain ag dul in aois. De réir na staitisticí atá curtha ar fáil ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO, 2015b) is iad na haosaigh an t-aoisghrúpa is mó a bhfuil fás ag teacht orthu ar fud na cruinne. Ceaptar go mbeidh os cionn 2,000,000,000 duine os cionn 60 bliain d'aois ann faoin mbliain 2050, sin duine as gach ceathrar. Léiríonn figiúirí ó dhaonáireamh 2016, go raibh daonra de 4,761,865 in Éirinn (An Phríomh-Oifig Staidrimh) agus go raibh 1,446,926 acu sin 50 bliain nó os a chionn, sin 30% den daonra. Tá sé soiléir go bhfuil daonra na hÉireann ag maireachtáil níos faide. Is féidir a bheith ag súil go bhfuil saolré na bhfear anois ag 77 bliain agus saolré na mban ag 82 bliain, de réir an Phríomh-Oifig Staidrimh. Agus an rialtas anseo in Éirinn ag plé na haoise ina mbeidh daoine i dteideal a bpinsean - 70 bliain in 2022, beidh na daoine seo ag iarraidh scileanna nua a shealbhú agus oideachas a chur orthu féin, rud a thacaíonn le tuairim Dychtwald (1986), (luaite i Opalinski, 2001):

*Ken Dychtwald (1986) stated "It will become 'normal' for 50-year-olds to go back to school and for 70-year-olds to start new careers." (Opalinski, 2001: 208)*

## **An fhoghlaim fhoirmeálta, sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmeálta**

D'eascair trí chatagóir den chóras foghlama as tuarascáil Faure i 1972: oideachas foirmeálta, oideachas seachfhoirmiúil agus oideachas neamhfhoirmeálta.

Is oideachas foirmeálta é an córas oideachais a bhfuil na scoileanna agus na hollscoileanna ag plé leis den chuid is mó, ina mbíonn múinteoir agus mic léinn. Bíonn an t-oideachas seo lonnaithe in institiúidí, le struchtúr a thosaíonn ag an mbunscoil, ar aghaidh go dtí an mheánscoil agus suas go dtí leibhéal ollscoile. Bíonn sé dírithe ar fhéilire bliana atá leagtha amach ag an gcóras oideachais agus bíonn scrúduithe le déanamh agus baintear amach creidiúintí i bhfoirm teastas, céimeanna srl. Go hiondúil, bíonn siad eagraithe i bhfoirm cúrsaí, léachtaí, seimineár agus ceardlann. Is oideachas é atá bunaithe ar aois, céimnithe ón ngasúr go dtí an duine fásta agus atá dírithe i dtreo cáilíochtaí a bhaint amach agus an phríomhaidhm atá aige ná fostaíocht a fháil. Le blianta anois tá béim curtha ar an oideachas aosach agus tagann go leor mac léinn lánfhásta isteach sna hollscoileanna, ach de réir mar a théann daoine in aois ní bhíonn mórán foinn orthu dul isteach san oideachas foirmeálta mar nach n-airíonn siad go bhfuil cáilíochtaí ag teastáil uathu.

Tarlaíonn an fhoghlaim sheachfhoirmiúil taobh amuigh den oideachas foirmeálta. Ní gá go mbeadh aon chreidiúintí acadúla le fáil ag an mac léinn a chríochnaíonn an cúrsa ach fós féin baineann daoine sásamh as seo de bharr go bhfuil suim áirithe acu san ábhar agus go dtógann sé ar na scileanna pearsanta atá forbartha acu leis na blianta. Dar le Tígh (1996) tá an t-oideachas seachfhoirmiúil bunaithe ar an tábhacht atá leis an oideachas, an fhoghlaim agus an oiliúint a tharlaíonn taobh amuigh de na hinstiúidí aitheanta. Is féidir leis an bhfoghlaim sheachfhoirmiúil a bheith ar fáil san ionad oibre, ag grúpaí deonacha, agus bíonn sé ar fáil do ghasúir chomh maith le daoine fásta (Coombs & Ahmed, 1974: 8). Cheap Coombs agus Ahmed go raibh an t-oideachas foirmeálta bunaithe ar bhealach a raibh struchtúr ag baint leis, go raibh ciall leis na modúil chun cáilíocht a bhaint amach agus go raibh an t-oideachas seachfhoirmiúil déanta suas d'imeachtaí oideachasúla nach gá go mbeadh aon bhaint acu lena chéile. Mar sin tá an coincheap sa bhfoghlaim ar feadh an tsaoil go dtugtar níos mó airde ar an bhfoghlaim sheachfhoirmiúil leis na socruithe éagsúla ná mar a thugtar ar an oideachas foirmeálta a chuirtear ar fáil sna hinstiúidí traidisiúnta (Tuijnman & Boström, 2002: 102). Mar gheall go dtarlaíonn an fhoghlaim sheachfhoirmiúil taobh amuigh de scoileanna, de choláistí agus d'ollscoileanna, ní bhreathnaítear air mar fhíorfhoghlaim agus ní bhíonn aon luach sa margadh oibre ar na torthaí foghlama atá ag na hábhair atá ann agus mar sin níl an meas céanna ar an bhfoghlaim sheachfhoirmiúil (*Commission of the European Communities*, 2000). D'ainneoin sin, éiríonn leis an bhfoghlaim sheachfhoirmiúil aosaigh a mhealladh mar go dtugann sé an deis is fearr dóibh páirt a ghlacadh in imeachtaí don aosach, bualadh lena bpiaraí agus rudaí nua a fhoghlaim gan brú scrúduithe ná creidiúintí. Bíonn éileamh mór ar chúrsaí agus ar ranganna seachfhoirmiúla mar go mbíonn siad gearrthéarmach agus go ndéantar iad go deonach.

Tá an fhoghlaim neamhfhoirmiúil bunaithe ar an eolas a fhaigheann daoine ina saol go laethúil, taithí an tsaoil a fhaigheann siad ó rudaí a tharlaíonn sa mbaile, ar scoil, ag an obair nó agus daoine ag taisteal. Is féidir breathnú air mar seo – rud ar bith a dhéanann an duine gach lá; bíonn sé ag foghlaim uaidh, bíodh sé ag léamh, ag éisteacht leis an raidió nó ag féachaint ar an teilifís. Níl aon churaclam leagtha síos dó agus ní théann aon cháilíocht leis. Bíonn daoine ag foghlaim ó dhaoine eile, ní gá gur múinteoirí ná léachtóirí iad, bíonn siad ag foghlaim óna gcomhpháirtithe. Déanann Boulton-Lewis (2010) cur síos ar an tionchar a bhíonn ag an bhfoghlaim fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil ar dhaoine os cionn 50 bliain d'aois agus an sásamh a bhaineann siad as a saol. Teastaíonn uathu cleachtadh a thabhairt don inchinn agus tabhairt faoin dúshlán:

*Dench and Regan described the effects of formal and informal learning for older people (50 and over) as including enjoyment of life, self-confidence, feelings about self, satisfaction with life, coping ability, increased social involvement, and better health. The most important reasons older people gave for learning were to keep their brains active and to enjoy the challenge. The most common reasons given for not learning were lack of time and interest (Boulton-Lewis, 2010: 215).*

Deir Coimisiún na hEorpa (2006) go gcaithfear aitheantas a thabhairt don fhoghlaim sheachfhoirmiúil agus don fhoghlaim neamhfhoirmiúil má tá an Eoraip ag iarraidh a bheith aitheanta mar áit atá eolasbhunaithe, áit ina mbeidh an foghlaimeoir lárnach sa bpróiseas foghlama:

*Recognition and validation of non-formal and informal learning forms a cornerstone in the lifelong learning strategy. The learner should be at the centre of the learning process and the learning outcomes should be recognised and valued, regardless of where and how they are achieved (European Community, 2006: 10).*

## **An Ollscoil sa bPobal**

Tá Ollscoil na hÉireann, Gaillimh tiomanta d'ídéil na comhpháirtíochta agus do cheangal láidir a bheith aici leis na pobail atá in abhantrach na hollscoile. Tá dualgas ar Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge seirbhísí a chur ar fáil a bhfuil tionchar dearfach acu ar shaol na ndaoine i bpobail ar nós: An Cheathrú Rua, Carna, Gaoth Dobhair, ionaid atá lasmuigh de phríomhchampas Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Mar chuid den tseirbhís sin, cuirtear ranganna oíche ar fáil don phobal. Cuireadh tús leis an tseirbhís seo san Acadamh ar an gCeathrú Rua, nó Oifig na Gaeilge Labhartha mar a tugadh uirthi san am a caitheadh, i 1988. Is beag oíche i rith na seachtaine nach mbíodh ranganna á reáchtáil in Áras Mháirtín Uí Chadhain. Chomh maith le ranganna ríomhaireachta, bhíodh ranganna cócaireachta, ealaíne, lámhcheardaíochta, cníotála, fuála, cróiseála agus damhsa ar fáil go rialta ar an gCeathrú Rua. Ach ní ar an gCeathrú Rua amháin a chuirtear na ranganna ríomhaireachta ar siúl mar bhíodh na ranganna curtha ar fáil in ionaid éagsúla ar fud Ghaeltacht Chonamara, ionaid ar nós: Óstán Chuan Carna i gCarna (sular oscail Áras Shorcha Ní Ghuairim), an tIonad Pobail i gCill Chiaráin, an Halla Pobail i gCamus, an tIonad Pobail i gCorr na Móna, Seanscoil Shailearna agus Coláiste Lurgan in Indreabhán.

Chomh maith leis na ranganna oíche ríomhaireachta, bhíodh cúrsaí á reáchtáil i rith an lae, i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta agus le FÁS nó Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin mar atá orthu anois. Bhain na cúrsaí leis na réimsí seo a leanas: Cúntóirí Teanga, An Clár Fostaíochta Pobail, Scileanna Ríomhaireachta agus an Dioplóma sa Ghaeilge. Thug na cúrsaí seo deis don phobal filleadh ar an oideachas agus scileanna nua a shealbhú. Tugann na ranganna seo deis do mhuintir na háite léargas a fháil ar shaol na hOllscoile chomh maith le tuiscint a thabhairt dóibh go bhfuil an Ollscoil sásta seirbhís a chur ar fáil do gach uile aoisghrúpa.

Ar na seirbhísí eile a cuireadh ar fáil don phobal bhí seirbhísí riaracháin, aistriúcháin agus profála agus rl. Níl go leor de na seirbhísí sin ag teastáil ón bpobal a thuilleadh mar go bhfuil na scileanna atá de dhíth sealbhaithe ag na pobail anois trí mheán na ranganna a cuireadh ar fáil dóibh.

Léiríonn Tuarascáil Hunt (2011) an tábhacht a bhaineann leis an gcaidreamh atá idir institiúid ar nós Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus an pobal chun cothromaíocht a bheith ar fáil san ardoideachas.

## **An Teicneolaíocht agus an tAosach**

Ceann de na deacrachtaí is mó a bhíonn ag aosáigh nuair a thosaíonn siad ag dul i ngleic leis an teicneolaíocht ná nach raibh ríomhairí ar fáil dóibh nuair a bhí siad óg agus iad ag freastal ar scoil agus nach raibh rochtain ag formhór acu ar ríomhairí ina saol oibre. Taispeánann taighde go bhfuil tionchar dearfach ag teicneolaíocht na faisnéise agus teicneolaíochtaí cumarsáide ar chaighdeán saoil an duine aosta (Eastman & Iyer, 2004: 212) agus trí na huirlisí a chuireann sé ar fáil dóibh, mar ríomhphoist, an tIdirlíon, seomraí comhrá agus pléghrúpaí, modhanna cumarsáide mar cheamara gréasáin agus prótacal idirlín guthaithe chomh maith le cluichí ríomhaireachta. Bíonn suim acu freisin rudaí nua a fhoghlaim faoi airgead agus baincéireacht mar go mbíonn go leor de na seirbhísí sin ar fáil ar líne.

Tá an t-idirlíon ag athrú shaol an duine agus tá na haosaigh san áireamh ansin mar go gcruthaíonn sé domhan gan teorainn dóibh cé go gcuirtear íomhá dhiúltach amach ansin maidir leis an úsáid a bhaineann siad as (van Deursen & Helsper, 2015: 181). Tugann sé deis iontach dóibh leanúint ar aghaidh lena gcuid foghlama ar feadh an tsaoil agus léiríonn na staitisticí go bhfuil eolas ag aosáigh ar na rudaí éagsúla atá ar fáil dóibh ar an idirlíon. Úsáideann ceathrar as gach deichniúr acu an t-idirlíon le tuilleadh eolais a fháil faoi chúrsaí leighis (Kaiser Family Foundation, 2005). Ar an taobh eile den scéal tá na daoine nach mbaineann aon úsáid as an idirlíon. D'iarr ceathrar as gach deichniúr acu sin ar dhuine éigin eile rudaí a dhéanamh dóibh agus ba iad na fir ba mhó a bhí i gceist sna figiúirí sin (van Deursen & Helsper, 2015: 177). Tá contúirt ag baint leis sin dóibh mar go gcailleann siad a gcuid neamhspleáchais agus go dtugann sé deis do dhaoine eile buntáiste a imirt orthu. Mar sin, má tá ríomhaire acu sa mbaile tá buntáistí suntasacha ar fáil d'aosaigh a chuideodh leo agus iad ag dul in aois (Boulton-Lewis et al., 2007: 257). Caithfear deiseanna a thabhairt dóibh scileanna nua a fhoghlaim ionas go bhfaighidh siad an buntáiste is fearr as an trealamh ríomhaireachta atá acu:

*Provide older people with learning opportunities, notably in areas such as information and communication technologies (ICT), self-care and personal finance, empowering them to participate actively in society and to take charge of their own life (Council of the European Union (EPSCO), 2012: 10).*

Tá níos mó daoine óga ag dul ar imirce arís agus leis sin tá an chontúirt ann go mbeidh níos mó aosach fágtha leo féin agus d'fhéadfadh siad a bheith scoite ón bpobal, rud nach mbeadh go maith dá sláinte. Léirigh Xie (2007) go gcuideíonn an ríomhaire leo teacht as sin agus go mbaineann siad an-sásamh as a bheith ag

úsáid an idirlín mar go gcoinníonn siad i dteagmháil le cairde agus le clann chomh maith le bheith ag tabhairt caitheamh aimsire nua dóibh. Nuair a bhíonn siad ag foghlaim scileanna nua tagann feabhas ar fhéinmhuinín agus ar chuimhne. Bíonn na torthaí is fearr ar an bhfoghlaim seo le feiceáil nuair a bhíonn aosaigh ag fáil oiliúna ó dhaoine eile agus iad páirteach i ranganna ríomhaireachta:

*in the older population, much information and communication technology (ICT) learning typically takes place in face-to-face, group settings such as computer classes and/or computer clubs (Xie, 2007: 399).*

Deir Xie (2007: 396) go bhfuil an cruthúnas ann go gcuidíonn an caidreamh a bhíonn ag aosaigh le daoine eile lena sláinte le linn dóibh a bheith ag déanamh ranganna ríomhaireachta. Bhí neart misnigh acu déileáil le nithe a bhain le sláinte, slándáil, taisteal agus caitheamh aimsire ach theastaigh cúnamh uathu smacht a fháil ar chúrsaí teicneolaíochta. Dúirt Boulton-Lewis et al. (2006: 280) agus daoine ar an turas foghlama ar feadh an tsaoil, go mbeidh orthu ag am éigin úsáid a bhaint as cúrsaí teicneolaíochta, go háirithe ríomhairí agus an t-idirlíon, ach tá aosaigh ann nach bhfuil aon chleachtadh acu ar na rudaí seo agus caithfidh siad na bunscileanna sin a fhoghlaim, fiú mura bhfuil siad ag iarraidh na scileanna sin a shealbhú (Boulton-Lewis et al., 2006). Tá sé seo an-riachtanach anois mar go bhfuil go leor seirbhísí poiblí ag úsáid na teicneolaíochta le heolas tábhachtach a chur ar fáil don phobal ach go bhfuil an t-eolas seo ar fáil ar líne:

*More and more elderly people are getting involved in information technology, which shows that it is possible to learn at any age and that their will to continue learning means that education is not limited to specific stages of life. To learn is to live, and learning fosters creativity, increases self-esteem, exercises the mind (Agudo et al., 2012: 197).*


De réir figiúirí ón bPríomh-Oifig Staidrimh in 2016, bhí 365,000 aosach in Éirinn nach raibh ag baint aon úsáid as an idirlíon. Is féidir an meon sin a athrú má mhúintear na scileanna cuí do na daoine aosta agus suim a mhúscailt iontu sna buntáistí atá i ndán dóibh agus iad ar líne. Nuair atá na scileanna acu bíonn fonn orthu iad a thabhairt isteach sna himeachtaí laethúla a bhíonn acu:

*70% of people aged 65 or over who had started using the internet stated that they typically use it every day (Zickuhr & Madden, 2012: 5).*

Is féidir cuid de na deacrachtaí seo a shárú trí ócáidí eolais agus ranganna a chur ar fáil dóibh agus iad a chur ag úsáid na seirbhísí éagsúla le cabhair ón a gclann agus óna gcairde sa bpobal.


## Na Rannpháirtithe

Rinne 45 duine a bhí os cionn 50 bliain d’aois ranganna oíche ríomhaireachta le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge le deich mbliana anuas. Taispeánann na haoiseanna a bhí ag na mic léinn go raibh 18 (40%) acu san aoisghrúpa 70 – 79 agus nach raibh an dream san aoisghrúpa 50 – 59 i bhfad taobh thiar díobh le 17 (38%). Bhí ceathrar (9%) acu os cionn ceithre scór bliain d’aois agus bhí an uimhir sin ní b’airde ná an dream a bhí ag dul ar scor, 60 – 64 agus an dream a bhí tar éis dul ar scor, 65 – 69, le triúr sa dá ghrúpa sin.



Tábla 1: Aois na mac léinn a rinne na ranganna oíche ríomhaireachta

Léiríonn na torthaí i d**Tábla 2** an chúis ar fhreastail na mic léinn ar na ranganna. Dúirt an chuid ba mhó acu, 35 (78%), go ndearna siad na ranganna chun scileanna nua a fhoghlaim. Ní raibh suim ach ag an tríú cuid acu foghlaim conas seirbhísí ar líne a úsáid agus bhí an tromlach acu sin sna haoisghrúpaí 60 – 64 agus 70 – 79 bliain d’aois. Ní raibh ach seisear de na mic léinn ag iarraidh cáilíochtaí nó teastasú a bhaint amach agus bhí siad seo ar fad san aoisghrúpa 50 – 59 bliain d’aois.




**Tábla 2: Cén fáth a ndearna siad na ranganna oíche ríomhaireachta?**



Bhí ríomhaire sa mbaile ag 35 (78%) de na mic léinn agus d'fhreagair 38 (84%) go raibh an leathanbhanda acu sa mbaile. Ní raibh ach 25 (55%) de na mic léinn sa staidéar seo ag úsáid an ríomhaire ar bhonn laethúil. Bhí 12 (27%) ar an ríomhaire go seachtainiúil agus bhí ochtar (18%) a raibh úsáid ní ba lú ná sin á bhaint as, ba iad sin ochtar as an deichniúr nach raibh ríomhaire sa mbaile acu. Dúirt 15 (33%) de na mic léinn nach raibh aon mhisneach acu ag úsáid ríomhairí agus d'admhaigh 16 (36%) acu gur theastaigh cúnamh uathu.


Ba é an tasc ríomhaireachta ba mhó a rinne na mic léinn ná ríomhphost a sheoladh mar dúirt 29 (64%) acu go raibh an-chleachtadh acu ar an gcóras ríomhphoist.



**Tábla 3: Céard a dhéanann na mic léinn ar an Idirlíon?**

Bhí cleachtadh ag leathchuid de na mic léinn a bheith ag breathnú ar nuachtáin ar líne agus ag fáil eolais reatha ar chúrsaí nuachta ó shuíomhanna na meán agus bhí an céatadán de na mic léinn a bhain úsáid as Skype comhchosúil leis. Ní raibh mórán suime ag roinnt mhaith de na mic léinn sa taighde seo sa tsiopadóireacht ar líne 10 (22%) agus ní raibh suim ag formhór acu a bheith páirteach sna meáin shóisialta 13 (29%).

Feictear i d**Tábla 4** thíos an úsáid a bhain na mic léinn as na seirbhísí ar líne. Bhain na trí cinn ba choitianta le tascanna a bhaineann le hairgead nó úsáid a bhaint as cárta creidmheasa ar líne. Bhí seisear as deichniúr acu inniúil ar an gcáin bhóthair a íoc agus bhí 26 (58%) sásta suíomh na Seirbhíse Náisiúnta Tástála Carranna a úsáid chun coinne Tástála Náisiúnta Gluaisteán a dhéanamh. Bhí os cionn leath de na mic léinn 24 (53%) sásta an bhaincéireacht ar líne a dhéanamh. Ní raibh suim ach ag seisear (13%) acu úsáid a bhaint as seirbhísí Leighis / Meabhairshláinte / Sláinte.



**Tábla 4:** Na seirbhísí ar líne a úsáideann na mic léinn

Rinne triúr as gach ceathrar na ranganna chun rudaí nua a bhain leis an teicneolaíocht a fhoghlaim, rud a léiríonn go raibh cuid mhaith de na mic léinn, 35 as 45, ag déanamh na ranganna mar gur theastaigh uathu leanúint ar aghaidh leis an bhfoghlaim, gur thuig siad nach dtagann deireadh le deiseanna foghlama agus go bhfuil tábhacht leis an bhfoghlaim chun an intinn a choinneáil folláin agus gníomhach, rud a thacaíonn leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaol mar a chonaic muid sa litríocht. Léiríodh sa litríocht nach mbíonn fonn ar dhaoine aosta dul isteach san oideachas foirmeálta mar nach n-airíonn siad go bhfuil cáilíochtaí ag teastáil uathu. D'fhreastail seisear as gach seachtar sa taighde seo ar na ranganna ríomhaireachta de bharr go raibh suim acu san ábhar nó sa gcomhlúadar seachas aon chreidiúintí a bhaint amach. Tagann sé seo leis an dearcadh a bhí ag Lindeman i 1926 go raibh an t-oideachas aosach bunaithe ar na héilimh agus ar na hábhair spéise a bhíodh ag daoine seachas an t-oideachas traidisiúnta.

## **An Chonclúid**

Ní hamháin go gcuidíonn foghlaim ar feadh an tsaoil le sláinte an duine ach tá sé folláin don phobal chomh maith mar nach gcuireann daoine atá folláin agus gníomhach an brú céanna ar acmhainní agus ar sheirbhísí. Tugann aosaigh go leor ar ais don phobal ina bhfuil siad ina gcónaí lena dtaithí saoil, leis an saineolas atá acu agus leis an obair dheonach a dhéanann siad. Tá sé tábhachtach tacaíocht a thabhairt d'aoisigh atá ag iarraidh a bheith ag foghlaim.

Tá fianaise láidir anseo a léiríonn go bhfuil tábhacht ag baint leis na ranganna oíche ríomhaireachta atá ar fáil in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, ní hamháin mar sheirbhís luachmhar rannpháirtíochta sa bpobal ach freisin mar chlár riachtanach don fhoghlaim sheachfhoirmiúil a thugann rochtain ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh do gach duine. Tacaíonn an litríocht ó fhir léinn mar Lindeman agus tuarascálacha Faure (1972) agus Delors (1996) leis an gcoincheap go mbeadh an Fhoghlaim ar feadh an tSaoil ar fáil do phobal ar nós An Cheathrú Rua ionas go mbeidh deis ag foghlaimeoirí aosta filleadh ar an oideachas agus an deis a thabhairt do chuid acu freastal ar institiúid 3ú leibhéal den chéad uair ina saol, ag cruthú go dtarlaíonn an fhoghlaim ón mbreith go dtí an bás.

Tá sé soiléir go bhfuil an tábhacht chéanna leis an bhfoghlaim sheachfhoirmiúil agus atá leis an gcóras foirmeálta agus is cinnte gur fiú do na hionaid ar fad atá ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge an deis a thapú le Foghlaim ar feadh an tSaoil a chur ar fáil do na haosaigh atá sa bpobal ina bhfuil siad lonnaithe.

## Leabharliosta

### Leabhair

Coombs, P.H. & Ahmed, M., (1974) *Attacking Rural Poverty: How Nonformal Education Can Help*. Baltimore: John Hopkins University Press.

Cropley, A.J. (eag.), (2014) *Towards a system of lifelong education: Some practical considerations*. Iml. 7. Elsevier.

Faure, E., Herrera, F., Lopes, H., Petrovsky, A., Rahnema, M. & Ward, F., (1972) *Learning to be: The world education today and tomorrow*. Páras: UNESCO.

Feinstein, L., Budge, D., Vorhaus, J. & Duckworth, K., (2008) *The Social and Personal Benefits of Learning: A Summary of Key Research Findings*. Londain: Centre for Research on the Wider Benefits of Learning, Institute of Education.

Field, J., (2009) *Well-being and happiness*. National Institute of Adult Continuing Education.

Lindeman, E.C., (1926) *The meaning of adult education*. Nua-Eabhrac: New Republic.

Organisation for Economic Co-operation and Development, (1996) *Lifelong learning for all: Meeting of the Education Committee at Ministerial level, 16-17 January 1996*. OECD.

Tight, M., (2002) *Key concepts in adult education and training*. Psychology Press.

Yeaxlee, B., (1929) *Lifelong Education: a study of the range and significance of the adult education movement*. Londain: Cassell.

**Ailt**

- Agudo-Prado, S., Pascual-Sevillana, M.Á. & Fombona-Cadavieco, J., (2012) 'Uses of digital tools among the elderly'. *Revista Comunicar*, 20(39). 193-201.
- Boulton-Lewis, G.M., Buys, L. & Lovie-Kitchin, J., (2006) 'Learning and active aging', *Educational gerontology*. 32(4). 271-82.
- Boulton-Lewis, G.M., Buys, L., Lovie-Kitchin, J., Barnett, K. & David, L.N., (2007) 'Ageing, learning, and computer technology in Australia'. *Educational Gerontology*. 33(3). 253-70.
- Boulton-Lewis, G.M., (2010) 'Education and learning for the elderly: Why, how, what'. *Educational Gerontology*. 36(3). 213-28.
- Council of the European Union (EPSCO), (2012) 'Council Declaration on the European Year for Active Ageing and Solidarity between Generations (2012): The Way Forward'. 16592/12 SOC 948 SAN 289.
- Elfert, M., (2015) 'UNESCO, the Faure Report, the Delors Report, and the political utopia of Lifelong Learning'. *European Journal of Education*. 50(1), 88-100.
- Eastman, J.K. & Iyer, R., (2004) 'The elderly's uses and attitudes towards the Internet'. *Journal of Consumer Marketing*. 21(3). 208-20.
- Formosa, M., (2014) 'Four decades of Universities of the Third Age: past, present, future'. *Ageing & Society*. 34(1). 42-66.
- Matheson, D. & Matheson, C., (1996) 'Lifelong learning and lifelong education: A critique', *Research in Post-Compulsory Education*, 1(2). 219-36.
- Mwaikokesya, M.J., Osborne, M. & Houston, M. (2014) 'Mapping lifelong learning attributes in the context of higher education institutions'. *Journal of Adult and Continuing Education*. 20(2). 21-36.
- Opalinski, L., (2001) 'Older adults and the digital divide: Assessing results of a web-based survey'. *Journal of Technology in Human Services*. 18(3-4). 203-21.

- Tight, M., (1996) 'The Re-Location of Higher Education.' *Higher Education Quarterly*. 50(2). 119-37.
- Tuijnman, A. & Boström, A.K., (2002) 'Changing notions of lifelong education and lifelong learning.' *International Review of Education*. 48(1-2). 93-110.
- van Deursen, A.J. & Helsper, E.J., (2015) 'A nuanced understanding of Internet use and non-use among the elderly.' *European journal of communication*. 30(2). 171-87.
- Xie, B., (2007) 'Using the Internet for offline relationship formation.' *Social Science Computer Review*. 25(3). 396-404.

## **Tuairiscí**

- European Commission, (2000) *Memorandum on Lifelong Learning*, An Bhruiséil: European Commission. ([http://arhiv.acs.si/dokumenti/Memorandum\\_on\\_Lifelong\\_Learning.pdf](http://arhiv.acs.si/dokumenti/Memorandum_on_Lifelong_Learning.pdf)).
- European Commission, (2001) *Making a European area of lifelong learning a reality*, An Bhruiséil: European Commission. ([http://www.europarl.europa.eu/meetdocs/committees/cult/20020122/com\(2001\)678\\_en.pdf](http://www.europarl.europa.eu/meetdocs/committees/cult/20020122/com(2001)678_en.pdf)).
- Communication from the Commission, (2006) *Adult learning: It is never too late to learn*, An Bhruiséil: European Commission.
- Hunt, C., (2011) *National strategy for higher education to 2030*.
- International Commission on Education for the Twenty-first Century, & Delors, J., (1996) *The Treasure Within: Report to UNESCO of the International Commission on Education for the Twenty-First Century*.
- Kaiser Family Foundation (2005) *E-health and the elderly: How seniors use the internet for health information* (Research Report No. 7223).
- WHO, (2012) *Strategy and action plan for healthy ageing in Europe, 2012–2020*, Copenhagen: World Health Organization Regional Office for Europe.

WHO, (2015a) *World report on ageing and health*, Lucsamburg: WHO.

Zickuhr, K. & Madden, M., (2012) *Older adults and internet use*, Pew Internet & American Life Project, 6.

## Foinsí Leictreonacha

An Phríomh-Oifig Staidrimh, *50 bliain nó os a cionn*. Le fáil ag; <http://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-cp3oy/cp3/assr/> (Léite 25 Aibreán 2018)

An Phríomh-Oifig Staidrimh, *Na haosaigh in Éirinn nach raibh ag baint aon úsáid as an idirlíon*. Le fáil ag: <http://www.cso.ie/en/releasesandpublications/er/issmh/informationstistics-households2016/> (Léite 25 Aibreán 2018)

UNIVERSITIES ACT, (1997) Le fáil ag: <http://www.irishstatutebook.ie/eli/1997/act/24/enacted/en/pdf> (Léite 25 Aibreán 2018)

WHO, (2011) *Definition of an older or elderly person*. Le fáil ag: <http://www.who.int/healthinfo/survey/ageingdefnolder/en/> (Léite 25 Aibreán 2018)

WHO, (2015) *Ageing and Health*, Fact sheet no. 404. Le fáil ag: <http://www.who.int/mediacentre/factsheets/fs404/en/> (Léite 25 Aibreán 2018)







## **An Tumfhoghlaim sa Ghaeltacht: Féidearthachtaí agus Dúshláin d'Ábhair Oidí<sup>1</sup>**

*Muiris Ó Laoire*

<https://doi.org/10.13025/naph-e529>

### **Réamhrá**

San alt seo, tugtar faoi phlé a dhéanamh ar na féidearthachtaí agus ar na dúshláin a bhaineann leis an tréimhse tumfhoghlama Gaeltachta ó thaobh na bhfoghlaimoirí de. Tá sé i gceist plé faoi leith a dhéanamh ar na ceisteanna agus ar na dúshláin a bhaineann go sainiúil le tionchar féideartha na gcúrsaí seo ar inniúlachtaí teanga agus go háirithe ar inspreagadh ábhair oidí nó ar mhúinteoirí faoi oiliúint. Déantar plé ar chúlra smaointeoireachta na tréimhse tumfhoghlama agus féachtar ar chuid de na féidearthachtaí faoi leith a bhaineann léi ó thaobh forbairt feasachta idirchultúrtha agus inspreagtha de. Feictear gurb é an fhéidearthacht is mó a bhaineann le gearrthréimhse tumfhoghlama Gaeltachta ná go rachfaí i bhfeidhm ar mheon agus inspreagadh foghlaimoirí i leith na teanga. Ag deireadh, déantar plé i bhfianaise na féidearthachta sin, ar cé chomh réadúil is a bhíonn ionchais fhoghlaimoirí ag freastal ar ghearrthréimhse tumfhoghlama Gaeltachta.

### **An tumfhoghlaim agus tumoideachas i gcás na Gaeilge**

Is liosta inspéise le háireamh é líon na saothar acadúil agus taighde ar an tumoideachas a foilsíodh go hidirnáisiúnta thar na blianta. Tá iomadúlacht tuiscintí agus léargas curtha ar fáil ag taighdeoirí na saothar seo ar na toisí casta agus ar an gcoimpléascacht cleachtais a bhaineann leis (m.sh., Cloud, Genesee agus Hamayan, 2000; Lyster 2007; Harley, *et al.*, 1990; Swain agus Johnson, 1997). Ní taise do thaighde ar an

<sup>1</sup> Cuireadh leagan den pháipéar seo i láthair ag Comhdháil a reáchtáladh i nGaoth Dobhair i nDeireadh Fómhair 2017: **Sealbhú na Gaeilge ag an Tríú Leibhéal: Ábhair oidí agus sealbhú teanga sa Ghaeltacht.**

tumoideachas abhus, ar ndóigh, mar tá roinnt mhaith staidéar déanta ar an tumoideachas i gcás na Gaeilge, go háirithe le roinnt blianta anuas. Léiríonn formhór na staidéar seo go mbaineann foghlaimeoirí a fhreastalaíonn ar scoileanna lán-Ghaeilge tairbhe oideachasúil agus teanga amach (m.sh. Gilleece *et al.* 2011; Ó hAiniféin 2007; Harris *et al.* 2006; Parsons & Lyddy, 2009), cé go mbaineann dúshláin leis an tumoideachas ó thaobh shealbhú an chruinnis de (m.sh. Ó Duibhir, 2009). Cé go bhfuil raidhse staidéar taighde curtha ar fáil ar an tumoideachas ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile, níl an oiread sin plé déanta ag taighdeoirí ar na toisí agus ar na torthaí a bhaineann leis an tumfhoghlaim ghearrthréimhseach a bhíonn i gceist le cúrsaí teanga a réachtáiltear sa Ghaeltacht. Caitheann na mílte foghlaimeoir tréimhsí trí seachtaine ar an meán ag gabháil do chúrsaí Gaeilge i gcoláistí atá suite sna Gaeltachtaí agus ar fud na tíre. Is í is aidhm leis na cúrsaí seo trí chéile ná scileanna labhartha agus scileanna cruinnis foghlaimeoirí a fhorbairt. Is cuid thábhachtach d'oideachas reatha bunmhúinteoirí an dá thréimhse Gaeltachta chomh maith.

Bíodh sin is uile, níl ach dornán staidéar taighde ar fáil ar éifeacht agus tionchar na gcúrsaí seo ar inniúlachtaí teanga na bhfoghlaimeoirí (m.sh. Denvir, 2007). Féachfar anseo le cuid den bhearna sin a líonadh trí phlé a dhéanamh ar na féidearthachtaí a bhaineann leis an ngearrthréimhse tumfhoghlama Gaeltachta d'ábhair oidí. Ardófar ceisteanna éifeacht gearrchúrsa tumfhoghlama chun cur le hinniúlachtaí teanga agus le hinspreagadh na bhfoghlaimeoirí. Táthar ag súil go nginfidh sé breis plé agus taighde amach anseo. Féachtar i dtosach ar an gcúlra smaointeoireachta atá laistiar de na cleachtais reatha a bhaineann leis an tréimhse tumfhoghlama Gaeltachta.

## Treoirínite na Comhairle Múinteoireachta

De réir na Comhairle Múinteoireachta tugtar *an tréimhse foghlama sa Ghaeltacht* ar an dá shocrúchán éigeantacha a chaitheann ábhair oidí inti. Is inspéise an tagairt do *fhoghlaim* sa teideal nua seo ar an socrúchán Gaeltachta. Le cúpla bliain anuas, tá an Chomhairle tar éis critéir nua a chur i bhfeidhm maidir le creidiúnú na tréimhse foghlama seo<sup>2</sup>. Is inspéise an cúlra plé atá laistiar de na critéir nua seo.

D'fhoilsigh an Chomhairle Mhúinteoireachta critéir nua do sholáthraithe clár oideachas tosaigh múinteoirí (*Oideachas Tosaigh Múinteoirí: Critéir agus Treoirínite Clár*<sup>3</sup>) sa bhliain 2011. Luadh sa cháipéis sin gur ghá féachaint ar an gcaighdeán a bhí á bhaint amach ag múinteoirí bunoidéachais agus iar-bhunoideachais araon, maidir le Gaeilge a mhúineadh mar ábhar, agus ar conas í:

2 Feic <http://www.teachingcouncil.ie/ga/Oideachas-Muinteoiri/Oideachas-Tosaigh-Muinteoiri/Treimhse-Foghlama-Sa-Gaeltacht-bunscoile/> Dáta rochtana 16 Eanáir 2018.

3 Feic <http://www.teachingcouncil.ie/ga/Foilseachain/Oideachas-Muinteoiri/Oideachas-Tosaigh-Muinteoiri-Criteir-agus-Treoirinite-do-Sholathraithe-Clair.pdf> Dáta rochtana 16 Eanáir 2018.

...a úsáid mar mheán cumarsáide i scoileanna agus í a úsáid mar mheán teagaisc. Chuige seo, is gá freastal ar mhuintín agus ar inniúlacht sa Ghaeilge ag múinteoirí faoi oiliúint le cur chuige ilghnéitheach agus díriú ar Ghaeilge labhartha. (11).

Chun cabhrú le hábhair oidí<sup>4</sup> an caighdeán seo a bhaint amach, mhol an Chomhairle Mhúinteoireachta go gcuirfí ‘...cláir tréimhse chónaithe sa Ghaeltacht, fadaithe agus athchoincheapaithe’ (11) ar fáil. Moladh chomh maith, go nglacfadh na coláistí, na hollscoileanna agus na forais eile tríú leibhéal a sholáthraíonn clár nó cláir oideachas múinteoirí, freagracht as dearadh, forbairt agus as meastóireacht na gcúrsaí seo.

Is léir an cineál smaointeoireachta agus ionchais a bhí laistiar de na moltaí seo; ag samhlú tréimhse Gaeltachta le feabhsú agus le hardú caighdeáin inniúlachtaí. Pléifear an t-ionchas seo níos faide amach sa pháipéar. Maíonn an réasúnaíocht atá laistiar den cháipéis go gcreidtear go daingean go dtiocfaidh feabhas ar inniúlachtaí teanga de bharr na tréimhse tumfhoghlama.

## Tuairisc an ghrúpa oibre

Chuaigh grúpaí oibre ina raibh ionadaithe ó gach ceann de na soláthraithe ar oideachas múinteoirí i mbun forbairt a dhéanamh ar a raibh molta ag an gComhairle maidir le critéir agus treoirlínte cláir. Thug grúpa oibre amháin faoi athbhreithniú a dhéanamh ar an tréimhse foghlama sa Ghaeltacht agus cuireadh dréacht-tuarascáil faoi bhráid na Comhairle in 2012 dá bharr<sup>5</sup>.

Tá sé suimiúil féachaint ar chuid den smaointeoireacht agus de na moltaí atá sa tuarascáil sin mar go dtugann sé léargas ar chuspóirí, agus ar athchoincheapú na tréimhse tumfhoghlama Gaeltachta. Dearbhaítear go raibh sé mar aidhm ag an tréimhse foghlama ‘...cur le cumas cumarsáide na mac léinn, i gcomhthéacs a ról todhcháioch mar mhúinteoirí Gaeilge agus ábhar eile trí mheán na Gaeilge, agus mar úsáideoirí Gaeilge i bpobal na scoile’ (30). Laistiar den aidhm seo tá an tuiscint gur trí thréimhse tumfhoghlama a chuirtear feabhas ar inniúlachtaí agus ar líofacht teanga. Ach luaitear chomh maith céanna an taitneamh agus an grá teanga a bhíonn mar thoradh inmhianaithe ar an tréimhse tumfhoghlama. Tá an tagairt seo don ghrá teanga an-tábhachtach, mar, toisc an tréimhse a bheith chomh gearr sin, tá níos mó dealraimh le grá don teanga agus meas ar phobal a labhartha a adhaint sna foghlaimeoirí, seachas líofacht agus cruinneas iomlán a bhaint amach.

4 Cloítear leis an téarma ‘foghlaimeoir’ feasta chun béim a chur ar a lárná is atá an fhoghlaim féin le linn na tréimhse Gaeltachta.

5 Feic: Dréacht-Tuarascáil ón nGrúpa Oibre ar an Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht curtha faoi bhráid na Comhairle Mhúinteoireachta <http://www.teachingcouncil.ie/ga/Foilseachain/Oideachas-Muinteoiri/Dreacht-Thuarascail-on-nGrupa-Oibre-ar-an-Treimhse-Foghlama-sa-Ghaeltacht-curtha-faoi-bhraid-na-Comhairle-Mhuinteoireachta.pdf>. (Dáta rochtana 17 Eanáir 2018.)

Chomh maith leis sin, tá tagairt do thuiscint na bhfoghlaimeoirí ar an ‘...bhfíorshaol sochtheangeolaíoch ag pobail Ghaeltachta dátheangach a bheith á doimhniú (*sic*) mar thoradh ar an tréimhse tumfhoghlama’ (30). Arís, is tagairt thábhachtach í seo do thuiscint níos leithne a bheith ag foghlaimeoirí ar an gcomhthéacs sochtheangeolaíochta agus cultúrtha atá ar fáil do fhoghlaimeoirí le linn na tréimhse tumfhoghlama, a d’fhéadfadh cur lena gcuid inspreagtha i leith fhoghlaim na teanga.

Bhí moltaí sa tuarascáil chomh maith maidir le fad agus struchtúr na gcúrsaí ar glacadh leo sna siollabais. Moladh gur tréimhse ceithre seachtaine roinnte ina dhá thréimhse a bheadh i gceist. Cuireadh béim ar chomhleanúnachas chomh maith, sa tslí go dtógfadh an dara tréimhse ar a mbeadh saothraithe le linn na chéad tréimhse. Sainíodh go mbeadh 35 uair an chloig de ghníomhaíochtaí foghlama gach seachtain ‘...agus 20 uair an chloig de seo ar a laghad ar fáil do ranganna foirmiúla’ (30). Cé gur fágadh dearadh na gcúrsaí faoi na hinstiúidí aonair, moladh go mbainfí úsáid as ábhar foghlama a bhí curtha le chéile ag an Meitheal um Theagasc na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal<sup>6</sup>.

Moltar d’fhoghlaimeoirí fillteán foghlama a úsáid chun taifead a choimeád ar a gcuid foghlama chun tacú le próiseas an mhachnaimh agus chun gnéithe dá gcuid foghlama agus dá gcuid cumais teanga a bhféadfaidís feabhas a chur orthu. Ba thionscnamh an-tábhachtach é seo agus tá féidearthachtaí difriúla ag roinnt leis, mar a phléifear ar ball.

Obair ranga den chuid is mó atá molta; ranganna foirmeálta ar maidin agus ceardlanna san iarnóin ag díriú ar ghníomhaíochtaí éagsúla chun deis a thabhairt do mhic léinn cur lena gcuid eolais agus lena gcuid inniúlachtaí teanga. Cé go bhfuil obair ranga luaite, tá béim curtha chomh maith ar dheiseanna idirtheagmhála le cultúr agus le pobal na Gaeltachta le linn gníomhaíochtaí eagraithe na hiarnóna. Tugtar an tionscnamh Gaeltachta air sin. Is díol suntais an tagairt seo do rannpháirtíocht i bpobal agus i gcultúr na Gaeltachta, cé go bhfuil níos lú ama i gceist i gcomparáid leis na ranganna foirmeálta. Tugtar faoi deara, mar shampla, nach gcuirtear iad san áireamh sa tríocha cúig uair an chloig atá luaite leis an gcúrsa. Moltar gníomhaíochtaí mar seo a leanas:

...scéalta, drámaí, agallaimh, amhráin, véarsaí, dánta srl. a bheidh oiriúnach do leanaí bunscoile a chumadh, a chur in oiriúint nó a aistriú;

taighde, agallaimh agus saothar allamuigh eile a dhéanamh don tionscnamh Gaeltachta;

taighde a dhéanamh ar staidéir áitiúla bainteach leis an gcuraclam don Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta;

6 Ábhar samplach teagaisc agus foghlama bunaithe ar shiollabas don chéad, don dara agus don tríú bliain ollscoile/coláiste atá curtha ar fáil ag ‘An Meitheal um Theagasc na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal’, feic: [www.teagascnagaeilge.ie](http://www.teagascnagaeilge.ie) Dáta rochtana 26 Márta 2018.

acmhainní teagaisc a chruthú agus a chur in oiriúint do theagasc na Gaeilge agus don teagasc ar achair eile den churaclam trí mheán na Gaeilge;

cleachtadh a dhéanamh ar obair thionscnaimh trí mheán na Gaeilge a chur i láthair (30-1).

Cuireadh na moltaí seo go léir i bhfeidhm sna siollabais féin a cuireadh ar fáil in 2013<sup>7</sup>. Cé go gcuirtear béim ar an saibhriú teanga le linn an dá chúrsa coicíse sna siollabais chéanna, is soiléir go bhfuil sé mar aidhm ag na cúrsaí:

...dul i bhfeidhm ar mheon foghlaimeoirí chomh maith. Leagtar béim ar a thábhachtaí is atá sé dearcadh dearfach i leith na teanga le súil go mbeidh fonn ar an mac léinn Gaeilge a labhairt i suíomhanna foirmiúla agus neamhfoirmiúla sa Ghaeltacht agus sa Choláiste Oideachais, agus sa saol gairmiúil atá roimh an mac léinn ag obair i bpobal scoile (4).

I dtorthaí foghlama na siollabas tugtar faoi deara go bhfuil béim curtha ar idirtheagmháil le pobal na Gaeltachta. Bítear ag súil go nglacfaidh foghlaimeoirí páirt fheidhmiúil i ngnáthchomhrá lena chéile, le muintir na Gaeltachta agus le daoine fásta eile. Iarrtar ar fhoghlaimeoirí chomh maith cainteoir dúchais a chur faoi agallamh agus torthaí taighde a chur i láthair os comhair daoine eile (An Siollabas, 10). Tá sé seo fíorthábhachtach mar nuair a chuirtear gach rud san áireamh, *is iad na deiseanna idirtheagmhála le pobal agus le cultúr na Gaeltachta a idirdhealaíonn na cúrsaí tumfhoghlama seo ó chúrsaí teanga eile a bhíonn á reáchtáil in áiteanna lasmuigh den Ghaeltacht*. Cén tionchar féideartha a imríonn an idirtheagmháil leis an bpobal Gaeltachta ar an tumfhoghlaim agus an sealbhú teanga? Chun an tionchar tábhachtach féideartha seo a phlé, ní foláir féachaint ar thorthaí taighde atá déanta ar fhoghlaimeoirí a chaitheann tréimhse dá gcuid stáidéir ag cur fúthu i réigiún nó i dtír na sprioctheanga.

## **An nasc leis an bpobal teanga**

Tá an nasc nó an ceangal le pobal na sprioctheanga an-tábhachtach don fhoghlaimeoir teanga a dteastaíonn uaidh/uaithi cur go mór le líofacht agus le hinniúlachtaí teanga. Creidtear gur tríd an idirghníomhaíocht rialta leis an bpobal teanga a éiríonn leis an bhfoghlaimeoir an teanga a shealbhú. Is ar an ábhar seo, a

7 Na Siollabais Oifigiúla do na Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht do Mhic Léinn Oideachais ag an nGrúpa Oibre na gColáistí Oideachais i gcomhar le CONCOS agus An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, 20 Samhain, 2013. Feic <file:///D:/Gaoth%20Dóbhair/Siollabas%20Tréimhse%201.pdf> agus <file:///D:/Gaoth%20Dóbhair/Tréimhse%202.pdf>. (Dáta rochtana 26 Márta 2018.)

chaitheann fochéimnithe nuatheangacha eile suas le *bliain* thar lear i dtír nó i réigiún na sprioctheanga. Tá raidhse staidéar déanta ar éifeacht na tréimhse seo a chaitear thar lear, (m.sh. Freed, 1995; Murphy-Lejeune, 2002; Brogan, 2014).

Cé go bhfuil torthaí difriúla léirithe maidir le tionchar na bliana thar lear ar inniúlachtaí agus ar chumais teanga na mac léinn, creidtear fós go leathnaíonn sí tuiscint an fhoghlaiméora ar chultúr na sprioctheanga agus go bhforbraíonn sí a gcuid inniúlachtaí idirchultúrtha. Creidtear, mar sin, gur cheart forbairt na n-inniúlachtaí idirchultúrtha, seachas forbairt inniúlachtaí teanga amháin *per se* a bheith mar sprioc i gcónaí in aon chúrsa foghlama a eagraítear don fhoghlaiméoir agus é/í thar lear nó ag cur faoi/fúithi i measc phobal na sprioctheanga (Dervin, 2016; Jackson & Dervin, 2017; Jackson & Oguro, 2017). Creidtear go mbaineann an fhoghlaim idirchultúrtha leis an bhforbairt leanúnach agus leis an bhfoghlaim fadsaoil. Cruthaítear fonn san fhoghlaiméoir an sprioctheanga a fhoghlaim i gceart má bhíonn tuiscint aige ar thábhacht an idirchultúir. Cuirtear tús leis an bhfoghlaim dhomhain, inmheánach trí bheith ag feidhmiú idir dhá chultúr; cultúr an fhoghlaiméora féin agus cultúr na sprioctheanga (Deardoff, 2009, 2015; Jackson & Dervin 2017; Jackson & Oguro, 2017). Creideann údair staidéar áirithe go gcaithfidh foghlaiméoirí agus iad rannpháirteach i gcultúr agus i réigiún na sprioctheanga dul i mbun síormhachnaimh ar a gcuid braistintí agus athchoincheaptha i leith phobal na sprioctheanga i dtreo is go mbeidh siad láninniúil ar an gcumarsáid sa sprioctheanga. Gan an machnamh seo, ní móide gur féidir an fhoghlaim a dhoimhniú agus forbairt a dhéanamh ar an sealbhú teanga. Creidtear go bhfuil gá, mar sin, le cineál éigin meantóireachta cultúrtha a bheith ar fáil don fhoghlaiméoir mar chuid dá t(h)réimhse i bpobal na sprioctheanga (Paige, 2015).

I gcás na tréimhse tumfhoghlama sa Ghaeltacht, tuigtear go bhfuil an smaoineamh sin laistiar den Fhillteán Foghlama agus go bhfuil sé ag teacht go hiomlán le moltaí thorthaí an taighde a ríomhtar thuas ar an tréimhse i bpobal na sprioctheanga. Is tríd an bhfillteán a léiríonn foghlaiméoirí gnéithe ar leith dá gcuid rannpháirtíochta nó a n-easpa rannpháirtíochta sa chúrsa Gaeltachta (An siollabas lch 26).

Caithfear a chur san áireamh, áfach, go bhfuil difríocht shuntasach idir tréimhse theoranta ama (tréimhse coicíse nó míosa) a bheith á caitheamh sa phobal teanga agus bliain iomlán a chaitheamh ann. Ina theannta sin, ní mór idirdhealú eile a chur san áireamh chomh maith idir foghlaiméoir sa phobal teanga ar feadh gearrthréimhse i measc bhuíon comhfhoghlaiméoirí eile go príomha, agus foghlaiméoir ina (h)aonar ag plé go laethúil leis an bpobal teanga timpeall air/uirthe amhail is ball den phobal teanga é/í féin. Mar sin, ní foláir na ceistanna seo a leanas a chur:

1. Conas is féidir le gearrchúrsa tumfhoghlama cur le hinniúlachtaí teanga na bhfoghlaiméoirí?
2. Conas is féidir le gearrchúrsa tumfhoghlama cur le spreagadh na bhfoghlaiméoirí?

D'fhonn na ceisteanna seo a fhreagairt, ní mór plé a dhéanamh ar an teagmháil fhéideartha idir baill de mhuintir na Gaeltachta agus an foghlaimeoir féin. Tá an teagmháil leis an bpobal teanga, dá theoranta féin í, thar a bheith tábhachtach mar go dtugann sí deis don fhoghlaimeoir urlabhra an chainteora dhúchais a thabhairt faoi deara agus a inmheánú. Ina theannta sin, cuirtear deis thábhachtach ar fáil trína meán machnamh a dhéanamh ar na bearnaí idir teanga an chainteora dhúchais sin agus na cumais teanga atá sealbhaithe go n-uige sin aige/aici féin mar fhoghlaimeoir. Tá an fhéidearthacht ann go mbronnfar léargais nua ar an dteanga agus ar phobal a labhartha má thapaíonn foghlaimeoirí an deis seo. Is féidir leo an teanga a shamhlú le gnáthshaol pobail tuaithe agus sráidbhaile.

I bhfianaise an phlé seo, ní mór roinnt ceisteanna a chur a bhaineann leis na socruithe lóistín a dhéantar le linn na tréimhse tumfhoghlama. Chun a chinntiú go mbeadh a oiread tairbhe agus is féidir a bhaint as an idirtheagmháil le pobal na Gaeltachta, ar cheart go gcuirfí iallach ar fhoghlaimeoirí fanacht le mná tí agus le teaghlaigh Ghaeltachta i gcónaí? Ar cheart ligean d'fhoghlaimeoirí tithe a thógáil ar cíos agus fanacht sna tithe sin i ngrúpaí? Ar chóir féidearthachtaí struchtúrtha d'fhoghlaimeoirí a chur ar fáil chun deis a thabhairt dóibh meascadh le daoine ón nGaeltacht atá ar chomhaois leo féin?

An argóint atá á cur chun cinn san alt seo ná gur foinse thábhachtach inspreatha é pobal na Gaeltachta a d'fhéadfadh cur go mór le hinspreagadh an fhoghlaimeora. Is iad cothú na feasachta i leith an phobail teanga agus cothú an inspreatha, an dá fhéidearthacht is mó a bhaineann leis an tréimhse foghlama sa Ghaeltacht. Féachfar go hachomair anois ar ról an inspreatha i gcás an tsealbhaithe teanga.

## **An t-inspreagadh agus teoiricí soch-chultúrtha i leith an tsealbhaithe**

Cuireann teoiricí soch-chultúrtha i leith an tsealbhaithe teanga béim, ní hamháin ar an bhfoghlaimeoir aonair, ach ar an bpobal teanga chomh maith céanna. I bhfocail eile, *sealbhaítear* teanga, (seachas foghlaimítear) le linn ghnáth-chomhthéacsanna caidrimh shóisialta le baill an phobail teanga (Lantoff, 2000; Lantolf & Thorne, 2006). Is trí theagmháil rialta, laethúil le lucht úsáide a shealbhaítear teanga ar bith. Tá ról tábhachtach ag an bpobal teanga féin, mar sin, le linn thréimhse na tumfhoghlama Gaeltachta bíodh is gur ról teoranta é. Bíodh sin is uile, tá sé tábhachtach, mar sin féin, béim a chur ar an mbuntáiste atá ag an tréimhse tumfhoghlama ó thaobh inspreatha de.

Tá meon foghlaimeoirí i leith na sprioctheanga ar cheann de na ceisteanna is tábhachtaí agus is mó tionchair i gcás an tsealbhaithe teanga (Dörnyei, 2005). Is fiú a lua go bhfuil roinnt taighde déanta ar ról tábhachtach an inspreatha i gcás foghlaim na Gaeilge (Ó Fathaigh, 1992; Murtagh 2003; 2007; Ní Chlochasaigh, 2014). Léiríonn an taighde seo go n-éiríonn níos fearr le foghlaimeoirí i mbun sealbhaithe nuair a bhíonn an t-inspreagadh agus an meon ceart ag an bhfoghlaimeoir. Tá taighde á dhéanamh ar an inspreathadh le roinnt blianta anuas i gcomhthéacsanna difriúla idirnáisiúnta a léiríonn gur cuid thábhachtach den inspreathadh

céanna mian agus fonn an duine a bheith mar bhall den phobal teanga. Is ionann seo agus an fhéiniómhá idéalach a bhíonn ag an duine ina leith féin. (Dörnyei, 2005; Dörnyei, 2009; Dörnyei & Ushioda, 2009). Míniú Ushioda (2012: 199-200) a bhfuil i gceist le coincheap na féiniómhá idéalai seo:

*... a key difference between the notion of motivational goals (e.g. instrumental or integrative) and the concept of **possible future selves** is that possible selves 'involve images and senses, approximating what people actually experience when they are engaged in motivated or goal-directed behaviour'. In essence, these future self-representations have strong psychological reality in the current imaginative experience of language learners as they visualize themselves projected into the future as competent L2 users and are thus entirely continuous with their current selves. Thus, if we wish to enable learners to visualize themselves as competent L2 users in the future... it seems important that they are enabled to engage their current selves and identities in their L2 interactions with people. In this way, learners are then also enabled to engage directly with their possible future selves as users of the L2, but within the scope and security of their current communicative abilities, interests and social contexts... Thus, how we engage our students' social identities in their L2 interactions within and beyond the classroom now would seem to have important consequences for how they visualize themselves as users of the L2 in the future.*

Mar chuid den tumfhoghlaim seo sa Ghaeltacht, d'fhéadfadh foghlaimeoirí machnamh idirchultúrtha a dhéanamh chun iad féin a nascadh agus a chomhshamlú le pobal labhartha na teanga, dá mba mhian leo a leithéid. Caithfear cuimhneamh i gcás na Gaeilge go bhfuil pobal labhartha ann atá i bhfad níos leithne ná pobal labhartha na teanga sa Ghaeltacht. An samhlaíonn na hábhair oidí seo iad féin mar fhoghlaimeoirí nó mar bhaill nua de phobal teanga na Gaeilge, laistigh nó lasmuigh den Ghaeltacht nó sa dá áit? Ardaíonn sé seo ceist thábhachtach faoi na hionchais a bhíonn ag foghlaimeoirí i gcoitinne ón tréimhse tumfhoghlama.

I dtuarascáil taighde ar nuafhoghlaimeoirí na Gaeilge léiríonn Walsh agus O'Rourke (2015) go dtarlaíonn athruithe cinniúnacha i dtreo na Gaeilge ag pointí éagsúla i saol daoine a d'fhoghlaim an Ghaeilge mar dhara teanga agus a roghnaíonn, ina dhiaidh sin, í a úsáid sa ghnáthshaol laethúil. Tá fianaise ann go bhféadfadh an chuairt Gaeltachta feidhmiú mar phointe cinniúnach nó mar splanc cinniúnach dóibh go minic. Tugtar samplaí de scéalta daoine áirithe ag léiriú athrú cinniúnach ina saol. Is fiú ceann acu a ríomh anseo ina iomláine:

Chuaigh mé chun na Gaeltachta / go Rann na Feirste don chéad uair i 1996 táim ag déanamh agus is cuimhin liom gur chaith mé ceithre bliana as a chéile ag triail ar ais ar Rann na Feirste gach samhradh agus chuaigh mé go Dún Lúiche cúpla uair chomh maith / yeah agus sin an áit ar tháinig an teanga chun beatha domsa / ábhar scoile a bhí ann roimhe sin a raibh dúil agam ann ach go tobann d'aithin mé go raibh an oiread dúil a bhí agam in san rud acadúil seo go dtáinig sé chun beatha os mo chomhair / os comhair mo shúile / bhí daoine



ann / bhí pobal ann a bhí ag caint Gaeilge agus rud iontach a bhí ann dom // spreag sé go mór mé (N4, 21)  
 [...] Go dtí seo deirim gur Gael mé // ní dóigh liom gur aithin mé ag an aois sin cad é a bhí ann you know  
 but // sin an rud a bhí ann you know // bhí mé i measc na nGael agus mhothaigh mé iontach compordach  
 agus is dóigh gur mhothaigh mé níos sona ionam féin ansin ná mar a bhí riamh roimhe (N4, 23) (25).

Ba é eispéireas na Gaeltachta sa chás seo a d'athraigh meon an duine seo, a mheall isteach sa phobal teanga é agus a spreag é le bheith páirteach ann. Tá scéal faisnéiseora eile maidir le splanc cinniúnach i dtreo na Gaeilge chomh hinspéise céanna.

Bhuel d'aithin mé go raibh an seod seo faoi mo shrón agus cad chuige nach mbainfinn leas as / bhí mé ag freastal ar choláiste Gaedhlighe or coláiste samhraidh ba chóir dom a rá ó raibh mé dhá bhliain déag d'aois agus chonaic mé an taobh eile den Ghaedhilg ansin is dóigh liom chonaic mé go dtiocfadh léi a bheith ina teanga pobail agus teanga idir chairde agus rudaí mar sin de so d'aithin mé sin agus bhí mé ag iarraidh aithris a dhéanamh air sin sa scoil é féin mar mhothaigh mé gur cur amú a bhí ann i ndáiríre na cainteoirí dúchais ann agus gan Gaedhlig a labhairt leo (J3, 44) (26).

Nuair ba léir don fhaisnéiseoir seo, le linn dó a bheith ag freastal ar choláiste Gaeilge gur teanga phobail a bhí sa Ghaeilge, gineadh inspreagadh faoi leith ann/inti i dtreo úsáid rialta na teanga. I bhfocail eile, bhí ceann scríbe ón bhfoghlaim go húsáideoir sa phobal teanga bainte amach aige de bharr eispéireas an choláiste Ghaeilge. Léiríonn an tuarascáil chéanna gur tháinig feabhas ar chumas teanga faisnéiseoirí áirithe le linn na tumfhoghlama Gaeltachta.

Léiríonn tuarascáil taighde eile a réitigh Ionad na dTeangacha, OÉ Má Nuad don Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta<sup>8</sup> go raibh dearcadh dearfach i leith na Gaeilge ag scoláirí meánscoile a d'fhreastail ar chúrsaí sa Ghaeltacht i gcomparáid lena gcomhscóláirí nár fhreastail. Is léir, mar sin, go bhfuil roinnt mhaith féidearthachtaí ag baint leis an tréimhse tumfhoghlama Gaeltachta chun dul i bhfeidhm ar mheon agus ar inspreagadh foghlaimoirí, rud atá chomh tábhachtach céanna nó níos tábhachtaí fós ná an saothrú agus an méid ama a chaitear sa seomra ranga.

8 Feic Ionad na dTeangacha, OÉ Má Nuad (2013) *Tionchar na gColáistí Gaeilge ar an teanga agus ar phobal na Gaeltachta* <file:///D:/Gaoth%20Dóbhair/tionchar-na-gcolaisti-gaeilge-ar-an-teanga-agus-ar-phobal-na-gaeltachta-samhain-2013.pdf>.  
 (Dáta rochtana 17 Eanáir 2018.)

## Impleachtaí don fhoghlaim

Tá impleachtaí praiticiúla ag an bplé seo ar fad don fhoghlaim a bheadh ag dréim le cúrsa tumfhoghlama Gaeltachta a dhéanamh. Tá roinnt smaointe fánacha anseo don fhoghlaim a bheadh ag ullmhú don tréimhse tumfhoghlama agus dá léachtóir san institiúid oideachais agus dá theagascóir sa choláiste Gaeltachta le machnamh a dhéanamh orthu.

*Roimh an tréimhse tumfhoghlama:* Cad iad na straitéisí foghlama a oirfidh don fhoghlaim agus é/í sa Ghaeltacht?

An féidir oiliúint a chur ar fhoghlaimoirí maidir leis na straitéisí is oiriúnaí don fhoghlaim agus é/í sa phobal teanga?

*Le linn na tréimhse tumfhoghlama:* Straitéisí foghlama á n-úsáid agus an fhoghlaim ag fáil léargais ar shochtheangeolaíocht agus ar phobal na Gaeltachta (machnamh idirchultúrtha).

*Cad iad ionchais foghlaimoirí agus teagascóirí?*

- Go mbeidh na foghlaimoirí níos líofa?
- Go mbeidh na foghlaimoirí níos cruinne?
- Go dtiocfaidh feabhas ar an bhfoghraíocht?
- Go mbeidh foghlaimoirí níos freagraí as an bhféinfhoghlaim?
- Go mbeidh níos mó muiníne ag foghlaimoirí?
- Go mbeidh stór nathanna agus stór focal nach raibh acu roimh fhreastal ar an gcúrsa dóibh?
- Go mbeidh abairtí níos faide acu?

## **Conclúid**

San alt seo deineadh roinnt plé ar na dúshláin agus ar na féidearthachtaí a bhaineann leis an tréimhse tumfhoghlama Gaeltachta ó thaobh foghlaimeoirí (ábhair oide) de. Is iad na deiseanna idirtheagmhála le pobal agus le cultúr na Gaeltachta a idirdhealaíonn na cúrsaí tumfhoghlama seo ó chúrsaí teanga eile a bhíonn á réachtáil in áiteanna lasmuigh den Ghaeltacht. Is trí na deiseanna seo is féidir dul i bhfeidhm ar inspreagadh foghlaimeoirí agus a gcuid feasachta idirchultúrtha a ardú. Is trí theagmháil a dhéanamh le pobal labhartha na Gaeilge a fhásfaidh an fonn i bhfoghlaimeoirí iad féin a chomhshamhlú leis an bpobal sin. Tá na cúrsaí tumfhoghlama Gaeltachta d'ábhair oidí ag dul sa treo ceart ach, fós, tá formhór an ama á chaitheamh ar ranganna foirmeálta. Is fiú breis taighde a dhéanamh, mar sin, ar an gcaoi ab fhearr cur le deiseanna idirtheagmhála le pobal na Gaeilge le linn na tréimhse tumfhoghlama agus breis freagrachta a thabhairt d'foghlaimeoirí na hionchais a leagann siad amach dóibh féin a bhaint amach.

## Leabharliosta

### Leabhair

Cloud, N., Genesee, F. & Hamayan, E., (2000) *Dual language instruction. A handbook for enriched education*. Boston: Heinle and Heinle.

Deardoff, D., (2009) *The Sage Handbook of Intercultural Competence*. Sage Publications.

Deardoff, D., (2015) *Demystifying Outcomes Assessment for International Educators: A Practical Approach*. Stylus.

Dervin, F., (2016) *Interculturality in education. A theoretical and methodological toolbox*. Londain: Palgrave.

Dörnyei, Z., (2005) *The psychology of the language learner: Individual differences in second language acquisition*. Mahwah, NJ: Lawrence Erlbaum Associates.

Dörnyei, Z. & Ushioda, E., (2009) *Motivation, language identity and the L2 Self*. Clevedon: Multilingual Matters.

Freed, B.F., (1995) *Second language acquisition in a study abroad context*. Amstardam: John Benjamins.

Jackson, J. & Dervin, F., (2017) *Interculturality in the study abroad*. Londain: Routledge.

Lantolf, J.P. & Thorne, S.L., (2006) *Sociocultural theory and the genesis of second language development*. Oxford: Oxford University Press.

Lyster, R., (2007) *Learning and teaching languages through content: A counterbalanced approach*. Philadelphia: John Benjamins.

Murphy-Lejeune, E., (2002) *Student mobility and narrative in Europe: The new strangers*. Nua-Eabhrac: Routledge.

## Ailt

- Dörnyei, Z., (2009) 'Individual differences: Interplay of learner characteristics and learning environment'. *Language Learning*. 59. 230-48.
- Harley, B., Cummins, J., Swain, M. & Allen, P., (1990) 'The nature of language proficiency'. Harley, B. *et al.* (eag.) *The development of second language proficiency*. Cambridge: Cambridge University Press. 7-25.
- Jackson, J. & Oguro, S., (2017) 'Optimizing intercultural learning and engagement abroad through online mentoring'. Jackson J. & Orugo S. (eag.) *Intercultural interventions in study abroad*. Londain: Routledge.
- Murtagh, L., (2007) 'Out-of-school use of Irish, motivation to learn the language in immersion and subject-only post-primary programmes'. *International Journal of Bilingualism and Bilingual Education*. 10(4). 428-53.
- Paige R.M., (2015) 'Interventionist models for study abroad'. Bennet, J.M (eag.) *The Sage encyclopedia of intercultural competence*. Los Angeles: Sage. 563-68.
- Swain, M. & Johnson, R., (1997) 'A category within bilingual education'. Johnson, R. & Swain, M. (eag.). *Immersion education: International perspectives*. Cambridge: Cambridge University Press. 1-16.
- Ushioda, E., (2011) 'Language learning motivation, self and identity: current theoretical perspectives'. *Computer Assisted Language Learning*. 24 (3). 199-210.

## Tráchtais Neamhfhoilsithe

- Brogan, K., (2014) *The stay at home experience: A study of the development of components of proficiency and cultural learning during the year abroad*. Tráchtas PhD: Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí.
- Denvir, Máire T., (2007) *Staidéar ar phróiseas agus ar thorthaí foghlama ghrúpa scoláirí ar chúrsa lánGhaeilge Gaeltachta*. Tráchtas MA: Ollscoil na hÉireann Gaillimh.

Murtagh, L., (2003) *Retention and attrition of Irish as a second language*. Tráchtas PhD: Ollscoil Groningen.

Ní Chlochasaigh, K., (2014) *Staidéar ar fhoghlaimoírí éifeachtacha Gaeilge ar an dara agus ar an tríú leibhéal*. Tráchtas PhD: Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí.

Ó Duibhir, P., (2009) *The spoken Irish of sixth-class pupils in Irish immersion schools*. Tráchtas PhD: Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Ó hAiniféin, D., (2007) *Iníúchadh ar na múnlaí tumoideachais Reatha i nGaelscoileanna, i bPoblacht na hÉireann agus ar na caighdeáin ghnóthachtála i léitheoireacht an Bhéarla iontu*. Tráchtas MA: Ollscoil na hÉireann Gaillimh.

## **Tuarascálacha**

Gilleece, L., Shiel, G., Clerkin, A. & Millar, D., (2011) *Measúnachtaí náisiúnta 2010 ar léitheoireacht Bhéarla agus ar Mhatamaitic i scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge*. Príomhthuarascáil. Baile Átha Cliath: An Foras Taighde ar Oideachas.

Harris, J., Forde, P., Archer, P., Nic Fhearaile, S. & O’Gorman M., (2006) *An Ghaeilge sna bunscoileanna. Treochtaí náisiúnta fadtéarmacha in inniúlacht*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Ó Fathaigh, M., (1992) *Learning Irish in second level schools – attitudes, motivation and achievement*. Baile Átha Cliath: Comhar na Múinteoirí Gaeilge.

Parsons, C., & Lyddy, F., (2009) *Learning to read in Irish and English: A comparison of children in Irish medium, Gaeltacht and English-medium schools in Ireland*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscoileanna.

Walsh, J., & O’Rourke, B., (2015) *Turascáil taighde ar nuachaintoírí na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Foras na Gaeilge.



## **Acht ón bhun aníos: An Dream Dearg, #AchtAnois agus ról an phobail san fheachtasaíocht mionteanga**

*Pádraig Ó Tiarnaigh & Ciarán Mac Giolla Bhéin*

<https://doi.org/10.13025/89sb-db17>

Agus an domhan ag amharc ar Arlene Foster agus ar Mháirtín Mac Aonghusa, le chéile in oifig an Chéad agus an Leas-Chéad Aire, agus iad taobh le taobh i bhFómhar 2016, ag fógairt deá-scéil an Fheidhmeannais ó thuaidh, ag léiriú ré úrnua an chomhoibrithe idir an DUP agus Sinn Féin, agus ag tarraingt in aon treo amháin, is údar iontais, b'fhéidir, agus suime do go leor, go bhfuiltear anois gan Rialtas nó Tionól cineachta, agus go mbeadh ceist na Gaeilge aitheanta ar ardán áitiúil, náisiúnta agus domhanda agus todhchaí an Tionóil sin anois idir dhá cheann na meá ar fad (*The Irish News*, 21/11/2016).

Sa pháipéar seo a leanas, déanfar scagadh ar ról na Gaeilge i dtitim an Tionóil agus sna comhchainteanna polaitíochta 2017-18 chun an Tionól a chur ar bhun arís, chun léargas a thabhairt ar ról na feachtasaíochta i saol reatha na polaitíochta ó thuaidh. Is í is aidhm don pháipéar seo scéal 'An Dream Dearg' idir samhradh 2016 agus earrach 2018 a chíoradh. Sa tréimhse ama seo déanfar tagairt don Ghaeilge mar bhuille maraithe na muice, mar cheist chearta a léirigh leatrom na polaitíochta i gcoinne pobail mhionlaigh. Leis an leatrom sin tháinig fríthghníomh ón bhun aníos. Bunaíodh An Dream Dearg, feachtas a ndéantar comparáid air anois le feachtas na gceart sibhialta, 'one man, one vote', ó thuaidh sna 1960í, ach feachtas nach bhfuil tagtha chun deiridh nó chun fírinne fós (Mallie, 2017). Mar mhodheolaíocht sa pháipéar seo, déantar gach iarracht an insint agus an anailís a bhunú ar phríomhfhoinsí foilsithe sna meáin a bhí lárnach sa díospóireacht, mar aon le léamh na n-údar agus a dtuiscint chéadlámhe ar an ábhar seo, uilig fréamhaithe i gcuid den teoiric acadúil atá ar fáil ar an ghníomh phobalbhunaithe, ar an eagrú pobail agus ar an reachtaíocht teanga. Tagraítear anseo fosta don chur chuige gníomhach agus don teoiric bheo ar úsáid na meán sóisialta mar 'aimplitheoir sóisialta' (*social amplifier*), agus ról na n-ardán sin i ngníomhartha An Dream Dearg. Baintear úsáid as tráchtairacht

leanúnach sna meáin chumarsáide le linn na tréimhse sin, mar aon le treoircháipéisí, tuairiscí reachtaíochta agus polasaithe teanga, chun cur leis an téis sa saothar seo. Áitítear anseo gurb í ceist na Gaeilge, a tháinig chun tosaigh ag am cinniúnach ar fad trí ghluaiseacht a tháinig ón phobal aníos, a d'athraigh tírdhreach polaitiúil na sé chontae, ar bhealach nach bhfacthas le beagnach 20 bliain.

## Cúlra agus Comhthéacs

Ní mór súil a chaitheamh ar ar thit amach le linn 2016 chun comhthéacs iomlán An Dream Dearg agus titim Chnoc an Anfa a chur i gcomhthéacs. Tháinig leatrom an Pháirtí Aontachtaigh Dhaonlathaigh (DUP) i gcoinne na Gaeilge chun solais le linn na bhfeachtas réamhthoghchánaíochta, agus mar chuid den fhorógra toghchánaíochta a chur siad chun tosaigh gheall siad go gcuirfeadh siad deireadh le haon airgead a 'chur amú' ar Ghaelscoileanna (*Belfast Live*, 2016). Ach leis an toghchán sin agus toradh na vótaí istigh ceapadh den chéad uair riamh Aire Oideachais ón DUP, Peter Weir, mar aon le hAire nua ar an Roinn nua dírithe ar phobail (*Department for Communities*, an iar-Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta (DCAL)), Paul Givan, DUP. Cé go raibh feachtas láidir ag pobal na Gaeilge dírithe ar Shinn Féin go roghnódh siad an dá aireacht sin mar thosaíocht chun cúrsaí Gaeilge a chosaint, níor roghnaigh, cé go raibh an rogha ag an pháirtí, cinntí a cháin go leor de phobal na Gaeilge ag an am, mar aon le Conradh na Gaeilge:

Shínigh 43 Comhalta Tionóil suas leis na trí éilimh seo a aontaíodh ag breis agus 80 grúpa pobail Gaeilge. Bhí muinín againn go ndéanfadh na páirtithe sin beart de réir briathair, ach léiríonn fógraí an lae inniu gur theip ar na páirtithe agus ar na hionadaithe sin a ngealltanais a chomhlíonadh i leith na n-éileamh seo (Mac Giolla Bhéin, Conradh na Gaeilge, 2016).

Sa bhreis air sin, ní raibh aon tagairt shonrach don Ghaeilge nó d'Acht Gaeilge sa dréachtchlár rialtais a aontaíodh mar chuid den Rialtas sin i bhfómhar 2016, rud eile a chuir idir dhíomá, inní agus fhearg ar phobal na teanga. Is léir go raibh mothúchán ann sa phobal gur fágadh an Ghaeilge in áit na leathphingine, mar cheist a bhí imeallaithe agus nach raibh aon phráinn ag baint léi ag an am sin:

*The reality is Sinn Féin was part of an Executive which last year proposed a five year programme for Government which didn't specifically or at all mention an Irish Language Act as a likely outcome of their powersharing arrangement with Sinn Féin* (Ó Liatháin, 2017).

Ag an pointe sin, bhí sraith ionsaithe eile ag dul ar aghaidh fosta, idir athainmniú báid phoiblí ó 'Banríon Uladh' go 'Queen of Ulster', cinneadh conspóideach eile a ghlac an tAire DUP Michelle McIlveen (féach *The Irish News*, 7/2/2017), agus diúltú Roinn an Oideachais do mhaoiniú réamhcheadaithe d'ionaid chothuithe



réamhscoile Gaeilge. San áireamh fosta bhí cinneadh Peter Weir (an tAire Oideachais) gach ábhar dátheangach, mar aon leis an suíomh féin agus lógó na Roinne, a aistriú siar go hábhar aon-teangach trí Bhéarla amháin (in *The Irish News*, 7/2/2017 agus 11/11/2017). Bhí gach cuma ar an scéal go raibh an DUP chun cloí lena ngealltanais réamhthoghánaíochta go docht.

## **An cás le haghaidh Acht Gaeilge: polasaithe, forálacha, an gá le reachtaíocht**

Ní mór an cás le haghaidh Acht Gaeilge a leagan amach ar dtús, sula ndéanfar aon phlé ar an fheachtas lena bhaint amach. Is feachtas é seo a bhaineann le reachtaíocht a thabhairt isteach; reachtaíocht chosanta, reachtaíocht forbartha, reachtaíocht a d'aithneodh an Ghaeilge mar theanga oifigiúil de chuid na sé chontae. Gan an reachtaíocht seo, níl aon stádas ná seasamh oifigiúil ag an teanga sa dlí. Níorbh ann don Ghaeilge go hoifigiúil sa stát. Tabharfar anseo achoimre ar argóintí na ngníomhaithe chun léargas a thabhairt ar an idé-eolaíocht a bhain leis an fheachtas.

In ainneoin a leagtar amach in *An Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha agus Mionlaigh*, a dhaingnigh Rialtas na Breataine féin in 2001, níl aon chosaint dhlíthiúil ó thuaidh don Ghaeilge. Faoi mar a rialaigh an Breitheamh Ard-Chúirte i mBéal Feirste in 2014-15. Gan reachtaíocht áitiúil, níl aon seasamh ag an Chairt Eorpach sa dlí go hoifigiúil. Níl ann ach uirlis nach bhfuil aon bhrú ar údaráis á chur i bhfeidhm mar is ceart, agus chuige sin, nach raibh, go bunúsach, aon chearta ag pobal na Gaeilge sa chóras stáit nó dlí ó thuaidh (*Belfast Telegraph* 24/3/14, agus *The Irish Times* 12/4/14 agus 11/9/15).

Ach tá Comhairle na hEorpa, a thug isteach An Chairt Eorpach, agus a bhíonn ag tuairisciú i leith chur i bhfeidhm na Cairte sin gach ceithre bliana, ar an taifead go minic agus go leanúnach ag cáineadh Rialtas na Breataine, mar aon leis an Fheidhmeannas ó thuaidh in Éirinn, i dtaobh a dteipe ar cheist chur i bhfeidhm na Cairte Eorpaí. Moltar i gcónaí sa tuarascáil mhonatóireachta sin gur chóir go mbeadh reachtaíocht dhúchasach ann chun an Ghaeilge a chosaint agus a fhorbairt:

*The Executive failed to provide the council with information on their approach to minority issues, because they could not agree a submission. "This is the consequence of the lack of agreement on minority and human-rights related issues between the two largest parties of the executive", says the report. Instead, the report is based on information from the UK government and a range of non-governmental organisations. However the CoE also questions the UK government's role in facilitating language legislation, saying opposition from unionists could "be bypassed if the UK government used its parallel legislative competence". It subsequently calls on the "UK government to help create the political consensus needed for the adoption" of an Irish language act. (BBC NI, 9/3/2017).<sup>1</sup>*

1 Féach fosta: Tuairisc: An Coiste Comhairleach don Chreat-Choinbhinsiún um Chosaint na Mionlach Náisiúnta (Comhairle na hEorpa, foilsithe 27/7/2017. Le fáil ag: <https://rm.coe.int/16806fb9ab>).

Maidir le tagairtí a rinneadh don Ghaeilge sa dlí áitiúil sna sé chontae, níl ach dornán tagairtí ann. Ar an chéad dul síos, tá Comhaontú Aoine an Chéasta, a leagann amach na forálacha teibí seo a leanas i dtaobh na Gaeilge:

3. *All participants recognise the importance of respect, understanding and tolerance in relation to linguistic diversity, including in Northern Ireland, the Irish language, Ulster-Scots and the languages of the various ethnic communities, all of which are part of the cultural wealth of the island of Ireland.*
4. *In the context of active consideration currently being given to the UK signing the Council of Europe Charter for Regional or Minority Languages, the British Government will in particular in relation to the Irish language, where appropriate and where people so desire it:*
  - *take resolute action to promote the language;*
  - *facilitate and encourage the use of the language in speech and writing in public and private life where there is appropriate demand;*
  - *seek to remove, where possible, restrictions which would discourage or work against the maintenance or development of the language;*
  - *make provision for liaising with the Irish language community, representing their views to public authorities and investigating complaints;*
  - *place a statutory duty on the Department of Education to encourage and facilitate Irish medium education in line with current provision for integrated education;*
  - *explore urgently with the relevant British authorities, and in co-operation with the Irish broadcasting authorities, the scope for achieving more widespread availability of Teilifís na Gaeilge in Northern Ireland;*
  - *seek more effective ways to encourage and provide financial support for Irish language film and television production in Northern Ireland; and*
  - *encourage the parties to secure agreement that this commitment will be sustained by a new Assembly in a way which takes account of the desires and sensitivities of the community. (Comhaontú Aoine an Chéasta, 1998).*

Thit na hionsaithe thuasluaite amach in ainneoin na bhforálacha sa Chomhaontú seo agus is cinnte, mar sin, go raibh cosaint níos láidre de dhíth ar an Ghaeilge.

Is é an gealltanas is soiléire a tugadh maidir le reachtaíocht don Ghaeilge ná an méid a tugadh le fios i gComhaontú Chill Rímhinn:

*“The Government will introduce an Irish Language Act reflecting on the experience of Wales and Ireland and work with the incoming Executive to enhance and protect the development of the Irish language”* (Comhaontú Chill Rímhinn, 2006).

Mar cuid bhreise de Chomhaontú Chill Rímhinn, gealladh go mbeadh Straitéis faoi leith ann chun an Ghaeilge a chosaint agus a chur chun cinn: “[to] adopt a strategy setting out how it proposes to enhance and protect the development of the Irish language” (2006). Cé gur cuireadh dréachtstraitéis os comhair an Fheidhmeannais, chuir páirtithe aontachtacha agus an Alliance (Páirtí Comhghuaillíochta Thuaisceart Éireann) ina coinne agus caitheadh amach í, cé gur aontaigh na páirtithe ar fad leis mar chuid dá gClár Rialtais féin 2011-15.

Sheol an tIar-Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta (CEF), Carál Ní Chuilín CTR (Comhalta den Tionól Reachtach, nó MLA i mBéarla), Straitéis le Forbairt na Gaeilge a Fheabhsú agus a Chosaint 2015-2035 ar 30 Eanáir 2015 ach dhiúltaigh an Feidhmeannas an Straitéis a chur i bhfeidhm in ainneoin a gClár Rialtais féin agus na ndualgas reachtúil a bhí orthu. Eascraíonn na dualgais seo ó Chomhaontú Chill Rímhinn (2006) ina raibh tagairtí suntasacha agus soiléire do Straitéis agus Acht na Gaeilge. Mar gheall ar an dualgas soiléir sin, rinneadh léasú ar reachtaíocht 1998 (Comhaontú Aoine an Chéasta / Acht Thuaisceart Éireann 1998) chun go mbeifí in ann an Straitéis a chur i bhfeidhm.

Ghlac Conradh na Gaeilge athbhreithniú breithiúnach i gcoinne an Fheidhmeannais de dheasca nár ghlac an Rialtas deireanach leis an Straitéis sin, faoi Thosaíocht 4 den Chlár *Pobal Láidir agus Comhroinnte a Chothú*. I mí an Mhárta 2017, rialaigh an Ard-Chúirt i mBéal Feirste gur theip ar an fheidhmeannas a ndualgais féin ar cheist na Straitéise Gaeilge a chomhlíonadh:

*Mr Justice Maguire held the administration to be in breach of a requirement imposed under decade-old legislation. The challenge was mounted by Irish language group Conradh na Gaeilge. The body issued judicial review proceedings over a failure to comply with a St Andrews Agreement pledge. Mr Justice Maguire said: “It cannot have been the intention of Parliament that, after nearly 10 years from the coming into force of the Act in 2007, this obligation would remain unfulfilled. (BBC NI, 3/3/17).*

Tugann Ní Ghilín cuntas fiúntach ar cheist na hArd-Chúirte, Straitéis na Gaeilge agus Acht na Gaeilge a chur san áireamh mar a tuairiscíodh é in *An tUltach* (Aibreán 2017, 12-3).

Ba bhac suntasach roimh dhul chun cinn polaitiúil ar cheist an achta an úsáid a bhain na páirtithe aontachta as an *petition of concern* nuair a bhí acht Gaeilge faoi chaibidil nó curtha chun tosaigh mar bhille sa Tionól. In ainneoin go raibh trí chomhairliúchán poiblí ar cheist Acht na Gaeilge ó bhí 2006 ann, agus tromlach na bhfreagróirí i bhfách leis an reachtaíocht agus den tuairim gur chóir go mbeadh stádas oifigiúil ag an Ghaeilge ó thuaidh, cuireadh ina choinne ag leibhéal an tionóil. Sa chomhairliúchán ba dhéanaí, in 2015, nuair a d'fhoilsigh an Roinn CEF / CAL Dréacht-Bhille na Gaeilge, fuarthas breis agus 13,000 freagra ar an chomhairliúchán, agus bhí 94.7% ar son Acht Gaeilge (Roinn CEF, 10/12/2015). Sháraigh an ráta ard freagartha seo ionchais na n-eagraíochtaí Gaeilge. Mar a dúirt Uachtarán Chonradh na Gaeilge ag an am:

Tá ardmholadh tuilte ag gach aon duine a ghlac páirt sa phróiseas tábhachtach seo. Tháinig an comhairliúchán seo sna salaí ar suirbhé a rinne Conradh na Gaeilge ag tús na bliana a léirigh go raibh an phobal i bhfách le seirbhísí Gaeilge a bheith ar fáil don phobal, thuaidh agus theas. Tá teachtaireacht shoiléir don rialtas ó na torthaí seo agus ní mór daofa beart dá réir briathar an phobail a dhéanamh. Caithfear cearta lucht labhartha na Gaeilge a dhaingniú i reachtaíocht agus na huirlisí a thabhairt don phobal, a ghlac páirt i gcomhairliúcháin an rialtais go fonnmhar agus le díograis, forbairt na Gaeilge a thiomáint sna bliantaí amach romhainn. Is trí reachtaíocht ceart-bhunaithe a dhéanfar seo (Comer, 2015).

In ainneoin na tacaíochta uile a léiríodh d'acht, níor fuasclaíodh an cheist ag an am agus fágadh ceist na reachtaíochta gan dul chun cinn arís eile.<sup>2</sup>

Ach cén fáth a mbeadh reachtaíocht de dhíth? Cad é an difear a dhéanfadh sí? Is ábhar suime, i gcomhthéacs na gceisteanna sin teachtaireacht an iar-Choimisinéara teanga, Seán Ó Cuirreáin, teachtaireacht phoiblí chuig pobal na Gaeilge ar an Lá Dearg i mBéal Feirste (20/5/2017), a léadh amach ón ardán, chun tábhacht na reachtaíochta a chur in iúl, agus chun iarrachtaí an phobail a mholadh go hoifigiúil:

“Maitheas seachas dochar a dhéanann achta teanga ar fud na cruinne,” dar leis an Iar-Choimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin, ina theachttaireacht don Lá Dearg. Déanann sé an dara pointe tábhachtach fosta, is é sin sa chás a bhfuil cosaint reachtúil ann, ní mór í a chur i bhfeidhm “go cuí agus go hiomlán”. Chuir an tIar-Choimisinéir teachtaireacht tacaíochta inniu chuig an Dream Dearg, atá ag eagrú mórshiúil i mBéal Feirste an Satharn beag seo, an 20ú Bealtaine, le hacht Gaeilge agus cearta teanga a éileamh ó thuaidh. Ina theachttaireacht, cuireann an tIar-Choimisinéir cosaint reachtúil do theangacha mionlaigh i láthair i gcomhthéacs idirnáisiúnta. “Tá tábhacht an-mhór go deo le reachtaíocht teanga le cosaint a thabhairt do theangacha

2 Féach fosta Dunlevey & Ó Mainnín, (2017) ‘Debate over Irish language is central to power-sharing talks in Northern Ireland’ in *QPOL* ag <http://qpol.qub.ac.uk/irish-language-act/> agus Dunlevey agus Ó Mainnín, (2017) ‘Putting a price on language: the debate around the cost of an Irish language act’ in *QPOL* ag <http://qpol.qub.ac.uk/cost-irish-language-act/>.

mionlaigh agus do theangacha atá faoi bhrú i ndlínsí éagsúla ar fud an domhain mhóir,” ar Ó Cuirreáin. Dar leis an Iar-Choimisinéir, a chaith deich mbliana sa ról idir 2004 agus 2014, is “mar sciath chosanta seachas mar chlaíomh” a fheidhmíonn reachtaíocht teanga (in *An tUltach*, 18/5/2017).

## Feachtas nua pobalbhunaithe ar son Acht Gaeilge

Ceist imeallaithe, ceist fhada, ceist bheagphráinne a bhí i gceist na Gaeilge roimh 2016, gan amhras, agus deich mbliana imithe ó tugadh an gealltanas oifigiúil ag Cill Rímhinn go mbeadh Acht Gaeilge ann. Bhí an cheist ligthe i ndearmad ag go leor go dtí eachtraí Nollag 2016, in ainneoin ar thit amach ní ba luaithe an bhliain sin, thuasluaite.

Ach mar thoradh ar na heachtraí sin, ceapadh na nAí nua de chuid an DUP agus na hionsaithe leanúnacha ar an teanga, tháinig gníomhaithe Gaeilge le chéile chun tús a chur le gluaiseacht nua feachtasaíochta agus agóidíochta chun an teanga a chosaint agus an chos ar bolg a bhí á dhéanamh ar an teanga a léiriú fríd gníomh spriocdhírthe. Is de thairbhe seo a bunaíodh An Dream Dearg, a chuir síos orthu féin agus ar an fheachtas sna téarmaí seo a leanas:

Is muid an Dream Dearg. Is sibh an Dream Dearg. Is cuid den Dream Dearg gach duine a chreideann i gcothromas, cearta agus cóir. Bígí linn. Bímis #DeargleFearg (An Dream Dearg, Eanáir 2017).<sup>3</sup>

Tháinig An Dream Dearg, agus an feachtas a aithnítear anois mar #AchtAnois ar na meáin shóisialta, chun cinn i measc an ghrúpa chéanna daoine a bhí taobh thiar den Lá Dearg i mBéal Feirste le linn 2014, chun cearta agus seirbhíse oideachais Ghaeilge a éileamh go poiblí. Ach an uair seo, cuireadh brandáil agus cur chuige as an nua i bhfeidhm chun dul i ngleic leis na hionsaithe leanúnacha, comhaimseartha ar an teanga.

Bhain an próiseas seo le húinéireacht; gluaiseacht phobalbhunaithe a tháinig ó na daoine, ón phobal agus ar son an phobail; gluaiseacht a raibh ról agus ionchur lárnach ag daoine óga inti; a raibh páirt agus guth ag achan duine ann, beag beann ar chreideamh, polaitíocht, aois nó eile. D'éirigh leis An Dream Dearg, gan aon amhras, an feachtas ar son Acht Gaeilge a ardú chuig an chéad chéim eile, mar cheann de na feachtais is rathúla is inaitheanta in Éirinn le blianta fada anuas.

Aithnítear anois gurb é cinneadh leatromach an Aire Pobal Paul Givan a chuir splanc ollmhór leis an fheachtas, nuair a bhain an tAire deontas de £55,000 a bhí dírithe ar sparánachtaí chun daoine faoi mhíbhuntáiste airgeadais a chur chun na Gaeltachta le Gaeilge a fhoghlaim. Fógraíodh an cinneadh seo, i mbéal na Nollag 23/12/2017, nuair a cuireadh in iúl do na Coláistí Gaeltachta nach mbeadh an scéim ar

3 Féach fosta: ‘*This Irish Language Campaign Group Has Been Set Up To Protest Cuts To Gaeltacht Bursary Scheme*’ ar Lovin. ie ag <https://lovin.ie/news/this-irish-language-campaign-group-has-been-set-up-to-protest-cuts-to-gaeltacht-bursary-scheme> (Léite 14/1/2018).

fáil: ‘Mar gheall ar choigilteas éifeachtúlachta ní bheidh an Roinn ag soláthar Scéim Sparánachtaí Líofa in 2017. Nollaig mhaith agus bliain úr faoi mhaise daoibh’ (Líofa, ríomhphost chuig Coláiste Aoidh Mhic Bhricne, 23/12/2016). Thit sé sin amach sa tseachtain chéanna agus a fógraíodh go raibh géarchéim sa Tionól maidir le scéim teasa an RHI a bhí i ndiaidh £500 milliún d’airgead poiblí a chur amú, agus de réir cosúlachta bhí an locht á chur go poiblí ar an DUP. Agus Cnoc an Anfa ar tí titim, agus brú á thógáil ar an DUP, d’úsáid an Dream Dearg an ghéarchéim sin chun dlús a chur faoin ghluaiseacht ar fad, agus le linn na Nollag, réachtáladh feachtas fíochmhar ar na meáin shóisialta ar son #Líofa.

Ag éirí as an oifig dó ar 9 Eanáir 2017, thagair Máirtín Mac Aonghusa go sonrach don leatrom sin i gcoinne na Gaeilge mar cheann de phríomhchúiseanna na faidhbe.

Tuairiscíodh an méid seo a leanas in *The Irish News*:

*SINN Féin’s Máirtín Ó Muilleoir has said the scrapping of a £50,000 Irish language bursary scheme was the “straw that broke the camel’s back” following the RHI fiasco. The Líofa project, introduced in 2012 to allow people on lower incomes to take part in Gaeltacht courses, was abruptly brought to an end by DUP communities minister Paul Givan in an email two days before Christmas. Mr Givan cited “efficiency savings” for the decision, but nationalists expressed anger at the move when the DUP minister had found an extra £98,000 for a grants scheme for marching bands on top of £200,000 announced last July. The scrapping of the bursaries has also prompted threats of legal action from the Irish language sector. In his resignation letter on Monday, Martin McGuinness hit out at the DUP’s “negative attitude to nationalism and to the Irish identity and culture”. “For those who wish to live their lives through the medium of Irish elements in the DUP have exhibited the most crude and crass bigotry,” he said. (10/1/2017).*

Fan am sin, bhí feachtas An Dream Dearg faoi lánseoil ar na meáin shóisialta ó bhí tús 2017 ann, agus bhí lógó an fheachtais, siombail agus suaitheantas An Dream Dearg ar bhreis agus 12,000 próifil ar na meáin shóisialta, ar mhórcheannairí polaitiúla ina measc – Naomi Long, Gerry Adams, Colum Eastwood, Gerry Carroll srl.

Bhrúigh sin an feachtas amach ar na sráideanna, le tacaíocht trasna an bhoird ó na polaiteoirí agus eagraíodh an agóid phoiblí ag Oifigí an Aire Givan i mBéal Feirste ar an 12 Eanáir 2017.

Ag an phointe sin, seo a leanas an léamh a bhí ag *The Irish News* ar an scéal:

*The ‘Bursaries not Boilers’ demonstration – contrasting the £50,000 cost of the Liofa scheme with a potential £490m bill for the RHI fiasco – is the “first in a long line of protests” planned by the group, who also want to an Irish Language Act. More than 12,000 social media accounts have already adopted the white circle on a red background as a profile image. The majority of Sinn Féin MLAs, along with MPs and TDs including leader Gerry Adams, have*

*switched to the image, while SDLP representatives and Alliance leader Naomi Long have also posted it. Outside of politics, the logo has also been made the main image on social media profiles belonging to boxers Paddy Barnes and Michael Conlon. (12/1/2017).*

An lá sin, cé gur ‘aimsigh’ an tAire an maoiniú do Líofa maidin sin na hagioide, d’fhógair An Dream Dearg feachtas ollmhór buan chun Acht Gaeilge a bhaint amach do phobal na teanga ó thuaidh.

An chéad chéim riamh leis an fheachtas ná an spás a chruthú le haghaidh gnímh, le haghaidh úinéireachta, rannpháirtíochta agus teacht le chéile. Dhírigh An Dream Dearg isteach orthu siúd le réimse leathan de scileanna; idir theicneolaíocht, chumarsáid, oideachas, dhearadh, scileanna eagrúcháin agus go leor eile; chun go mbeadh an taithí, an t-eolas agus an cumas sa seomra a ligfeadh don fheachtas fás agus forbairt de réir mar a bhí an cheist ag éirí níos práinní i súile na meán cumarsáide agus na bpolaiteoirí. D’aontaigh an grúpa gur chóir theacht le chéile agus aontú ar aon sprioc amháin – reachtaíocht don Ghaeilge – agus gach rud eile nach raibh aontú ann orthu, a fhágáil ar leataobh (Ó Tiarnaigh, 2017). Is léir gur chomhlíon na gníomhairí sa seomra róil údarásacha agus cheannaireachta san fheachtas; déagóirí agus daoine óga mar urlabhraithe náisiúnta ar cheisteanna pobalbhunaithe teanga. Is idé-eolaíocht ghníomhach í seo a bhfuil macallaí de theoiric Gramsci le sonrú inti, cur chuige ón bhun aníos mar atá pléite aige in *Prison Notebooks*, ‘*the mode of being of the new intellectual can no longer consist in eloquence... but in active participation in practical life, as constructor, organiser, “permanent persuader” and not just a simple orator...*’ (1971: 10), agus gur chóir go mbeadh an gníomh seo ionadaíoch ar chur chuige níos leithne dírithe ar athruithe níos buaine a chruthú – ‘*[actions that] participate in a particular conception of the world, has a conscious line of moral conduct, and therefore contributes to sustain a conception of the world or to modify it, that is, to bring into being new modes of thought*’. Sa Dream Dearg, bhí achan duine ina ngníomhaí, achan duine ina urlabhra, achan duine ina bhun agus guth ag gach duine a chur cos sa seomra nó a ghlac páirt ar líne; trí spásanna fisiceacha a chruthú, agus spásanna digiteacha a thógáil fríd an chur chuige céanna, bhí mórthéamaí oibre agus feachtasaíochta An Dream Dearg, de réir a chéile, ag dul i bhfeidhm ar phobal níos leithne, agus tháinig athruithe barúlacha agus ardú rannpháirtíochta, uilig ón bhun aníos, leis na hathruithe sin (Ó Tiarnaigh, 2017).

### **‘Réabhlóid Facebook’ – Na meáin shóisialta mar uirlis feachtasaíochta**

Is mar gheall ar chur chuige éabhlóideach An Dream Dearg in úsáid na meán sóisialta ar tugadh aird ar bhunús an fheachtais sin ó thit ciorruithe Líofa amach; gur úsáideadh na meáin shóisialta mar ardáin freagrachta le dul i bhfeidhm ar pholaiteoirí, agus ní ba thábhachtaí arís b’fhéidir, mar *social amplifier* den teachtaireacht a bhí á cur chun cinn i measc an domhain mhóir, agus fosta mar spás digiteach le pobal na Gaeilge a dhaingniú agus a eagrú eatarthu féin. Tá teoiric ann go raibh an cur chuige éifeachtach céanna

ann mar chuid de na *Arab Uprisings*, ar a dtugtar na *Arab Springs*. Mar chuid den dioscúrsa reatha ar úsáid na ré digití san fheachtasaíocht pléitear san alt ‘The Role of Social Media in the Arab Uprisings’ ‘*what some deemed the Facebook or Twitter revolutions, the media focused heavily on young protesters mobilizing in the streets in political opposition, smartphones in hand*’. (Pew Research Centre, 2012).

Luaitear tábhacht na meán sóisialta san eagrú pobail go sonrach san alt céanna:

*Social media indeed played a part in the Arab uprisings. Networks formed online were crucial in organizing a core group of activists, specifically in Egypt. Civil society leaders in Arab countries emphasized the role of “the internet, mobile phones, and social media” in the protests. Additionally, digital media has been used by Arabs to exercise freedom of speech and as a space for civic engagement.* (Pew Research Centre, 2012).

Ag scríobh in *The Guardian* (25/11/2011), cuireann Peter Beaumont go mór leis an teoiric sin, agus taispeántar ann na meáin shóisialta mar ardáin nach ndéantar aon chinsireacht ábhar orthu, mar ardáin arbh fhéidir le pobail iad féin a eagrú orthu, agus a mbuntheachtaireacht a chraobhscaoileadh leis an domhan mór orthu. Go bunúsach, pléann Beaumont leo mar uirlis bhunúsach, agus fhíorláidir, ghabta, cumarsáide; láithreáin láithreacha:

*Precisely how we communicate in these moments of historic crisis and transformation is important. The medium that carries the message shapes and defines as well as the message itself. The instantaneous nature of how social media communicate self-broadcast ideas, unlimited by publication deadlines and broadcast news slots, explains in part the speed at which these revolutions have unravelled, their almost viral spread across a region.*

Chuige sin, pléann Costanza-Chock leis an dúshlán ilteangachais a thagann leis an chur chuige seo, mar aon leis an tionchar a bhíonn ag gluaiseachtaí láidre ar na meáin shóisialta ar na meáin thraidisiúnta, ina saothar *Out of the Shadows, Into the Streets!: Transmedia Organizing and the Immigrant Rights Movement* (2014). Is cás-staidéir oiriúnach é seo a thugann breis eolais ar an teoiric atá á cur chun cinn anseo, gur féidir leis na meáin shóisialta difear suntasach a dhéanamh sa tírdhreach pholaitiúil agus athruithe éifeachtach a thabhairt isteach. Ag tagairt don eagrú pobail fríd ábhar a chruthaigh na gníomhaithe iad féin le scaipeadh ar mheáin s’acu féin, áitíonn Costanza-Chock:

*They did this through a combination of face-to-face organizing, especially by way of long-established student groups, and the abundant use of new media tools and platforms, in particular text messaging and MySpace...Walkout participants produced and circulated their own media across multiple platforms, linked media directly to action, and did so in ways accountable to the social base of their movement* (2014: 14).



Tógtar ar an phlé le teoiric bhreise den rannpháirtíocht a éascaíonn na meáin shóisialta mar ‘spás nua’ don phobal sin:

*Despite continued lack of access to English-language mass media, the growing power of the Spanish-language press, together with the rise of social and mobile media, provides a clear opening for organizers...savvy community organizers engag[ing] their movement’s social base in participatory media-making practices. Organizers can push participatory media into wider circulation across platforms, creating public narratives that reach and involve diverse audiences (2014: 46).*

Agus sa deireadh tugann Costanza-Chock ‘*transmedia organizing*’ ar an ghníomh sin faoi chaibidil, a aithníonn sí mar ghníomh lárnach sa ghluaiseacht áirithe sin:

*In other words, they took part in...transmedia organizing...shifting the emphasis from professional media producers to grassroots, everyday social movement media practices. [She argues] that transmedia organizing is the key emergent social movement media practice in a converged media ecology shaped by the broader political economy of communication (2014: 14).*

## **An teoiric á cur i bhfeidhm – torthaí agus todhchaí**

Ceanglaíonn Paul Mason, agus é i mbun pinn in *The Guardian* (12/06/2017), cuid de na pointí agus argóintí seo ar fad le chéile. I gcomhthéacs pholaitíocht na Breataine, déanann sé anailís Gramsci ar an dóigh ar úsáid Corbyn na meáin nua le teachtaireacht nach raibh ag teacht chun cinn sna meáin thraidisiúnta a bhréagnú: ‘*Italian Marxist Antonio Gramsci understood that before taking power, the left must disrupt and defy common sense*’ agus é ag áitiú ‘*just as Labour defeated the proposition that “Corbyn can’t win”*’.

Arís, i gcomhthéacs Corbyn, fríd teoiricí Gramsci, agus le léamh ar an ré nua dhigiteach, na meáin nua mar uirlis chlaochlaithe gnímh, áitíonn Mason gurb iad na ‘*digital natives*’ seo a bhí ag croílár an dul chun cinn sin:

*Day by day he created an epic sense of possibility. The ideological results of this are more important than the parliamentary arithmetic. Gramsci taught us that the ruling class does not govern through the state. The state, Gramsci said, is just the final strongpoint. To overthrow the power of the elite, you have to take trench after trench laid down in their defence...The 20th-century working class is being replaced as the main actor – in both the economy and oppositional politics – by the networked individual. People with weak ties to each other, and to institutions, but possessing a strong footprint of individuality and rationalism and capacity to act. What we learned on Friday morning was how easily such networked, educated people can see through bullshit. How easily they organise themselves through tactical voting websites; how quickly they are prepared to unite around a new set of basic values (Mason, 2017).*

Ar an dóigh chéanna, bhí ar An Dream Dearg an rud céanna a dhéanamh, agus dréacht-Chlár Rialtais 2016 foilsithe gan aon tagairt d'Acht Gaeilge, bhí an bharúil ann nach mbeadh reachtaíocht riamh ann, agus cuireadh corr úr sa chinniúint leis an fheachtas nua ar líne, a d'athraigh an meon coitianta ar an cheist sin.

Leis an chur chuige feachtasaíochta céanna, d'éirigh leis An Dream Dearg tacaíocht thromlach na gComhaltaí Tionól (CTR) a chinntiú ar son Acht Gaeilge, faoi mar a toghadh iad le linn an toghcháin tionóil ó thuaidh ar 2 Márta 2017. Seasann an tacaíocht sin go dtí an lá inniu agus faoi láthair, tacaíonn 50 as 90 CTR leis an fheachtas (ó chúig pháirtí; An Páirtí Glas, Páirtí na Comhghuaillíochta, Pobal Roimh Bhrabús, SDLP, Sinn Féin) le cearta do phobal na Gaeilge ó thuaidh. Den chéad uair ó bunaíodh an stáit, tacaíonn tromlach na gcomhaltaí leis an éileamh d'Acht Gaeilge.

As sin d'eagraigh An Dream Dearg feachtais agus agóidí ag Cnoc an Anfa, Iúr Cinn Trá, Doire, Béal Feirste agus eile chun an spás fisiceach sin a leathnú amach. Tháinig buaicphointe na gluaiseachta, An Lá Dearg, ar an 20 Bealtaine 2017. Shiúil Gaeil ó Chultúrlann McAdam Ó Fiaich go Halla na Cathrach i mBéal Feirste, agus tuairiscíodh idir 12,000 15,000 i láthair ar an lá (*The Irish News*, 20/5/17).

Ag caint os comhair Halla na Cathrach i mBéal Feirste, dúirt Mac Giolla Bhéin (2017), urlabhraí An Dream Dearg, an méid seo maidir leis an fheachtas:

*Because people like us, a chairde, can – and do – change things for the better. We are the risen people who will not stop until we receive the respect, recognition, and rights that we are entitled to as citizens. Our message is loud and clear. No government and no settlement and no new political arrangements that facilitate the discrimination and exclusion of Irish speakers!*

Ní uasal aon uasal ach muid a bheith íseal. Éirímis!

Ní rialtas go hacht Gaeilge.

Is Gaeil muid.

Is saoránaigh den chéad grád muid.

Is daoine muid nach bhfanfaidh a thuilleadh go mbronnfar ár gcearta orainn.

Tá laethanta na díospóireachta thart. Tá laethanta na gcomhairliúchán poiblí thart. Táimid fuinniúil. Táimid tiomanta. Agus táimid DEARG LE FEARG.

Leanfaimid orainn ag eagrú, ag agóidíocht, ag stocaireacht agus ag troid gan stad gan staonadh go dtí go bhfaighimid ár gcearta.

Léiríonn caint Mhic Giolla Bhéin idé-eolaíocht an fheachtais, agus macalla ann arís de theoiric Gramsci mar a luadh thuas í.

Leis na gníomhaíochtaí seo ar fad, chruthaigh an Dream Dearg comhthéacs polaitiúil ina raibh an Ghaeilge i lár an aonaigh agus ina raibh tuiscint fhairsing ann nach mbeadh rialtas eile i gCnoc Anfa go dtí go mbeadh ceist Acht na Gaeilge réitithe. Le teacht an earraigh 2018 tháinig an fhorbairt ba dhéanaí, agus gan aon amhras, ba shuntasáí i dtaobh na ceiste seo. De réir mar a tháinig an nuacht chun cinn ón Aoine 9 Feabhra 2018 go raibh ‘comhaontú ar na bacáin’ (lá sular ceapadh Mary-Lou McDonald mar Uachtarán ar Shinn Féin ag Ard-Fheis speisialta i mBaile Átha Cliath), thosaigh na ráflaí maidir le cúrsaí Gaeilge ag teacht chun tosaigh sna meáin agus sa dioscúrsa poiblí an deireadh seachtaine sin. De réir beagnach gach tuairisce a tháinig amach ó shin, bhí Acht Gaeilge neamhspleách mar chuid den bheartas a bhí aontaithe idir Sinn Féin agus an DUP (Mallie, 2018 agus Rowan, 2018) inar clúdaíodh stádas oifigiúil don Ghaeilge, coimisinéir teanga, seirbhísí, aistriúchán agus go leor eile. Ach le foilsíú na nuachta seo agus frithghníomh éigin ón phobal aontachtach, bhí an comhaontú cheana féin ag titim as a chéile, mar a scríobhann Comer (2018):

A luaithe agus a thosaigh daoine áirithe ar Twitter agus sna meáin go ginearálta ag gríosú an phobail aontachtaigh le seasamh in aghaidh Achta, ba léir go raibh an próiseas i dtrioblóid. Sa deireadh, ní raibh an mhúinín ná an cheannasaíocht ag an DUP dul sa seans agus lámh an chairdis agus an athmhuintearais a shíneadh amach agus thit an tóin as na cainteanna. De réir foinsí áirithe, níor ullmhaigh an DUP a lucht leanúna mar is ceart chun glacadh leis an réiteach seo agus shíl ceannairí áirithe sa pháirtí go dtiocfadh an cinneadh aniar aduaidh ar a gcuid vótóirí.

Leis sin, tháinig cáineadh ollmhór ar cheannasaíocht an DUP agus tógadh in athuair buncheisteanna maidir le paireacht ghradam don phobal Ghaelach, nó fiú an pobal náisiúnach trí chéile, cé nach ionann iad, faoi mar a gealladh é sin i gComhaontú Aoine an Chéasta. Bealach amháin nó eile, tá tuairimí láidre amuigh i measc an phobail mhóir go raibh roinnt ceannairí sa DUP réidh le hAcht Gaeilge a thabhairt isteach, agus tá sé sin suntasach ann féin, cé gur thit an rud as a chéile sa deireadh le linn phróiseas na hidirbheartaíochta.

In alt a foilsíodh ar líne ag an am: *‘The cultural change now required relates to Unionism’s leadership’*, mhaigh Donnelly go raibh an méid a leanas fós le déanamh ag an DUP chun sochaí chothrom a chruthú ó thuaidh agus chun a gcuid dualgas faoin chomhaontú a chomhlíonadh:

*The St Andrews Agreement is an internationally recognised accord involving a sovereign British government and an Irish government. The commitment by the British government to introduce an Irish Language Act was unequivocal. Indeed, the model of the act was even prescribed in the sense that the British government declared that the Act would “reflect on the experiences of Wales and Ireland.” An Irish Language Act was always going to be the end result of this phase of our political process, regardless of how it was/is packaged. The notion that a language act can not be sold to the unionist community is a fallacy. The one thing that 20 years of a peace process has taught all of us is that deals can be made with compromises regardless of fixed positions from the past. (Donnelly, 2018).*

Le forbairtí na seachtaine sin, áfach, tháinig cáineadh fosta ar an fheachtas, ar an éileamh ar son cearta teanga agus comhionannais. Is sampla soiléir den chineál tráchtairachta é an t-eagarfhocal a foilsíodh in *The Guardian* (15/2/2018), ‘*The Guardian view on Northern Ireland talks collapsing: the lost language of power-sharing – Editorial*’. Tugadh dúshláin don chineál smaointeoireachta a bhí le feiceáil in *The Guardian*, mar shampla, in Ramsey (2018):

*The lack of people speaking Irish in Northern Ireland isn’t just the result of the inevitable supremacy of English. It’s the product of brutality over centuries – from the plantations to Cromwell’s mass murder to the 1831 Education Act, with which British colonists forced Irish people to learn in English rather than their native tongue; to the violence of the famine and the vast exodus it triggered; to the oppression of Catholic communities which triggered the civil rights movement in the 1960s.*

*Looked at over centuries, the decline of the Irish language is best understood as a product of what Tomás Mac Síomóin, among others, describe as the cultural genocide of Ireland. It is in this context that we should look again at that Guardian editorial: where it deplores moves to revive a language as divisive, because the elimination of it has been so successful that only a few thousand people in the North still speak it; where the victims of this oppression are dismissed as ‘tribal’, while the hatred of those who detest diversity goes unchallenged. Of course the Irish language is political: it’s always political for marginalised minorities to express themselves. It’s always political to defend diversity in the face of those who demand a monochrome society.*

## **Focal Scoir**

Tá ceist na Gaeilge aitheanta mar an cheist pholaitiúil is tábhachtaí agus is achrannaí ó thuaidh. Tá todhchaí na gcainteanna idir na bpáirtithe agus an tionól féin ag brath ar a gcumas teacht ar réiteach ar cheist seo an achta. Breis is bliain ó shin, áfach, bhí an cheist seo ar imeall an dioscúrsa agus cailte i measc plé ar ‘athmhuintearas’ agus ‘féiniúlacht nua’ – áit nach raibh tagairt nó spás don teanga inti. Cibé rud a thagann amach as an tréimhse seo, is bua ollmhór don fheachtas phobalbhunaithe é go raibh an Dream Dearg ábalta

cearta do phobal na Gaeilge agus aitheantas oifigiúil don Ghaeilge a bhrú chun tosaigh sa dioscúrsa poiblí agus polaitíochta, gluaiseacht a tharraing aird idirnáisiúnta agus a spreag machnamh trasna an phobail agus sa chóras polaitiúil ar an ról agus stádas ar chóir a bheith ag an Ghaeilge sa tsochaí.

Ag scríobh dó thar ceann An Dream Dearg, luann Mac Giolla Bhéin ról lárnach claochlaithe an phobail sa pholaitíocht ó thuaidh le blianta beaga anuas agus na hathruithe atá bainte amach ag an fheachtas go dtí seo:

*Undoubtedly, the biggest, most consistent and most vocal of these campaigns was that of an Dream Dearg for an Irish language Act. An issue which had spent the previous 3 years on the margins and was rapidly falling off the political richter scale was catapulted to the main political issue of 2017. Despite the more recent, retrospective analysis of politicians and commentators that are hostile to an Irish language Act, this issue has not been plucked from the sky as some kind of arbitrary ‘Sinn Féin Red Line’ to ensure no deal was made while simultaneously allowing them to save face with nationalist electorate. In fact, quite the opposite.*

*As stated on previously on this site, the campaign re-emerged in late 2016 in response to a lack of progress on rights for Irish speakers generally (as indicated by a draft programme for Government which airbrushed Irish out of existence) coupled with brazen and openly biased regressive decisions against the language; see Líofo grants, the renaming of boats and countless attacks on Irish medium schools as examples.*

*The attempts to dehumanise and delegitimize those activists, citizens and young people as merely ‘political activists’ as Arlene Foster described us in April 2017 or in more recent times the reduction of the organic community-led campaign, the biggest seen here for a long year, to “Sinn Féin Red Line” ignores the reality that those parties (SF, SDLP, All, GPNI, PBP – and a majority of MLAs) calling for an Irish Language Act did so as a result of a powerful organic campaign. To ignore that reality inevitably makes resolution much more difficult (Mac Giolla Bhéin, 2018).*

Tá dream úr de dhíograiseoirí cumasaithe agus spreagtha i ngeall ar an fheachtas orgánach seo agus creideann siad go smior i bhfianaise na n-éachtaí atá bainte amach le bliain anuas go bhfuil cumhacht acu agus gur féidir leo an tsochaí thart timpeall orthu a athrú. In ainneoin nach bhfuil an tAcht féin bainte amach go fóill, ní mór a shonrú gur éirigh leis an Dream Dearg sparánacht Líofo a shábháil agus na ciorruithe ar chlubanna óige Gaeilge a chur ar ceall, gan trácht ar phróifíl níos airde agus suntasaí a thabhairt don teanga ná mar a bhí aici riamh ó thuaidh. Tugtar le fios san alt seo an géarghá le reachtaíocht teanga agus na dúshlán pholaitíochta lena mbaineann. Sonraítear an difear ar féidir le pobal atá eagraithe a dhéanamh, bunaithe ar theoiric ghníomhach agus fréamhaithe ar ghníomhartha nua ar ardáin nua feachtasaíochta mar atá ar fáil ar na meáin shóisialta. Thar aon ní eile, aithnítear anseo an ghlúin úr atá á cumasú fríd An Dream Dearg agus atá dírithe ar phróifíl mionteanga áitiúil a ardú. Mar a dúradh ón tús – tá an t-aistear chomh tábhachtach céanna leis an cheann scríbe.

## Leabharliosta

### Leabhair

Costanza-Chock, S., (2014) *Out of the Shadows, Into the Streets!: Transmedia Organizing and the Immigrant Rights Movement* (MIT Press).

Gramsci, A., (1971) *Selections from the Prison Notebooks*. Londain: Lawrence and Wishart.

### Ailt

Brown, H., Guskin, E. & Mitchell, A., (2012) 'The Role of Social Media in the Arab Uprisings.' *The Pew Research Centre*. 28 Samhain. Le fáil ag: <http://www.journalism.org/2012/11/28/role-social-media-arab-uprisings/> (Léite 4 Aibreán 2018).

Burke, B., (1999, 2005) 'Antonio Gramsci, schooling and education.' *The encyclopedia of informal education*. Le fáil ag: <http://www.infed.org/thinkers/et-gram.htm> (Léite 11 Nollaig 2017).

Ní Ghilín, G., (2017a) 'Conradh na Gaeilge san Ardchúirt faoi Straitéis Ghaeilge.' *An tUltach*. Aibreán. 12-3.

Ní Ghilín, G., (2017b) 'An difear idir Straitéis agus Acht.' *An tUltach*. Aibreán. 13.

### Ailt Nuachtáin

Beaumont, P., (2011) 'The truth about Twitter, Facebook and the uprisings in the Arab world.' *The Guardian*. 25 Feabhra. Le fáil ag: <https://www.theguardian.com/world/2011/feb/25/twitter-facebook-uprisings-arab-libya> (Léite 15 Nollaig 2017).

Mallie, E., (2017) 'How Arlene Foster helped nationalism find its teeth.' *The Irish Times*. 4 Meán Fómhair. Le fáil ag: <https://www.irishtimes.com/news/politics/how-arlene-foster-helped-nationalism-find-its-teeth-1.3208198> (Léite 20 Eanáir 2018).

Mason, P., (2017) 'Jeremy Corbyn, defeat ruling class.' *The Guardian* 12 Meitheamh. Le fáil ag: <https://amp.theguardian.com/politics/commentisfree/2017/jun/12/paul-mason-jeremy-corbyn-defeat-ruling-elite-antonio-gramsci> (Léite 15 Nollaig 2017).

## **Ailt Leictreonacha Eile**

Comer, N., (2018) 'Is páipéar litmis é Acht Gaeilge, ach cén dath a bheidh air?' Le fáil ag: <https://www.meoneile.ie/anailis/is-paipear-litmis-e-acht-gaeilge-ach-cen-dath-a-bheidh-air> (Léite 19 Feabhra 2018).

Donnelly, C., (2018) 'The cultural change now required relates to Unionism's leadership.' 18 Feabhra. Le fáil ag: <https://sluggerotoole.com/2018/02/18/the-cultural-change-now-required-relates-to-unionisms-leadership/> (Léite 19 Feabhra 2018).

Dunlevey, D. & Ó Mainnín, M., (2017a) 'Debate over Irish language is central to power-sharing talks in Northern Ireland.' Le fáil ag: <http://qpol.qub.ac.uk/irish-language-act/> (Léite 29 Eanáir 2018)

Dunlevey, D. & Ó Mainnín, M., (2017b) 'Putting a price on language: the debate around the cost of an Irish language act.' Le fáil ag: <http://qpol.qub.ac.uk/cost-irish-language-act/> (Léite 29 Eanáir 2018).

Mallie, E., (2018) 'New light shone on draft agreement.' Le fáil ag: <http://eamonnmallie.com/2018/02/new-light-shone-draft-agreement-eamonn-mallie/> (Léite 19 Feabhra 2018).

Mac Giolla Bhéin, C., (2017) 'An Lá Dearg: óráid Chiaráin Mhic Giolla Bhéin.' *An tUltach*. 22 Bealtaine. Le fáil ag: <https://antultach.com/pobal/an-la-dearg-oraid-chiarain-mhic-giolla-bhein> (Léite 5 Meán Fómhair 2017).

Mac Giolla Bhéin, C., (2018) 'Grassroots Campaign for Irish Language Legislation transformed political discourse, but where are we now and how can we help deliver meaningful change?' 22 Eanáir. Le fáil ag: <https://sluggerotoole.com/2018/01/22/grassroots-campaign-for-irish-language-legislation-transformed-political-discourse-but-where-are-we-now-and-how-can-we-help-deliver-meaningful-change/> (Léite 5 Feabhra 2018).

Ó Cuirreáin, S., (2017) ‘Teachtairacht don Lá Dearg: Seán Ó Cuirreáin.’ *An tUltach*. Bealtaine. Le fáil ag: <https://antultach.com/cursai-reatha/teachtairacht-don-la-dearg-sean-o-cuirreain/> (Léite 6 Lúnasa 2017).

Ó Liatháin, C., (2017) ‘Unionists should welcome Irish Language Act with open arms.’ 10 Meán Fómhair. Le fáil ag: <https://sluggerotoole.com/2017/09/10/unionists-should-welcome-irish-language-act-with-open-arms/> (Léite 10 Nollaig 2017).

Ramsey, A., (2018) ‘The Guardian view on...cultural genocide’ ar *Open Democracy*. 17 Feabhra. Le fáil ag: <https://www.opendemocracy.net/uk/adam-ramsay/guardian-view-on-cultural-genocide> (Léite 18 Feabhra 2018).

Rowan, B., (2018) ‘Stormont Talks: A document of a dozen pages or more – plus annexes & separate commitments.’ 17 Feabhra. Le fáil ag: <http://eamonnmallie.com/2018/02/stormont-talks-document-dozen-pages-plus-annexes-separate-commitments-brian-rowan/> (Léite 19 Feabhra 2018).

## Tuairiscí Nuachta

*Belfast Live*, (2016) ‘DUP pledges to stop “squandering money” on Irish language schools.’ *Belfast Live*. 6 Aibreán. Le fáil ag: <https://www.belfastlive.co.uk/news/belfast-news/dup-pledges-stop-squandering-money-11147531> (Léite 16 Eanáir 2018).

*The Belfast Telegraph*, (2014) ‘Belfast City Council faces High Court challenge over Irish language street sign policy.’ *The Belfast Telegraph*. 24 Márta. Le fáil ag: <https://www.belfasttelegraph.co.uk/news/northern-ireland/belfast-city-council-faces-high-court-challenge-over-irish-language-street-sign-policy-30119835.html> (Léite 11 Eanáir 2018).

*The Irish News*, (2016a) ‘DUP-led Department of Education ends use of Irish on official logo.’ *The Irish News* 11 Samhain. Le fáil ag: <http://www.irishnews.com/news/2016/11/11/news/dup-led-department-of-education-ends-use-of-irish-779228/> (Léite 13 Samhain 2016).



- The Irish News*, (2016b) ‘First and Deputy First Minister vow to just “get on with the work” with “no gimmicks.”’ *The Irish News*. 21 Samhain. Le fáil ag: <http://www.irishnews.com/news/2016/11/21/news/platform-first-and-deputy-first-minister-joint-pledge-no-gimmicks-just-ministers-getting-on-with-the-work--791967/> (Léite 15 Eanáir 2018).
- The Irish News*, (2017a) ‘Scrapping of Irish language bursary “straw that broke the camel’s back.”’ *The Irish News*. 10 Eanáir. Le fáil ag: <http://www.irishnews.com/news/politicalnews/2017/01/10/news/scrapping-of-irish-language-bursary-straw-that-broke-the-camel-s-back--877103/> (Léite 18 Eanáir 2017).
- The Irish News*, (2017b) ‘Irish language campaign logo goes viral on social media.’ *The Irish News*. 12 Eanáir. Le fáil ag: <https://www.irishnews.com/news/northernirelandnews/2017/01/12/news/irish-language-campaign-logo-goes-viral-on-social-media-881439/> (Léite 18 Eanáir 2017).
- The Irish News*, (2017c) ‘Policy for DUP minister’s removal of Irish name from boat cannot be produced.’ 7 Feabhra. Le fáil ag: <https://www.irishnews.com/news/2017/02/07/news/policy-for-dup-minister-s-removal-of-irish-name-from-boat-cannot-be-produced-922505/> (Léite 15 Eanáir 2018).
- The Irish News*, (2017d) ‘An Lá Dearg, thousands of people take to the streets calling for an official Irish language act.’ 20 Bealtaine. Le fáil ag: <http://www.irishnews.com/photos/picturegalleries/2017/05/20/photo/an-la-dearg-thousands-of-people-take-to-the-streets-calling-for-an-official-irish-language-act--1032016/> (Léite 25 Iúil 2017).
- The Irish Times*, (2014) ‘Judge throws out bid to overturn block on putting Irish signs on Belfast street.’ *The Irish Times*. 12 Aibreán. Le fáil ag: <https://www.irishtimes.com/news/crime-and-law/courts/high-court/judge-throws-out-bid-to-overturn-block-on-putting-irish-signs-on-belfast-street-1.2025664> (Léite 1 Eanáir 2018).
- The Irish Times*, (2015) ‘Belfast woman appeals failed bid to install Irish signs on street.’ *The Irish Times*. 11 Meán Fómhair. Le fáil ag: <https://www.irishtimes.com/news/crime-and-law/belfast-woman-appeals-failed-bid-to-install-irish-signs-on-street-1.2348686> (Léite 1 Eanáir 2018).
- BBC, (2017a) ‘Executive failed’ over Irish language strategy, court rules.’ *BBC NI*. 3 Márta. Le fáil ag: <http://www.bbc.co.uk/news/uk-northern-ireland-39157612> (Léite 19 Márta 2017).

BBC, (2017b) 'Irish language act a necessity, says Council of Europe.' *BBC NI*. 9 Márta. Le fáil ag: <http://www.bbc.co.uk/news/uk-northern-ireland-39208556> (Léite 19 Márta 2017).

Lovin.ie, (2017) 'This Irish Language Campaign Group Has Been Set Up To Protest Cuts To Gaeltacht Bursary Scheme.' *Lovin.ie*. Le fáil ag: <https://lovin.ie/news/this-irish-language-campaign-group-has-been-set-up-to-protest-cuts-to-gaeltacht-bursary-scheme> (Léite 3 Aibreán 2017).

*The Guardian*, (2018) 'The Guardian view on Northern Ireland talks collapsing: the lost language of power-sharing: Editorial.' 15 Feabhra. Le fáil ag: <https://www.theguardian.com/commentisfree/2018/feb/15/the-guardian-view-on-northern-ireland-talks-collapsing-the-lost-language-of-power-sharing#comment-112305281> (Léite 19 Feabhra 2018).

## Cáipéisíocht Rialtais & Reachtaíocht

Comhairle na hEorpa, (2017) Tuairisc An Choiste Chomhairligh don Chreat-Choinbhinsiún um Chosaint na Mionlach Náisiúnta, Comhairle na hEorpa: 'Fourth Opinion on the United Kingdom adopted on 25 May 2016.' 27 Iúil. Le fáil ag: <https://rm.coe.int/16806fb9ab> (Léite 1 Aibreán 2018).

Comhaontú Aoine an Chéasta, (2018) Le fáil ag: [https://www.gov.uk/government/uploads/system/uploads/attachment\\_data/file/136652/agreement.pdf](https://www.gov.uk/government/uploads/system/uploads/attachment_data/file/136652/agreement.pdf). (Léite 19 Feabhra 2018).

Comhaontú Chill Rimhínn, (2006) Le fáil ag: [https://www.gov.uk/government/uploads/system/uploads/attachment\\_data/file/136651/st\\_andrews\\_agreement-2.pdf](https://www.gov.uk/government/uploads/system/uploads/attachment_data/file/136651/st_andrews_agreement-2.pdf). (Léite 19 Feabhra 2018).

Roinn CEF | Roinn Pobal, (2015) Comhairliúchán ar Bhille na Gaeilge 2015. 10 Nollaig. Le fáil ag: <https://www.communities-ni.gov.uk/publications/irish-language-bill-consultation-2015-report-and-responses>. (Léite 15 Feabhra 2018).

## Ráitis Oifigiúla

Comer, N., (2015) 'Breis 's 94% Ar Son Acht Gaeilge Ó Thuaidh.' Ráiteas oifigiúil Chonradh na Gaeilge. 1 Deireadh Fómhair. Le fáil ag: <https://cnag.ie/ga/nuacht/725-breis-s-94-ar-son-acht-gaeilge-%C3%B3-thuaidh.html> (Léite 10 Samhain 2017).

Mac Giolla Bhéin, C., (2016) ‘Díomá agus Frustrachas ar Chonradh na Gaeilge faoin Tarraingt Siar ar chuid de Ghealltanais Réamh-thoghcháin.’ Ráiteas oifigiúil Chonradh na Gaeilge. 17 Bealtaine. Le fáil ag: <https://cnag.ie/ga/nuacht/830-d%C3%ADom%C3%A1-agus-frustrachas-ar-chonradh-na-gaeilge-faoin-tarraingt-siar-ar-chuid-de-ghealltanais-r%C3%A9amh-thoghch%C3%A1in-gaelv%C3%B3ta.html> (Léite 5 Eanáir 2018).

## **Páipéar Comhdhála**

Ó Tiarnaigh, P., (2017) “‘The Gaelic Spring’: Social Media, Líofa and the Re-energised campaign for Acht Gaeilge.’ Comhdháil CAIS (Canadian Association for Irish Studies), Ollscoil Uladh, Mag Aoidh. 30 Meitheamh.

## **Twitter**

*An Dream Dearg* – @dreamdearg; *Conradh na Gaeilge* – @CnaG





## ***Léirmheas ar An Ríomhaire Ilteangach***

**le Michal Boleslav Měchura**

**Cois Life Teoranta, 2017. 139 lch, €15**

*Léirmheastóirí: Áine Charlton, Lisa McMahon, Margarita Neothallaigh*

<https://doi.org/10.13025/0bqr-1941>

Is é *An Ríomhaire Ilteangach* an chéad leabhar ó pheann Michal Boleslav Měchura, ar teicneolaí teanga agus ailtire faisnéise as Poblacht na Seice é. Cé nach mbeadh cur amach ag an ngnáthdhuine ar na teidil phoist sin, is féidir a rá go simplí gur saineolaí é ar an idirghníomhú idir teangacha agus ríomhairí, agus gur as an tsuim atá aige sa dá rud sin a d'eascair an leabhar seo. Tar éis roinnt blianta a chaitheamh ag obair le Microsoft, thiontaigh Měchura ar Fiontar, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, áit a raibh ról lárnach aige i bhforbairt an tionscadail [tearma.ie](http://tearma.ie) agus na suíomhanna eile a ghabhann leis ([logainm.ie](http://logainm.ie), [ainm.ie](http://ainm.ie), [duchas.ie](http://duchas.ie) agus [gaois.ie](http://gaois.ie)). D'oibrigh sé ann mar léachtóir chomh maith, ag teagasc modúl ar an ríomhaireacht ilteangach agus ar bhunachair shonraí. Tá neart suíomhanna eile deartha aige; [teanglann.ie](http://teanglann.ie) agus [potafocal.com](http://potafocal.com) ina measc. Tá lucht na Gaeilge go mór faoi chomaoin aige as an méid áiseanna a chuir sé ar fáil dóibh. Is léir ón leabhar seo gur theastaigh ón údar tuilleadh cabhrach a thabhairt do phobal na Gaeilge agus giotaí dá chuid saineolais sa ghort seo a roinnt leo.

Cuireann an leabhar léargas úrnua ar fáil ar chúrsaí teanga, ar ríomhairí agus ar an teicneolaíocht faisnéise nár scrúdaíodh fós i saol na Gaeilge. Mínítear roinnt coincheap teicniúil agus pléitear áiseanna faoi leith atá ar fáil d'úsáideoirí ríomhairí chomh maith leis na srianta a bhaineann leo. Tosaítear le cur síos ar an ionchódú, rud nach mbeadh ar eolas ag an ngnáthúsáideoir, is dócha ná a mhalairt. Mínítear an coincheap casta seo go soiléir, rud a thugann misneach don léitheoir ag tús an leabhair. Díritear ansin ar theangacha éagsúla agus na rialacha agus na dúshláin ar leith a bhaineann leo. Léirítear sa chéad sé chaibidil an tábhacht atá le heolas an leabhair seo agus muid ag maireachtáil i ré an domhandaithe. Faoin am a bhaintear na codanna

níos casta den leabhar amach, tá muinín agus bunús ag an léitheoir chun dul i ngleic leo. Tugtar aghaidh ar an logánú agus ar na dúshláin a bhaineann leis i gcaibidil 12, agus déantar anailís ar na gnéithe éagsúla a bhaineann le suíomhanna dátheangacha agus ilteangacha sna caibidlí deireanacha. Níl aon amhras ach go gcuirfidh an leabhar seo go mór le scileanna ríomhaireachta an léitheora.

Cuireann an t-údar an t-eolas ar fáil ar bhealach gonta agus leagtar amach é i gcaoi atá an-soiléir agus sothuigte. Tugtar mínithe simplí agus follasacha a fhreastalaíonn ar dhaoine a bhfuil taithí acu ar ríomhairí agus ar dhaoine nach bhfuil araon. Tugann an t-údar samplaí úsáideacha agus é i mbun téarma a chur in iúl agus leagtar an leabhar amach in ord loighciúil. Cuireann gach caibidil le heolas agus le tuiscint an léitheora ar ríomhairí i gcómhthéacs ilteangach de réir mar a théann sé ar aghaidh. Tá fochaibidlí mar aon le caibidlí liostaithe sa chlár, rud a ligeann don léitheoir teacht ar an bpíosa eolais go furasta agus go gasta. Tá réamhrá ag tús gach caibidle agus achoimre ag deireadh gach caibidle a shoiléiríonn arís ar pléadh sa chaibidil.

Tugann an t-údar roinnt treoracha praiticiúla tríd an leabhar chun dul i ngleic le fadhbanna teicneolaíochta a bhaineann leis an ilteangachas. Sampla breá de seo is í ceist na gcarachtar breisithe (litreacha le haicinn orthu) agus an chaoi ar fearr dul i ngleic leo. Cé gur beag an difríocht dúinne é, b'fhéidir, idir *Umlaut* na Gearmáinise (ü) agus *Hungarumlaut* (ű), tá an cineál difríochta seo an-tábhachtach i gcomhthéacs na tuisceana idirchultúrtha, mar gur féidir daoine a mhaslú nó fiú míthuiscint a chothú. Tuigfidh daoine a bhfuil ainmneacha Gaeilge orthu an crá croí seo nuair a scríobhtar a n-ainmneacha gan na síntí fada! Tarraingíonn Mèchura aird ar neart fadhbanna formáidithe eile a thagann chun cinn mar gheall ar dhifríochtaí a bhíonn i dteangacha éagsúla; ar nós ceannlitrithe, spásála agus an chaoi a scríobhtar suimeanna airgid agus an dáta. Cé nach bhfuil réiteach simplí ar na ceisteanna seo, cuireann sé in iúl don léitheoir iad. Sampla eile den chineál treoir phraiticiúil a bhíonn á tabhairt ag an údar ná an plé ar théacs truaillithe (an tsreang siombailí a bhíonn le feiceáil nuair a bhíonn deacrachtaí ag ríomhchlár gutaí fada na Gaeilge, cuir i gcás, a láimhseáil). Mínítear an fáth a mbíonn a leithéid le feiceáil ar an scáileán agus moltar do dhaoine a bhíonn ag plé le suíomhanna gréasáin go háirithe an bealach is fearr dul i ngleic leis. Is fiú trácht ar an treoir fhiúntach chomh maith atá le fáil i gcaibidil 10, ina ndéantar plé ar fhoclóirí leictreonacha agus an chaoi ar fearr tairbhe a bhaint astu. Ba dheacair saineolas an údair sa ghort seo a shárú, mar gheall ar an taithí atá aige mar innealtóir agus mar shainchomhairleoir ar na suíomhanna a luadh thuas.

Chruthaigh Mèchura suíomh idirlín a théann leis an leabhar, rud a chuireann go mór leis. Mar a mhaíonn an t-údar: 'Ar bhealach, ní leabhar amháin atá anseo ach pacáiste de leabhar móide suíomh idirlín' (xv). Cuirtear go leor acmhainní ar fáil don léitheoir de réir gach caibidle idir naisc sheachtracha agus ábhair a dhear an t-údar é féin. Cuidíonn an suíomh go mór le heascaíocht an phróisis léitheoireachta mar go gcuireann sé béim ar an mbaint shuntasach atá ag an eolas seo leis an saol mór. Cuir i gcás i gcaibidil 4, moltar don léitheoir giorrúcháin airgeadraí idirnáisiúnta (i.e. EUR le haghaidh euro) a úsáid chun débhrí a sheachaint agus tá an liosta iomlán de ghiorrúcháin airgeadraí ar fáil ar shuíomh an leabhair.

Is fiú trácht a dhéanamh ar an gcaibidil faoin meaisínáistriúchán (caibidil 8), mar is ábhar é a mbíonn míthuiscint faoi agus ar ndóigh bíonn daoine, gnólachtaí agus rialtais fiú ag baint mí-úsáide as *Google Translate* go háirithe. Míníonn Mèchura an chaoi a bhfeidhmíonn an meaisínáistriúchán agus na srianta atá leis. Faightear tuairisc shuimiúil ar choincheapa ar nós na hidirtheanga (struchtúr comónta a úsáidtear sna hinnill atá in ann níos mó ná dhá theanga a láimhseáil) agus ar na cineálacha difriúla meaisínáistriúcháin atá ann. Mínítear an dá chás ina bhfuil sé inghlactha an meaisínáistriúcháin a úsáid: ‘le haghaidh tuisceana, chun téacs atá i dteanga nach bhfuil ag an léitheoir a dhéanamh sothuigthe dó nó di’ agus ‘mar chuid de phróiseas an aistriúcháin ina ndéantar meaisínáistriúchán ar dtús, ansin déanfaidh aistritheoir nó profléitheoir daonna iar-eagarthóireacht air’ (67-8).

Cé go n-éiríonn le Mèchura téarmaí agus coincheapa teicniúla a mhíniú go simplí den chuid is mó agus éacht déanta aige sa chás seo, ní fhéadfaí an béarlagair a sheachaint go huile is go hiomlán agus leabhar mar seo á scríobh aige. Is sampla den bhéarlagair é an focal ‘meaits’ (*fuzzy match* i mBéarla) nár tugadh míniú air (74). Cé go mbeadh an téarma seo ag an té a mbeadh cur amach aige ar bhogearraí aistriúcháin, b’fhearr míniúchán gonta a thabhairt air agus é a chur sa ghluais, mar atá déanta le téarmaí eile a bhaineann leis an aistriúchán ríomhchuidithe (leithéidí ‘cuimhne aistriúcháin’ agus ‘corpas comhthreomhar’). Sampla eile de bhéarlagair teicniúil nach bhfuil ar fáil sa ghluais is ea an téarma ‘babhtáil beo’ (93) a bhaineann le logánú bogearraí. Tugann Mèchura míniú ar an téarma ach fós féin tá sé deacair níos mó eolais a aimsiú toisc nach bhfuil a fhios ag an léitheoir cén téarma Béarla ba cheart a chuardach ar an idirlíon.

Cé go bhfuil ábhar fiúntach le fáil sna ceithre chaibidil dheireanacha, ina ndéantar plé ar logánú agus ar idirnáisiúnú bogearraí, tá siad beagáinín rótheicniúil. Tá speisialtóireacht faoi leith ag baint leo. B’fhéidir gurbh fhearr a d’fheilfeadh sé do dhaoine atá ag obair san earnáil seo seachas don ghnáthléitheoir. Tá an baol ann go bhfuil an t-ábhar seo ag teacht salach ar bhunspríoc an leabhair mar atá luaite aige féin sa réamhrá: ‘Níl an leabhar seo dírithe ar speisialtóirí ríomhaire’ (xiii).

Ar an mórgóir, is leabhar cuimsitheach é *An Ríomhaire Ilteangach*, a fheidhmíonn go sármhaith mar bhunchúrsa ar an ilteangachas i gcomhthéacs na teicneolaíochta. Is áis fhiúntach í a dhéanann iarracht an bhearna a dhruidim idir daoine nach bhfuil mórán eolais acu ar ríomhairí agus iad siúd atá cleachta leo, óir is beag duine nach gcaithfidh scileanna ríomhaireachta a bheith aige sa lá atá inniu ann. Ba mhór an cuidiú do dhuine ar bith a bheadh ag dul i ngleic le breis agus teanga amháin ar a ríomhaire an leabhar seo a léamh. B’fhiú go mór don té atá aonteangach an leabhar a léamh chomh maith, ar mhaithe le tuiscint níos fearr a fháil ar an ilchineálachas teangeolaíoch i saol na teicneolaíochta agus ar mhaithe lena scileanna idirchultúrtha a fheabhsú. Toisc go bhfuil an leabhar scríofa i nGaeilge, áfach, is beag seans go mbainfidh mórán tairbhe as comhairle an údair. Cé gur mór an bua leabhar den ábhar seo a bheith scríofa i nGaeilge, is cinnte go mbeadh luach ar leagan Béarla den saothar seo freisin.







## **Léirmheas ar shraith leabhar *An Seachtar Stuama***

aistrithe ag

**Caitlín Ní Chualáin, Máirín Ní Ghadhra,  
Marion Ní Shúilleabháin, Gormfhlaith Ní Thuairisg  
(Cló Iar-Chonnacht, 2017. €7 an leabhar)**

*Léirmheastóirí: Sinéad Mansfield, Anna Ní Pheanróis,  
Clíona Uí Dhálaigh, Bernadette Uí Mhaoilchiaráin*

<https://doi.org/10.13025/zwvxv-7x93>

Aistriúchán stuama atá sa tsraith leabhar<sup>1</sup> seo atá bunaithe ar an tsraith Bhéarla *The Secret Seven* leis an údar iomráiteach Enid Blyton. Foilsíodh an tsraith Bhéarla sa bhliain 1987 agus thug na haistritheoirí Caitlín Ní Chualáin, Máirín Ní Ghadhra, Marion Ní Shúilleabháin agus Gormfhlaith Ní Thuairisg – atá ag obair mar chraoltóirí i Raidió na Gaeltachta freisin – faoin dúshlán na leabhair a aistriú go Gaeilge chun iad a chur in oiriúint do léitheoirí óga. Rinne an grúpa seo aistriúchán sármhaith ar an tsraith agus thug siad leo stíl scríbhneoireachta Blyton go foirfe. Baisteadh ainmneacha breátha Gaelacha ar na carachtair – Peadar, Sinéad, Jeaic, Cóil, Gearóid, Neansaí agus Bairbre, agus ní fhéadfaí dearmad a dhéanamh ar an madra Sceolán! Seachtar cairde a bhfuil cumann rúnda bunaithe acu atá sa seachtar stuama seo, atá réidh do ‘chuile chineál eachtraíochta agus a bhraitheann ar a chéile chun freagra na mistéire nó réiteach na faidhbe a aimsiú – scil thábhachtach i saol aon pháiste.

---

1 *Eachtra an Mhílseáin, Eachtra ar an mBealach Abhaile, Tráthnóna leis An Seachtar, Cá bhfuil An Seachtar?, Déanaigí Deifir, a Sheachtair!, Rún an tSeanmhuillin.*

Táthar ag gearán le fada an lá faoin easpa leabhar Gaeilge do dhaoine óga. Céim dhóchasach chun cinn atá sna haistriúcháin Ghaeilge ar leabhair Bhéarla atá go mór i mbéal an phobail óig: *Dónall Dána* (*Horrid Henry*), *Dialann Dúradáin* (*Diary of a Wimpy Kid*), *Harry Potter agus an Órchloch* (*Harry Potter and the Philosopher's Stone*), *An Cúigear Cróga* (*The Famous Five*) agus anois *An Seachtar Stuama* (*The Secret Seven*).

Is í an nideog sa mhargadh i dtaca le leabhair Ghaeilge do ghasúir óga a ghríosaigh beirt bhan – Máirín Ní Ghadhra agus Gormfhlaith Ní Thuairisg – chun aistriúchán a dhéanamh ar an tsraith leabhar *An Cúigear Cróga*. In agallamh a rinne Ní Ghadhra le Bernie Ní Fhlatharta, iriseoir leis an *Connacht Tribune*, rinne sí cur síos ar an deacracht a bhí aici leabhair oiriúnacha a aimsiú dá hiníon agus moladh di leabhair Bhéarla a aistriú í féin (Ní Fhlatharta, 2015). Roghnaigh sí féin agus Ní Thuairisg *An Cúigear Cróga* mar gur leabhair ficsin Bhéarla do dhaoine óga iad, ar a raibh ráchairt mhór. Mar thoradh ar an obair sin agus ar an rath a bhí uirthi, bheartaigh siad aistriúchán a dhéanamh i gcomhar le beirt bhan eile ar shraith nua, *An Seachtar Stuama*. Ba léir go raibh éileamh ar a leithéid d'obair agus gur theastaigh seánra den chineál seo i nGaeilge do pháistí na linne seo.

Cé gur scríbhneoir sárdhíola a bhí in Enid Blyton, rinne an BBC cinsireacht ar a saothar le linn na dtríochaidí agus dúirt Jean Sutcliffe, Ceannasaí an BBC: '*My impression of her stories is that they might do for Children's Hour but certainly not for Schools Department they haven't much literary value*' (Sutcliffe, 1938). Is léir ón ráiteas seo nach raibh mórán measa ar a cuid scríbhneoireachta agus nár glacadh léi mar scríbhneoir gairmiúil. Léiríonn taighde ó shin, áfach, gur maith le páistí an cineál seo seánra – scéalta a thugann taobh amuigh dá dtimpeallacht féin iad le taithí eile a fháil ar an saol (De Brún, 2007: 15) agus is cinnte go bhfuil sé seo ar fáil i scríbhneoireacht Blyton.

Ba chosúil nach raibh páistí ag iarraidh na bunleabhair a bhí ar fáil i nGaeilge a léamh mar nach raibh siad sách suimiúil ná scanrúil (Denvir, 2003: 105). Ós rud é nach bhfuil dóthain den seánra seo ar fáil i nGaeilge, níl aon rogha ann ach aistriúchán a dhéanamh ar na leabhair atá foilsithe i dteangacha iasachta.

Molann Titley tréithe tábhachtacha do lucht scríbhneoireachta do pháistí, ina measc: 'Níorbh fholáir leanbh nó leanaí a bheith i gceartlár na heachtra. Chaithfeadh eachtraí agus eachtraíocht a bheith ann ó thús go deireadh' (2012: 93). Éiríonn leis *An Seachtar Stuama* na cuspóirí seo a bhaint amach, cé nach scéalta iad atá lonnaithe sa draíocht ná sa mhíotas. Spreagfaidh na scéalta seo, ina mbíonn na páistí lánach in eachtraí a tharlaíonn ina gceantar, samhlaíocht na bpáistí atá á léamh. Tá droch-charachtair nó dúshlán éigin le sárú ag an seachtar i ngach scéal. Briseann siad roinnt rialacha agus iad ag réiteach na bhfadhbanna, gné a thaitníonn le páistí.

Tá an saibhreas agus na leaganacha cainte a roinneann na húdair linn sa tsraith *An Seachtar Stuama* an-luachmhar do ghlúin óg na Gaeilge. Faightear blaiseadh breá de Ghaeilge Chonamara sna leabhair seo. Feictear focail choitianta, nádúrtha Chonamara ar nós 'mada', 'foighid', 'tuige' agus 'aiféala'. Is uirlis oideachasúil iad na leabhair seo mar go gcuirtear Gaeilge Chonamara agus Chonnacht os comhair an

phobail óig léitheoireachta ar bhealach nádúrtha agus greannmhar. Tugann an Ghaeilge seo blaiseadh de chanúint Chonamara do pháistí as gach uile chearn den tír. Tagann ceist thábhachtach an aistritheora chun cinn anseo – an gá cloí le canúint an aistritheora nó an bhfuil dualgas ar an aistritheoir píosa a scríobh atá sothuigthe do pháistí ar fud na tíre? Dar le Titley gur cheart ‘caint ghonta shimplí a bheith sa scéal’ ó thaobh litríocht na bpáistí de (2012: 93).

Mar sin féin, is iomaí nath cainte a úsáidtear sna leabhair, nathanna cosúil le ‘ag scoilteadh na gcloch’ agus ‘deoir bháistí’. Léirítear anseo nach bhfuil eagla ar na haistritheoirí ó thaobh saibhris de agus go bhfuil fonn orthu an Ghaeilge a scaipeadh go fairsing agus i stíl ealaíonta. Baintear úsáid freisin as uaim, cuir i gcás ‘mór millteach’ agus ‘de rite reaité’, a nochtann an Ghaeilge san fhoirm is nádúrtha agus a threisíonn go bhfuil ‘an-tábhacht ag baint le fuaimeanna, ceol, agus rithim an scéil i leabhair do pháistí óga’ (Ní Chuilleanáin, 2012: 139). Aistrítear nathanna áirithe go geal sna leabhair chomh maith. Is nathanna iad seo atá i bhfad níos tuairisciúla ná na leaganacha Béarla, cuir i gcás ‘ag salmadóireacht leis go seasta’ (*he drones on and on*) agus ‘smúiteacht’ (*cloudy*). Cuireann na nathanna seo go mór le galántacht na leabhar agus léiríonn siad saibhreas na Gaeilge do pháistí óga, rud atá de dhíth chun an teanga a choinneáil beo. Ag an am céanna, is leibhéal teanga neamhchasta é a spreagfaidh léitheoir óg ‘tuilleadh léitheoireachta a dhéanamh, agus a gcumas léitheoireachta a fhorbairt’, bunspríoc an aistritheora leabhair do pháistí (Nic a’ Bhaird, 1980: 51).

Thug scata léitheoirí (aois deich mbliana) le fios in agallamh go bhfuil na leabhair seo oiriúnach do pháistí idir seacht agus naoi mbliana d’aois (*Léirmheas Leabhar*, 2017). An é sin le rá nach gceapann siad go bhfuil na leabhair sách sofaisticiúil dóibh féin? Cé go gcreideann Ní Chléirigh go bhfuil neart leabhar Gaeilge ar fáil do pháistí, maíonn sí:

[...] go bhfuil ganntanas ann i gcás léitheoirí idir ocht mbliana agus trí bliana déag d’aois, go háirithe dóibh siúd a bhfuil an Ghaeilge mar dhara teanga acu. Is éard atá in easnamh i gcás an aoisghrúpa seo ná leabhair sholáite ó thaobh teanga de ach atá fós spéisiúil agus sofaisticiúil a ndóthain chun léitheoirí óga a mhealladh (2012: 183).

Is cinnte gur scéalta simplí go leor iad scéalta Blyton sa tsraith seo i gcomparáid leis an ábhar a bhíonn á léamh ag go leor páistí sa lá atá inniu ann, ach d’fhéadfaí cás a dhéanamh faoin bhfiúntas a bhaineann leo mar thúsphointe léitheoireachta neamhspleáiche Gaeilge don aoisghrúpa atá faoi chaibidil. Cuireann an Ghaeilge bhlasta, nádúrtha go mór leis an scéalaíocht sna leabhair seo agus mothaítear soineantacht na hóige ag sníomh tríd an eachtraíocht, rud atá in easnamh i scéalta eile don aoisghrúpa seo, mar shampla: *Dialann Dúradáin* agus *Dónall Dána*.

Cé go bhfuil méadú tagtha ar líon na leabhar atá aistrithe go Gaeilge le blianta anuas, níl an margadh do leabhair Ghaeilge chomh láidir leis an margadh do leabhair Bhéarla fós agus tá níos mó páistí ag léamh leabhar i mBéarla. Tá sé soiléir ón tóir a bhí ar an leagan Gaeilge den tsraith *An Cúigear Cróga* go bhfuil gá le breis ábhar léitheoireachta i nGaeilge a bheith ar fáil do pháistí. Faoi choimirce na Stráitéise Litearthachta agus Uimhearthachta 2011–2020, d’fhoilsigh An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta (COGG) liosta leabhar léitheoireachta do dhaltáí bunscoile agus luaitear *An Cúigear Cróga* ar an liosta mar ábhar léitheoireachta. Tá sé ar cheann de spriocanna na straitéise ‘pléisiúr sa léitheoireacht a chothú i measc leanáí agus daoine óga’ (COGG: gd). Is léir go n-áirítear na leabhair seo ó pheann Enid Blyton mar ábhair fhiúntacha do pháistí agus mar sin gur fiú an t-aistriúchán a aithint mar uirlis éifeachtach le páistí a ghríosú chun na léitheoireachta Gaeilge. Táthar ag súil go gcuirfear *An Seachtar Stuama* ar an liosta chomh maith.

Freastalóidh *An Seachtar Stuama* ar aoisghrúpaí níos leithne ná iadsan idir seacht agus naoi mbliana; ag brath ar a gcumas léitheoireachta, ar a gcaighdeán teanga agus ar a réimse spéise. Tá ábhar ann atá suimiúil do bhuachaillí agus do chailíní araon. Is é Tony Ross a mhaisigh an tsraith. Tá stíl nua-aimseartha ar na pictiúir atá mealltach agus a chuireann go mór le hinsint na scéalta. Tá an-obair déanta ag Cló Iar-Chonnacht agus ag na haistritheoirí agus beifear ag súil le tuilleadh dá leithéid a fheiceáil sa todhchaí ar mhaithe le glúin óg léitheoireachta na Gaeilge.

## Leabharliosta

### Leabhair

Blyton, E., (1955) *The Secret Seven*. Londain: Hodder Children's Books.

Blyton, E., (2015) *An Cúigear Cróga*. Aistrithe ag G. Ní Thuairisg agus M. Ní Ghadhra. Gaillimh: Cló Iar-Chonnacht.

Blyton, E., (2017) *An Seachtar Stuama*. Aistrithe ag G. Ní Thuairisg, M. Ní Ghadhra, M. Ní Shúilleabháin, agus C. Ní Chualáin. Gaillimh: Cló Iar-Chonnacht.

### Ailt

Groszewski, L., (2012) An Margadh Léitheoireachta i gCás Aistriúchán Gaeilge do Leanaí. Nic Congáil, R., (eag.) *Codladh Céad Bliain: Cnuasach Aistí ar Litríocht na nÓg*. Baile Átha Cliath: LeabhairCOMHAR. 109-25.

Ní Chléirigh, L., (2012) 'An Triantán Beirmiúdach: Spléachadh ar Leabhair Ghaeilge don Aoisghrúpa 8-13', Nic Congáil, R., (eag.) *Codladh Céad Bliain: Cnuasach Aistí ar Litríocht na nÓg*. Baile Átha Cliath: LeabhairCOMHAR. 173-84.

Ní Chuilleanáin, Ó., (2012) 'Tosaíochtaí an Aistriúcháin ar Litríocht na nÓg go Gaeilge: An Staid Reatha'. Nic Congáil, R., (eag.) *Codladh Céad Bliain: Cnuasach Aistí ar Litríocht na nÓg*. LeabhairCOMHAR. 127-49.

Ní Chuilleanáin, Ó., (2014) *Tíortha na hÓige: Litríocht Ghaeilge na nÓg, agus Ceisteanna an Aistriúcháin*. Baile Átha Cliath: LeabhairCOMHAR.

Nic a' Bhaird, F., (1980) 'Ag Foilsiú Don Óige'. *Comhar*, 39(4): 50-1.

Titley, A., (2012) 'An Leabhbh Ionainn Go Léir: Na hAistriúcháin Ghaeilge ar Litríocht do Dhaoine Óga'. Nic Congáil, R., (eag.) *Codladh Céad Bliain: Cnuasach Aistí ar Litríocht na nÓg*. LeabhairCOMHAR. 87-107.

## Foinsí Leictreonacha

Adams, S., (2009) 'BBC banned Enid Blyton for 30 years', *The Telegraph*. Le fáil ag: <http://www.telegraph.co.uk/culture/books/booknews/6573855/BBC-banned-Enid-Blyton-for-30-years.html> (Léite: 14 Samhain 2017).

COGG (nd), 'Léitheoireacht na Gaeilge: Liosta leabhar léitheoireachta do dhaltáí bunscoile', *An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta*. Le fáil ag: [http://www.cogg.ie/wp-content/uploads/leitheoireacht-na-gaeilge\\_web.pdf](http://www.cogg.ie/wp-content/uploads/leitheoireacht-na-gaeilge_web.pdf) (Léite: 6 Samhain 2017).

De Brún, J., (2007) 'Leabhair Ghaeilge do Pháistí', *An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta*. Le fáil ag: <http://www.cogg.ie/wp-content/uploads/leabhair-ghaeilge-do-phaisti.pdf> (Léite: 11 Samhain 2017).

Ní Fhlatharta, B., (2015) 'Intrepid duo translate Famous Five into Irish', *The Connacht Tribune*. Le fáil ag: <http://connachttribune.ie/intrepid-duo-translate-famous-five-into-irish/> (Léite: 9 Samhain 2017).

## Cláir Theilifíse

*Léirmheas Leabhar* (2017) TG4, 10 Deireadh Fómhair.



## **Léirmheas ar *Cinnlínte: Saol an Iriseora***

**le Deaglán de Bréadún**

**Cois Life Teoranta, 2016. 117 lch, €12**

*Léirmheastóirí: Gráinne Ní Choisdealbha, Neasa Ní Choisdealbha, Máire N. Uí Mhurchú*

<https://doi.org/10.13025/38mj-p389>

Sa leabhar *Cinnlínte: Saol an Iriseora*, déanann an t-údar, Deaglán de Bréadún, cur síos ar na buaicphointí éagsúla óna ré mar iriseoir le *The Irish Times* agus *The Irish Sun*. Tá clú agus cáil ar de Bréadún de bharr a chuid iriseoireachta, chomh maith lena chuid eagarthóireachta agus a chuid oibre mar Chomhfhreagraí Raidió Áitiúil leis an Oireachtas agus mar Chomhfhreagraí Polaitíochta i dTeach Laighean. Is léir go raibh suim riamh aige san iriseoireacht agus is cinnte go raibh cumas thar na bearta ann ina taobh. Chuir sé nuachtán popcheoil in eagar agus é sa mheánscoil agus lean sé leis an gceird san ollscoil, ag scríobh faoi chúrsaí oideachais, polaitíochta agus cearta sibhialta.

Is cnuasach scéalta atá sa leabhar seo, ina dtugann de Bréadún cuntas cuimsitheach ar na hábhair chonspóideacha, ghoilliúnacha agus staire ar a ndearna sé tuairisceoireacht le linn a ghairm bheatha. Roghnaíonn sé na scéalta is mó a bhí i mbéal an phobail ón dara leath den 20ú haois go nithe nua-aimseartha na haoise seo. Tá ceithre chaibidil déag sa leabhar agus tá siad leagtha amach in ord croineolaíoch. Déantar cur síos ar dhá eachtra dhéag éagsúla sa leabhar, aon trian díobh siúd ag díriú ar eachtraí thar lear agus dhá thrian faoi nithe a thit amach in Éirinn. Téann an léitheoir ar thuras náisiúnta agus idirnáisiúnta ina chuideachta go dtí an Iaráic, an Afganastáin, an Rúis agus an Bruach Thiar. Castar polaiteoirí móra na linne orainn, Charlie Haughey, Ian Paisley, Brian Cowen, Yasser Arafat, Boris Yeltsin agus Mikhail Gorbachev ina measc, agus faightear léargas spéisiúil agus uathúil ar na nithe pearsanta a bhain leo.

Tosaíonn an leabhar le scúp faoi Charlie Haughey, iar-Thaoiseach na hÉireann. Cuireadh fainic ar de Bréadún ina agallamh leis gan aon tagairt a dhéanamh d'ábhar scannalach, ach is léir gur iriseoir treallúsach é de bharr gur tharraing sé anuas cúrsaí pearsanta airgeadais 'eadrainn féin'. *'You're being impertinent now'*, a bhí mar fhreagra ag Charlie Haughey sa scéal 'Scúp faoi Charlie Haughey' (19).

Tugann de Bréadún raon leathan ábhar chun solais agus é ag cur síos ar stair an ghinmhillte in Éirinn. Tugtar léargas dúinn ar thionchar na heaglaise, an dlí, an bhunreachta, cás 'Miss X' agus ar ré ina raibh an Caitliceachas cumhachtach agus coimeádach. Mar a deir sé féin: 'Is é gnó an iriseora an dá thaobh den argóint a chur os comhair na léitheoirí' in 'Ginmhilleadh agus dlí na hÉireann: scéal gan chríoch' (26) agus is cinnte go n-éiríonn leis é sin a dhéanamh ar bhealach meáite tríd an leabhar.

Tá de Bréadún tomhaiste agus críochnúil nuair a thugann sé cuairt ar an Aontas Sóivéadach ag am ina bhfuil an cumannachas fós i réim ach ag deireadh ré. Déanann sé iarracht choinsiasach cur síos a dhéanamh ar an scéin a bhí ar dhaoine ag an am de bharr an teannais a bhí idir na tíortha caipitlíocha agus na tíortha ina raibh an cumannachas i réim. Tráchtar ar scrios an chumannachais, ar fhorbairt córais saormhargáíochta agus ar an tionchar a bhí acu seo ar shaol an ghnáthdhuine. Baintear úsáid as stíl shimplí chun íomhánna truamhéalacha a nochtadh trí scéalta pearsanta na ndaoine sin in 'Ar ais sa Rúis iarchumannach' (50).

Cruthaíonn de Bréadún íomhánna láidre agus soiléire sa leabhar; nuair a dhéanann sé cur síos ar thuras go Nua-Eabhrac tar éis 9/11 'boladh míthaitneamhacha...cosúil le...feoil a bhí dóite' (95); ar chruachás na dteifeach Coirdíneach in 'I measc na dteifeach ón Iaráic' (39); agus ar éadóchas mhuintir na Rúise nuair a theip ar an gcumannachas in 'Ar ais sa Rúis iarchumannach' (53).

Léirítear 'na gnéithe is tarraingtí den iriseoireacht' agus 'an chaoi go dtarlaíonn rudaí gan choinne ar féidir scéal nuachta a bhaint astu' agus é ag cur síos ar Gorbachev agus Yeltsin in 'Cuairt ar an Aontas Sóivéadach ag deireadh ré' (33). Cothaíonn sé íomhá de shaol eachtrúil contúirteach an iriseora nuair a thráchtann sé ar a aistir chuig láithreacha campála na dteifeach Coirdíneach in 'I measc na dteifeach ón Iaráic' (38); agus arís le linn dó a bheith ag tuairisciú sa Mheánoirthear agus cuireadh a bheatha i mbaol 'nuair a bhí urchar ag scinneadh tríd an aer os ár gcionn' sa scéal 'Agallamh le Yasser Arafat ar an mBruach Thiar' (97).

Dar le de Bréadún, 'is é an scéal is mó a chlúdaigh [sé] riamh' ná réamheolas ar shos cogaidh an IRA i 1994 (57). Tá an ceathrú cuid den leabhar dírithe ar Na Trioblóidí, an scéal thuasluaite ina measc, agus éiríonn leis fíricí polaitíochta a chur in iúl ar bhealach sothuigthe, suimiúil. Nochtann sé a thuairimí féin sna scéalta seo, rud nach ndéanann iriseoirí nó tuairisceoirí go hiondúil. Maíonn sé go raibh an choimhlint ag dul i léig ag deireadh na 1970í 'ach amháin go ndearna Londain ceann de na meancóga is mó a rinne an Bhreatain riamh in Éirinn' (60). Molann sé misneach Albert Reynolds in 'Téarma Gearr, tionchar mór: Albert Reynolds mar Thaoiseach' (69) agus admhaíonn sé go raibh 'idir ghliondar agus neirbhís' air agus é ag dul sa seans ag cur muiníne ina fhoinsí nuair a rinne sé réamhfhógairt ar an sos cogaidh (63).



Tá féith an ghrinn agus toise an réalachais le brath ina chuid scríbhneoireachta agus feictear an greann seo ag ócáidí áirithe sa leabhar. Cloistear é trí athfhriotail na bpolaiteoirí éagsúla: ‘no aul Arms Trial Shite now!’ in ‘Scúp faoi Charlie Haughey’ (15) agus ‘G’way ye wife-swappin sodomites’ in ‘Sága an cholscartha agus na “wife-swapping sodomites”’ (79). Tugann de Bréadún údar gáire arís don léitheoir nuair a deir sé sa scéal céanna gur dúradh leis go raibh baint ag an aimsir le toradh an reifrinn, ‘the rain bet us...It came in the wrong places’ (79). Luann sé scéal faoi Haughey agus eachtra ghreannmhar a thit amach de bharr tagairt a rinne de Bréadún do Haughey a bheith ag ithe duilleoga *ginkgo* chun cosc a chur ar an aois! In ‘Fágann Brian Cowen an stáitse’ (106) insíonn sé scéal barrúil faoin gcaoi ar shíl Yasser Arafat gur Ghiúdach ab ea Cowen de bharr a shloinne.

Is léir ón leabhar go bhfuil an-suim ag de Bréadún sa Ghaeilge. Ba é an t-eagarthóir Gaeilge ag *The Irish Times* i lár na 1980í é agus bhí sé freagrach as an gcolún ‘Tuarascáil’. Sa bhliain 1990, d’fhoilsigh Comhar Teoranta bailiúchán gearrscéalta Gaeilge dá chuid, dar teideal *Sceallóga*. Léirigh sé an tsuim chéanna seo nuair a luaigh sé gur tugadh tús áite sa dlí don leagan Gaeilge den fho-alt a cuireadh le hAlt 40 den bhunreacht in ‘Ginmhilleadh agus dlí na hÉireann: scéal gan críoch’ (25). Ghoill sé air nuair a úsáideadh an leagan Béarla dá shloinne ar an aer sa Bhreatain in ‘Fágann Brian Cowen an stáitse’ (103). Anuas air sin, ar ndóigh, shocraigh sé an leabhar seo a scríobh i nGaeilge.

Cé go bhfuil bua na scríbhneoireachta ag de Bréadún, níl an leabhar gan locht. Tá roinnt Béarlachais le sonrú ar chuid de na habairtí a scríobh sé agus i roinnt teideal, cuir i gcás, ‘ní nós liom fear a chiceáil agus é thíos’ (104). Tá lorg an Bhéarla le brath ar roinnt de na focail a roghnaíonn sé ar nós ‘Sága’ agus ‘Scúp’ i dteideal dhá scéal. Ina theannta sin – cé go gcruthaíonn de Bréadún íomhánna cruinne, cumhachtacha lena pheann – chabhródh pictiúir dhaite go mór le híomhá an leabhair. Mar iriseoir aitheanta, bheadh rogha agus bailiúchán leathan grianghraf ina chartlann aige agus is cinnte go mbeadh suim ag go leor léitheoirí iontu. Níl ag an léitheoir ach aon ghrianghraf amháin ar chlúdach an leabhair – íomhá den údar i ndubh agus bán agus muintir an Mheánoirthir cruinnithe timpeall air i ndúch cudadail. Caithfear a rá, áfach, nach dtagann an locht seo salach ar na híomhánna a chruthaíonn na scéalta dúinn.

Is leabhar taitneamhach agus oideachasúil é *Cinnlínte: Saol an Iriseora* ar furasta bualadh faoi de bharr go bhfuil stíl shoiléir scríbhneoireachta ann agus is cinnte go n-éiríonn le de Bréadún léargas suimiúil a thabhairt ar shaol an iriseora lena linn féin. Cabhraíonn leagan amach agus leanúnachas croineolaíoch an leabhair leis an léitheoir léargas stairiúil a fháil ar na mórimeachtaí polaitíochta agus sóisialta ó na 1970í go dtí 2016. Cuidíonn an cló mór agus an bealach gonta, cruinn scríbhneoireachta atá ag de Bréadún leis an léitheoir i mbun léitheoireachta. Is léir gur iriseoir go smior é de Bréadún, a bhíodh fite fuaite sna scéalta is nuaí, peann agus páipéar ina lámh aige, agus an-chrógacht ann agus é ar bís ar thóir na nuachta. B’fhiú go mór don té ar spéis leis nó léi cúrsaí reatha, cumarsáide, staire, polaitíochta, iriseoireachta nó sóisialta an leabhar seo a léamh.





**Féilscríbhinn Thábhachtach Thrípháirteach:  
Léirmheas ar *Ag Siúl an Bhealaigh Mhóir: Aistí  
in Ómós don Ollamh Nollaig Mac Congáil***

**(LeabhairCOMHAR: Baile Átha Cliath, 2016. 480 lch  
Eagarthóirí: John Walsh agus Peadar Ó Muircheartaigh)**

*Léirmheas le Marie Whelton*

<https://doi.org/10.13025/g7pe-g362>

Bailiúchán tathagach d’ocht n-alt déag atá san imleabhar seo ina dtugann iarmhíic léinn, iarchomhghleacaithe agus cairde ómós don scoláire ceannródaíoch, an tOllamh Nollaig Mac Congáil. Seachas réamheolas a thabhairt sa Réamhrá ar ábhar na n-alt, cuireann na heagarthóirí nóta beathaisnéiseach ar fáil faoi Nollaig Mac Congáil. I measc na sonraí spéisiúla a thugtar ansin faoina óige, tá gur ghnóthaigh sé gradaim náisiúnta dá scileanna díospóireachta agus é ina dhéagóir i gColáiste Cholm Cille i nDoire. Sonraítear gur chaith sé a shaol gairmiúil go léir in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus gur chomhlíon sé róil éagsúla ansin thar na blianta: ba Léachtóir agus b’Ollamh é i Scoil na Gaeilge, ba Dhéan é ar Dhámh na nDán ar feadh tréimhse agus sular éirigh sé as a phost sa bhliain 2014, ba é an Meabhránaí agus Uachtarán Ionaid é. Taispeánann an clár saothair a chuireann na heagarthóirí ar fáil ag deireadh an Réamhrá gurb éachtach an méid a bhain Mac Congáil amach ina shaol acadúil ach déanann siad ceiliúradh, freisin, ar a dhíograis ar son na mac léinn a bhíodh faoina chúram agus ar a fhlaithiúlacht lena chomhghleacaithe. Tá an meas sin ar Nollaig Mac Congáil – an duine agus an scoláire – le léamh ar na hait go léir sa leabhar agus is minic a thugann scríbhneoirí na n-aistí sonraí pearsanta faoin saintionchar a d’imir a chuid oibre agus a chuid tuisceana orthu. Is iad na trí mhór-réimse taighde agus léinn a shaothraigh Mac Congáil i rith a shaoil a thugann struchtúr don chnuasach.

Sa chéad mhórchuid tá ocht n-alt ar Oidhreacht agus ar Litríocht Chúige Uladh. Sa chéad cheann, míníonn iarmhac léinn de chuid Nollaig Mhic Congáil, Nóilín Nic Bhloscaidh, gurb í sanasaíocht sloinne a iarléachtóra a spreag í chun tagairtí don chú, don sionnach agus don mhac tíre a lorg sna scéalta béaloidis. Cíorann sí go leor fabhalscéalta ón mbéaloideas agus tugann sí sárléargas ginearálta ar an bpearsantú a dhéantar iontu ar thréithe na n-ainmhithe sin agus ar na teachtaireachtaí uilíocha a chuirtear in iúl, d'óg agus d'aosta, trí 'dhaonnú' a dhéanamh ar an gcú agus ar a gharghaolta.

Ba iad an teirce taighde ar an óige Chonallach i litríocht na Gaeilge agus an teirce taighde ar an litríocht a scríobh scríbhneoirí Conallacha do pháistí an dá chúis ar shocraigh Ríona Nic Congáil ar alt faoi fhorbairt litríocht na n-óg i dTír Chonaill (1900-1930) a sholáthar don chnuasach. Tugann sí cuntas beacht ar an bhforbairt sin agus ar an tslí ar tháinig an litríocht Chonallach do pháistí faoi bhláth sna 1920í. Is tairbhí an cuntas toisc ábhar teagaisc do pháistí a bheith curtha san áireamh in éineacht le hábhar litríochta agus toisc an litríocht Chonallach do pháistí a bheith curtha i gcomhthéacs ginearálta na litríochta Gaeilge do pháistí. I dtreo dheireadh an ailt, díríonn Nic Congáil ar shaothar Fhinn Mhic Chumhaill (1885-1965) agus tugann sí blaiseadh den ábhar trí léamh tuisceanach sochstairiúil a dhéanamh ar an saothar sin. Nochtann an t-alt, i gcoitinne, gur toibreacha luachmhara taighde iad an litríocht do pháistí agus na téacsanna oideachasúla a chum scríbhneoirí ó Dhún na nGall ag tús an chéid seo caite.

In alt dar teideal 'Earnán de Blaghd, File, agus Saol Polaitiúil an tSaorstáit sna 1930í', sonraíonn Pádraig Ó Siadhail go bhfuil droch-chlú ar Earnán de Blaghd, Aire Airgeadais a linne, as na cinntí a rinne sé maidir le tuarastal múinteoirí agus pinsean na sean a laghdú ach go ndéantar dearmad ar an maoiniú a chuir sé ar fáil do scéimeanna éagsúla Gaeilge agus ar an gcomaoin a chuir a shaothar fileata, a shaothar aistriúcháin chomh maith lena chuid léirmheasanna ar chorpas na Gaeilge. Ceistíonn Ó Siadhail na breithiúnais cháinteacha atá déanta ag scríbhneoirí eile ar ghairmréim an Bhlaghdaigh agus cruthaíonn sé go cumasach go bhfuil go leor fianaise ann a léiríonn go dtuilleann de Blaghd athbhreithniú a thabharfadh aitheantas d'ilchastacht an tionchair a d'imir sé ar shaol poiblí a linne.

'Scéimh Rith-na-Ferside' an teideal a bhí ar an gcéad amhrán a cuireadh i gcló de na hamhráin go léir a bhailigh Mícheál Ó Gallchóir. Cé go bhfuil baint ag an logainm a luaitear i dteideal an amhráin le Tír Chonaill, ní d'áit i dTír Chonaill a thagraíonn sé ach d'áit dúchais an bhailitheora – Rinn na Feirste in Iorrais, Contae Mhaigh Eo – agus is amhrán é a dhéanann áilleacht na háite sin a cheiliúradh. Ina alt críochnúil faoi shaol agus faoi shaothar Mhichíl Uí Ghallchóir, míníonn Cathal Ó Háinle go bhfuair an bailitheoir moladh mór ó Sheán Pléimeann as an obair a rinne sé ar an amhrán áirithe sin agus gur féidir gurbh é an moladh sin a spreag é chun leanúint ar aghaidh le bailiú na n-amhrán, in Éirinn ar dtús agus ina dhiaidh sin i Meiriceá, áit a ndeachaigh Ó Gallchóir ar imirce. I gcorp na haiste, tugann Ó Háinle go leor fianaise a léiríonn gur chuir

Ó Gallchóir oideachas ardchaighdeáin air féin i réimsí éagsúla de léann na Gaeilge. Aithníonn Ó Háinle go bhfuil laigí áirithe ar shaothar Uí Ghallchóir ach déanann sé suntas dá chruinneas mar bhailitheoir amhrán agus dá inniúlacht mar thráchtair ar na hamhráin chéanna.

Lonnaíonn Brian Ó Conchubhair an plé a dhéanann sé ar shaothar liteartha Sheosaimh Mhic Ghrianna i gcomhthéacs eachtraí shaol an scríbhneora agus tráchtann sé ar na dúshláin agus na tragóidí go léir a bhí le sárú ag Mac Grianna. Léiríonn an t-alt gur shiúil Mac Grianna a bhealach féin sa saol mór agus i limistéar na litríochta. Mar a deir Ó Conchubhair: ‘tháinig a chuid leabhar trasna ar an rud lena raibh criticeoirí liteartha na hÉireann ag súil agus ba mhór idir iad agus leabhair a dhearthár cháiliúil. Ní raibh gnáthchonair na litríochta ná gnáthnósanna an chleachtais liteartha á gcleachtadh ag Mac Grianna...Ní aiteas is cúis leis seo, áfach, ach fíis éagsúil agus tuiscint neamhspleách’ (134). Cé go dtugann Ó Conchubhair iliomad sleachta le scríbhneoirí éagsúla a léiríonn go raibh meas ag a chomhghleacaithe air mar scríbhneoir réabhlóideach nuálach, áitíonn sé nach bhfuair Mac Grianna an t-aitheantas ceart a bhí tuillte aige go dtí gur bronnadh Duais an Bhuitléirigh air agus é ocht mbliana is seasca d’aois. Is cúis áthais d’Ó Conchubhair go bhféachtar sa lá atá inniu ann ar shaothar Mhic Ghrianna mar ábhar fairsing léinn.

Is í an ghné d’oidhreacht agus de litríocht Chúige Uladh a ndéanann Lillis Ó Laoire mionphlé cáiríseach air ná an t-amhrán ‘Tráthnóna Beag Aréir’ – amhrán a d’aistrigh/a chum Séamus Ó Grianna. Léiríonn Ó Laoire go raibh tionchar ag saothair éagsúla ar an amhrán ach go bhfuil sé go mór faoi chomaoin ‘The Heather Glen’, le George Sigerson. Tar éis comparáid agus codarsnacht a dhéanamh idir an dá amhrán áitíonn Ó Laoire go ndearna Máire iarracht chomhfhiosach téacs Sigerson a fheabhsú. Pléann Ó Laoire amhrán Mháire i gcomhthéacs thraidisiún amhránaíochta na Gaeilge agus na Gaeltachta agus taispeánann sé go bhfuil débhrí, teannas drámatach, gné mhisteach agus éifeacht mhothálach aige nach bhfuil le sonrú sa bhunamhrán Béarla. Ní hamháin sin, ach tá miondifríochtaí, freisin, sa cheol a théann leis an dá leagan den amhrán. I bhfianaise a anailíse ar na difríochtaí sin, dearbhaíonn Ó Laoire gur mothálaí an t-atmaisféar a chruthaíonn an ceol a théann le hamhrán Mháire. Déanann Ó Laoire argóint áititheach gurb iad na buanna sin atá ag foclaíocht agus ceol amhrán Mháire a chinntíonn go dtugann an t-amhrán idir shólás agus spreagadh samhlaíochta fós do dhaoine comhaimseartha.

Dán Gaeilge i *Leabhar Farnese* a spreag samhlaíocht agus fiosracht Mhichíl Mhic Craith agus déanann sé scagadh sultmhar ar an dán sin ina alt. Is lámhscríbhinn é *Leabhar Farnese* a cuireadh le chéile go speisialta i gColáiste na Sasanach sa Róimh do shochraid an Chairdinéil Farnese – duine d’uaisle na Róimhe a fuair bás sa bhliain 1626 agus a raibh baint aige le rítheaghlach Shasana. Ocht ndán, i dteangacha éagsúla, san iomlán atá sa dara leath den lámhscríbhinn ach is éard atá eisceachtúil faoin dán Gaeilge nach bhfuil baint ar bith aige leis an tsochraid agus nach dán nuachumtha é ach dán a chum Giolla Brighde Ó hEoghasa nach mór fiche bliain roimh an tsochraid, sa bhliain 1607. Ransaíonn Mac Craith na foinsí chun teacht ar an mbréagadóir a chuir dallamullóg ar údar na lámhscríbhinne agus déaduchtaíonn sé gurbh é Antaine Ó hIceadha an cleasaí

a sholáthair an seandán agus a rinne é a ‘uasdátú’ trí fhocail áirithe a athrú ann. Ní haon ionadh é gurb é ‘Bobaireacht Ghaeilge i gColáiste na nGall sa Róimh’ an teideal oiriúnach a chuireann Mac Craith ar a alt – alt a thugann spleáchadh spráúil ar ghnéithe de ‘pholaitíocht’ na gColáistí sa Róimh sna 1600í.

Aiste chritice shnoite i mBéarla le Philip O’Leary is ea an aiste dheireanach sa chéad mhórchuid den leabhar ina ndéanann sé measúnú ar ocht ndrámá leis an drámadóir stairiúil, Séamus Ó Néill. Tugann O’Leary suntas don taighde fairsing stairiúil a rinne Ó Néill dá chuid drámaí agus don chúram a thug sé a bheith chomh dílis agus ab fhéidir dá chuid foinsí. Is iad róshimplíocht na dtéamaí agus neamhchastacht na gcarachtar is mó a thugann O’Leary faoi deara, áfach, maidir le drámaí luatha Uí Néill. Cé go n-admhaíonn O’Leary gur tháinig fás agus forbairt ar chumadóireacht Uí Néill thar na blianta agus gur éirigh leis níos mó de phearsantacht agus d’inspreagadh a chuid carachtar a thaiscéaladh ina shaothar déanach, ar an iomlán, tugann O’Leary breithiúnas tomhaiste ar na drámaí nuair a deir sé: ‘*it is perhaps more fitting to value his plays for their ambition than for their achievement*’ (223).

Sé alt ar Irisí agus Nuachtáin na Gaeilge atá sa dara mórchuid den chnuasach. Is iad scríbhinní dioscúrsacha Mháirtín Uí Chadhain is ábhar d’alt spéisiúil Dhónaill Uí Bhraonáin agus ceadaíonn sé na hailt go léir, idir cholúin liteartha agus scéalaíocht, a d’fhoilsigh Ó Cadhain in *Scéala Éireann, Feasta agus Comhar* sa tréimhse 1949-1952. Is iomaí ábhar a phléitear sna hailt céanna: an teanga, an béaloideas, cultúr liteartha na Gaeilge agus nádúr an dúchais ina measc. Thar aon rud eile, léiríonn alt Uí Bhraonáin go raibh áit ar leith ag meafar na créafóige i scríbhneoireacht dhioscúrsach Uí Chadhain sa tréimhse agus gurbh fhiú iltoiseacht an mheafair sin a scaoileadh chun tuairimí Uí Chadhain ar na hábhair sin thuas a léirtheiscint. I bhfocail Uí Bhraonáin: ‘Samhail reitriche go cinnte í samhail na créafóige ach samhail a fhéachann le teachtaireacht throm théamúil a iompar san am céanna; gurb ann don intleachtóir dúchais atá feasach ar stair an chine agus a chruthaíonn a leagan féin den stair le go dtiocfadh borradh faoin dúchas, faoin gcultúr, faoin teanga agus faoin litríocht in ithir nach cré choimhthíoch, dhoicheallach í’ (242).

Ailt dhioscúrsacha is ábhar den dara halt i gCuid a Dó, freisin, áit a bhféachann Ken Ó Donnchú ar na hailt a d’fhoilsigh Seán Ó Súilleabháin sa nuachtán laethúil, *Scéala Éireann*, a fhad agus a bhí sé ag obair le Coimisiún Béaloideas Éireann idir 1958 agus 1982. Déanann Ó Donnchú iarracht aidhm agus fiúntas na n-alt sin a iniúchadh i gcomhthéacs gnéithe de scéal an Choimisiúin. Is í buntéis Uí Dhonnchú nach raibh Ó Súilleabháin ag iarraidh meon an Choimisiúin a chur chun cinn go scunscan sna hailt ach go raibh dhá aidhm eile aige: sa chéad áit, bhí sé ag iarraidh na gnéithe de dhúchas na hÉireann ab ansa leis féin a chur os comhair lucht léitheoireachta leathain ar bhealach soléite éadrom, agus sa dara háit, bhí sé ag iarraidh obair acadúil áirithe i réimse an bhéaloidis a dhéanamh agus a spreagadh trí mheán an nuachtáin. Dar le Ó Donnchú, d’éirigh leis na hailt an chéad aidhm a bhaint amach. Maidir leis an dara haidhm, áitíonn Ó

Donnchú gur chuir ‘srianta an mheáin’ (265) constaic roimh Ó Súilleabháin an aidhm sin a fhíorú agus gur thrua é nár lig cúinsí oibre an Choimisiúin dó ‘a dhúthracht a chaitheamh le hait agus leabhair acadúla ar an mbéaloideas a scríobh’ (247).

Déanann Dorothy Ní Uigín measúnú saineolach ar thábhacht na n-irisí agus na gcolún Gaeilge a foilsíodh sa tréimhse díreach roimh bhunú Chonradh na Gaeilge. Tráchtann sí ar na hirisí léannta a bhí dírithe ar chúrsaí teanga agus cultúir (*Bolg an tSolair, Ancient Ireland, An Fíor-Éirionnach* agus *The Celt*) agus ar na hirisí léannta inar foilsíodh ábhar Gaeilge cé nárbh é sin a bpríomhghnó (*Dublin Penny Journal, Ulster Journal of Archaeology, The Atlantis, Dublin University Review* agus *Revue Celtique* ina measc). Taispeánann Ní Uigín gur chuir na tréimhseacháin sin ábhar Gaeilge ó na lámhscríbhinní chomh maith le litríocht Ghaeilge ar fáil don phobal den chéad uair agus go ndeachaigh sé sin i gcion ar an litríocht Angla-Éireannach agus ar Athbheochan na Gaeilge araon. Tá plé ar leith déanta ag Ní Uigín ar an ról a bhí ag *The Nation* i gcur chun cinn na Gaeilge agus i gcothú an náisiúnachais mhíleata i measc na ndaoine, agus, sa spleachadh a thugann sí ar na colúin Ghaeilge a foilsíodh in irisí agus nuachtáin eile (*The Shamrock, The Keltic Journal and Educator* agus *Tuam News* – gan ach cuid bheag a lua) léiríonn Ní Uigín gur cholúin oideachasúla iad cuid mhaith acu a thug deiseanna luachmhara d’fhoghlaimoirí Gaeilge. Ar an iomlán, cruthaíonn an t-alt gur réamhtheachtaithe tábhachtacha ar Athbheochan na Gaeilge a bhí sna hirisí agus sna colúin Ghaeilge sin go léir.

Is caoithiúil, dá bhrí sin, go bpléann an chéad alt eile sa chnuasach leis an irisleabhar is mó a shamhlaítear le hAthbheochan na Gaeilge, is é sin *Irisleabhar na Gaedhilge*. Is alt dea-scríofa é alt Liam Mhic Pheaircín ina rianaíonn sé ‘tóchar’ an irisleabhair faoina eagarthóirí éagsúla. Molann sé scóip leathan ilghnéitheach an irisleabhair agus soláthraíonn sé go leor fianaise a dhearbhaíonn go bhfuil an Ghaeilge, an litríocht agus an béaloideas go mór faoi chomaoin ag *Irisleabhar na Gaedhilge*. Is é príomhthátaí Mhic Pheaircín gur sholáthair an t-irisleabhar meán dioscúrsach beo nua-aimseartha do phobal na Gaeilge – idir fhoghlaimoirí agus scoláirí teanga – ag am a raibh géarghá lena leithéid agus go ndeachaigh an meán sin go mór chun sochair na hAthbheochana teanga.

Ina haiste léannta sise, déanann Regina Uí Chollatáin iniúchadh struchtúrtha tionscanta ar insint scéil 1916 in *An Claidheamh Soluis*. Scrúdaíonn Uí Chollatáin claonadh agus dearcadh an nuachtáin ag aimsir na réabhlóide agus léirmhíneann sí go gcaitheann an tráchttaireacht ar 1916 solas ar ghnéithe de streachailt ghluaiseacht na Gaeilge leis an náisiúnachas agus ar ghnéithe de streachailt ghluaiseacht na Gaeilge le saol comhaimseartha na cathrach. Áitíonn sí, áfach, gur féidir ‘síolta tosaigh an amhrais i dtaobh úsáid na Gaeilge do dhioscúrsa cultúrtha agus féiniúlachta’ (330) a fheiceáil sa tráchttaireacht chéanna agus go bhfeictear ionannú áirithe á dhéanamh ag an am idir an Ghaeilge a úsáid sna meáin chlóite agus claonadh náisiúnaíoch. Ar ndóigh, bhí impleachtaí fadtéarmacha ag an ionannú sin mar a léiríonn na coimhlintí teanga is déanaí

i bpolaitíocht thuaisceart Éireann, ach, dar le Uí Chollatáin, ceann de na torthaí ba shuntasáí a bhí air ná an deighilt a tharla, ag leibhéal náisiúnta, idir iriseoireacht an Bhéarla agus iriseoireacht na Gaeilge a bhfuil iriseoireacht na Gaeilge thíos léi fós.

In ‘Scríbhneoirí Tosaigh *An tUltach* agus Iriseoireacht na Gaeilge’ cuireann Pádraig Ó Baoighill síos ar na scríbhneoirí a scríobh ábhar do *An tUltach* i mblianta luatha na hirise agus cuireann sé an scríbhneoireacht a rinne siad don iris i gcomhthéacs a saothar Gaeilge i gcoitinne. I measc na scríbhneoirí a phléitear tá: An tAthair Lorcán Ó Muireadhaigh, Seán Mac Maoláin, Seosamh Mac Grianna, Niall Ó Dónaill, Bríd Ní Dhochartaigh, Éamann Ó Tuathail, Séamas Ó Duilearga agus Séamus Ó Néill. Ina theannta sin, cíorann Pádraig Ó Baoighill tábhacht *An tUltach* san iriseoireacht Ghaeilge go ginearálta. Áitíonn sé gur cáipéis fhiúntach staire é le nócha bliain anuas agus gur meán tairbheach é a thugann uchtach do scríbhneoirí Ultacha agus don chultúr Ultach go háirithe. Ag deireadh an ailt, luann sé gur tháinig deireadh, sa bhliain 2014, leis an maoiniú a bhíodh á fháil ag *An tUltach* go dtí sin ó Fhoras na Gaeilge. Tapaíonn sé an deis agus impíonn sé ar Fhoras na Gaeilge tacaíocht airgid a thabhairt don iris arís.

Téann na hailt go léir sa tríú cuid den chnuasach – ceithre cinn – i ngleic le cúrsaí teangeolaíochta agus canúineolaíochta. Díríonn an chéad alt, alt leis an scoláire Meiriceánach Caoimhín Mac Con Raoi, ar shaibhreas na téarmaíochta Gaeilge don bhó. Is alt glinn soiléir é atá bunaithe ar an tráchtas máistreachta a rinne an t-údar faoi stiúir Nollaig Mhic Congáil. Baineann Mac Con Raoi gaisneas as mórshaothar Heinrich Wagner, *Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects (LASID)*, mar phríomhfhoinsé dá staidéar agus cabhraíonn sé go mór go ndéanann sé rangú ar an téarmaíocht de réir aoiseanna éagsúla na bó bainne (bó, bó bhainne, lao/gamhain, bodóg agus gamhnach). Tagann Mac Con Raoi ar an gconclúid go bhfreagraíonn éagsúlacht shuaithinseach na téarmaíochta Gaeilge don bhó don tábhacht a bhíodh/atá ag an mbó sa tsochaí Éireannach, agus, sonraíonn sé nach aon ionadh é, i gcomhthéacs leitheadúlacht na déiríochta i gCúige Mumhan, gur forbartha na miontéarmaíochta don bhó i gcanúint na Mumhan ná sna canúintí eile.

An bhunfhoinsé chéanna – *Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects (LASID)* – atá in úsáid ag Peadar Ó Muircheartaigh chun an gaol idir chanúintí éagsúla Chúige Uladh a thaiscéaladh. Le cabhair na teicneolaíochta nua-aimseartha, cuireann sé an t-eolas a dhíorthaíonn sé ó *LASID* i láthair i ngréasáin fhíliginiteacha agus i ndeindeagraim agus, ansin, úsáideann sé modheolaíochtaí ó léann na géineolaíochta agus na ríomhaireachta chun anailís ghéarchúiseach a dhéanamh ar na diagraim. Taispeánann sé go mbaineann beachtas le toradh na hanailíse a chuireann le toradh na modheolaíochtaí canúineolaíochta traidisiúnta. Cruthaíonn alt Uí Mhuircheartaigh go mbaineann práinn le digitiú an chorpais (an t-ábhar in *LASID* san áireamh) agus go soláthróidh na modheolaíochtaí atá pléite aige – modheolaíochtaí is féidir a úsáid go héasca le corpas digitithe – féidearthachtaí suntasacha taighde.



In alt leathdheireanach an chnuasaigh, cuireann John Walsh modheolaíocht de chineál eile i láthair an léitheora: is í sin an tsochtheangeolaíocht chriticiúil agus baineann sé úsáid as an modheolaíocht sin chun mionanailís chúramach a dhéanamh ar ghnéithe den athrú teanga agus den idé-eolaíocht teanga i mBreac-Ghaeltacht na nDéise sa tréimhse 1926-1956. Cé go n-ainmníonn sé na foinsí éagsúla go léir a d'fhéadfaí a úsáid sa taighde, is iad cín lae an bhailitheora béaloidis, Nioclás Breatnach, príomhábhar an mhicreastaidéir. Ní fhágann na conclúidí inchreidte téagartha a chuireann Walsh chun cinn ag deireadh an ailt aon amhras ar an léitheoir faoi thorthúlacht an chur chuige – go háirithe maidir le gnéithe de speictream teangeolaíoch casta a nochtadh.

San alt deireanach, tugann Nollaig Ó Muraíle cuntas taitneamhach ar thogra a bhí conspóideach go leor sna 1940í ach nach bhfuair mórán airde riamh ó lucht acadúil. Is é an togra atá i gceist ná togra 'Eeris' agus ba é an Bráthair Éamonn [Mícheál] Ó Murchú (a d'úsáid an t-ainm cleite cliste, 'Dr Panini') a phríomhúdar. Leagan simplithe den Ghaeilge ab ea 'Eeris', go bunúsach, agus chum an Bráthair Ó Murchú a chuid rialacha féin dá theanga nua. Tugann Ó Muraíle spleachadh don léitheoir ar na príomhrialacha sin agus rianaíonn sé cúlra agus comhthéacs an togra. Cé go n-aithníonn Ó Muraíle na laigí móra a bhí ar chóras Uí Mhurchú, síleann sé nár cheart dearmad iomlán a dhéanamh ar an togra ach oiread. I bhfocail Uí Mhuraíle: '...tá creidiúint ag dul don Bhr Eumon [*sic*] as an tsamhlaíocht a léirigh sé agus an méid dochreidte oibre a rinne sé, mar dhuine aonair, nach mór, leis an aisling a bhí aige a fhíorú' (465).

Is sárbhailiúchán aistí é seo a bheidh ina áis fhíorluachmhar ag taighdeoirí agus ag mic léinn araon amach anseo. Tá moladh mór ag dul do na heagarthóirí as an bhfís 'thrípháirteach' a bhí acu don leabhar, as an leagan amach agus an rangú atá déanta acu ar an ábhar agus as an gclárú atá déanta acu ar shaothar Nollaig Mhic Congáil. Tá an comhlacht foilsitheoireachta, *LeabhairCOMHAR*, le moladh freisin, as slacht agus dearadh an leabhair idir ghrianghraif agus chlúdach. Is é mór bhua an chnuasaigh go gcuireann gach aiste atá san áireamh ann go mór le gort a shaothraigh an tOllamh Mac Congáil féin. Ar an mbealach sin tugann na húdair an t-ómós is dual don mhórscoláire agus cuireann a bhféilscríbhinn barr maise ar an méid a bhain sé amach ina shaol gairmiúil do shaíocht na Gaeilge.





## Nótaí Beathaisnéise

### Nótaí Beathaisnéise na nÚdar

#### **Pádraig de Bléine**

Tá Pádraig de Bléine ina Leachtóir i Roinn na Gaeilge ar Choláiste Ollscoile Naomh Muire i mBéal Feirste. Tá tairbhí aige ar theagasc na litríochta ag an dara agus ag an tríú leibhéal. Tá suim mhór aige i gcúrsaí aistriúcháin agus chuige sin tá úrscéalta do pháistí aistrithe go Gaeilge aige. Ina measc siúd tá; *Capall Cogaidh*, *An Cheist Faoi Mozart*, *Kaspar Prionsa na gCat*, *Tá na hEitleoga in Airde sa Spéir*, *Toro! Toro!* agus *An Fáth ar tháinig na Míolta Móra* – le Michael Morpuogo aistrithe aige. Chomh maith leis sin tá *An Gasúr a Chaith Pitseamaí Stríocacha*, *Anne Frank*; *Dialann Cailín Óig* agus *Is Mise David* aistrithe go Gaeilge aige.

#### **Caoilfhionn Lane**

Is taighdeoir agus innealtóir bogearraí í Caoilfhionn Lane in Ionad na hAnailísíochta Sonraí, Insight, OÉ Gaillimh. Roimhe sin, chaith sí seal mar innealtóir bogearraí i gcomhlachtaí ilnáisiúnta. Rinne sí an Dioplóma i Scileanna Aistriúcháin in OÉ Gaillimh agus tá sí ina comhúdar ar alt acadúil faoin aistriúchán uathoibríoch.

#### **Ciarán Mac Giolla Bhéin**

Rugadh agus tógadh Ciarán i mBéal Feirste, áit a bhfuair sé oideachas trí mheán na Gaeilge ar dtús i mBunscoil Phobal Feirste agus ar Mheánscoil Feirste (Coláiste Feirste) ina dhiaidh sin. Chaith Ciarán seal ag teagasc i nGaelscoileanna Bhéal Feirste agus mar Oifigeach Gnó le Gaeilge leis an ghrúpa forbartha Gaeilge, Forbairt Feirste. Ina dhiaidh sin, chaith sé beagnach sé bliana mar Oifigeach Óige agus Oideachais le Foras na Gaeilge.

Le linn na tréimhse sin, bhí sé gníomhach le bunú Fóram na nÓg, grúpa tacaíochta do sheirbhísí óige Gaeilge. Is cathaoirleach ar Fhóram na nÓg go fóill é. Tá Ciarán anois ag obair mar Bhainisteoir Abhcóideachta le Conradh na Gaeilge. Is é an cathaoirleach ar Bhunscoil an tSléibhe Dhuibh chomh maith é.

## Mícheál Mac Lochlainn

Feidhmeannach Ríomhaireachta de chuid Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann Gaillimh, is ea Mícheál. Tá sé lonnaithe in Áras Shorcha Ní Ghuairim i Roisín na Mainiach. Thug sé roinnt mhaith blianta ag obair sa ghort leis, mar innealtóir ríomhaireachta agus riarthóir córas. I measc na réimsí go gcuireann sé suim iontu tá brí shéimeantach sa bhfearann leictreonach, imlonnú logánaithe chomhéadan ríomhaire (agus béim ar theangacha Ceilteacha Inseacha) agus an chartlannaíocht dhigiteach. Is é Mícheál teicneoir Chartlann Joe Éinniú ([www.joeheaney.org](http://www.joeheaney.org)). Is é a shín amach an leagan reatha de láithreán gréasáin na gcartlann agus d'fhorbair sé roinnt sainbhreiseán WordPress mar chuid den obair sin. Tá leagan leictreonach d'*An Músgraiheach* á fhorbairt aige ([www.músgraiheach.ie](http://www.músgraiheach.ie)).

## Carmel Ní Bhriain

Feidhmeannach Cumarsáide is ea Carmel Ní Bhriain, atá mar bhall foirne de chuid Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge le breis agus ceithre bliana déag. Tá suim nach beag ag Carmel i gcúrsaí craoltóireachta dúchasaí agus i gcás na gcraoltóirí sna mionteangacha go háirithe. Tá spéis aici fosta i dtreochtaí craoltóireachta le linn na ré digití agus a dtionchar ar na craoltóirí traidisiúnta. Anuas air seo, bhí Carmel gníomhach san earnáil neamhspleách teilifíse ó bhí tús na 1990idí ann; léirigh sí réimse leathan clár do TG4, RTÉ agus BBC Thuaisceart Éireann. Tá BA i Staidéar na Meán aici ó Ollscoil Uladh, Cúil Raithin agus MA san Amharcstaidéar ó Ollscoil na Ríona, Béal Feirste.

## Áine Nic Niallais

Is as Gaoth Dobhair i dTír Chonaill d'Áine. Tá sí ag obair in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ón bhliain 2001 agus is ag plé le cúrsaí aistriúcháin is mó a bhíonn sí. Rinne sí tráchtas dochtúireachta dar teideal *Ag teacht isteach orthu – Gnéithe de Chomhréir agus de Shéimeantaic Bhriathra Frásacha na Gaeilge* a chur i gcrích sa bhliain 2012. Ba é aidhm an tráchtas sin ná anailís a dhéanamh ar an dóigh a bhfeidhmíonn briathra, réamhfhocail agus ainmfhocail le chéile mar aonaid bhrí sa Ghaeilge agus mar a fhásann nathanna meafaracha as a mbunbhríonna litriúla.

## **Aisling Ní Dhiorbháin**

Is léachtóir i dteagasc na Gaeilge in Institiúid Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath í Aisling Ní Dhiorbháin. Is iar-mhúinteoir lán-Ghaeilge í. Tá MA bainte amach ag Aisling i dTeagasc Teangacha (An Ghaeilge) ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Bhain Aisling DOid amach ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath in 2017. Dhírigh a taighde dochtúireachta ar oideolaíochtaí um theagasc na gramadaí do bhunmhúinteoirí faoi oiliúint. Tá spéis ag Aisling i ngach gné de theagasc agus foghlaim teangacha, agus in oideachas múinteoirí teanga. Tá taighde foilsithe aici ar theagasc na gramadaí sna scoileanna lán-Ghaeilge.

## **Dorothy Ní Uigín**

Is í Riarthóir Theagasc na Gaeilge in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge í an Dr Dorothy Ní Uigín. Tá suim aici i dteagasc agus i sealbhú teangacha agus sa litearthacht acadúil. Tá suim ar leith aici i stair na hiriseoireachta agus na meán Gaeilge.

## **Michael Bhray Ó Flatharta**

Is Feidhmeannach Teanga le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ar an gCeathrú Rua é Michael Bhray. Tá sé fostaithe ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ó 1989 agus ón am sin i leith tá suim ar leith aige deiseanna foghlama fadsaoil a chur ar fáil do phobal Chonamara i bhfoirm ranganna oíche ríomhaireachta chomh maith le cúrsaí lae.

## **Tadhg Ó hIfearnáin**

Tá Tadhg Ó hIfearnáin ina Ollamh Bunaithe le Gaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Ba in Ollscoil Luimnigh a bhí sé ó 1996 go 2017 agus in Ollscoil na Briotáine Uachtaraí ar feadh roinnt blianta roimhe sin, tar éis dó tréimhsí a chaitheamh mar iarchéimí agus léachtóir in Ollscoil Utrecht agus in Ollscoil Uladh, Cúil Raithin. Tá BA (1988) agus PhD (1994) i Léann na Gaeilge aige ó Ollscoil Uladh, Cúil Raithin.

## **Muiris Ó Laoire**

Is speisialtóir i dteagasc na Gaeilge é an tOllamh Muiris Ó Laoire. Tá go leor alt agus leabhar scríofa aige ar ghnéithe éagsúla den tsochtheangeolaíocht agus de theagasc na Gaeilge. Tá sé ag obair i Scoil na nEolaíochtaí Sóisialta in Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí. Ó Eanáir 2016 go Meitheamh 2017 bhí sé ag obair mar éascaitheoir don dá phlean teanga i gCorca Dhuibhne agus in Uíbh Ráthach.

## **Pádraig Ó Tiarnaigh**

Is de bhunadh an Mhullaigh Bháin é Pádraig Ó Tiarnaigh ó dhúchas. D'fhreastail sé ar Scoil na Mainistreach in Iúr Cinn Trá agus d'éirigh leis PhD a bhaint amach sa Ghaeilge in Ollscoil Uladh i Márta 2015, áit a ndearna sé céim agus iarchéim sa teanga roimhe sin. Bíonn Pádraig ag feidhmiú mar Fheidhmeannach Cumarsáide agus CTI (Cosaint Teanga agus Ionadaíocht) le Conradh na Gaeilge ó thuaidh le beagnach bliain anuas, agus ag léachtóireacht le hOllscoil Uladh i rith an ama. Ar bhonn deonach ceapadh Pádraig ina Chathaoirleach ceithre bliana ó shin ar Choiste Bainistíochta Choláiste Aoidh Mhic Bhricne; Coláiste Samhraidh i dTeileann, Gaeltacht Thír Chonaill.

## **Marie Whelton**

Léachtóir le Gaeilge in Institiúid Oideachais Marino. Údar *Teagmháil agus Tnúthán: Staidéar ar an Apastróf i bhFilíocht na Nua-Ghaeilge* (An Sagart, 2008), *Nuair a Stadann an Ceol: Úrscéal don Fhoghlaimoir Fásta* (LeabhairCOMHAR, 2013, 2015) agus *Leathbhádóirí: Úrscéal don Fhoghlaimoir Fásta* (LeabhairCOMHAR, 2017). I gcomhar le hAodán Mac Suibhne scríobh sí trí leabhar do mhúinteoirí bunscoile: *Cóir Ghaoithe: Cúrsa Ullmhúcháin don Scrúdú Le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge* (IOM, 2006); *Í a Labhairt: Cúrsa Gaeilge Idirmheánach do Mhúinteoirí Bunscoile* (IOM, 2008) agus *Sruth na Maoile: Ábhar Tacaíochta d'Oiriúnú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge* (IOM, 2009). In Eanáir 2018, ba bhall í d'fhoireann a scríobh tairiscint ar éirigh léi maoiniú a ghnóthú ón Roinn Oideachais agus Scileanna chun B.Oid. trí Mheán na Gaeilge a sholáthar in Institiúid Oideachais Marino.

## Nótaí Beathaisnéise na nEagarthóirí

### **Áine Charlton**

Is as Co. Mhaigh Eo d'Áine. Bhain sí céim chéad onóracha amach sna Teangacha Feidhmeacha in Ollscoil Luimnigh (an Ghaeilge, an Fhraincis agus an Spáinnis mar ábhair aici). Tá suim aici san aistriúchán agus sa teangeolaíocht. Tá sé ar intinn aici speisialtóireacht an aistriúcháin a dhéanamh sa dara bliain den MA sa Léann Teanga.

### **Lisa McMahon**

Is Baile Átha Cliathach ó dhúchas í Lisa. Bhain sí céim amach sa Luath-Ghaeilge agus sa Nua-Ghaeilge ó Choláiste na Tríonóide. Rinne sí teastas iarchéime i nGaeilge Fheidhmeach agus Aistriúchán in Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo in 2017. Tá MA sa Léann Teanga ar bun aici faoi láthair.

### **Sinéad Mansfield**

Bhain Sinéad céim amach sa Ghaeilge agus sa cheol ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh in 2013. Chuaigh sí ar aghaidh ansin chuig Ollscoil Luimnigh chun an Diplóma Gairmiúil san Oideachas a dhéanamh. Is múinteoir Gaeilge i gcathair Chorcaí le ceithre bliana anuas í. Tá dúil mhór aici sa cheol traidisiúnta agus is minic a bhíonn sí ag seinm agus ag múineadh an chonsairtín.

### **Margarita Neothallaigh**

Is as Contae na Mí ó dhúchas í Margarita. Tá céim aici sa stair ó Ollscoil Mhá Nuad, MA sa stair & Diplóma Iarchéime san Oideachas ón Ollscoil chéanna. Bhain sí céim amach sa Ghaeilge Fheidhmeach ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh in 2017. Tá sí i mbun staidéir ar an MA/Diplóma Iarchéime sa Léann Teanga agus tá baint aici le cúrsaí oidhreachta.

### **Gráinne Ní Choisdealbha**

Is as Indreabhán i nGaillimh ó dhúchas do Ghráinne. Tá céim onóracha sna hEalaíona agus Máistreacht sa Nua-Ghaeilge bainte amach aici ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Tá an-suim aici i gcúrsaí teanga, go háirithe i gcúrsaí Pleanála Teanga. Roghnaigh sí speisialtóireacht sa Phleanáil Teanga don MA/Diplóma Iarchéime sa Léann Teanga mar gheall go bhfuil sí ag obair sa réimse sin faoi láthair.

## **Neasa Ní Choisdealbha**

Is as Indreabhán i nGaillimh í Neasa agus tá céim onóracha sna hEalaíona bainte amach aici ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Tá suim aici san ealaín agus d'oibrigh sí mar dhearthóir grafaicí le nuachtáin éagsúla. Is múinteoir bunscoile í agus tá sí ag obair i nGaelscoil i nGaillimh. Tá spéis aici sa phleanáil teanga agus tá sí i mbun an MA/Dioplóma Iarchéime sa Léann Teanga faoi láthair.

## **Anna Ní Pheanróis**

Is as ceantar Ghort a' Choirce i dTír Chonaill ó dhúchas í Anna agus tá céim onóracha bainte amach aici i bhForbairt Pobail ó Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn. Tá blianta caite aici ag plé leis an oideachas aosach agus roghnaigh sí speisialtóireacht sa phleanáil teanga don MA de bharr go bhfuil sí ag obair sa réimse sin i láthair na huair.

## **Clíona Uí Dhálaigh**

Tógadh Clíona le Gaeilge i mBaile Átha Cliath, agus tá sí ag tógáil a clainne féin le Gaeilge freisin. Bhain sí dioplóma sa Teicneolaíocht Faisnéise amach ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Oibríonn sí sa Bhanc Ceannais. Taobh amuigh den obair, bíonn Clíona saite i saol Chumann Lúthchleas Gael, Na Fianna, i nGlas Naíon. Tá sí gníomhach ar Choiste na Gaeilge sa chlub.

## **Bernadette Uí Mhaoilchiaráin**

Bhain Bernadette céim chéad onóracha amach sa Ghaeilge Fheidhmeach in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus tá sí i mbun staidéir ar an MA sa Léann Teanga faoi láthair. Tá an-spéis ag Bernadette i gcearta teanga agus sa phleanáil teanga.

## **Máire N. Uí Mhurchú**

Is múinteoir bunscoile í Máire a bhfuil iarchéim sa tacaíocht foghlama agus teastas náisúnta i spóirt agus áineas lasmuigh aici. Tá an-suim aici sa Ghaeilge ó d'aistrigh sí lena teaghlach, as Meiriceá, go dtí an Cheathrú Rua i gConamara, ag aois a naoi mbliana d'aois. Chaith sí formhór a saoil múinteoireachta i scoileanna Gaeltachta agus i scoileanna lán-Ghaeilge. Cónaíonn sí in Iorras i nGaeltacht Mhaigh Eo anois, áit a bhfuil sí ag obair mar riarthóir le Coláiste UISCE. Tá sí i mbun staidéir ar an MA sa Léann Teanga in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh faoi láthair.





